



**Ard-Reachtaire Cuntas
agus Ciste**

Tuarascáil Bhliantúil

2006



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil Bhliantúil

2006

Curtha i láthair faoi réir Alt 3 (11) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Baile Átha Cliath

Foilsithe ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach díreach ó
Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2
nó tríd an bpost ó
Fhoilseachán Rialtais, Roinn Trádála Poist,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
(Guthán: 01-6476000, Facs: 01-6476843)
nó tríd aon siopa leabhar.

(Prn.A7/1596)

Praghas €8.00

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn eolais, cáipéisí agus míniúchán faighte ó Ranna agus Oifigí Rialtais atá luaite sa tuarascáil.

Cuireadh dréachtaí de sleachta ábhartha den tuarascáil chuig na Ranna nó na hOifigí i gceist agus iarradh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt. Nuair ba chuí, cuireadh na tuairimí sin san áireamh sa leagan deireanach den tuarascáil.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2006

Tá sé de cheangal orm faoi Alt 33 den Bhunrecht tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí atá ainmnithe de réir an dlí. Faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de cheangal orm tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála Rann agus Oifigí agus ar chuntais fháltais ioncaim an Stáit tráth nach déanaí ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann na cuntais.

Mar sin cuirim an tuarascáil do 2006 i láthair faoi réir Alt 3 den Acht thuasluaite.



JOHN PURCELL

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2007

Clár na nÁbhar

CAIBIDIL 1	1
NITHE GINEARÁLTA	1
1.1 TORADH AIRGEADAIS	2
1.2 EISCEACHTAÍ Ó NÓSANNA IMEACHTA GINEARÁLTA UM SHOLÁTHAR POIBLÍ	3
1.3 SEIRBHÍÍ GNÍOMHAIREACHTA	9
CAIBIDIL 2	15
RÉAMH-MHEAS AR CHÁIN	15
2.1 RÉAMH-MHEAS AR NA FÁLTAIS Ó CHÁIN	16
CAIBIDIL 3	23
IONCAM	23
3.1 CUNTAS IONCAIM	24
3.2 CÁIN DHÍSCRÍOFA	25
3.3 CÁNACHA GAN ÍOC AGUS ÁSPC	27
3.4 CLÁR INIÚCHTA IONCAIM	29
3.5 IONCHÚSIMH	32
3.6 FIOSRÚCHÁIN SPEISIALTA	33
3.7 STÓRAIS CÁNACH ALCÓIL A RIALÚ	37
3.8 DLEACHT STAMPÁLA AR IDIRBHEARTA MAOINE	44
3.9 RIALUITHE PAISINÉIRÍ IN AERFOIRT	50
3.10 GNÉITHE DEN CHÁNACHAS AR IONCAM CÍOSA	59
CAIBIDIL 4	65
OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ	65
4.1 NEAMHRÉIREACHTAÍ AG DHÁ LÁITHREÁN OIDHREACHTA	66
CAIBIDIL 5	69
AN TSEIRBHÍÍ PHRÍÓSÚIN	69
5.1 BAINISTÍOCHT AR SHAOIRE BHREOITEACHTA I BPRÍÓSÚIN	70
CAIBIDIL 6	81
AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL	81
6.1 COSTAIS AS CONARTHAÍ A FHOIRCEANNADH	82
CAIBIDIL 7	97
AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA	97
7.1 AN TIONSCADAL UM SCOILEANNA PÍOLÓTACHA NA COMHPHÁIRTÍOCHTA PRÍOBHÁIDÍ POIBLÍ – TUAIRISC Á LEANÚINT LEIS	98
7.2 CÓIRÍOCHT SCOILE RÉAMHDHÉANTA	103
CAIBIDIL 8	107
AN ROINN IOMPAIR	107
8.1 SCÉIM TICÉADAITHE CHOMHTHÁITE - TUAIRISC CHUN DÁTA	108
CAIBIDIL 9	115
AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH	115
9.1 RÓ-ÍOCAÍOCHTAÍ	116

9.2	IONCHÚISIMH.....	119
9.3	ÍOCAÍOCHT AN tSOCHAIR LINBH TRÍ RÍOMHAISTRIÚ AIRGID	122
9.4	SCÉIM ÍOCAÍOCHTA TEAGHLAIGH AONTUISMITHEORA - GNÍOMHAÍOCHT RIALÁLA.....	127
9.5	RÉAMHÍOCAÍOCHT DEONTAIS LE FUINNEAMH INBHUANAITHE ÉIREANN	134
CAIBIDIL 10		137
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE		137
10.1	CAITEACHAS TFC A RIALÚ AGUS A CHEADÚ	138
CAIBIDIL 11		151
GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA		151
11.1	FIACHAS NÁISIÚNTA.....	152
11.2	CISTE AN BHAINC TAISCE	153

Caibidil 1

Nithe Ginearálta

1.1 Toradh Airgeadais

San áireamh san fhoilseachán *Cuntais Leithreasa Iníúchta 2006* (Prn.A7/1595) tá achoimre a léiríonn an méid le géilleadh mar €878.15m. Fuarthas é seo mar atá léirithe i dTábla 1.

Tábla 1 Toradh don bhliain 2006

	€000	€000	€000
<i>Caiteachas Comhlán Measta</i>			
Meastacháin Bhunúsacha	43,732,023		
Meastacháin Bhreise	480,571		
Géilleadh Iarchurtha 2005	<u>289,268</u>	44,501,862	
<i>Lúide: -</i>			
<i>Leithreasáí-i-gCabhair Measta</i>			
Meastacháin Bhunúsacha	3,998,524		
Meastacháin Bhreise	<u>24,915</u>	<u>4,023,439</u>	
Caiteachas Glan Measta			40,478,423
Caiteachas Comhlán Iarbhír		43,479,793	
<i>Lúide: -</i>			
Leithreasáí-i-gCabhair Iarbhír		<u>4,038,661</u>	
Caiteachas Glan			<u>39,441,132</u>
Farasbarr don Bhliain			1,037,291
Géilleadh Iarchurtha 2006			159,135
Méid le Géilleadh			€878,156

Is ionann an méid atá le géilleadh agus 2.17% den Ghlancaiteachas Measta i gcomparáid le 2.12% sa bhliain 2005.

Fáltais Stáitchiste Bhreise

Ba é méid na bhFáltais Breise iníoctha leis an Stáitchiste mar atá taifeadta sna Cuntais Leithghabhála ná €393,249.

Géilleadh Iarmhéideanna de Vótaí 2005

Tháinig na hiarmhéideanna le géilleadh as Vótaí do Sheirbhísí Poiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 go €775m. Dearbhaím anseo go bhfuil na hiarmhéideanna seo géillte mar ba chúí.

Cuntais Stoic agus Stóir

Tá scrúdú déanta ar chuntais stoic agus stóir na Rann le torthaí sásúla go ginearálta.

1.2 Eisceachtaí ó Nósanna Imeachta Ginearálta um Sholáthar Poiblí

Freagraíonn soláthar earraí agus seirbhísí ag na Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí do chion nach beag de chaiteachas laethúil an Rialtais. Is iad na ceangaltais dhlíthiúla agus rialaitheacha náisiúnta agus de chuid an AE a rialaíonn na gníomhaíochtaí sin. Faightear treoir faoi leith um chur i bhfeidhm na ngnás sin i gclárú agus i gcomhfhreagrais a bhaineann le cúrsaí eitice, dea-rialachais agus sár-chleachtais soláthair. Ina theannta sin, is amhlaidh atá láithreán gréasáin *eTenders* ar fáil chun cuidiú leis na Ranna agus leis na hOifigí na rialacha sin a chur i bhfeidhm.

Is í an fhoinsé threorach is tábhachtaí ná *Public Procurement Guidelines - Competitive Process*, arna heisiúint sa bhliain 2004 ag an Roinn Airgeadais, lenar nuashonraíodh agus athsholáthraíodh treoirlínte ón mbliain 1994.

Leagtar béim sa treoir ar an ngá le comhlíonadh ionraic cothrom san fheidhm soláthair phoiblí, agus ar bhealach a shlánaíonn an luach is fearr a fháil ar airgead poiblí. Ní foláir do na húdaráis chonraitheoireachta a bheith éifeachtach ó thaobh costais de agus éifeachtúil san úsáid a baintear as acmhainní, agus seasamh leis na caighdeáin is airde maidir le hionracas agus le macántacht. Táthar ag dúil ón lucht bainistíochta sna Ranna agus sna hOifigí Rialtais go gcinnteoidh siad go mbeidh aird chuí ar dhea-chleachtas ceannacháin agus, sa chás go mbeadh feidhm soláthair shuntasach ann, go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na rialacha cuí uile a chinntiú.

Is iondúil gur féidir an luach is fearr ar airgead a fháil ó phróiseas iomaíoch sa soláthar poiblí a dhéantar ar bhealach oscailte, oibiachtúil agus trédhearcach agus má chomhlíontar prionsabail¹ de réir mar a leagtar amach i gConradh an AE agus i dTreoracha an AE um an soláthar poiblí. Leagtar tairseacha amach i dTreoracha an AE agus sonraítear leo na cúinsí inar chóir cineálacha éagsúla próisis iomaíoch a úsáid sa Soláthar Poiblí.

Sonraítear sa Treoir féin, (*Is bunphrionsabal den soláthar poiblí go mba cheart próiseas iomaíoch a úsáid mura mbíonn cúinsí eisceachtúla le boinn chirt acu ann. Féadann an cineál próisis iomaíoch a bheith éagsúil ag brath ar mbéid agus ar thréithe an chonartha le bronnadh agus bunbhrí an údaráis chonraitheoireachta féin.*) “It is a basic principle of public procurement that a competitive process should be used unless there are justifiably exceptional circumstances. The type of competitive process can vary depending on the size and characteristics of the contract to be awarded and the nature of the contracting authority.”

Féadann na nósanna imeachta is lú foirmiúlachta a bheith iomchuí i gcomhair conarthaí nó ceannachán faoi bhun luachanna tairsigh an AE agus nach cuid de 'tharraingt anuas' ná conradh creatlaí iad, de réir seo a leanas

- Féadtar soláthairtí nó seirbhísí ar lú a luach ná €5,000 a cheannach ar bhunús na luachana ó bhéal ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó
- Féadtar soláthairtí nó seirbhísí idir luach €5,000 agus €50,000 a bhronnadh ar bhunús na bhfreagraí do shonraíocht a sheoltar trí fhacs nó ríomhphost chuig ar a laghad triúr soláthróirí nó soláthraithe seirbhíse.

¹ Neamh-leithcheal, caitheamh cothrom, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht, saoirse chun seirbhís a sholáthar agus saoirse an bhunaithe

Féadtar na luachanna agus na nósanna imeachta a chur in oiriúint de réir mar is cuí don chineál údaráis chonraitheoireachta agus do bhunbhrí agus scála an tionscadail féin². Ba chóir na fáthanna don ghlacadh le nósanna imeachta, lena n-áirítear nósanna imeachta nár measadh próiseas iomaíoch a bheith iomchuí maidir leo, a thaifeadadh go soiléir. Ba chóir go n-áireofaí rian iniúchta infhíoraithe le gach nós imeachta a bhain le conradh a bhronnadh.

Ciorclán 40/02 de chuid na Roinne Airgeadais

Foráladh le Ciorclán 40/02 de chuid na Roinne Airgeadais do chur i bhfeidhm nósanna imeachta leasaithe, ó Eanáir 2003, sa Rialtas Lárnach mar a mholtar conarthaí a bhronnadh a sháraíonn luach €25,000 (gan CBL san áireamh) gan próiseas iomaíoch a bheith ann. Ba é coiste d'ionadaithe ón Roinn Airgeadais agus ó na Ranna mórcheannacháin m.sh. Oifig na nOibreacha Poiblí, a scrúdaigh na heisceachtaí ón riail ghinearálta ónar theastaigh próiseas iomaíoch roimh an mbliain 2003. Tugtar Coiste Conarthaí an Rialtais ar an gcoiste seo. B'éigean don Iniúchadh Inmheánach nó d'oifigeach sinsearach iomchuí nach raibh páirteach sa phróiseas soláthair, na conarthaí molta a athbhreithniú faoi na socruithe nua laistigh de na Ranna/Oifigí, ar chonarthaí iad a sháraigh an teorainn agus nach raibh faoi réir próiseas iomaíoch. D'eisigh Coiste Conarthaí an Rialtais i mí Iúil 2003 forlíonadh don Chiorclán, inar soláthraíodh treoir d'oifigigh a athbhreithníonn na conarthaí a mholtar lena mbronnadh.

Foráiltear sa Chiorclán freisin

- Go mba cheart go gcomhlánódh na hOifigigh Chuntasaíochta Tuairisceán Bliantúil i ndáil leis na conarthaí sin agus go gcuirfidís é faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta den bhliain dár gcionn. Ba cheart go dtabharfaí mionsonraí sna tuairisceáin den ábhar nó cuspóir a bhaineann leis an gconradh, a luach agus na fáthanna nach raibh próiseas iomaíoch ann. Seolfar cóip den tuairisceán chuig Aonad Beartais Soláthair Phoiblí Náisiúnta istigh sa Roinn Airgeadais ag an am céanna
- Ba chóir go gcothabhálfadh gach Roinn/Oifig clár lárnach nuashonraithe de na ceannacháin agus conarthaí eisceachtúla sin agus
- Ba cheart go n-ainmneodh gach Roinn/Oifig Oifigeach Soláthair leis an eolas a thiomsú i leith na gconarthaí sin agus a bheith mar phointe teagmhála le Coiste Conarthaí an Rialtais. D'fhorálfaí sna Treoirínte ní ba luaithe ón mbliain 1994 “go gcinnteodh an tOifigeach Soláthair go mbeadh gach ábhar a bhaineann le soláthar oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí agus le diúscairt maoine agus trealaimh de réir na riachtanas dlíthiúil agus riaracháin.”

Is inspéise nach gá d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, arna cistiú ag Vóta ar leithligh, tuairisceán bliantúil a chur faoi mo bhráid i leith conarthaí ar mó ná €25,000 iad nach raibh faoi réir próiseas iomaíoch cé go mbíonn an comhlacht ar cheann de na mórcheannaitheoirí Stáit de sholáthairtí agus seirbhísí. Thug an Roinn Airgeadais le fios domsa le déanaí, áfach, faoina rún an ceangaltas sin a chur i bhfeidhm do FSS amach anseo.

Torthaí Iniúchta

Chuir an 35 Roinn agus Oifig uile tuairisceáin faoi mo bhráid i ndáil leis an mbliain 2006, de réir mar ba ghá faoin gCiorclán. Thug na Ranna nó na hOifigí le fios i 11 cás nach raibh siad páirteach in aon chonradh ar mhó ná €25,000 iad gan próiseas iomaíoch a bheith acu. Taispeánadh sna tuairisceáin ón gcuid eile de na 24 Roinn agus Oifig gur thug siad 195 conradh mar sin chun críche chuig luach iomlán ní ba mhó ná €44m gan dul i muinín tairisceana iomaíche.

² Sonraítear sna Treoirínte “Féadann sé a bheith iomchuí do na húdaráis chonraitheoireachta na treoirínte seo a fhorlíonadh ná a chur in oiriúint le nósanna imeachta níos mionsonraithe um an soláthar inmheánach is iomchuí do ghníomhaíochtaí údaráis chonraitheoireachta ar leith.”

Cuimsíonn 5 chonradh a thug an Roinn Cosanta chun críche i ndáil le ceannacháin a bhain lena cabhlach aerárthaí níos mó ná 40% den luach sin - €18.9m. Tá muinín, iontaoibh agus sábháilteacht oibríochtúil chomh maith le bunbhí dhílisithe na n-earraí agus na seirbhísí lena mbaineann ag croí neamhchumas na Roinne leas a bhaint as próiseas iomaíoch i leith na gceannachán sin.

I gcás amháin eile ab amhlaidh a thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le fios go ndeachaigh sí i mbun conartha le tairbheoir a thairg suíomh 5.2 acra a aistriú go dtí an paróiste lenar bhain agus scoil 16 seomra ranga úra a dhearadh agus a thógáil ag costas seasta de €4.02m. D'aistrefaí úinéireacht an tsuímh scoile dá bhfuil ann chuig an tairbheoir mar chuid den togra féin. Ba é €10m costas measta thógáil na scoile. Lorg an Roinn tograí malartacha ar an gcaoi cheart do sholáthar na scoile trí Láithreán Gréasáin eTenders an Rialtais sula nglactar leis an tairiscint.

Tábla 2 an luach a bhain leis na gconarthaí eile a nochtar de réir Roinne i dtuairisceáin na Roinne féin.

Tábla 2 Luach na gConarthaí a bhronn na Ranna/Oifigí a Tuairiscíodh faoi Chiorclán 40/02

Roinn/Oifig	Cásanna	€m
An Garda Síochána	52	5.761
Na Coimisinéirí Ioncaim	23	2.933
Oifig na nOibreacha Poiblí	22	2.753
An Roinn Iompair	6	1.646
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe	8	1.513
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	16	1.219
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha	17	1.435
An Roinn Talmhaíochta agus Bia	4	0.768
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	8	0.761
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil	7	0.519
An Roinn Cosanta	5	0.278
Eile (lena n-áirítear An Roinn Oideachais agus Eolaíochta)	24	2.157
Iomlán	192	€21.743m

Tábla 3 na príomhfháthanna a tugadh sna tuairisceáin nár baineadh leas as próisis iomaíocha le socrú na gconarthaí sin. Cé gur bhain castacht agus neamheolas leis na fáthanna a tugadh uaireanta, rinne mé iarracht iad a cur sna catagóirí is fearr a thugann tuiscint ar na cúinsí bunúsacha inar tugadh na conarthaí chun críche.

Tábla 3 Fáthanna a Luadh d'Imeacht ó Úsáid an Phróisis Iomaíoch

Fáth	Líon na gCásanna	Luach na gConarthaí €m
Earraí Dílseánaigh	73	9.604
An tAon Soláthraí Oiriúnach Amháin	32	3.308
Taithí Shaineolach /le Déanaí	31	3.739
Síneadh/Tar-rolladh an Chonartha	15	1.209
Breithniúcháin Slándála	15	2.342
Práinn	15	0.855
Eile	11	0.686
Iomlán	192	€21.743m

Saincheisteanna ag Éirí As

Tá rogha an diúltaithe don phróiseas iomaíoch, dá bhforáiltear i gCiorclán 40/02, ceaptha le bheith mar rogha dheiridh, mar a mbeadh comhlíonadh na teorach a leagtar amach sa cháipéis *Public Procurement Guidelines - Competitive Process*, míbhuntáisteach do Ranna nó d'Oifigí agus a bhfeidhmeanna á ndéanamh acu ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla. Is léir go dtagann cúinsí chun cinn de réir mar is gá dul i muinín soláthair trí phróisis neamhiomaíocha ar chúiseanna práinne, slándála nó easpa soláthróirí oiriúnacha earraí nó seirbhísí a bheith ann i ndáiríre. Tá de dhualgas ar na Ranna agus ar na hOifigí a chinntiú go bhfuil próisis i bhfeidhm acu a n-éilimh sholáthair a aithint ar bhealach tráthúil ionas go seachnófaí dul i muinín ceannachán práinneach. Tá sé chomh tábhachtach céanna go seachnóidís a n-éileamh a aithint trí thagairt a dhéanamh do tháirgí branda. Ba cheart go gcuirfí síos ar shonraíochtaí de réir mar is féidir i dtéarmaí cineálacha ionas go spreagfaí an fhíor-iomaíocht, as a n-eascródh praghsanna níos fearr agus cáilíocht agus tairiscintí nuálaíocha níos fearr ón margadh. Cé go mb'fhéidir gur ceannach táirgí nó seirbhísí branda a bheadh mar thoradh ar go leor den soláthar, níor cheart go bhfeicfí sa phróiseas soláthair iarrachtaí a chinntiú nach sruthanna íocaíochtaí amach anseo ó "ghabháil branda" ar beag rialach nó riail ar bith a bheidh ag na Ranna ina leith.

Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dóthain solúbthachta ag Ranna agus ag Oifigíú dul i mbun a bhfeidhmeanna, is é an bealach is fearr an riosca a bhaineann le húsáid mhíchuí na rogha a cheadaítear go heisceachtúil sa treoir ná trína chinntiú go dtarlaíonn breithmheas ceartfheidhmiúil agus neamhspleách *a priori* de sholáthair mholta nach sásaíonn gnáis na hiomaíochta.

Thug m'athbhreithniúse le fios go gcomhlíonann Ranna agus Oifigí go ginearálta na ceanglais a bhaineann le moltaí a athbhreithniú chun dul i mbun conarthaí gan próiseas iomaíoch bheith ann agus cláir lárnacha na gconarthaí sin a chothabháil. I gcúpla cás, bhain bunbhrí neamhfhoirmiúil nó randamach leis an gcomhlíonadh sin.

Earraí Dílseánaigh

Is táirgí ainmnithe nó seirbhísí eisiacha iad na ceannacháin sa chatagóir seo den chuid is mó. Áirítear leis na soláthair sin i gcúpla cás cothabháil na n-earraí nó seirbhísí, nuashonruithe, ceannachán breise srl. a sealbhaíodh roimhe sin. Tagann sé sin le Treoir 2004/18/CE ón AE a ligeann d'údaráis chonraitheoireacht conarthaí poiblí a bhronnadh de réir nóis imeachta arna chaibidliú nuair, ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta, nó ar chúiseanna a bhaineann le cosaint na gceart eisiach, nach féidir an conradh a bhronnadh ach amháin i leith oibreoir eacnamúil ar leith. Tagann soláthar na n-earraí ar a dtugtar earraí dílseánaigh chun cinn nuair a roghnaítear earraí brandáilte faoi leith le héileamh a shásamh. Féadann sé

teacht chun cinn freisin mar a mbíonn mian líon na dtáirgí éagsúla in úsáid a shrianadh do shimplíocht cothabhála, iompair agus páirteanna breise srl. Is léir nach féidir na buntáistí a bhaineann le próiseas iomaíoch a bhaint amach sna cásanna ina sainíonn Ranna agus Oifigí earraí dílseánaigh óir go bhféadann riosca eascairt as do bhaint amach luacha ar airgid. As na 73 cás atá sna tuairisceáin rannacha, bhain 44 acu le ceannacháin an Gharda Síochána dar luach €5.292m. Ba bhreiseáin nó tacaíocht do chórais ríomhaireachta agus cumarsáide an Gharda a bhí iontu sin d'fhormhór. Bhain na hearraí dílseánaigh a cheannaigh Ranna eile le TF den chuid is mó freisin.

Deimhnítear leis na torthaí sin an tábhacht a bhain le breithniú a dhéanamh ar chostais fadsaoil agus go háirithe le costas na mbreiseán amach anseo nuair a bheifear ag pleanáil gach soláthar TF.

An tAon Soláthraí Oiriúnach Amháin agus Taithí Shaineolach nó Taithí le Déanaí

Áirítear leis na catagóirí soláthar sin nach mbíonn ach soláthraí feiliúnach amháin ann agus soláthar inar bhain Ranna agus Oifigí leas as seirbhísí daoine aonair nó cuideachtaí roimhe sin nó le déanaí araon, nó a d'aithin, gan dul i muinín próiseas iomaíoch, daoine nó cuideachtaí a luíonn a saineolas lena gcuid riachtanas. Ní thuigtear ó na cásanna níos déanaí nach bhfuil malairt oiriúnach ann seachas an soláthróir a roghnaítear.

Áirítear leis an ngrúpa seo cásanna soláthair a raibh sé follasach an rogha a rinneadh a dhéanamh, de réir dealraimh. Mar shampla, chuaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i mbun conartha a mheastar costas a bheith aici idir €200,000 agus €340,000 le soláthróir na gCártaí Cliste i dTuaisceart Éireann mar chuid de Scéim Saorthaistil Uile-Éireann le cur ar chumas pinsinéirí saorthaistéal a thapú sa Tuaisceart. Sampla eile ná ceannach thrí Mhadra Braite Drugaí ag na Coimisinéirí Ioncaim agus oiliúint a láimhseálaithe ag costas iomlán de €50,674.

D'ainneoin na samplaí sin, ámh, d'fhéadfaí teorainn a chur leis an deis luach ar airgead a bhaint amach sna ceannacháin sin dá mbeadh teip ann dul go dtí an margadh ar bhonn rialta.

Conarthaí Sínte/Tar-rollta

Bhí roinnt socruithe ann ar cuireadh síneadh leo nó a tar-rolladh i gcaitheamh na bliana 2006 agus iad ar an bhfód le roinnt blianta anuas. Áiríodh leis na boinn chirt a tugadh i bhfabhar leanúint ar aghaidh leis na socruithe sin

- Taithí a fuarthas ón rannpháirtíocht roimhe sin
- An conraitheoir ab fhearr chun soláthar do riachtanais gan costas breise míchuí a bheith ar an Státchiste
- Níorbh fhéidir dul chun margaidh de dheasca deacrachtaí foirnithe
- D'fheil an tseirbhís a soláthraíodh do na héilimh roimhe seo.

Is é conradh tar-rollta leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia a fhreagraíonn do thrían de luach na catagóire sin. B'éigean don Roinn stóráil an tsiúcra a ghlacadh ar láimh tar éis athstruchtúró an mhargaidh shiúcra sa bhliain 2006, agus bhí sí den tuairim gurbh é rún na rialachán go leanfadh an Roinn ar aghaidh leis an gconradh stórála Irish Sugar Ltd. dá raibh ann leis an gcuideachta ar leith, agus b'shin é an bealach ab éifeachtaí ó thaobh costais de chun dul i ngleic leis an gceist. Ba é €381,000 an costas sa bhliain 2006.

Baineann beagnach gach ceann de na conarthaí sa chatagóir seo le soláthar seirbhísí.

Is é an riosca lárnach sa chatagóir seo go bhféadann drochluach ar airgead a bheith ann de bharr mainneachtana chun an margadh a thástáil ar bhonn rialta.

Práinn

Ba shamplaí suntasacha den phráinn iad earcú sealadach a dhéanamh ar bhainisteoir tionscadail agus ar riarthóir gnó, faoi seach, ag na Ranna Talmhaíochta agus Bia agus Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, toisc gur éirigh a réamhtheachtaithe as, rud nach rabhthas ag súil leis. Ba iad €132,000 agus €109,000 na costais a bhain leis.

Cé go bhfuil neart bonn cirt ann d'úsáid na práinne mar fháth do neamhleas próisis iomaíoch i leith roinnt conarthaí, caithfidh na hathbhreithneoirí neamhspleácha na bunchúinsí as a n-éiríonn an géarghá atá le soláthar a fháil amach go cinnte agus a chinntiú go maolódh socruithe pleanála malartacha an gá atá ann tiontú ar phróisis neamhiomaíocha in imthosca comhchosúla.

Cúinsí Eisceachtúla

Léiríodh cúinsí eisceachtúla in dá thuairisceán ina raibh gá le hoilteachtaí/heolas teicniúil nó oibríochtúil agus nár lorgaíodh tairiscintí dóibh.

- Chuir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha Conradh chun críche le cuideachta éigin gan próiseas iomaíoch a bheith ann tar éis cinnidh de chuid Fhiontraíocht Éireann (FÉ) éirí as soláthar seirbhísí áirithe d'Earnáil Farraige na hÉireann, a raibh ceannaire na cuideachta sin mar fhostaí i réimse áirithe oibre le FÉ sular éirigh sí as an soláthar sin. Ghlac sé sos gairme ó FÉ le cuideachta a bhunú agus a stiúradh. Is é €500,000 luach measta an chonartha a mhaireann ar feadh cúig bliana ón mbliain 2004 anall.
- Bhí géarghá ann do rachadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i mbun athbhreithnithe ar an mbealach inar oibríodh nósanna imeachta rialála inmheánacha a bhí ag an lucht bainistíochta ag éirí as cinneadh i gcás faoi leith inar glacadh ní ba mhó ama le heisiúint ná mar b'inghlactha. D'fhostaigh an Stiúrthóir Cathaoirleach Choiste Iniúchta na hOifige gan tairiscint iomaíoch a bheith ann, chun dul i mbun an athbhreithnithe sin óir gur measadh a thacar oilteachtaí é a cháiliú thar dhaoine eile le dul i mbun an athbhreithnithe seo gan mhoill. Anuas ar a thaithí leathan maidir le próisis eagrúcháin, measadh fios mionsonraithe a bheith aige ar an Oifig agus ar nósanna imeachta rialála bainistíochta óna rólán mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta. Ba é €28,000 costas an chonartha.

Bíodh is go raibh cúinsí eisceachtúla i gceist sa dá chás, níor raibh an chaoi inar tugadh faoi na deacrachtaí chomh maith agus lena mbeifí ag súil.

1.3 Seirbhísí Gníomhaireachta

Gníomhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) mar ghníomhaire do Ranna agus d'Oifigí eile i dtaca le suímh agus foirgnimh a cheannach, conarthaí a bhaineann le cúrsaí tógála a sholáthar agus a bhainistiú, agus foirgnimh phoiblí a chothabháil. Forálann *Public Financial Procedures* (PFP) go n-éileodh an OOP réamhíocaíochtaí ó aon Roinn nó Oifig (ar an bpríomhcheann) sula ndéantar conarthaí nó sula n-íoctar aon chostais. Cuirtear na costais chun dochair do Chuntas Leithghabhála na Roinne nuair a bhíonn na suimeanna a bhíonn i gceist deimhnithe ag an OOP de réir mar atá leithdháilte i gceart ag an oifig sin. Sa chás go mbeadh roinnt ama caite tar éis dheireadh na bliana airgeadais sula féidir leis an OOP na suimeanna cruinne atá leithdháilte a dhéanamh amach, is féidir le Roinn, d'fhonn a cuid Cuntas Leithghabhála a dhúnadh an 31 Nollaig, suim mheasta chomhaontaithe a ghearradh maidir le seirbhísí gníomhaireachta.

Mura bhfuil caiteachas mór i gceist is féidir leis an OOP mar ghníomhaire íocaíochtaí a dhéanamh maidir leis an tseirbhís óna cuid airgid vótáilte féin ar bhonn fionraí. Ba chóir go bhfaigheadh OOP aisíocaíocht ón Roinn lena mbaineann laistigh de bhliain ó rinneadh na híocaíochtaí.

Eascraíonn na rialacha seo ón gcóras cuntasáíochta bunaithe ar airgead tirim a úsáideann Ranna Rialtais agus Oifigí ar bhonn reachtúil agus faoina gcaitheann Dáil Éireann vóta ar na suimeanna a bheidh le cur ar fáil i gcás gach seirbhíse. Faoin gcóras seo, éilítear go ngéilltear aon suimeanna nach gcaitear in aon bhliain amháin don Státchiste³. Deimhním gach bliain go bhfuil na suimeanna le géilleadh atá taifeadta sna Cuntais Leithghabhála don bhliain roimhe sin géillte i gceart.

Imscrúdú Iniúchta

Taispeánann an Cuntas Leithghabhála do Vóta 10 – Oifig na nOibreacha Poiblí ina Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas glan-iarmhéideanna sochair i gcuntais fionraí arb ionann iad agus breis is €48m amhail 31 Nollaig 2006. Cuimsíonn an tsuim seo go príomha iarmhéideanna nach bhfuil caite (réamhíocaíochtaí den chuid is mó) ó chliant arb ionann iad agus €62m, atá fritháirithe i bpáirt ag suimeanna dlite uathu arb ionann iad san iomlán agus €14m as seirbhísí gníomhaireachta a cuireadh ar fáil gan réamhíocaíocht ar bith. Ba chóir go léireodh Cuntais Leithghabhála Ranna agus Oifigí a rinne réamhíocaíochtaí le OOP, ina gcuid Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas, iarmhéideanna dochair comhfhreagracha.

Mar chuid de m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála 2006, roghnaigh mé sampla de na hiarmhéideanna sochair móra a thaifead OOP le haghaidh imscrúdaithe. Thug imscrúdú ar na hidirbhearta bunúsacha sa sampla seo le fios nach raibh na suimeanna atá le feiceáil i gcuntais ionraí Ranna/Oifigí a chuir na réamhíocaíochtaí ar fáil ag teacht leis na suimeanna comhfhreagracha a bhí le feiceáil i gcuntais fionraí OOP.

³ Ach amháin sa chás gur thug an tAire Airgeadais údarú géilleadh den sórt sin a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tábla 4 Comparáid idir Iarmhéideanna Chuntais Fionraí OOP agus Ranna 31 Nollaig 2006

Roinn/Oifig	OOP Iarmhéideanna Sochair €m	Iarmhéideanna Dochair Ranna €m
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	31.969	neamhní
An Roinn Airgeadais	3.193	neamhní
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil	2.325	1.340
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1.207	0.783
An Roinn Talmhaíochta agus Bia	1.619	neamhní

I bhfianaise na n-éagsúlachtaí idir na hiarmhéideanna seo, d'fhéach mé le tuairimí na nOifigeach Cuntasaíochta lenar bhain an cás a fháil.

D'iarr mé orthu freisin cuntas a thabhairt ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú gur cuireadh an caiteachais leithghabhála chun dochair dá gCuntas Leithghabhála faoi seach ag an am ceart.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta gur ghníomhaigh OOP mar ghníomhaire don Roinn ó thaobh suímh a aimsiú agus a cheannach do scoileanna, an clár leasúcháin aispeiste a bhainistiú i scoileanna agus an líonra áitreabh oifige a sholáthar, a chothabháil agus a chur ar fáil. Chuir an Roinn suimeanna a réamhiocadh le OOP as na seirbhísí díreach chun dochair don Chuntas Leithghabhála ar feadh blianta fada. Níorbh eol don Roinn go raibh sí ag sárú nósanna imeachta forordaithe in aon chor. Rinne sí a cuid íocaíochtaí le OOP maidir le suímh a fháil agus an clár leasúcháin aispeiste i dtaca le cláir oibre atrátha ilbhliantúla. Chloígh an Roinn le hiarratais íocaíochta ó OOP sular thosaigh an obair agus chuir sí na híocaíochtaí seo chun dochair do na fo-cheannteidil Vóta seachas don chuntas fionraí mar a éilítear. Chreid sí freisin gur conarthaí le suim sheasta a bhí i gceist le hobair ar fhoirgnimh agus le hobair leasúcháin agus dá bhrí sin níor shamhlaigh an Roinn go mbeadh iarmhéideanna sochair fágtha i gcuntais fionraí OOP.

Chuir an Roinn in iúl dom go bhfuair sí ráitis bhliantúla as suímh a aimsiú agus as obair leasúcháin aispeiste agus gur imscrúdaigh sí iad agus nach bhfuair sí teastais chaiteachais bhliantúla ó OOP i gcásanna eile. Bíonn an Roinn agus OOP i mbun cainte go rialta maidir le clár éadála suíomh na Roinne agus tugann OOP tuairiscí maidir leis an dul chun cinn don Roinn go míosúil. Maidir leis an áitreabh oifige bíonn an Roinn i mbun cainte le haitire OOP agus leis an gconraitheoir lena chinntiú go dtugtar an obair chun críche go dtí an caighdeán a éilítear.

Cé go ndúirt an Roinn gur bhain an fhadhb a bhí léirithe agam i m'iniúchadh le cúrsaí láimhseála cuntasaíochta agus coinbhinsiún seachas le húsáid míchuí a bhaint as cistí, ghlac sí leis go raibh gá le hathbheireithniú a dhéanamh ar a cuid nósanna imeachta i gcomhar le OOP. Bheadh ar an Roinn cúnamh agus go deimhin comhaontú a fháil ó OOP maidir le ráitis ráithiúla a ullmhú, go tráthúil, ar idirbhearta gach cuntais d'fhonn na suimeanna a cuirtear chun dochair don chuntas leithghabhála a chur chun dochair don Vóta i gcás seirbhísí gníomhaireachta amach anseo.

Dúirt sí freisin gur tionscnaíodh socruithe, go himheánach agus le OOP, lena chinntiú go gcomhlíonfaí na nósanna imeachta cearta.

Tá an Cuntas Leithghabhála do Vóta 26 – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta leasaithe chun na muirir chearta a íocadh as seirbhísí gníomhaireachta OOP a léiriú, maidir le héadail suíomh agus obair aispeiste, a

raibh thart ar €30.3m i gceist leo sa bhliain 2006. Méadaíonn sé sin an géilleadh don Stáitchiste ó €36m go dtí €66m.

An Roinn Airgeadais

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta ag an Roinn Airgeadais liom i gcás na Roinne seo gur cuireadh na réamhíocaíochtaí a rinneadh le OOP chun dochair díreach don fho-cheannteideal cuí den Vóta Airgeadais agus ní chun dochair don chuntas fionraí mar a éilítear. Ní bhfuarthas aon teastas ó OOP chun tacú leis an muirear seo don Vóta.

Thug sé le fios nár bhain dhá mhír a chuimsigh iarmhéid OOP dá Roinn féin le tionscadail a bhí innmhuirir do Vóta 6 - Airgeadas.

Dúirt sé gur ghlac sé leis nár cloíodh leis na nósanna imeachta cearta maidir leis na hidirbhearta seo. Leasaíodh Cuntas Leithghabhála 2006 don Vóta mar léiriú ar an muirear leithghabhála. Mar thoradh air sin tháinig méadú € 2.3m go dtí €16.5m ar an tsuim atá le géilleadh don Stáitchiste sa chás seo.

Bhí sé sásta áfach, gur chinntigh idirchaidreamh leanúnach le hailtirí OOP maidir le gach tionscadal gur tugadh gach jab chun críche go sásúil agus nár cailleadh aon chistí poiblí mar thoradh ar an gcaoi a rinneadh láimhseáil chuntasaíochta ar na hidirbhearta.

Dúirt sé freisin, nuair a cuireadh na cúrsaí seo faoina bhráid gur thapaigh sé an deis an tábhacht atá le *Public Financial Procedures* a chomhlíonadh a mheabhrú d'fhoireann na Roinne. De bhrí gur bhain an cás ní hamháin lena Roinn féin thug sé le fios gur scríobh sé chuig na hOifigigh Cuntasaíochta ar fad ag meabhrú dóibh na nósanna imeachta cearta atá le comhlíonadh sa chás seo.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

D'aontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ina freagra nár tháinig iarmhéid OOP leis an iarmhéid comhfhreagrach a bhí taifeadta ag a Roinn féin. Bhí an Roinn i dteagmháil le OOP agus dheimhnigh sí go dtéann roinnt iarmhéideanna siar cúpla bliain. Chreid an Roinn gur sealbhaíodh iarmhéid sochair amháin dar luach €511,000 agus a raibh cur síos déanta air mar cheann a bhain le Teach an Chustaim go míchuí mar réamhíocaíocht as oibreacha a bhí tugtha chun críche le píosa fada. Bhí an Roinn chun réiteach cinnte a dhéanamh ar íocaíochtaí a rinneadh le OOP chun aghaidh a thabhairt ar dhifriochtaí idir iarmhéideanna i gcuntas fionraí na Roinne agus i gcuntas OOP. D'iarr sí go n-eiseofaí treoirlínte chuig an bhfoireann go léir a bhí bainteach le nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíochta agus go gclóífi leis na treoirlínte sin agus íocaíochtaí idirghníomhaireachta a ndéanamh, agus lena chinntiú go gcuirfí réiteach i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Cuireadh íocaíochtaí a rinneadh le OOP, tríd is tríd, chun dochair i gceart do chuntais fionraí ach tugadh le fios gur cuireadh dhá íocaíocht dar luach €200,000 ba chóir a bheith curtha chun dochair do chuntais fionraí chun dochair díreach do chaiteachas Vóta. Anuas air sin, rinneadh íocaíochtaí eile le OOP a cuireadh chun dochair do chaiteachas Vóta áit nárbh fhéidir sa mhéid ama a bhí ann a dheimhniú thar amhras go raibh na suimeanna iomlána innmhuirir i gceart sa bhliain 2006. De bhrí nár bhain na suimeanna ar fad le caiteachas foriomlán na Roinne, ní raibh gá ar bith an Vóta a leasú.

An Roinn Talmhaíochta agus Bia

D'inis an tOifigeach Cuntasaíochta, sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia dom go raibh na cineálacha seirbhísí ar íocadh réamhíocaíochtaí ina gcás leagtha amach ar bhealach nár thug deis ráitis deiridh a eisiúint dóibh an bhliain a rinneadh na réamhíocaíochtaí. Sna himthosca seo, ba é an cleachtas a bhí ann ná na suimeanna seo a chur chun dochair don fho-cheannteideal cuí i Vóta na Roinne.

Ag glacadh leis nach mbaineann na suimeanna a cuireadh chun dochair don Vóta ar an mbealach seo le comhthéacs chaiteachas iomlán an Vóta sa bhliain agus go bhfuil an difríocht idir taifid OOP agus taifid na Roinne réitithe go sásúil, níor iarr mé athrú ar bith a dhéanamh ar an gCuntas Leithghabhála mar a cuireadh i láthair é.

Ba chóir don Roinn áfach a cleachtas a athrú amach anseo agus na réamhíocaíochtaí a chur chun dochair do chuntas fionraí ar an gcéad dul síos. Ní féidir an muirear don Vóta a dhéanamh ach amháin nuair a dheimhníonn OOP nach bhfuil sí in ann, go tráthúil, suim chinnte a thabhairt i dtaca le caiteachas a tabhaíodh laistigh den bhliain agus d'aontaigh sí meastachán de na suimeanna a caitheadh ar an tseirbhís leis an Roinn.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le fios dom gur cuireadh réamhíocaíochtaí a rinneadh le OOP chun dochair ar an gcéad dul síos do chuntais fionraí agus gur urscaoileadh i gceart na cuntais fionraí seo bunaithe ar dheimhniú íocaíochta a fuarthas ó OOP. Tá an difríocht idir na suimeanna a thaifeadh OOP agus na Coimisinéirí Ioncaim réitithe go sásúil.

Oifig na nOibreacha Poiblí

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ag Oifig na nOibreacha Poiblí, mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán, le fios dom go ndearna a Oifig bainistiú ar raon leathan seirbhísí thar ceann cliaint-Ranna agus Oifigí agus go raibh cúpla céad cuntas i gceist anseo agus caiteachas de bhreis is €75m sa bhliain.

Mar phrionsabal ginearálta, osclaíonn OOP cuntas ar leithligh i gcás gach tionscadail agus ní hiondúil di fritháireamh a dhéanamh ar iarmhéid sochair i gcuntas amháin in aghaidh iarmhéid dochair i gcuntas eile leis an Roinn chéanna go dtí go dtugtar tionscadail chun críche.

De bhrí go mbíonn conarthaí idir OOP agus conraitheoirí seachtracha i gceist le hobair gníomhaireachta go hiondúil, d'iarr OOP ar chliaint a gcuntas cuntas a choinneáil i gcreidmheas lena chinntiú go raibh dóthain cistí cliaint ann i gcónaí agus go bhféadfaí rochtain a fháil orthu chun éilimh íocaíochta a chomhlíonadh. Tá na cistí sin sealbhaithe i gcuntas úsmhar leis an mBanc Ceannais. Thaispeáin an Cuntas Leithghabhála do Vóta 10 - Oifig na nOibreacha Poiblí do 2006 - iarmhéid sochair de €122m (€89m nuair a glacadh seiceanna a bhí gan íoc san áireamh) ina chuntas leis an mBanc Ceannais.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuir Aonaid Ghnó OOP cliaint-Ranna ar an eolas go rialta maidir le stádas agus dul chun cinn tionscadal, lena n-áirítear an staid airgeadais. An sampla a luaigh sé ná an tseirbhís a sholáthair OOP don Roinn Airgeadais agus an soláthar creiseanna d'oifigí Rialtais éagsúla. Dúirt sé gur bhuail coiste monatóireachta a rinne ionadaíocht ar an Roinn agus OOP le chéile go rialta, chun gach gné de bhainistíocht agus de sheachadadh an chlár a phleanáil, a phlé agus monatóireacht a dhéanamh air, lena n-áirítear na gnéithe airgeadais.

I gcás na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, chuir OOP seirbhís thar a bheith tábhachtach agus coimpléascach ar fáil don Roinn - suímh scoile a fháil di. Bhí beartas tábhachtach le fada an lá ag OOP maidir le maoiniú a lorg agus a ghlacadh ón Roinn agus ní dhearnadh é sin ach amháin nuair ba léir go raibh céimeanna dlí na hÉidála tugtha chun críche. Dúirt sé nach raibh amhras ar bith ann sa chás nach mbeadh maoiniú ar fáil láithreach nuair a thabharfaí díolachán chun críche go dtitfeadh roinnt margáí as a chéile. Laghdaíodh iarmhéid an chuntais seo, a bhí ag €23m amhail 31 Nollaig 2006, go dtí €12.4m faoi dheireadh mhí Eanáir 2007 agus go dtí €8.6m ag deireadh mhí an Mheithimh 2007. Chuir OOP ráitis airgeadais bhliantúla ar fáil don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Dúirt sé freisin go raibh dearcadh coimeádach agus cúramach ag OOP maidir le hiarmhéideanna a laghdú go dtí neamhní agus cuntais fionraí a dhúnadh. B'fhearr leo cuntais a choinneáil oscailte go dtí go mba léir nach mbeadh aon chostais iníoctha amach anseo.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom freisin, in ainneoin na socruithe a bhí i bhfeidhm cheana féin chun eolas a chur ar fáil do chliant, gur shocraigh sé nós imeachta foirmiúil a thabhairt isteach chun ráitis airgeadais rialta a thabhairt do chliant-Ranna maidir le tionscadail.


Caibidil 2

Réamh-mheas ar Cháin

2.1 Réamh-Mheas ar na Fáltais ó Cháin

Ullmhaíonn an Roinn Airgeadais meastacháin ar na fáltais ó cháin gach bliain le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. Cuirtear an meastachán deiridh, lena dtugtar cuntas i dtáillí a tugadh isteach de bharr an Bhuiséid, i láthair ar lá an Bhuiséid gach bliain agus tugtar an Meastachán Iar-Bhuiséid air. Foilsítear mionsonraí na cánach iarbhrí arna bailiú gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil Ioncaim. Foilsítear na suimeanna arna n-aistriú chuig an Státchiste ag na Coimisinéirí Ioncaim, seachas na suimeanna iarbhrí a bailíodh, sa Ráiteas Státchiste míosúil agus sna Cuntais Airgeadais bhliantúla. Chuaigh fáltais iomlána an Státchiste i gcomhair 2006 (€45.5billiún) beagnach €3.9 billiún nó breis is 9% os cionn an réamh-mheastacháin (€41.65 billiún).


Figiúr 1 Ranníocaíocht gach Cánach don Fharasbarr Iomlán os cionn Réamh-Mheastachán 2006⁴



I mo Thuarascáil i gcomhair 2001, thug mé chun suntais an spriocasnamh cánachais, i gcomparáid le breis is €2.5 billiún mar a réamh-mheasadh, a bhí ann in 2001. Cé go raibh spriocasnamh ann in 2002 freisin, bhí sé beagán níos ísle, beagán breis is €1 billiún. Ó 2002, ba é an treocht a bhí ann ná go rachadh fáltais iarbhrí chánach os cionn an réamh-mheastacháin faoi mar is léir i Figiúr 2. Cé gur chuir ÍMAT €763m agus €730m leis na spriocasnamh in 2001 agus 2002 faoi seach, bhí na fáltais iarbhrí ÍMAT in 2006 breis is €155m laistigh den réamh-mheastachán.

⁴ Gan tobhaigh san áireamh.

Figiúr 2 Éagsúlacht in aghaidh Réamh-Mheastachán 2002 go dtí 2006



D'iarr mé ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais cad iad na cúiseanna agus na fachtóirí ab údar leis an mbarrachas mór i ngach ceann de na blianta 2004, 2005 agus 2006. Mar fhreagairt dhearbhaigh sé go ndeachaigh ioncaim chánach an Státhiste i ngach ceann de na trí bliana go nuige seo cuid mhaith os cionn a spriocanna de réir lá an Bhuiséid. In 2004, bhí na hioncaim chánach 6.5% os cionn na sprice. In 2005, bhí na fáltas 4.7% os cionn na sprice agus, in 2006, bhí na hioncaim chánach 9.3% os cionn na sprice.

Thug sé chun suntais, áfach, agus é ag díriú ar na mórtheidil chánach - CBL, cáin ioncaim, cáin chorparáideach agus dleacht mháil - arbh iad isteach is amach le 85 - 90 % d'iomlán na gcánacha sna blianta 2004, 2005 agus 2006, agus ag fágáil as an áireamh tionchar na bhfáltas ó imscrúduithe speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim, bhí na hioncaim chánach gar don sprioc, go háirithe in 2004 agus 2005.

Chuir sé na hanailísí seo a leanas ar fáil dom ar na barrachais i gcomhair 2004, 2005 agus 2006.

2004

Ba é €33,400m sprioc lá Bhuiséad 2004 le haghaidh ioncaim chánach. Ba é an toradh iarbhír ná €35,581m, rud a thug barrachas foriomlán €2,181m don ioncam cánach. Tá an miondealú indibhidiúil le haghaidh na dteideal cánach i dTábla 5.

Tháinig breis is leathchuid an fharasbairr in 2004 ó dhleachtanna stampála agus ó cháin ghnóthachan caipitiúil, léiriú neart leanúnach mhargadh na sócmhainní, go háirithe an margadh maoine nach raibh tuartha ag aon tráchtairé tráth Bhuiséad 2004. Léirigh stuamacht na réamh-mheastachán cánach i gcomhair na dteideal cánach áirithe seo in 2004 an dearcadh sin.

San áireamh faoi theideal na cánach ioncaim bhí fáltas €673m i leith phríomhimscrúduithe speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim in 2004, imscrúduithe Ghrúpa na Sócmhainní Seachairgeadra agus na gCuntas Neamhchónaithe Bréagach. Réamh-mheasadh go dtiocfadh €150m ó fháltas ó na foinsí seo, a thabharfadh farasbarr €523m de bhreis ar an sprioc. B'ionann é seo agus beagnach an cheathrú chuid den fharasbarr iomlán. Mar gheall ar a mbíonn i gceist leo, ní fhéadfaí fáltas ón bhfoinse seo a réamh-mheas le mórán cruinnis.

Réamh-mheas ar Cháin

Agus na suimeanna airgid ó na himscrúduithe speisialta seo á bhfágáil as an áireamh, bhí fáлтаis ó na príomhtheidil chánach, CBL, cáin ioncaim, cáin chorparáideach agus dleacht mháil, arbh ionann iad agus beagnach 90% de chánacha iomlána in 2004, díreach 1.4% os cionn na sprice.

Tábla 5 Ioncam Cánach an Státhiste 2004 – Toradh v Réamh-mheastachán

	Réamh-mheastachán 2004 €m	Toradh 2004 €m	+/- €m	+/- %
Dleacht Chustaim	137	173	+36	+26.3
Dleacht Máil	4,864	4,928	+64	+1.3
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	851	1,516	+665	+78.1
Cáin Fháлтаis Caipitiúil	150	190 ⁵	+40	+26.7
Dleacht Stampála	1,600	2,088	+488	+30.5
Cáin Ioncaim	10,077	10,651	+574	+5.7
Cáin Chorparáide	5,348	5,332	-16	-0.3
CBL	10,368	10,693	+325	+3.1
Tobhaigh	5	10	+5	–
Iomlán	€33,400m	€35,581m	+€2,181m	+6.5

2005

Ba é sprioc lá Bhuiséad 2005 le haghaidh ioncaim chánach ná €37,505m. Ba é an toradh iarbhír ná €39,254m, rud a thug barrachas foriomlán €1,749m don ioncam cánach. Tá an miondealú indibhidiúil le haghaidh na dteideal cánach i dTábla 6 thíos.

Tábla 6 Ioncam Cánach an Státhiste 2005 – Toradh v Réamh-mheastachán

	Réamh-mheastachán 2005 €m	Toradh 2005 €m	+/- €m	+/- %
Dleacht Chustaim	170	226	+56	+32.9
Dleacht Máil	5,075	5,233	+158	+3.1
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,500	1,960	+460	+30.7
Cáin Fháлтаis Caipitiúil	180	249 ⁶	+69	+38.3
Dleacht Stampála	2,085	2,725	+640	+30.7
Cáin Ioncaim	11,105	11,266	+161	+1.4
Cáin Chorparáide	5,760	5,492	-268	-4.7
CBL	11,625	12,089	+464	+4.0
Tobhaigh	5	14	+9	–
Iomlán	€37,505m	€39,254m	+€1,749m	+4.7

⁵ Lena n-áirítear mionsuim i ndáil le Cáin Réadmhaoine Cónaithe.

⁶ Lena n-áirítear mionsuim i ndáil le Cáin Réadmhaoine Cónaithe.

Faoi mar ab amhlaidh in 2004, tháinig cuid mhór den fharasbarr in ioncaim chánach in 2005, beagnach 63%, ó dhleachtanna stampála agus ó cháin ghnóthachan caipitiúil. Tharla seo, athuair, toisc neart leanúnach mhargadh na sócmhainní, go háirithe an margadh maoine sa chuid dheireanach den bhliain.

Bhí 18% nó €313m den fharasbarr iomlán de thoradh fáltas ó phríomhimscrúduithe speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith níos mó ná mar a bhíodhas ag súil. Ba é an príomhimscrúdú ar tháinig cáin isteach dá bharr in 2005 ná Imscrúdú na bPréimheanna Aonair Árachais. Réamh-mheasadh gur €200m na fáltas a thioctadh ó na príomhimscrúduithe in 2005. Ba é an fáltas iarbhair ná €513m.

Seachas na suimeanna airgid seo, ní raibh fáltas ó na príomhtheidil chánach, arbh ionann iad agus 87% de chánacha iomlána in 2005, ach 0.6% os cionn na sprice.

2006

Ba é sprioc lá Bhuiséad 2006 le haghaidh ioncam cánach ná €41,650m. Ba é an toradh iarbhair ná €45,539m, rud a thug barrachas foriomlán €3,889m don ioncam cánach. Tá miondealaú indibhidiúil le haghaidh na dteideal cánach i dTábla 7.

Tábla 7 Ioncam Cánach an Státhiste 2006 – Toradh v Réamh-mheastachán

	2006 Réamh-mheastachán €m	2006 Toradh ⁷ €m	+/- €m	+/- %
Dleacht Chustaim	240	257	+17	+7.1
Dleacht Mháil	5,490	5,589	+99	+1.8
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	2,035	3,100	+1,065	+52.3
Cáin Fháltas Caipitiúil	260	353 ⁸	+93	+35.8
Dleacht Stampála	2,685	3,716	+1,031	+38.4
Cáin Ioncaim	11,810	12,390	+580	+4.9
Cáin Chorporáide	6,030	6,683	+653	+10.8
CBL	13,095	13,448	+353	+2.7
Tobhaigh	5	3	-2	-
Iomlán	€41,650m	€45,539m	+€3,889m	+9.3

Faoi mar ab amhlaidh sa dá bhliain roimhe seo, tháinig cuid shuntasach, €2.1 billiún nó 54%, den fharasbarr foriomlán ó dhleachtanna stampála agus ó cháin ghnóthachan chaipitiúil a lean ar aghaidh le sochar a bhaint as buacacht i margadh na sócmhainní agus, go háirithe, an margadh maoine. Arís, ní raibh réamhaisnéiseoirí ag súil leis an leibhéal gníomhaíochta seo go ginearálta.

Ceann de na cúiseanna a bhí le barrachas na cánach corporáide, €653m, ná go raibh roinnt íocaíochtaí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil, ó líon beag cuideachtaí móra agus cuid eile mar gheall go raibh roinnt cuideachtaí nua ag íoc suimeanna suntasacha cánach den chéad uair.

D'éirigh níos fearr le Cáin Ioncaim ná mar a bhíodhas ag súil, agus í €580m nó 4.9% os cionn na sprice. Tháinig formhór an fharasbairr ón taobh nár bhain le cáin ÍMAT.

⁷ Tógtar toradh ioncam cánach 2006 ón deireadh - Tuairisceáin Státhiste na Nollag agus d'fhéadfadh go mbeadh athrú orthu i gcuntais Airgeadais 2006, atá le foilsiú níos déanaí i 2007.

⁸ Lena n-áirítear mionsuim i ndáil le Cáin Réadmhaoine Cónaithe.

Seachas tionchar fháltais na n-imscrúduithe speisialta, nach raibh chomh suntasach in 2006 agus a bhí siad in 2004 agus 2005, agus a bhí níos ísle ná an sprioc in 2006, bhí na príomhchánacha, arbh ionann iad in éineacht le chéile agus 84% d'ioncain chánach iarbhir in 2006, 4.8% os cionn na sprice.

Athbhreithniú ar mar a d'éirigh leis an Réamhaisnéis

In mí Dheireadh Fómhair 2005, d'fhoilsigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) anailís ar chuntas teiste na hÉireann maidir leis an iarmhéid fhioscach a thuar.⁹ Ó thaobh cúrsaí ioncain, fuarthas leis an anailís gurbh iad na príomhchúiseanna go bhfuarthas níos mó ná mar a bhíodhas ag súil don ioncam cánach ná an eacnamaíocht a bheith ag dul i méid níos láidre ná mar a bhíodhas ag súil agus praghsanna sócmhainní a bheith ag dul chun cinn go buacach. Ó thaobh réamhaisnéisí maidir le fás na heacnamaíochta, ar a mbíonn na réamhaisnéisí cánach bunaithe, leagadh amach nach raibh réamhaisnéisí na Roinne Airgeadais neamhchosúil le réamhaisnéisí institiúidí eile, agus tugadh chun suntais an deacracht maidir le fás na heacnamaíochta a thuar i dtréimhse ina raibh an eacnamaíocht ag fás go láidir. Mhol an CAI go leanfaí ar aghaidh le rud ar ar thug sé an “cur chuige stuama” i leith réamhaisnéisí buiséid mar gheall ar na rioscaí go bhféadfadh sé tarlú nach leanfaidh forbairtí maidir le sócmhainní ar aghaidh le bheith ag cur go mór le torthaí móra dearfacha nach bhfuiltear ag súil leo. Dúirt CAI freisin go bhfuil an chreatlach institiúideach le haghaidh beartas fioscach agus cleachtas réamhaisnéise buiséid in Éirinn réasúnta láidir i gcomparáid le tíortha eile.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur féidir le go leor gnéithe dul i bhfeidhm ar thoradh réamhaisnéise maidir le hioncam cánach ar féidir neamhchinnteacht nach beag a bheith ag baint leis. Dúirt sé

- Gurb é atá i gceist le hioncam cánach ná toradh leibhéil na gníomhaíochta eacnamaíochta, agus nár bh eolaíocht bheacht réamhaisnéis na gníomhaíochta eacnamaíochta a bhí i gceist. Déantar réamhaisnéisí sa bhuiséad faoi cháin tráth nach mbíonn sonraí iontaofa faoin eacnamaíocht ar fáil faoin mbliain reatha nó faoin mbliain atá i gceist leis an réamhaisnéis. Déantar athbhreithniú rialta ar feadh roinnt blianta tar éis dheireadh na bliana atá i gceist ar shonraí eacnamaíochta do bhlianta roimhe seo arna bhfoilsíú ag an bPríomhoifig Staidrimh (agus ag comhlachtaí comhchosúla staidrimh in áiteanna eile sa domhan).
- Gné bhuntábhachtach is ea comhdhéanamh iarbhir na gníomhaíochta eacnamaíochta freisin agus bíonn seo, ar an gcaoi chéanna, deacair le tuar roimh ré.
- Ní heol an toradh iarbhir d'fháltais cánach na bliana reatha ag an tráth ar gá réamhaisnéisí cánach an Bhuiséid a dhéanamh agus caithfear é a réamh-mheas freisin.
- Is féidir leis an tionchar a bhíonn ag gnéithe aon-uaire nó seachtracha m.sh. fáltais imscrúduithe speisialta, a bheith suntasach ó bhliain go bliain.
- Is féidir le héifeacht athruithe struchtúrtha sa chóras cánach ar féidir leo dul i bhfeidhm ar iompar cháiniocóirí, ag fágáil torthaí ar ioncain chánach sa ghearrthéarma nach féidir a thuar roimh ré.

Ag Feabhsú na Réamhaisnéise

Mar fhreagairt ar m'fhiosrúchán maidir le cén beart a glacadh nó atá beartaithe chun cruinneas na réamhaisnéise buiséid a fheabhsú, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur bunaíodh Meitheal Oibre um Bonn Díreach Cánach le ceadú an Aire Airgeadais i lár 2002. Grúpa neamhfhoirmiúil atá ann atá comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Airgeadais agus ó na Coimisinéirí Ioncain. Ba é cuspóir bunaidh an ghrúpa ná cur leis na hanailísí a rinneadh níos luaithe ar spriocascnaimh san ioncam díreach ó cháin in 2001 agus 2002 agus scrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an bhfáltas

⁹ Páipéar CAI maidir le Saincheistanna Roghnaithe, Iúil 2005 “*Favourable Fiscal Outturns: Is It Just the Luck of the Irish?*”

cánach ó chánacha díreacha, lena n-áirítear cáin ioncaim, chun modheolaíocht réamhaisnéise cánach a fheabhsú. Tá obair an ghrúpa fós idir lámha.

Cuireadh Grúpa Athbhreithniúcháin na Modheolaíochta Réamhaisnéise Cánach ar bun i mí na Nollag 2006, ar a bhfuil eacnamaí sinsearach atá ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais ón mBanc Ceannais ina chathaoirleach air agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Airgeadais, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón mBanc Ceannais, ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach. Seo a leanas téarmaí tagartha an ghrúpa:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht réamhaisnéise cánach reatha;
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcúis nach mbíonn toradh an ioncaim chánach ag teacht leis an réamhaisnéis chánach;
- Anailís a dhéanamh ar bhoinn na faisnéise ar a ndéantar réamhaisnéisí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair struchtúrtha leaisteachas cánach;
- Breathnú ar an taithí i ndlínsí ábhartha eile agus
- Moltaí a dhéanamh le haghaidh athruithe ar an modheolaíocht, más iomchuí.

Tháinig an grúpa le chéile den chéad uair i mí Eanáir 2007 agus tháinig sé le chéile cúig huaire go dtí seo. Tá raon saincheistanna scrúdaithe ag an ngrúpa. I measc na saincheistanna sin tá:

- An cur chuige reatha i leith na réamhaisnéise cánach
- Mar ar éirigh leis na réamhaisnéisí cánach a chuir an Roinn ar fáil ó 1998
- Athbhreithniú ar na réamhaisnéisí bunaithe ar na sonraí eacnamaíochta is déanaí dá bhfuil ar fáil
- Cuntas a thabhairt i bhfáltas aon-uaire agus mar a d'éirigh leis an margadh maoine le déanaí
- Scrúdú a dhéanamh ar an leaisteachas cánach comhiomlán fadtréimhseach agus
- Scrúdú a dhéanamh ar mhodheolaíocht réamhaisnéise cánach institiúidí eile.

Thug sé le fios dom freisin, chun acmhainní a chomhchruinniú le díriú ar obair an ghrúpa seo, gur comhaontaíodh go gcuirfeadh an Mheitheal Oibre um Bonn Díreach Cánach a hobair siar go dtí go raibh a thuairisc tugtha ag Grúpa Athbhreithniúcháin. Táthar ag súil leis seo am éigin i rith an tsamhraidh agus táthar ag súil go bhfoilseofar a thuairisc in am is i dtráth.

Caibidil 3

Ioncam

3.1 Cuntas Ioncaim

Bunús don Iniúchadh

Tugtar domsa go bliantúil cuntas ina dtaispeántar gach ioncam a fuarthas agus a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim leis an Státhchiste. Ní foláir domsa faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 pé imscrúdú a dhéanamh i leith an chuntais seo agus a mheasaimse bheith iomchuí d'fhonn mé féin a shásamh ó thaobh a iomláine agus a chruinnis agus torthaí m'imscrúduithe a thuairisciú do Dháil Éireann. Ba shásúil den chuid ba mhó iad torthaí mo chuid imscrúduithe.

Ní mór domsa faoi Alt 3 den Acht freisin pé imscrúdú a dhéanamh agus a mheasaimse bheith iomchuí d'fhonn a fháil amach ar bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais ar leor iad chun seiceáil éifeachtach a shlánú um measúnú, bailiú agus leithdháileadh iomchuí ioncaim an Stáit agus chun mé féin a shásamh gur leor é an chaoi ina bhfuiltear á n-úsáid agus á gcur chun feidhme. Tagraítear le hailt 3.7 go 3.10 do chúrsaí ag éirí as an imscrúdú seo.

Ioncam a Bailíodh

Taispeántar i dTábla 8 an t-ioncam a bhailítear faoina phríomh-cheannteidil sa bhliain 2006.

Tábla 8 Ioncam a Bailíodh¹⁰

	2006 Fáltais Chomhlána €m	2006 Aisíocaíochtaí €m	2006 Glanfháltais €m	2005 Glanfháltais €m
Cáin Ioncaim	15,450	3,075	12,375	11,340
Cáin Bhreisluacha	17,809	4,358	13,451	12,126
Mál	5,834	138	5,696	5,391
Cáin Chorporáide	7,271	586	6,685	5,503
Dleachtanna Stampála	3,674	42	3,632	2,673
Dleachtanna Custaim	261	6	255	226
Cáin Fháltais Caipitiúil	355	12	343	249
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	3,134	35	3,099	1,982
Iomlán	€53,788m	€8,252m	€45,536m	€39,490m

As na glanfháltais de €45,536m, ícadh €168m san iomlán le linn na bliana 2006 faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999, arna leasú, ó fháltais an mháil tobac don Vóta d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ícadh €45,536m leis an Státhchiste, a d'fheidhmigh mar réamhíocaíocht €418m. Ba é €250m an méid a réamhíocadh ag deireadh na bliana 2005.

¹⁰ Tháinig an t-ollbhailiúchán iomlán chuig €62.3 billiún agus tobhaigh agus táillí ar nós ÁSPC (€8.4 billiún), Tobhach Sláinte (€169m) agus Tobhach Comhshaoil (€19m) á mbailiú do na Ranna eile.

3.2 Cáin Dhíscríofa

Thug na Coimisinéirí Ioncaim mionsonraí na €120m i gcánacha agus ÁSPC a díscríobhadh le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006 dom. Taispeántar i dTábla 9 agus i dTábla 10 mionsonraí an mhéid iomlán a díscríobhadh agus an leithdháilte de réir fhorais an díscríofa.

Tábla 9 Cánacha Díscríofa

Cáin	2006 €000	2005 €000
Cáin Bhreisluacha	45,253	48,433
ÍMAT	21,623	23,992
Cáin Chorparáide	3,505	15,431
Cáin Ioncaim	14,181	23,839
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	799	2,264
Cánacha Eile ¹¹	10,486	4,653
ÁSPC	23,799	24,689
Iomlán	119,646	143,301

Tábla 10 Forais an Díscríofa

Forais an Díscríofa	2006 Líon na gCásanna	2006 €000	2005 Líon na gCásanna	2005 €000
Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht	592	46,313	1,263	69,928
Deireadh le trádáil – gan sócmhainní ar bith	2,106	44,438	2,032	34,981
Éagtha agus Eastát Dócmhainneach	162	1,762	132	1,340
Neamheacnamúil chun coinneáil leo	4,644	8,829	60,911	19,358
Dlíteanas gan Fhoras	120	686	187	2,160
Ní féidir a rianú / Lasmuigh den Dlíne	644	12,391	588	9,680
Forais Atruacha	179	1,865	206	1,627
Dobhailithe de bharr cúinsí airgeadais an cháiniócóra	306	3,177	439	4,225
Scrúdaitheoireacht	6	185	4	2
Iomlán	8,759	€119,646m	65,762	€143,301m

Díscríobhadh tuairim €1m ar bhonn uathoibrithe sa bhliain 2006, ar chásanna le hiarmhéideanna ar lú ná €1,000 iad a measadh a bheith neamheacnamúil le tabhairt fúthu. Eisítear na cásanna faoi fhiosrú

¹¹ Áirítear leis an gceannnteideal do chánacha eile Cáin na gConarthaí Ábhartha de €9.5m agus díscríobh uathoibríoch faoi gach ceannnteideal cánach de €1m.

ginearálta, cásanna féideartha Ansbacher agus cásanna faoi riail Bhiúró na Sócmhainní Coiriúla ó gach nós imeachta díscríofa. Ba é €2.3m an méid singil ba mhó a díscríobhadh sa bhliain 2006 maidir le ÍMAT/ÁSPC an Fhostóra agus Cáin na gConarthaí Ábhartha atá dlite ag cuideachta tógála a chuaigh faoi leachtú. Bhí ceithre chás eile ann mar ar mhó ná €1m an méid a díscríobhadh.

Is é an Brainse Iniúchta Inmheánaigh sna Coimisinéirí Ioncaim a théann i mbun imscrúdú bliantúil ar an díscríobh cánach. Scrúdaíodh sampla de 204 cás in iniúchadh na bliana 2006, a bhí mar 33% (€39m) de luach na méideanna díscríofa neamh-uathoibrithe (€118m). Bhí an tIniúchadh Inmheánach sásta gur díscríobhadh gach méid de réir na gcritéar a fhorordaítear cé is moite d'eisceacht amháin. Rinneadh aisíocaíocht €39,679 de CBL sa chás sin ar idirbheart léasa maoinne leis an léasaí roimh dhíscríobh dliteanais chomhionann an léasóir. Ba cheart gurbh é an nós imeachta ceart sna cúinsí faoi leith sin an aisíocaíocht a bhí dlite don léasaí a fhritháireamh i gcoinne dliteanais an léasóra. Táthar tar éis an aisíocaíocht a aisghabháil ó shin i leith agus aisiompaíodh an díscríobh. D'imscrúdaigh Iniúchadh Inmheánach freisin torthaí chúig chúrsa díscríofa uathoibrithe agus dhearbhaigh siad cur i bhfeidhm ceart na gcritéar roghnaithe údraithe i leith gach aon chúrsa.

D'imscrúdaigh mé sampla cásanna a fheidhmíonn do níos mó ná 12% den luach a díscríobhadh trí athbhreithniú de na nósanna imeachta a leanadh agus de na tuairiscí agus taifid tacúla, le béim faoi leith ar chásanna ardluacha. Tugadh le fios sna torthaí trí chéile gur leanadh na nósanna imeachta údraithe.

3.3 Cánacha gan Íoc agus ÁSPC

Tábla 11 gníomhaíochtaí agus idirbhearta sa tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Márta 2007. Tábla 12 anailís aosaithe den iarmhéid a bhí gan íoc an 31 Márta 2007. Ullmhaíodh na táblaí ar bhunús an eolais a thug na Coimisinéirí Ioncaim.

Tábla 11 Cánacha gan Íoc agus ÁSPC

						Anailís Iarmhéide an 31 Márta 2007	
Iarmhéid an 31 Márta 2006	Cáin nó Tobhach	Glanmhu irir a Cruinníodh	Íoctha	Díscríó fa	Iarmhéid an 31 Márta 2007	Faoi Achomharc	Ar Fáil lena Bailiú
€m		€m	€m	€m	€m	€m	€m
227	CBL	12,288	12,279	40	196	74	122
137	ÍMAT	10,282	10,269	15	135	7	128
165	ÁSPC	7,775	7,764	16	160	2	158
276	Cáin Ioncaim (seachas ÍMAT)	3,030	3,017	12	277	68	209
—	Cáin Choinneála ar Ús Taisce	306	306	—	—	—	—
161 ¹²	Cáin Chorpáraíde	5,202	5,217	2	144	65	79
141	Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	3,393	3,375	1	158	89	69
3	Cáin Fháltais Caipitiúil	343	343	—	3	—	3
8	Cánacha ar cuireadh Deireadh leo	—	—	—	8	—	8
37	Cáin na gConarthaí Ábhartha	64	66	9	26	10	16
1,155	Fiachas Iomlán	42,683	42,636	95	1,107	315	792
2%	Fiachas mar % den bhailiúchán comhlán ¹³				1.8%	0.5%	1.3%

¹² Is mó an t-iarmhéid tosaigh faoi €70m ná an t-iarmhéid deiridh a thaispeántar i dTábla 5 de mo thuarascáilse ón mbliain 2005 toisc go bhfuil gá le coigeartú teicniúil.

¹³ Ba é €54,157m an bailiúchán comhlán sa bhliain 2005, agus ba é €62,330m an bailiúchán comhlán don bhliain 2006.

Ioncam

Tábla 12 Anailís Aosaithe den Fhiachas amhail 31 Márta 2007

Cáin	Cáin iomlán gan íoc amhail 31 Márta 2007	Méideanna gan íoc don bhliain 2006	Méideanna gan íoc don bhliain 2005	Dlite do na blianta idir 2002 agus 2004	Dlite do thréimhsí ní ba luaithe (.i. > 5 bliana)
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL	196	23	26	126	21
ÍMAT	135	77	17	27	14
ÁSPC	160	99	22	27	12
Cáin Ioncaim	277	3	75	71	128
Cáin Chorpáraide	144	52	6	35	51
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	158	10	30	21	97
Cáin Fháltas Caipitiúil	3	—	—	—	3
Cánacha ar cuireadh Deireadh leo	8	—	—	—	8
Cáin na gConarthaí Ábhartha	26	7	3	16	—
Iomlán	1,107	271	179	323	334

3.4 Clár Iniúchta Ioncaim

Clár Iniúchta Foriomlán

Glactar le tuairisceáin a chomhdaíonn cáiníocóirí comhlíontacha i gcóras féinmheasúnaithe mar an bunús d'áireamh na ndlíteanas cánach. Bunaítear bailíocht na dtuairisceán le hiniúchadh rogha cásanna trí athbhreithniú agus breis fíorúcháin a lorg i leith mionsonraí áirithe nó trí imscrúdú cáipéisí agus taifead ag áitreabh cáiníocóra. Braitheann an cineál idirghabhála a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim ar an gcaoi ina mbraitear baint bheith ag an bpriacal le ceannnteideal cánach nó dleachta amháin nó níos mó nó le saincheisteanna nó idirbhearta faoi leith. Ní hionann Seiceálacha Ráthaíochta agus iniúchtaí, is idirghabhálacha iad lena bhféadfadh baint bheith ag tástálacha, seiceálacha fíorúcháin, imscrúduithe deisce, cuairteanna ar áitreabh, cuardaigh, cuairteanna suímh agus teagmhálacha gutháin i gcomhair cáipéisíochta tacaíochta.

Tugtar achoimre i dTábla 13 i leith toradh chlár iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim ón mbliain 2006, in éineacht le gníomhaíocht ráthaíochta.

Tábla 13 Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim agus Gníomhaíocht Ráthaíochta

Catagóir	2006		2005	
	Líon a comhlíonadh	Toradh €m	Líon a comhlíonadh	Toradh €m
Iniúchtaí Cuimsitheacha	4,127	436.2	5,077	323.3
Iniúchtaí Ilchánach/Ildleachta	1,757	56.2	1,220	52.3
Iniúchtaí Cánach/Dleachta Shingil	6,305	133.5	6,173	122.8
Iniúchtaí Saincheiste/Idirbheartaíochta Singile	1,437	23.8	1,744	26.6
Iomlán na nIniúchtaí	13,626	649.7	14,214	525.0
Seiceálacha Árachais	176,064	42.1	98,981	50.4
Iomlán na nIdirghabhálacha	189,690	€691.8m	113,195	€575.4m

Ba ghné shuntasach de chlár na bliana 2006 í tionscadal comhlíonta náisiúnta in earnáil na tógála. Tugadh chun críche 3,872 iniúchadh san iomlán, le toradh €116m orthu, agus 45,423 seiceáil ráthaíochta le toradh €21m orthu, mar chuid den tionscadal. Áiríodh leis na seiceálacha ráthaíochta sin 1,615 cuairt suímh inar aithníodh 1,188 duine nár cláraíodh leis na Coimisinéirí Ioncaim, 447 fochonraitheoir a athrangáíodh mar fhostaithe agus 2,479 clárú breise CBL nó fostóra. Aithníodh 55 cás i gcomhair gníomhaíochta féideartha ionchúisimh.

Iniúchtaí Cuimsitheacha

Áirítear leis an toradh €436m ó na 4,127 iniúchadh cuimsitheach a críochnaíodh muirir úis de €187m agus pionóis de €110m. Ba iad na socraíochtaí ab airde ceann €6.4m a bhí ina Cháin Ioncaim agus €22.17m a bhí ina Cháin Chorporáide. Críochnaíodh na hiniúchtaí cuimsitheacha i leith 217 cás cuntais neamhchónaitheacha bréagacha leis na socraíochtaí ag teacht chuig €29m, i leith 595 cás sócmhainne

seachairgeadra le socraíochtaí ag teacht chuig €92m agus i 766 cás táirge árachais saoil le socraíochtaí ag teacht chuig €89m¹⁴.

Córas Anailíse Riosca

Rinneadh córas anailíse riosca (REAP) a phíolótú i gceithre Dhúiche de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim thiar sa bhliain 2005 agus tugadh isteach i ngach aon Dúiche é sa bhliain 2006. Déantar anailís leis an gcóras ar an eolas atá ar fáil um cháiniocóirí trí thacar fiosruithe nó rialacha a rith trí bhunachar sonraí d'eolas cáiniocóra, trí scóráil na dtorthaí agus rangú na gcásanna de réir na scóranna úd. Díorthaíodh na rialacha sin ó fhios agus taithí iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus mionathraíodh iad le rioscaí agus foinsí sonraí úra a thabhairt san áireamh. Bunaithe ar an gcóras rangaithe sin, déanann na hoifigigh Dhúiche anailís agus measúnú ar an riosca a bhaineann le gach aon chás leis na cásanna oiriúnacha a roghnú agus le teacht ar chinneadh i leith idirghabhála iomchuí. Níor tháinig an áis chun taifeadadh gur roghnaíodh cás i gcomhair iniúchta trí leas a bhaint as córas REAP ar fáil le linn na bliana 2007, agus is amhlaidh dá réir nach bhfuil torthaí na n-iniúchtaí sin don bhliain 2006 ar fáil ar leithligh.

Iniúchtaí Randamacha – Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiniocóra

Thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach an Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiniocóra sa bhliain 2005 le teacht in ionad an Chláir Iniúchta Randamacha. Is é cuspóir an chláir an comhlíonadh leis an reachtaíocht cánach a thomhas agus a rianú, agus chun a chinntiú gur féidir gach aon cháiniocóir a roghnú i gcomhair a n-iniúchta. Roghnaíodh 410 cás lena n-iniúchadh faoi chlár na bliana 2005. Cuireadh críoch le 62 cás mar ar chuir cáiniocóir deireadh le trádáil, murar thrádáil siad riamh, mar ar éag siad nó iad gan bheith ar fáil de bharr cúrsaí sláinte nó mar a raibh an cás faoi fhiosrú nó mar a ndearnadh iniúchadh air le déanaí.

Táthar tar éis níos mó ná 99% den ualach 348 cás a thabhairt chun críche. Cé nár bunaíodh aon dliteanas breise i 232 de na 346 cás a tugadh chun críche, aontaíodh ar shocraíochtaí ag teacht chuig €1.4m sna 114 cás eile. Ba é an meántoradh ó gach aon chás a tugadh chun críche ná €4,100. Níor tugadh iniúchtaí chun críche i leith 2 cheann de chásanna go fóill. Tugtar ahcoimre de na cásanna a tugadh chun críche go nuige seo i dTábla 14.

Tábla 14 Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiniocóra 2005 - Cásanna tugtha chun Críche de réir Mhéid an Dliteanais Bhreise

Dlíteanas Breise	Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche	% na gCásanna a Tugadh chun Críche
Neamhní	232	67%
< €2,000	27	8%
€2,001 go €5,000	31	9%
€5,001 go €10,000	21	6%
€10,001 go €20,000	18	5%
€20,001 go €50,000	13	4%
> €50,001	4	1%
Iomlán	346	100%

¹⁴ Bailíodh roinnt den toradh sna cásanna sainfhiosrúcháin sna blianta luatha.

Táthar tar éis 402 cás a roghnú le hiniúchadh faoi chlár na bliana 2006. Táthar tar éis 274 díobh siúd a thabhairt chun críche amhail 30 Meitheamh 2007, ní raibh aon dliteanas breise ag 196 acu agus bhí dliteanais bhreise ag 78 acu ag teacht chuig €431,905. san iomlán. Aisghabháladh €158,410 breise do thréimhsí seachas an spriothréimhse don iniúchadh. Tugtar achoimre ar thoradh na gcásanna a tugadh chun críche go nuige seo faoi chlár na bliana 2006 i dTábla 15. Roghnaíodh 401 cás don iniúchadh i gcomhair chlár na bliana 2007.

Tábla 15 Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiníocóra 2006 - Cásanna tugtha chun Críche de réir Mhéid an Dliteanais Bhreise

Dliteanas Breise	Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche	% na gCásanna a Tugadh chun Críche
Neamhní	196	71%
< €2,000	36	13%
€2,001 go €5,000	18	7%
€5,001 go €10,000	13	5%
€10,001 go €20,000	7	2%
€20,001 go €50,000	3	1%
> €50,001	1	1%
Iomlán	274	100%

Is róluath teacht ar chonclúidí ó thorthaí an chlár go nuige seo i leith leibhéil na ganníocaíochta cánach i measc na gcáiníocóirí trí chéile. Tagann an chaoi a bhfuiltear ag mionathrú na modheolaíochta roghnúcháin lena chinntiú gur féidir leas a bhaint aisti mar bhunús slán d'eachtarshuíomh i gcoinne bhailíocht aon chleachtaidh dá leithéid i láthair na huaire. Caithfear fanacht ar leabú síos na modheolaíochta agus treochtaí ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas i gcomhair conclúidí daingne.

3.5 Ionchúisimh

Is faoi straitéis ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim a chuireann Réigiúin agus Rannáin cásanna faoi bhráid an Rannáin Fhiosrúcháin agus Ionchúiseamh i gcomhair fiosrúcháin sa tsúil ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh mar a raibh fianaise *prima facie* ann go ndearnadh cionta tromchúiseacha ioncaim. Déantar breis meastóireachta i leith na gcásanna sin laistigh den RFI ag an gCoiste Iontrálacha Ionchúiseamh. Déantar luacháil breise ar na cásanna sin laistigh den Rannán roimh thosú na hoibre fiosrúcháin choiriúil ar dian ó thaobh acmhainní de é, obair a fhéadann roinnt blianta a ghlacadh sula mbaintear na Cúirteanna amach. Cuireadh 33 cás d'inghabháil cánach faoi bhráid an Rannáin lena mbreithniú agus glacadh le 16 acu i gcomhair fhiosrú sa tsúil agus go dtabharfaí ionchúiseamh i gcrích. Ba iad na figiúirí inchomparáide don bhliain 2005 ná 91 a atreoraíodh agus 30 ar glacadh leo.

Fuarthas cionta sna trí chás ar thángthas ar chinneadh ina leith laistigh den chúirt sa bhliain 2006

- Fuair conraitheoir tógála pianbhreith shé mhí (a cuireadh ar fionraí ar feadh dhá bhliain) agus fineáil €3,200 i gcomhair chur isteach tuairisceán CBL mícheart.
- Cuireadh fineáil €2,040 san iomlán ar chonraitheoir oibreacha talún i leith cionta éagsúla a bhaineann le CBL agus tuairisceáin Cháin Ioncaim.
- Forchuireadh fineálacha €33,782 ar úinéir stáisiúin pheitрил i gcomhair chur isteach tuairisceán CBL mícheart agus inghabháil dleachta mháil ar an ola.

Bhí 81 cás d'inghabháil cánach thromchúiseach idir lámha i Rannán na bhFiosrúcháin agus na nIonchúiseamh ag deireadh na bliana 2006. Taispeántar stádas na gcásanna sin ag deireadh mí na Bealtaine 2007 i dTábla 16.

Tábla 16 Stádas na gCásanna Imghabhála Cánach Tromchúiseacha

Stádas	Líon na gCásanna
Á bhfiosrú	28
Cinneadh gan ionchúiseamh	7
Le hOifig Atur na gCoimisinéirí Ioncaim	4
Curtha faoi bhráid an SIP	10
Treoruithe arna n-eisiúint ag SIP le hionchúiseamh	14
Barántas binse eisthe	1
Cásanna os comhair na cúirte	13
Ciontuith a fuarthas	4
Iomlán	81

Ina theannta sin ab amhlaidh a tharla 3 chiontú i gcomhair imghabhála tromchúisí Custam agus Máil sa bhliain 2006.

3.6 Fiosrúcháin Speisialta

Tábla 17 na híocaíochtaí a rinneadh go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2007 mar thoradh ar gach aon cheann de na Fiosrúcháin Speisialta á gcur i gcrích ag na Coimisinéirí Ioncaim. Leanfaidh achoimre ghairid ina dhiaidh sin den dul chun cinn go nuige seo sna fiosrúcháin.

Tábla 17 Íocaíochtaí ag eascairt as Fiosrúcháin Speisialta

Fiosrúchán	Cásanna Bainteacha	Íocaíochtaí go Nuige seo
Cáin Choinneála ar Ús Taisce — Iniúchtaí Súil Siar (institiúidí airgeadais)	37	€225m
Cáin Choinneála ar Ús Taisce — Cáin Bhunúsach		
Scéim Nochta Deonaigh	3,675	€227m
Fiosrúcháin Iar-Nochta Deonaigh	c. 8,500	€402m
NIB	465	€59m
Ansbacher	289	€76m
Scéimeanna " <i>Pick Me Up</i> "	71	€0.8m
Binse Fiosrúcháin Mahon	27	€32m
Binse Fiosrúcháin Moriarty	18	€8m
Sócmhainní Seachairgeadra	14,374	€870m
Cistí Neamhnochta – Táirgí Árachais Saoil	5,276	€430m
Iomlán		€2,329.8m

Cáin Bhunúsach ar Chuntais Neamhchónaitheacha Bréagacha

D'íoc 3,675 cáiniocóir €227m faoin Scéim Nochta agus Íoca Shaorálaigh mar arbh éigean cáin bhunúsach a íoc, a bhaineann le cistí a taisceadh i gcuntais neamhchónaitheacha bréagacha, faoi 15 Samhain 2001 chun na dreasachtaí de chaidhp 100% i leith úis agus pionós agus gealltanais gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh nó mionsonraí socraíochta a fhoilsiú. Roghnaigh na Coimisinéirí Ioncaim 268 de na cásanna sin i gcomhair athbhreithniú dliteanais. Glacadh le 210 díobh sin bheith ceart, theastaigh íocaíochtaí breise de €6,184,408 ó 55 cás. Fuarthas íocaíochtaí ar cuntas de €847,749 i bhfuilleach na dtrí chás oscailte. Athbhreithníodh gach cás i gcomhair dliteanais, agus measadh 18 cás bheith neamhcháilithe. Thángthas ar shocraíocht i leith 15 acu siúd, le dliteanais bhreise de €2,101,260 ann. Rinneadh ceann amháin de na cásanna sin a ionchúiseamh agus fuair ciontú dhá bhliain ar fionraí. Bhí fuilleach na dtrí chás ag céimeanna éagsúla d'fhiosrúchán.

Bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas as a gcumhachtaí faoi Alt 908 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le faisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais chun cúnamh le haithint na sealbhóir cuntais neamhchónaithe bhréagaigh nár thapaigh an Scéim Nochta agus Íoca Shaorálaigh. Deonaíodh ocht n-ordú dhéag faoi Alt 908, ag lorg faisnéise ar shealbhóirí cuntais ó 26 institiúid airgeadais. Fuarthas íocaíochta €402m faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2007 ó shealbhóirí cuntais neamhchónaitheigh bhréagaigh os cionn na bhfáltas ón scéim shaorálach féin.

Is é meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim gur dóichí go dtiocfaidh tuairim €20m amach anseo mar thoradh ar fhiosrúchán cánach bunúsaí um cháin choinneála ar ús taisce, agus go dtiocfaidh an méid sin aníos in imeacht an chéad chúpla bliain eile.

Infheistíochtaí Eischósta trí mheán an Bhainc Éireannaigh Náisiúnta

Tá na fiosrúcháin tagtha chun críche i 432 de na 465 cás a aithníodh de bheith infheistithe i scéim infheistíochta seachairgeadra éigin arna hoibriú ag an mBanc Éireannach Náisiúnta. Rinneadh socraíochtaí ag teacht chuig €52.4m i 309 de na cásanna sin, agus gan aon dliteanas ag na 123 cás eile. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na fiosrúcháin i bhfuilleadh na 33 cás agus fuarthas íocaíochtaí ar cuntas de €3m ó 11 díobh siúd. D'íoc an Banc Éireannach Náisiúnta €3.5m os cionn na méideanna sin i ndáil le Cáin Ghnóthachan Caipitiúil, as an gcúiteamh a d'íoc sé le hinfheisteoirí áirithe. Is é meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim go mba chóir €2m breise a íoc agus go dtiocfaidh an fiosrúchán chun críche faoi dheireadh na bliana 2007.

Fiosrúchán Ansbacher

Táthar ag fiosrú cásanna a bhaineann go díreach le socruithe den chineál Ansbacher, chomh maith le cásanna eile lena mbaineann cistí agus taiscí seachairgeadra. Tá 289 cás ann, lena mbaineann 179 cás ar Thuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte agus 110 cás comhchosúil a d'fhionn na Coimisinéirí Ioncaim nó a liostaíodh i dTuarascáil an Oifigigh Údaraithe.

Fuarthas trí ordú dhéag ón Ard-Chúirt i gcoinne institiúidí airgeadais agus tríú páirtithe ónar theastaigh táirgeadh leabhar, taifead agus cáipéisíochta. Fuarthas ní ba mhó ná 250,000 cáipéis faoi théarmaí Orduithe na hArd-Chúirte. Fuarthas cáipéisíocht freisin de bhun ordú na hArd-Chúirte ó mhí an Mheithimh 2004 a cheadaigh do rochtain ar cháipéisíocht áirithe a bhain le cliaint Ansbacher a ainmníodh i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte agus na daoine siúd ar chinn Cigirí na hArd-Chúirte fúthu gur mhainníodh siad chun comhoibriú lena bhfiosrú.

Táthar tar éis 248 cás a shocrú go nuige seo, le dliteanais iomlána de €68.44m ag 106 acu. Áirítear leis sin socraíocht €7.5m le banc atá bunaithe sna hOileáin Cayman. Ní raibh aon dliteanas i gceist leis na 142 cás eile, agus áirítear leo 69 cás neamhchónaitheach a cuimsíodh faoi fhorálacha na gComhaontuithe Cánachais Dhúbailte, chomh maith le 20 cás arna gcuimsiú le forálacha mhaithiúnas na bliana 1993. Fuarthas íocaíochtaí ar cuntas de €7.73m i 16 de na 41 cás atá ann. Óir gur dóichí go rachaidh roinnt de na cásanna ar aghaidh chun Cúirte, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim toradh féideartha nó creatlach ama dá gcomhlíonadh a thuar.

Scéimeanna “Pick-Me-Up”

Bhain caiteachais i gcomhair earraí agus seirbhísí le scéimeann “pick-me-up” a thabhaigh páirtí polaitiúil a fuair sonrasc ón soláthraí chuig trádálaí éigin eile a d'íoc an soláthraí mar bhealach chun tacú leis an bpáirtí. Níorbh fhéidir na híocaíochtaí sin a asbhaint chun críocha cánach, níorbh fhéidir an CBL a athéileamh agus ní raibh na sonraisc a eisíodh de réir na gceangaltas dlíthiúil. D'fhionn an fiosrúchán 71 cás a dealraíodh gur imghabháladh cáin iontu trí dhul i ngleic le caiteachais “picking up”, ar chuí iad do na páirtithe polaitiúla. Thángthas ar shocraíocht i gcomhair 46 cás d'iomlán de €562,328, lena n-áirítear ús agus pionóis. Fuarthas íocaíochtaí €226,165 san iomlán i dtaca le deich gcás eile lena n-áirítear cásanna ón mbinse fiosrúcháin atá fós le tabhairt chun críche. Is deacair teacht ar chonclúid i gcásanna áirithe i leith aois na n-íocaíochtaí, a rinneadh sna 1980í agus go luath sna 1990í, agus go n-éireoidh deacracht le dearbhú dliteanais ón easpa cáipéisíochta agus taifead. Ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an toradh deireanach a mheas le cruinneas ar bith. Níltear ag dúil go dtiocfaidh sé chuig suim i bhfad níos mó ná mar a fuarthas go nuige seo.

Binsí Fiosrúcháin

Táthar ag fiosrú cúrsaí a nochtar ag Binsí Fiosrúcháin Moriarty agus Mahon de réir mar a thagann siad aníos, ar cúrsaí iad a thugann le fios go mb'fhéidir gur tharla imghabháil cánach. Táthar ag fiosrú ocht gcás déag mar thoradh ar Bhinse Fiosrúcháin Moriarty, agus thángthas ar shocraíocht i leith trí chás i gcomhair €7m san iomlán. Fuarthas íocaíochtaí ar cuntas de €1.4m i ndáil le dhá chás freisin. Táthar ag fiosrú seacht gcás is fiche mar thoradh ar Bhinse Fiosrúcháin Mahon agus socraíocht ar cheithre cinn acu sin do €26.5m; fuarthas íocaíochtaí ar cuntas de €5.5m i ndáil le 12 cás.

Tá Binse Fiosrúcháin Moriarty ag druidim chun deiridh agus níltear ag dúil go dtiocfaidh cásanna breise aníos. Ní heol do na Coimisinéirí Ioncaim an éireoidh aon chás breise aníos ó Bhinse Fiosrúcháin Mahon nó cathain a thiocfaidh an Binse Fiosrúcháin chun críche.

Sócmhainní Seachairgeadra

Baineann an fiosrúchán seo leo siúd nár íoc cáin a bhí dlite ar chistí a bhí i seilbh cuntas agus infheistíochtaí seachairgeadra. Níorbh fholáir do na cáiníocóirí sa chéim shaorálach den fhiosrúchán fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoina rún a nochtadh cáilitheach a dhéanamh faoi 29 Márta 2004 agus ráiteas nocht agus aon íocaíocht dhlite a thabhairt faoi 10 Meitheamh 2004. Bhain maolú pionós, mionsonraí socraíochta gan fhoilsiú agus ionchúiseamh ar bith bheith ann le sochair shásamh na spriocdhátaí sin. Fuarthas nochtadh ó 13,651 cáiníocóir agus fuarthas €650m ón gcéim seo den fhiosrúchán agus ó dhá fhiosrúchán ní ba luaithe.

Mar ghníomh leantach don chéim shaorálach is amhlaidh a fuarthas 14 ordú ó Ard-Chúirt ónar theastaigh institiúidí airgeadais le mionsonraí idirbheart a gcustaiméirí a bhaineann le hoibríochtaí seachairgeadra a sholáthar. Rinneadh anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas, agus baineadh iad siúd a thapaigh an scéim nocht shaorálaigh den fhiosrúchán breise, ar an gcontar go mbíonn a nochtadh comhlántach leis a nbhfaisnéis a fuarthas ó na hinstitiúidí airgeadais. Eisíodh litreacha dúshláin le ní ba mhó 1,500 cáiníocóir a theip orthu an scéim nocht shaorálacha a thapú. Fuarthas €220m breise ón scéim shaorálach i leith, ag eascairt as athbhreithnithe de na haighneachtaí saorálacha agus íocaíochtaí ó 723 cáiníocóir nár thapaigh an scéim shaorálach. Lorgófar sraith breise d'orduithe Ard-Chúirte sa bhliain 2007 agus 2008. Féadann an toradh deiridh ón bhfiosrúchán teacht chuig €1 billiún.

Táirgí Árachais Saoil

Cuireadh tús le fiosrúcháin um úsáid na dtáirgí infheistíochta árachais saoil le hioncam nó gnóthachain neamhnocht a chur i bhfolach sa bhliain 2004. Leagadh spriocdháta leis an gcéim nocht shaorálaigh den fhiosrúchán den 23 Bealtaine 2005 dóibh siúd a d'infheistigh cistí neamhnocht ar mhó ná €20,000 sna táirgí sin chun fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim i leith a rúin le nochtadh saorálach a dhéanamh. B'éigean nochtadh agus íoc iomlán a dhéanamh faoi 22 Iúil 2005. Ba iad na sochair don cháiníocóir a bhain le tapú na scéime saorálaí nach bhfoilseofaí na mionsonraí socraíochta, nach mbeadh ionchúiseamh ann agus go maolófaí pionóis de réir an Chóid Chleachtais i gcomhair Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim. Fuarthas timpeall 10,000 fógra rúin le nochtadh a dhéanamh, agus rinne 5,150 cáiníocóir íocaíochta de €417m faoin scéim shaorálach.

Baineann aithint iad siúd nár thapaigh an scéim shaorálach leis an dara céim den fhiosrúchán. Bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas as cumhachtaí úra in alt 140 den Acht Airgeadais 2005 a ligeann dóibh an fhaisnéis i seilbh chuideachta árachais saoil a shampláil, faisnéis a bhaineann le haicme nó aicmí polasaithe agus sealbhóirí polasaí, mar a mbíonn cúinsí ann ina moltar gur baineadh leas as na polasaithe sin chun cistí neamhchánach a infheistiú. Ní féidir leas a bhaint as an bhfaisnéis a fuarthas ach le cúnaimh le déanamh iarratais chuig an Ard-Chúirt i gcomhair ordú chun rochtain níos leithne a fháil ar an bhfaisnéis chéanna. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim deireadh le saothair samplála i 14 cuideachta árachais. Táthar ag baint leasa as an bhfaisnéis a bailíodh ón saothar sin agus ó na nochtá saorálacha sna hiarratais chuig an

Ard-Chúirt ar orduithe a threoraíonn cuideachtaí árachais mionsonraí a thabhairt i leith sealbhóirí polasaí agus polasaithe aonair go dtí na Coimisinéirí Ioncam (cuireadh isteach ar 11 ordú i mí Iúil 2006 agus trí cinn bhreise i mí an Mhárta na bliana 2007). Táthar ag baint leasa as an bhfaisnéis a fuarthas de bhun na n-orduithe sin le díriú ar cháiníocóirí i gcomhair fiosrú. Eisíodh an chéad slám de 5,300 litir fiosraithe i mí an Mhárta 2007 agus táthar ag sceidealadh slám litreacha eile a eisiúint i mí Mheán Fómhair na bliana 2007. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim €13m ó 126 cáiníocóir i gcaitheamh na bhfiosruithe leantacha sin. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag dúil go gcuirfear an fiosrúchán sin go mór chun cinn faoi dheireadh na bliana 2007 agus meastar an toradh deireanacha bheith ag €500m.

3.7 Stórais Cánach Alcóil a Rialú

Réamhrá

Gearrtar dleacht mháil ar tháirgí inmháil – táirgí alcóil, ola mhianraí agus táirgí tobac. Socraítear na rátaí dleachta go náisiúnta. B'ionann na dleachtanna máil iomlána a bailíodh sa bhliain 2006 ar tháirgí alcóil agus €1,078m (€1,038m sa bhliain 2005).

Bíonn dleacht mháil iníoctha nuair a tháirgtear an t-ábhar in Éirinn nó nuair a dhéantar allmhairiú air isteach sa tír. Mar sin féin, má choinnítear an táirge i stóras cánach, cuirtear íocaíocht na dleachta ar fionraí go dtí go scaoiltear amach ar an margadh baile é le haghaidh tomhaltais. Is áitreabh é an stóras cánach atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim inar féidir táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a fháil nó a sheoladh amach faoi shocrú fionraíochta dleachta a dhéanann coinneálaí an stórais le linn cúrsaí gnó. Tá 177 stóras cánach faofa in Éirinn agus tá 122 díobh sin údaraithe chun socruithe fionraíochta dleachta a fheidhmiú i gcás táirgí alcóil. Bronnann na Coimisinéirí Ioncaim cead freisin ar thrádálaithe a fheidhmiú mar thionóntaí i stórais cánach agus mar sin ag ligean dóibh an córas fionraíochta dleachta a chur i bhfeidhm. Tá 286 trádálaí ceadaithe mar thionóntaí agus déileálann 247 díobh le táirgí alcóil.

An tAontas Eorpach

Le tabhairt isteach an Mhargaidh Eorpaigh Aonair i 1993, tugadh isteach córas rialaithe agus gluaiseachta do tháirgí inmháil ar fud an AE. Leagann gach Ballstát síos na rialacha chun táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil agus a shealbhú agus iad faoi réir fhorálacha threoracha AE. De bhrí nach mbíonn dleacht mháil iníoctha go dtí go scaoiltear earraí amach ar an margadh le haghaidh tomhaltais, cuirtear dleacht ar fionraí i gcás earraí a sheoltar ó stóras cánach i mBallstát amháin chuig stóras cánach i mBallstát eile. Caithfidh cáipéis ar a dtugtar CTR (Cáipéis Tionlacain Riaracháin) a bheith ag gabháil le hearraí a bhogann idir Ballstáit faoi na socruithe sin. Comhlánaíonn an stóras a sheolann na hearraí amach an cháipéis seo. Síníonn an stóras a fhaigheann na hearraí an cháipéis agus seoltar ar ais í chuig an stóras a sheolann na hearraí mar chruthúnas go bhfuarthas na hearraí. Ar an gcaoi chéanna, ní bhíonn dleacht iníoctha ar earraí a aistrítear idir stórais cánach in Éirinn.

Is bunachar sonraí de stórais mháil ar fud an AE é an Córas um Shonraí Máil a Mhalartú (CSMM). Tugann ceantar riaracháin Ioncaim na tíre ina bhfuil an stóras lonnaithe uimhir thagartha do gach stóras faofa. Mar sin is féidir leis an stóras a bhíonn ag seoladh earraí amach seiceáil cibé an stóras cánach údaraithe é an stóras a fhaigheann na hearraí nó nach ea. Braitheann áisiúlacht an bhunachair shonraí mar rialúchán ar é a bheith coinnithe chun dáta ag gach Ballstát.

Córas na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Stórais Cánach a Rialú

Tá coinneálaí an stórais freagrach as táirgí atá stóráilte nó á mbogadh faoi fhionraí dleachta a rialú agus a choinneáil slán. Rialaíonn na Coimisinéirí Ioncaim feidhmiú na stóras cánach ar na bealaí seo a leanas:

- Próiseas faofa do stórais, choinneálaithe stórais agus do thionóntaí a bheith ann
- Rialú riaracháin leanúnach a dhéanamh lena n-áirítear cuairteanna maoirseachta agus seiceálacha agus athbhreithniú ar thuairisceáin stoic mhíosúla
- Iniúchtaí rialta a dhéanamh.

Faomhadh

D'fhoill faomhadh a fháil, caithfidh iarratasóirí roinnt critéar sonracha a chomhlíonadh, mar shampla go bhfuil riachtanas eacnamaíochta leis an stóras, go bhfuil sé slán, go gcloíonn sé le ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta agus go bhfeidhmeofar é ar bhealach a thabharfaidh deis do na Coimisinéirí Ioncaim leibhéil rialaithe sásúla a bhaint amach. Tugann oifigí Ioncaim cuairt ar an iarratasóir ag an áitreabh molta i ngach cás.

Déantar seiceálacha freisin ar stair chomhlíonta cánach na n-iarratasóirí, ar thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, déantar fiosrúcháin le Rannán Fiosrúcháin agus Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim agus éilítear deimhniú imréitigh cánach. Ní éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim imréiteach Gardaí i gcás iarratasóirí.

D'fhiosraigh mé cén fáth nach ndéantar aon seiceálacha imréitigh Gardaí. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha mionsonracha ar iarratasóirí ag obair ar an eolas cuimsitheach atá ina seilbh acu. I gcás iarratasóirí neamhchónaitheacha, téitear i gcomhairle le riaracháin cánach i dtíortha eile. Dúirt sé, ag glacadh le doimhneacht an eolais a bhí cheana féin ag na Coimisinéirí Ioncaim, nach raibh aon chinnteacht ag baint le háisiúlacht seiceálacha na nGardaí. Mar sin féin, bhreathnófaí air seo i gcomhthéacs athbhreithnithe reatha ar an gcóras faofa coinneálaithe tionóntaí.

D'iarr mé freisin cibé an bhféadfaí rialúcháin a fheabhsú dá mbeadh ar choinneálaithe agus ar thionóntaí faofa deimhniú imréitigh cánach a sholáthar ar bhonn leanúnach. Dúradh liom, chomh maith le húdarú foirmiúil, go gcaithfidh ceadúnas máil a bheith ag gach coinneálaí stórais do ghníomhaíocht an stórais agus go raibh deonú na gceadúnas bliantúil seo faoi réir ag imréiteach cánach. I measc roinnt roghanna a bhí á mbreithniú chun an dlí maidir le stórais a neartú bhí imréiteach cánach a shonrú go foirmiúil mar cheanglas chun coinneálaí stórais a fhaomhadh, agus é a bheith ina fhoras chun údarú a aisghairm dá dteipfí imréiteach cánach a fháil.

Rialúcháin Riaracháin

Sanntar freagracht d'oifigeach rialaithe na gCoimisinéirí Ioncaim as gach stóras faofa a mhaoirsiú.

Éilítear ar gach coinneálaí stórais aschur stoic mhíosúil a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag tabhairt sonraí ar na gluaiseachtaí earraí go léir. Déanann oifigí rialaithe imscrúdú ar thuairisceáin le haghaidh cruinnis agus aon chás ina n-imítear ó ghnáthghníomhaíocht. Déantar seachadtaí indleachta a sheiceáil leis an gcáipéisíocht tacaíochta agus déantar spotseiceálacha ar ghluaiseachtaí fionraíochta dleachta chuig tíortha eile san AE agus ar ghluaiseachtaí tríú tíortha.

Féadfaidh oifigí rialaithe a thugann cuairteanna maoirseachta imscrúdú fisiciúil a dhéanamh ar an áitreabh agus ar nósanna imeachta. Go ginearálta, tugtar cuairt ar stórais stórála agus leithdháilte ar bhonn ráithiúil ar a laghad agus ar stórais déantúsaíochta ar a laghad uair amháin in aghaidh na míosa. Bíonn foráil i dtreoracha a thugtar d'oifigí rialaithe chun stocáireamh iomlán a dhéanamh gach 12 mhí ach ní dhéantar chomh minic sin iad uaireanta ag brath ar acmhainní foirne. Caitear iad a dhéanamh gach trí bliana, áfach.

Iniúchtaí Stórais

Is rialúcháin tábhachtach é iniúchtaí tréimhsiúla a dhéanann oifigí Ioncaim, seachas an t-oifigeach rialaithe, ar stórais. Baineann na nithe seo a leanas le hiniúchtaí

- A chinntiú go gcoinnítear taifid chearta agus go gcomhlíontar na coinníollacha faofa
- Seiceáil staitistiúil ar an toirt trádála le dearbhuithe dleachta agus leibhéil stoic
- Seiceáil shamplach ar idirbhearta idir taifid cuntas agus dearbhuithe dleachta

- Seiceálacha stoic fisiciúla agus dúshláin
- Taifid stórais a sheiceáil chun sampla a fháil de thionóntaí do thaifid tráchtála na dtionóntaí féin.

Tá Aonad Deochanna, Tobac agus Ilmhíreanna de Rannán Mórchásanna na gCoimisinéirí Ioncam freagrach as na stórais ollmhóra a láimhseálann táirgí alcóil. Déanann rannóg iniúchta ar leithligh den Aonad DTI iniúchtaí ar na stórais atá faoi rialú an Aonaid. Roghnaítear stórais d'iniúchadh bunaithe ar mheasúnú rioscaí. Nuair a tugadh isteach an córas rialaithe stóras bunaithe ar iniúchadh bhí sé mar rún go ndéanfaí iniúchadh ar gach stóras gach 6 mhí. Is é an cuspoir ginearálta atá ann i láthair na huaire ná iniúchadh a dhéanamh ar stórais gach dhá bhliain. Rinne Rannán na Mórchásanna 53 iniúchadh sa tréimhse 2004-2006, agus ní raibh fáltas ar bith ó na hiniúchtaí seo.

Ghlac an rannóg iniúchta freagracht sa bhliain 2005 as iniúchtaí custaim d'Aonaid Ghnó LCD eile chomh maith le seirbhísí meantóireachta a sholáthar d'aonaid eile maidir le custaim. Táthar chun deireadh a chur le soláthar meantóireachta in 2007. Laghdaigh an t-athrú seo ar acmhainní chuig gníomhaíochtaí eile líon na n-iniúchtaí ar stórais cánach. As 33¹⁵ stóras atá údaráithe do tháirgí alcóil agus á rialú ag an Aonad DTI, rinneadh iniúchadh ar 17 sa bhliain 2004, 15 sa bhliain 2005 agus ar 8 gcinn sa bhliain 2006. Sna blianta 2004 go dtí 2006, ní raibh iniúchadh déanta ar 16 de na 33 stóras laistigh den timthriall dhá bhliain a bhí leagtha síos.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go ndéantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar bheartas oibríochta maidir le minicíocht agus clúdach iniúchtaí agus, bunaithe ar anailís rioscaí reatha, ar theicnící measúnaithe riosca agus ar bhainistíocht riosca, gur breithníodh go raibh an leibhéal iniúchta reatha sásúil. Rinneadh stocáireamh iomlán ar a laghad gach trí bliana agus, i gcás roinnt de na stórais mhóra, níos minice ná sin. Dúirt sé freisin, neamhchosúil le dlínsí eile a bhraiteann go hiomlán ar iniúchadh mar fhoirm rialaithe, go gcuimsíonn córas na hÉireann oifigigh rialaithe a dhéanann dianscrúdú agus maoirsiú ar ghníomhaíochtaí ar bhonn leanúnach. Ag glacadh leis na cosaintí seo, agus na leibhéil riosca ísle mar a chruthaítear leis an mbeagán fáltas ó iniúchtaí, bhí sé sásta tríd is tríd maidir le chomh minic is a dhéantar iniúchtaí.

Banna

Éilítear banna chun an dleacht a meastar riosca a bheith ag baint léi a chlúdach seachas an dliteanas dleachta iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir le coinneálaithe stórais bannaí nó ráthaíochtaí ar leithligh a sholáthar chun nósanna imeachta sainiúla mar earraí a sheoltar amach chuig stórais cánach i dtíortha eile de chuid an AE a chlúdach. Éilítear íosleibhéal banna de €127,000 do stórais stórála agus leithdháilte. Ní theastaíonn bannaí de ghnáth i gcás coinneálaithe stórais a bhíonn ina dtionóntaí de bhrí go meastar go bhfuil an riosca clúdaithe ag banna an choinneálaí stórais.

Cé go dtugtar aird ar chritéir éagsúla nuair a bhítear ag leagan síos leibhéal bannaí, níl aon fhoirmle riosca-bhunaithe le hualaithe do ghnéithe riosca éagsúla a úsáidtear chun leibhéal bannaí a ríomh. Bheadh modh den sórt sin chun leibhéal bannaí a shocrú níos trédhearcaí agus thabharfadh sé deis athbhreithniú tréimhsiúil níos struchtúrtha a dhéanamh ar bhannaí. Measann na Coimisinéirí Ioncam gur leor leibhéal bannaí reatha bunaithe ar eolas trádálaithe agus measúnú riosca agus ag glacadh an taifid fhadhbhunaithe de chomhlíonadh cánach a bhaineann le cuid mhaith acu san áireamh.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom go ndéanfar athbhreithniú freisin ar an ról atá ag bannaí mar mheicníocht do rialúchán máil. Dúirt sé go n-ardaíonn go leor de na Ballstáit ina bhfuil ráta íseal cánach leibhéal a gcuid bannaí go dtí na gcuid rátaí féin, agus mar sin nach leor iad in aon chor chun an riosca a bhíonn ann do choinsíneachtaí a bhogtar chuig an tír seo a chlúdach. Thuig na Coimisinéirí Ioncam an ról tábhachtach a bhí ag slándáil airgeadais chuig a sholáthar sa chóras foriomlán

¹⁵ Tá freagracht as rialúchán riaracháin 5 cinn de na stórais seo bronnata ar Rannáin eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncam.

monatóireachta rialaithe táirgí inmháil atá faoi fhionraíocht dleachta. Cé go soláthraítear cosaintí cuí in aghaidh mainneachtana nó calaoise, caithfidh córas bannaí ualaí airgeadais iomarcacha ar thrádálaithe máil a sheachaint freisin, dream ar chloígh a bhformhór acu le cúrsaí cánach.

Rioscaí

De bhrí go bhfuil an dleacht ar earraí atá á sealbhú nó á mbogadh faoi shocrúithe fionraíochta dleachta fós le híoc, tá an baol ann go gcaillfear ioncam mar thoradh air. Ní bhaileofar dleacht má bhaintear earraí amach go calaoiseach as an gcóras fionraíochta dleachta. Bíonn caillteanas i gceist do Státchiste na hÉireann má scaoiltear earraí den sórt sin amach ar mhargadh na hÉireann. Má scaoiltear earraí go calaoiseach ar mhargadh i dtír eile de chuid an AE, bíonn caillteanas ioncaim i gceist sa tír sin. Tá cúpla cineál calaoise atá in ann tarlú nuair a shealbhaítear nó nuair a bhogtar earraí faoi fhionraíocht dleachta, lena n-áirítear:

- Calaois Atreoraithe Amach – earraí fionraíochta dleachta a aistrítear go hairbheartaithe chuig stóras cánach i dtír eile de chuid an AE ach a chuirtear ar an margadh gan aon dleacht a íoc orthu
- Calaois Atreoraithe Isteach – earraí fionraíochta dleachta a aistrítear go hairbheartaithe ó stóras cánach i dtír eile de chuid an AE chuig stóras cánach in Éirinn ach a chuirtear ar an margadh gan aon dleacht a íoc orthu
- Calaois Atreoraithe Intíre – earraí fionraíochta dleachta a bhogtar idir stórais in Éirinn ach a chuirtear ar an margadh.

Cáipéis Tionlacain Riaracháin (CTR)

Tá an cháipéis CTR mar bhonn taca ag an gcóras gluaiseachta idir tíortha de chuid an AE. Bíonn an stóras seolta sásta gur stóras údaraithe é an stóras a fhaigheann na hearraí isteach agus comhlánaíonn an stóras seo an CTR. Ní scaoiltear é seo go dtí go bhfaigheann an stóras seolta cóip sínithe ón stóras sa Bhallstát eile mar chruthúnas go bhfuarthas na hearraí. Is féidir mí-úsáid a bhaint as an gcóras CTR ar roinnt bealaí, agus níl gá le claonpháirtíocht idir na páirtithe go léir maidir le gluaiseacht earraí.

De bhrí go dtógann sé roinnt ama roinnt CTRanna a sheoladh ar ais chuig an stóras seolta, tógann sé sách fada uaireanta calaois a aimsiú.

Rialúchán eile is ea an cheist a bhaineann le hiarratas bailíochta gluaiseachta a sheoltar chuig údarais na gCoimisinéirí Ioncaim i mBallstát eile. Leis sin iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar na húdarais chuí deimhniú gur shroich coinsíneacht a seoladh ó stóras cánach in Éirinn an stóras cánach sa Bhallstát eile. Is rialúchán áisiúil é seo ach bíonn sé ag brath ar fhreagra tapa a fháil ar ais. Fiú amháin nuair a fhaightear freagra tapa b'fhéidir go mbeadh sé ródhéanach, de bhrí go bhféadfadh na hearraí agus an dream a bhí i mbun na calaoise a bheith ar a dteitheadh.

D'fhiosraigh mé líon na CTRanna neamhscaoilte agus luach gaolmhar na dleachta a bhí i gceist le gach ceann sna blianta 2004, 2005 agus 2006 agus cibé acu an bhfuarthas an dleacht ar ais ó choinneálaí an stórais seolta i ngach ceann de na cásanna seo nó nach bhfuair. Ina fhreagairt dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom nach bhfuil aon taifid chearta de CTRanna neamhsheolta i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim i láthair na huaire. Mar sin féin, má thugtar isteach an córas nua leictreonach, CLGR mar atá beartaithe, cruthófar clár bunachair shonraí de gach CTR leictreonach ag taispeáint a stádais reatha.

Córas Leictreonach Gluaiseachta agus Rialaithe (CLGR)

Mar gheall ar an leibhéal ard calaoise atá i mBallstáit agus an caillteanas ioncaim a tharlaíonn dá bharr, go speisialta i gcás tobac agus alcóil, d'fhormhuinigh Comhairle Airí Eacnamaíochta agus Airgeadais an AE tuarascáil i 1998 a mhol nasc trádálaí go trádálaí ríomhairithe a bhunú trí mheán riaracháin chánach na

mballstát. Bhí staidéar féidearthachta den chonclúid go raibh sé indéanta córas leictreonach a thabhairt isteach in áit ríomhairiú agus athsholáthar a dhéanamh ar an CRT. Bhí foráil i gcinneadh de chuid Pharlaimint na hEorpa agus de Chomhairle an AE sa bhliain 2003 a leagfadh síos an bonn dlíthiúil d'fhorbairt an chórais ar a dtabharfaí an Córas Leictreonach Gluaiseachta agus Rialaithe (CLGR). Déanfaidh gach ballstát forbairt ar a gcóras féin bunaithe ar cheanglais chaighdeánacha an AE. Táthar ag súil go mbeidh an CLGR i mbun oibre faoi lár na bliana 2009 agus tá sé i gceist monatóireacht gluaiseachtaí earraí fionraíochta dleachta a fheabhsú ar na bealaí seo a leanas:

- gluaiseachtaí fionraíochta dleachta a shimpliú ach an CTR a tharchur go leictreonach seachas é a dhéanamh mar cháipéis pháipéir
- gluaiseachtaí earraí a shlánú ach sonraí trádálaithe a sheiceáil sula seoltar na hearraí agus a chinntiú go seoltar fianaise ar ais níos tapúla gur shroich na hearraí an ceann scríbe a bhí leagtha amach dóibh
- gluaiseacht earraí inmháil a fhaire ach faisnéis réad-ama a sholáthar agus seiceálacha a cheadú le linn gluaiseachtaí.

Beidh an córas in ann gluaiseachtaí intíre a ríomhairiú.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go léiríonn taithí go raibh an córas gluaiseachta laistigh den Chomhphobal sách éifeachtach agus táthar ag súil feabhas mór a chur air nuair a bheidh sé ríomhairithe go hiomlán sa bhliain 2009.

Calaoisí maidir le Dleacht Alcóil san RA

Tosaíodh ag aithint calaois atreoraithe mar fhadhb a bhí ag dul i méid sa RA ó lár na 1990í ar aghaidh. Measadh gurbh ionann an t-ioncam a cailleadh i gcásanna calaoise a imscrúdaíodh idir 1993 agus 2000, agus stg£668m¹⁶, ag léiriú 1.45% den dleacht iomlán ar alcól thar an tréimhse. Bhí an RA go háirithe i mbaol ag calaois atreoraithe mar gheall, cosúil le hÉirinn, go raibh réimeas ard de dhleacht mháil i bhfeidhm ann. Níorbh amhlaidh an scéal i gcás cuid mhaith tíortha eile san AE. Nuair a fuarthas réidh le láithreach Chustaim i stórais cánach tuigeadh an t-am sin nach rabhthas ag cur coisc ar bith ar na calaoisí. I mórchuid na gcalaoisí, bhí na stampaí admhála ar CRTanna brionnaithe.

Calaoisí a Aithníodh in Éirinn

Sonraí na gCásanna

Thángthas ar dhá chalaois atreoraithe, a rinne coinneálaithe stórais a bhí ina dtionóntaí, sa bhliain 2003. Sa chéad chás, tháinig athrú ar úinéireacht cuideachta, a raibh faomhadh aici mar thionónta. Mar fhreagairt ar iarratas bailíochta gluaiseachta, dúirt údaráis na Spáinne leis na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh coinsíneacht earraí tagtha chomh fada le stóras áirithe sa Spáinn. Fuair iarratais bhailíochta ina dhiaidh sin amach nár shroich 9 gcinn as 25 coinsíneacht an stóras sin sa Spáinn. Tháinig sé chun solais freisin go raibh líon mór sárúithe roimhe sin ag an stóras sa Spáinn. Níor cuireadh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin athrú úinéireachta ná faoin gcuideachta tionónta, in ainneoin ceanglais go gcuirfí athrú ar úinéireacht éifeachtach nó leas rialaithe in iúl áit ar cuideachta teoranta atá i gcoinneálaí an stórais. Thug Rialacháin um Cháin ar Tháirgí Alcóil, 2004, isteach rialúchán, sa chás go mbíonn athrú úinéireachta nó rialaithe ann, go dtagann deireadh leis an bhfaomhadh.

Sa dara cás, bronnadh faomhadh ar thionónta, a raibh amhras ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi, mar gheall go bhfuarthas comhairle dlí a thug le fios nach bhféadfaí faomhadh a dhiúltú díreach toisc go bhféadfadh duine calaois a dhéanamh. Dúirt údaráis na Spáinne, mar fhreagairt ar iarratas bailíochta gluaiseachta, leis

¹⁶ Foinse: Tuarascáil an UK National Audit Office “*Losses to the Revenue from Frauds on Alcohol Duty*” Mí Iúil 2001.

na Coimisinéirí Ioncaim nár shroich coinsíneacht stóras sa Spáinn. Chuaigh údaráis na RA i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim an lá dár gcionn ag tabhairt le fios gur choinnigh siad coinsíneacht a sheol an tionónta Éireannach chuig stóras sa Spáinn agus go raibh siad ag iarraidh deimhniú a fháil go raibh an stóras in Éirinn faofa. Dúirt údaráis na RA freisin leis na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh an stóras sa Spáinn údaráithe a thuilleadh. Mar sin féin, tá sé fós le feiceáil mar stóras údaráithe ar bhunachar sonraí CSMM na hÉireann. Cuireadh stop le gluaiseachtaí eile ón tionónta. Seoladh cóipeanna de na CRTanna ar fad a bhaineann le 55 lastas a chuir an tionónta chuig dhá stóras sa Spáinn chuig údaráis na Spáinne le deimhniú agus le himscrúdú. Ní bhfuarthas ceachtar de na coinsíneachtaí.

Toradh

Measann na Coimisinéirí Ioncaim nár cuireadh aon cheann de na hearraí a bhí páirteach sna calaoisí seo ar mhargadh na hÉireann ach, dá gcuirfí, bheadh caillteanas de thart ar €16.3m i gceist do státchiste na hÉireann. Mar sin féin, tharla caillteanas dleachta sa tír inar díoladh na hearraí faoi dheireadh, agus measann na Coimisinéirí Ioncaim gur sa RA a díoladh iad. Níor íocadh an dleacht ar na coinsíneachtaí a bhí ar iarraidh ná níor eistréatadh an banna i gceachtar den dá chás calaoise. Tá an t-íniúchadh a bheag nó a mhór dúnta in Éirinn. Ní bhfuarthas aon dleacht ar ais. Ní dócha go mbeidh ionchúiseamh ar bith sa dlínse seo mar gheall nach bhfuil dóthain fianaise ann. Mar sin féin, ghlac údaráis na Spáinne imeachtaí coiriúla in aghaidh stiúrthóirí na cuideachta as an Spáinn lenar bhain.

Dúradh liom gur cuireadh forbairtí an chórais CSMM i bhfeidhm i mí Iúil 2006 agus go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe rialta agus go dtugann siad an bunachar sonraí chun dáta ó pheirspictíocht na hÉireann de. De bhrí gur bunachar sonraí de chuid an Chomhphobail atá i gceist, tá sé ag brath freisin ar rialtais na mBallstát chun cur leis, agus tarlaíonn moill nach mbíonn aon neart ag na Coimisinéirí Ioncaim air. Tá moill seachtaine i gceist faoi láthair leis an gcóras a thabhairt chun dáta ach is feabhas é seo ó na nuashonruithe AE míosúla a bhí ar fáil roimhe seo. Tá forbairt bhreise ar an gcóras sceidealta do mhí Bealtaine 2008. Laghdóidh sé seo an mhoill go dtí cúpla lá ar a mhéid.

D'fhiafraigh mé cén chúis nár eistréatadh an banna i gceachtar de na cásanna calaoise agus cibé an measadh go raibh beag is fiú á dhéanamh d'éifeachtacht bannaí ó thaobh ioncaim a bhí i mbaol a shlánú agus é ag gníomhú mar bhac mura eistréatadh bannaí i gcásanna calaoise. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur tugadh faomhadh mar choinneálaí stórais do na trádálaithe a bhí páirteach sna calaoisí, in ainneoin go raibh amhras ar na Coimisinéirí Ioncaim maidir le chomh hoiriúnach is a bhí siad, de bhrí nárbh leor an chomhairle dlí a bhí ann chun iad a dhiúltú. Níor cuireadh tiarna talún an choinneálaí stórais ar an eolas faoin amhras seo, mar dá ndéanfaí amhlaidh bheifí in ann cás clúmhillte a thabhairt in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ghlac an tiarna talún mar sin le bona fides an tionónta bunaithe ar fhaomhadh na gCoimisinéirí Ioncaim.

Sna himthosca seo, agus ag glacadh le ceartas aiceanta mar atá, measadh go raibh sé danartha pionós a chur ar thrádálaí dleathach nach raibh aon eolas aige ar an gcás agus nach raibh aon bhaint aige leis an gcás agus nach raibh aon bhuntáiste airgeadais bainte aige as na calaoisí. Chomh maith leis sin, measadh nach bhfaighfí ar ais, ar aon nós, ach cuid den dlíteanas cánach as an mbanna a eistréatadh sna cásanna seo agus go bhféadfaí gnó thiarna talún an stórais chánach a chur i mbaol mar gheall air.

Ar deireadh thiar dúirt sé liom go bhfuiltear i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar an gcleachtas faomhadh coinneálaí stórais a thabhairt do thionóntaí i stóras cánach, agus ar na ceanglais rialaithe a ghearrtar ar dhaoine a fhaigheann faomhadh den sórt sin.

Freagairt na gCoimisinéirí Ioncaim ar na Calaoisí

Ag éirí as inní maidir leis na calaoisí seo, déanfar roinnt moltaí in 2007 le Coiste Comhairleach Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní bheidh tionóntaí ar bith ann faoi na moltaí sin mar atá i láthair na huaire. Ina áit sin, éileofar ar choinneálaithe stórais faofa grádú riosca a dhéanamh ar úinéirí earraí a bheidh ag iarraidh iad a stóráil ina stóras, a soláthraí bannaí a chur ar an eolas agus fianaise a chur ar fáil do

na Coimisinéirí Ioncain go bhfuil an soláthraí bannaí curtha ar an eolas faoi na sonraí iomlána agus go nglacann an frithgheallaí leis an dliteanas. Éileofar ar úinéir na n-earraí clárú go foirmiúil leis na Coimisinéirí Ioncain agus beidh teorainn leis de ghnáth gan ach earraí a stóráil a bheidh le scaoileadh amach le haghaidh tomhaltais ag baile amháin. Theastódh athrú reachtúil leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm.

Dúradh liom go bhfuiltear ag meas roinnt roghanna chun an córas maidir le coinneálaithe stórais atá ina dtionóntaí a athrú. Déanfar cinneadh maidir le haon bheart a ghlacfar go luath amach anseo. Is dóigh go dteastódh leasú a dhéanamh ar alt 109 den Acht Airgeadais, 2001 chun aon athrú a dhéanamh ar an gcóras reatha. Dhéanfaí é seo ag an am céanna leis an neartú atá samhlaíthe ar fhorálacha le haghaidh faofa agus aisghairmeacha.

Bhunaigh na Coimisinéirí Ioncain Grúpa Riosca Máil i mí Mheán Fómhair 2005 chun na rioscaí ioncain a bhaineann le dleacht mháil a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le leibhéal seiceálacha máil. Thug an Grúpa a dtuairisc i mí Eanáir 2006. Ba iad na príomhrioscaí a aithníodh maidir le dleacht ar tháirgí inmháil ná an próiseas faofa agus an deis a bhí ann do chalaois sa chóras CRT. Táthar ag cur na tuarascála i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i ngach Réimse agus Rannán cuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncain.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta ar breithníodh córas stampaí cánach a thabhairt isteach do dheochanna biotáille mar atá leagtha amach i dTreoir ón AE. Dúirt sé liom gur tugadh isteach stampáil chánach ar dheochanna biotáille sa RA i mí Iúil 2005 in ainneoin go raibh lucht trádála ina choinne go láidir. Ba fhreagairt a bhí ansin ar chailleanais mháil mhóra a tharla mar gheall ar bhiotáillí a smuigleáladh isteach ar mhargadh na RA. Dúirt sé, mar sin féin, nach raibh fianaise ar bith ann go raibh an bhagairt a bhain le díolachán biotáillí neamhchánaithe chomh hola sin d'fháltais chánach in Éirinn is go gcaithfí stampaí cánach a thabhairt isteach. Cé gur ionchúisíodh roinnt tábhairneoirí as cionta den sórt sin le cúpla bliain anuas, níor tugadh le fios go bhfuil an fhadhb forleathan ná ag méadú ar aon bhealach. Mar atá cúrsaí faoi láthair measadh go raibh tabhairt isteach na stampaí cánach díréireach i dtéarmaí na rioscaí a bhí i gceist agus an ualaigh atá i gceist do thrádáil dhleathach i dtaca le córas stampála a fheidhmiú.

An tOifigeach Cuntasaíochta - Breathnadóireachtaí Ginearálta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom

- In ainneoin inní go dtarlódh calaois fhorleathan mar thoradh ar fáil réidh le rialú custaim ar allmhairí i 1993, bhí an córas stórála fós éifeachtach agus is beag cásanna calaoise a tharla thar na blianta. Chomhlíon mórán mór de na coinneálaithe stórais cánach na rialúcháin agus bhí a líon sách beag chun dóthain monatóireachta agus rialaithe a dhéanamh orthu.
- Chreid sé go raibh an córas rialaithe sásúil agus gur bhain sé cothromaíocht mhaith amach idir ioncam a chosaint agus trádáil dhleathach a éascú. Cé nach raibh aon táscaire feidhmíochta corparáideach ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais, ba léir cé chomh héifeachtach is a bhí sé leis an bhfáltais neamhní a chonacthas ar 53 iniúchadh a rinne Rannán na Mórchásanna idir 2004 agus 2006 agus chomh hannamh is ar tharla cásanna calaoise.
- Bheadh baol calaoise i gcónaí ann áfach áit a raibh táirgí inmháil á mbogadh faoi fhionraíocht dleachta. Is mar gheall air sin a bhí na Coimisinéirí Ioncain tiomanta athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe agus ar phróisis ar bhonn leanúnach, ag glacadh an chleachtais is fearr ar fud an AE san áireamh. Is mar gheall air sin freisin a chuirfidís athruithe nó feabhsuithe i bhfeidhm áit a raibh gá leo.
- Mhúscaíl an dá chás calaoise dá dtagraítear athimscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de cheanglais agus nósanna imeachta rialaithe. Bhí athbhreithniú á dhéanamh go háirithe, ar an gcleachtas maidir le tionóntaí a údarú mar choinneálaithe stórais i stóras, agus na freagrachtaí a bhí le sannadh dóibh, agus déanfar moltaí maidir le hathruithe, le reachtaíocht tacaíochta mar is gá, go luath amach anseo.

3.8 Dleacht Stampála ar Idirbhearta Maoine

Réamhrá

Is dleacht é an dleacht stampála atá iníoctha ar réimse leathan cáipéisí dlíthiúla agus tráchtála, dá ngairtear ionstraimí, lena n-áirítear tíolacais mhaoine. Féadann an ráta a bheith *ad valorem* nó seasta. Liostaítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 na cineálacha ionstraimí atá faoi dhliteanas dleachta agus an ráta is infheidhmithe. Leagtar amach san Acht freisin conas a bhaileofar agus a dheonófar Dleacht Stampála agus an té atá faoi dhliteanas an dleacht a íoc. Tá an reachtaíocht bunaithe ar chur chuige féinteistiméireachta i leith ionstraimí dréachtaithe le cur faoi bhráid Oifigí Stampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Treisítear an cur chuige féinteistiméireachta le foráil san Acht nach incheadaithe mar fhianaise in imeachtaí sibhialta iad na hionstraimí nach mbíonn stampáilte i gceart.

Cuirtear na hionstraimí nach mór a stampáil faoi bhráid na hOifige Stampála, i dteannta leis an méid ceart dleachta stampála atá dlite, agus is oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a scrúdaíonn iad leis na sonraí iontu a théann i bhfeidhm ar dhleacht stampála a fháil amach. Is iondúil go ndéantar dleacht stampála a mheasúnú agus a ríomh agus go ndeonaítear faoisimh bunaithe ar an eolas agus teistiméireacht a fhaightear san ionstraim féin. Is é Córas Riaracháin Dhleacht Stampála na gCoimisinéirí Ioncaim (CRDS) a phróiseálann agus a thaifeadann an measúnú/ríomh agus an stampáil (admháil) i gcomhair dleacht stampála.

I bhformhór na gcásanna is amhlaidh nach gcoinnítear cóipeanna de na hionstraimí agus gurb é an taifead leictreonach CRDS an t-aon sonra a choinnítear. Déantar timpeall a leath de líon iomlán na n-idirbheart dleachta stampála thar an gcuntar poiblí agus an leath eile tríd an bpost. Ní choinnítear comhaid pháipéir ach amháin i ndáil le breithniú nó cásanna casta, cásanna aisíoca, cásanna maolaithe pionóis agus i gcomhair gach cás poist lenar bhain saincheisteanna arbh éigean aghaidh a thabhairt orthu.

D'fhreagair an dleacht stampála a bhain le hidirbhearta maoine sa bhliain 2006 do thuairim 82% d'iomlán na nglanfháltas dleachta stampála de €3,632m.

Leagtar amach na fáltas dleachta stampála ó idirbhearta maoine sa tréimhse 2001-2006 i dTábla 18.

Tábla 18 Fáltas Dleachta Stampála Iomlána ó Idirbhearta Maoine (€m)

2001	2002	2003	2004	2005	2006
671	666	1,075	1,461	2,002	2,989

I gcás na n-idirbheart maoine, cinntear ráta agus méid na dleachta stampála:

- Ar an bpraghas a íoctar as an maoín nó an luach margaidh measta
- Ar cibé acu an ceannaitheoir chéad uaire, úinéir is áititheoir nó infheisteoir atá sa cheannaitheoir
- Ar cibé acu an maoín úr nó athláimhe atá ann
- Más maoín chónaitheach nó neamhchónaitheach atá ann
- Ar cibé acu an sáraíonn méid an achair urláir iomláin 125 méadar cearnach nó nach ndéanann agus
- Ar cibé acu an bhfuil comhaontú foirgníochta ann i ndáil leis an maoín úr nó nach bhfuil.

Iniúchadh ar Chomhlíonadh i mBaile Átha Cliath a rinne na Coimisinéirí Ioncaim

Bunaíodh rannóg iniúchta dleachta stampála sainchuspóirthe sa bhliain 2002. Déantar iniúchtaí ansin a bhaineann le dleacht stampála i ndáil le maoín a cheannaigh cáiníocóirí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Imlonnaíodh 10 ball foirne sa rannóg ag deireadh mhí Aibreáin 2007.

Chuaigh an rannóg i mbun tionscadail iniúchta sa bhliain 2006 i ndáil le dleacht stampála ar idirbhearta maoine a rinneadh sa bhliain 2003. D'fhéach an t-iniúchadh le fáil amach ar lig na daoine úd a bhain leas as díolúine iomlán nó páirtdíolúine d'úinéir is áititheoir an mhaoín ar cíós laistigh de 5 bliana óna ceannach nó an raibh siad ina n-infheisteoirí. Dlitear don cheannaitheoir sna cásanna sin an difear idir an dleacht a íoctar, más ann di, agus an dleacht a bheadh dlíthe mura raibh feidhm leis an bhfaoiseamh, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, i dteannta le haon ús a fhéadann bheith dlíthe. Scrúdaigh an tionscadal bunachair shonraí ina bhfaightear breis agus 65,000 cás. Eisiadh na taifid neamhiomlána. Bhain na sonraí go sonrach le ceannacháin tí úir amháin.

Rinneadh cleachtadh comhchéanna idir an CRDS agus Córas Clárúcháin Choiteann na gCoimisinéirí Ioncaim (CCC). Eastóscadh 5,500 cás ó réigiún Bhaile Átha Cliath san iomlán mar a raibh difríocht le seoladh taifeadta an cheannaitheora idir an CRDS agus CCC agus mar ar bhain na ceannaitheoirí lánleas as faoiseamh d'úinéir is áititheoir ar dhleacht stampála i leith maoine úire.

Roghnaíodh sampla randamach 1,000 de na cásanna sin. Eisíodh litir fiosraithe le gach ceannaitheoir inar iarradh faisnéis i leith gach maoine faoina n-úinéireacht le cúig bliana anuas. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim freagra i dtimpeall 90% de na cásanna. Thug na Coimisinéirí Ioncaim cuairt ar na seoltaí nach bhfuarthas aon fhreagra uathu - b'éigean 102 cuairt a thabhairt. B'éigean fiosruithe breise a dhéanamh i 35 de na cásanna úd. Ar scrúdú na 898 freagra a fuarthas, ba ghá fiosrúchán breise a dhéanamh i 105 cás, ag tabhairt go dtí 140 san iomlán ar theastaigh tuilleadh iniúchta uathu. Cinneadh 31 de na cásanna sin bheith sásúil ina dhiaidh sin.

Rinneadh €1.2m measta de dhleacht stampála, pionóis agus muirir úis a mheasúnú i dtaca leis an bhfuilleach de 109 cás, lena bhain 94 cás aisghlámtha, óir an mhaoín a bheith ligthe ar cíós laistigh de chúig bliana ón gceannach agus 15 cás inar éiligh infheisteoirí faoiseamh go mícheart.

I bhfianaise gur measadh torthaí a bheith neamhshásúil i dtuairim 11% den sampla 1,000 cás a roghnaíodh chun críocha an tionscadail iniúchta dhleacht stampála, d'fhiafraigh me an ndearnadh machnamh i leith méadú mhéid an tsampla, agus an fáth nach ndearnadh dá mb'amhlaidh nach ndearnadh. D'fhiafraigh mé freisin an ndearnadh machnamh faoi chleachtadh comhchéanna a dhéanamh i leith na mblianta beaga anuas. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa go ndearna Rannán na gCuntas Caipitiúil agus Iniúchtaí (RCCA) anailís agus tuairisciú ar thorthaí an tsampla phíolótaigh. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Bhainistíochta Oibríochtaí (GBO) i mí Bealtaine agus bunaíodh grúpa stiúrtha le tionscadal féideartha rioscadhírithe a scóipeáil, ag glacadh cásanna aisghlámtha Bhaile Átha Cliath, féidearthachtaí meaitseála sonraí san áireamh leis an spriocréimse agus impleachtaí acmhainne a chaolú. Chuir an grúpa sin moltaí ar fáil le déanaí don GBO, atá ag breithniú an ábhair faoi láthair.

Thug sé le fios domsa freisin go ndéanann RCCA iniúchtaí iar-stampála i mBaile Átha Cliath chun tacú le clár comhlíonta dleachta stampála. Tugadh aghaidh ar shaincheisteanna comhlíonta dleachta stampála i réigiúin eile de réir mar a tháinig siad chun cinn i gcaitheamh na gclár ginearálta iniúchta. Rinneadh formhór iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim mar thoradh ar phróifiliú riosca an cháiníocóra ag féachaint ar gach gné riosca a bhí ar fáil os coinne aird a dhíriú sa chéad ásc ar cháil faoi leith nó scéim díolúine/faoisimh éigin laistigh den cháin sin.

Tionóladh grúpa oibre sna Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2003 le truíocht iniúchta oiriúnacha a cheapadh do mheasúnú riosca na dleachta stampála. Aontaíodh ar liosta 31 truícear mar thoradh air sin a bheadh mar bhunús don phróifiliú riosca, anailís riosca agus clár iniúchta don dleacht stampála amach anseo.

Aithníodh 10 gcinn acu mar na cinn is minice a tharlaíonn agus/nó leis an riosca níos mó do chailliúint dleachta stampála. Rinneadh truícir ar leith a sheiceáil ag an gcéim phróiseála (nuair a chuirtear gníomhais isteach lena stampáil), agus seiceáladh cinn eile sna hiniúchtaí iar-stampála.

Ba loighciúil leantach an t-iniúchadh a rinne RCCA Réigiún Bhaile Átha Cliath ón saothar sin le díriú orthu siúd a d'éiligh díolúine úinéir is áititheoir ar mhaoín chónaitheach úr.

D'fhiafraigh mé freisin cén beart a ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le bailíochtú a dhéanamh ar na freagraí a fuarthas mar fhreagra ar na ceistneoirí a eisíodh. Cuireadh in iúl domsa, sa chéad ásc, go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim le toimhde an ionracais ar gach freagra mura bhfuil cúis éigin a mhalairt a chreideamh. Chuathas i mbun fiosrúcháin iomláin de réir mar a tháinig aon amhras anuas.

Tugadh faoi deara tráth mo scrúdaithe iniúchta go raibh togra ann freagracht don iniúchadh dleachta stampála a chineadh ó RCCA chuig Dúichí i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Bainistiú Sonraí

Ní mór foirm ST21 (achomaireacht den ionstraim) a bheith i dteannta gníomhais aistriúcháin an talaimh agus na bhfoirgneamh amháin. Tá mionsonraí na bpáirtithe lena mbaineann le fáil san ST21, lena n-áirítear uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) agus seoltaí, an t-ionad agus cur síos ar an maoín agus an chomaoín a íocadh. Níl aon fhoráil ar an bhfoirm do thaifeadh an méid dleachta a íocadh.

Is é príomhchuspóir na foirme ná sonraí áirithe faoi leith a sholáthar ó aistriúcháin mhaoine do limistéir na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní bhaintear leas as leis an dleacht stampála is iníochta a ríomh ná chun sonraí ar bith a bhunú a fhéadann dul i bhfeidhm ar an dleacht stampála.

Cuirtear foirmeacha ST21 ar aghaidh chuig cuideachta phríobháideach lena n-iontráil ar an CRDS.

Tugadh faoi deara in anailís debhunachar sonraí CRDS don bhliain 2005 a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim ina bun, ar iarratas na hOifige seo, i mí na Bealtaine 2007 go raibh 268,606 ceannaitheoir ann trí chéile. Astu sin

- níor áiríodh aon ainm le 3,720
- ní raibh aon seoladh ag 75,074
- bhí uimhir PSP neamhbhailí ag 22,865
- ní raibh uimhir PSP ar bith ag 49,931.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl nach gá ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha PSP i ngach aon chás le dleacht a mheasúnú.

Thug sainchomhairleoirí faoi deara i dtuarascáil le déanaí i leith ábhar neamhghaolmhar, ina theannta sin, nach raibh eolas ar bith ar fáil i leith 50 de na hidirbhearta as 400 foirm ST21 a roghnaíodh go randamach.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse ar na ST21 don bhliain 2005, d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta ar raibh sé sásta le cruinneas agus iomláine an eolais ar an CRDS. Thug sé le fios dom go dtaifeadann CRDS gach eolas ábhartha ar a ríomhtar agus a mheastar an dleacht stampála i ndáil le gach cáipéis a cuirtear faoina bhráid. Bhí sé sásta go léiríonn an t-eolas ar CRDS ualach cásanna próiseála a bhaineann le gach taifead go cruinn agus go hiomlán.

Mhaígh sé gurbh é cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim na ST21 a sheiceáil i gcomhair chomhlánú na réimsí ábhartha chomh maith le bailíocht na n-uimhreacha tagartha cánach ó mhí Eanáir na bliana 2006 i leith.

D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim teoracha ina theannta sin sa bhliain 2005, agus thug siad comhairle don ghairm dhlíthiúil nach nglacfaí a thuilleadh le ST21 neamh-chomhlánaithe nó doléite. Cé gur glacadh leis nach dócha go raibh gach eolas éigeantach ar an bhfoirm cruinn agus comhlánaithe don bhliain 2005 agus na blianta roimhe sin, níor mheas na Coimisinéirí Ioncaim gur bhain aon ardleibhéil riosca leis. B'eolas amháin iad na sonraí agus ní raibh aon ról le feidhmiú acu le measúnú agus bailiú na dleachta stampála. Mhaígh sé nach raibh aon phlean ag na Coimisinéirí Ioncaim uimhreacha PSP bailí a aithint agus a ghabháil don bhliain 2005 sna cásanna nach raibh ar fáil i láthair na huaire. Cuireadh córas i bhfeidhm ón mbliain 2006 i leith lena chinntiú go raibh an uimhir PSP ar an ST21 agus gur bhailí í. Bhí tionscnaimh ann chun aghaigh a thabhairt ar roinnt ábhar inné maidir le hiomláine na ST21.

Thug sé le fios domsa gur gabhadh na sonraí agus gur cuireadh ar fáil iad do limistéir eile sna Coimisinéirí Ioncaim ar léir gur spéis leo an t-eolas airgeadais sin ó thaobh an phróifílithe riosca de. Chiollaigh acmhainní finideacha nárbh fhéidir seiceáil 100% a dhéanamh i gcónaí. Measadh an leibhéal seiceála a bheith leordhóthanach d'ainneoin sin. Ba í príomhaird na nOifigí Stampála a chinntiú go raibh na hionstraimí ábhartha stampáilte i gceart agus gur measadh an méid ceart dleachta agus gur íocadh í.

Foirmeacha ST21 Curtha ar Ais

Na foirmeacha nach féidir le cuideachta phríobháideach a phróiseáil, cuirtear iad ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Atreoraítear iad sin ar ais go dtí na limistéir ábhartha stampála le tabhairt faoi deara.

Ba iad na príomhfháthanna a tugadh gur chuir an chuideachta na cáipéisí ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ná easpa uimhreacha aitheantais nó uimhreacha dubailte. Ní féidir an t-eolas ar an ST21 a nascadh leis an CRDS in éagmais na n-uimhreacha.

B'ionann líon na gcáipéisí a cuireadh ar ais le blianta beaga anuas agus

- 2003/4 - 6,500 cáipéis curtha ar ais.
- 2005 - 4,360 cáipéis curtha ar ais.
- 2006 - 334 cáipéis curtha ar ais (anuas go dtí mí na Bealtaine 2007).

I bhfianaise luach féideartha an eolais sna foirmeacha ST21 do na Coimisinéirí Ioncaim, d'fhiafraigh mé cén beart a glacadh i leith na gcáipéisí a sheol an chuideachta conartha ar ais go dtí na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireadh in iúl dom nár glacadh aon bheart chun aghaidh a thabhairt ar na ST21 a seoladh ar ais go dtí an chuideachta, de bharr bhrú na hoibre agus toisc tosaíochtaí eile na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba í an phríomhthosaíocht don fhoireann a bhí páirteach i ngníomhaíocht seirbhíse custaiméara ná an dliteanas a mheas trí thagairt don eolas a soláthraíodh sa ghníomhas. Measadh an riosca a bhain leis an neamhphróiseáil a rinneadh ar an líon beag foirmeacha seo a bheith íseal.

Feabhsúcháin Déanta nó Beartaithe

Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta gur aithníodh cheana féin leis na Coimisinéirí Ioncaim roinnt pointí lárnacha agus saincheistanna a d'ardaigh mo chuid foirne, agus go ndearnadh roinnt feabhsúcháin ina leith

- Bhí gabháil sonraí na ST21 lánoibríochtúil le feabhsúcháin leanúnacha inti
- Bhí rochtain ní b'fhearr ag dúichí ar chórais TF chun cúnamh le haithint na n-uimhreacha PSP cearta
- Tugadh isteach cumas iniúchta nuashonraithe
- Baineadh amach dul chun cinn nach beag i leith dhíothú na n-éarlaisí.

Rinneadh feabhsúcháin ina theannta sin mar fhreagra don imní a chuir aturnaetha in iúl i leith iomadú theastais na gCoimisinéirí Ioncaim ar féidir a chur i bhfeidhm. Tagann céatadán ard gníomhas bheith á ndiúltú ag próiseáil nó fiú próiseáil mhícheart a bheith déanta orthu mar thoradh ar áireamh na dteastas mícheart. Dhear Dúiche Stampála Bhaile Átha Cliath gnás gréasáin iomasach ar áisiúil don úsáideoir é a ligeann d'aturnaetha seoladh go dtí na teastais chearta le háireamh sna gníomhais, ag brath ar bhunbhrí idirbhearta na gcliant. Seoladh an gnás gréasáin i mí Aibreáin 2007 agus d'fhear DLí-Chumann na hÉireann fáilte roimhe. Tiocfaidh níos lú gníomhas deimhnithe go mícheart a bheith á gcur faoi bhráid lena stampáil as úsáid mhéadaithe an ghnáis ghréasáin.

Bhíothas ag pleanáil na bhfeabhsúcháin seo a leanas

- Bhí na Coimisinéirí Ioncaim ag athbhreithniú a gclár idirghabhála comhlíonta go leanúnach agus phleanáil siad seiceáil comhlíonta na gcodanna dleachta stampála a shíneadh a dealraíodh a bheith ag taispeáint na rioscaí ba mhó trí leas a bhaint as truícir riosca ní b'fhearr
- Bhí na Coimisinéirí Ioncaim i mbun próisis phleanála faoi láthair i leith tabhairt isteach córais ríomhstampála féinseirbhíse lena smpleofaí agus a nuachóireofaí riaradh iomlána na dleachta stampála. Dhearfaí tuarisceán dleachta stampála mar chuid den tionscadal sin, agus theastófaí é i leith gach ionstraime instampáilte. Bheadh comhlánú an tuairisceáin dleachta stampála mholta éigeantach, agus chuideodh simplíocht an deartha le próiseáil an eolais. Chinnteofaí le háireamh na dleachta stampála sna Córais Chánachais Chomhtháite (CCC) go mbeadh na sonraí a gabhadh tríd an bpróiseas ríomhstampála ar fáil do chórais eile na gCoimisinéirí Ioncaim chun cuidiú le hoibríochtaí iniúchta agus comhlíonta ar chás-bhainistiú iomlán.

Comharthaíodh le roinnt saincheistanna ag eascairt as iniúchadh Bhaile Átha Cliath na gCoimisinéirí Ioncaim agus m-iniúchadhsa an gá le feabhsúcháin níos imeachta agus thabharfaí isteach anois na nithe seo a leanas

- Lorgófaí teastais achair urláir mar chuid den chur chuige caighdeánach d'fhiosruithe iniúchta de réir mar a bhain siad leis na héilimh a rinneadh
- Chuirfí síneadh le poblíocht agus eolas i leith faoiseamh úinéir is áititheoir agus imthosca aisghlámtha.

Moltaí Ginearálta an Oifigh Chuntasaíochta

Ní foláir don lucht bainistíochta agus rialála thar an gcóras dleachta stampála an méid seo a leanas a bhreithniú

- Braitear go mór, de réir mar is gá, ar thuairisciú ionraic i leith gach cánach agus dleachta.
- Oibríonn an córas seirbhíse custaiméara agus bailiúcháin go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus seachadann slánúchán tapa cásanna le soláthar foirne íseal ábhartha.
- Is iad prionsabail Seirbhíse Custaiméara agus measúnú cruinn agus cuntasacht as admhálacha dleachta stampála na tosaíochtaí sna hOifigí Stampála. Baineadh amach é sin le linn tréimhsí ina raibh toirt mhór idirbhearta i margadh maoine a raibh borradh nach bhfacthas a mhacasamhail roimhe sin agus i ngeilleagar buacach, le hacmhainní finideacha ann.
- Leithdháileadh na hacmhainní do na limistéir b'airde riosca, ach rinneadh iarracht gach limistéar riosca a chlúdach chuig leibhéal iomchuí. B'iondúil gur tháinig iniúchadh dleachta stampála d'idirbhearta maoine cónaithí faoin chatagóir an riosca ísil. Thacaigh na torthaí iniúchta leis sin. Bhí roinnt saincheistanna imní áirithe ann, mar shampla, i leith cúinsí aisghlámtha, ar deacair iad a phóilíniú de bharr a mbunbhrí féin. Ach b'éigean aghaidh a thabhairt orthu siúd ar bhealach comhréireach. B'éigean dearcadh cothrom a ghlacadh idir acmhainn comhlíonta theoranta agus tosaíocht riosca-bhunaithe a thabhairt do cháiníocóirí le torthaí cánach níos mó astu.

- Maidir leis an dleacht stampála ar mhaoín, b'amhlaidh go raibh dreasacht bhreise ag an gcáiníocóir ceannacháin tuairisciú agus féinteistiméireacht go hionraic toisc an teideal don mhaoín a bheith ag brath ar stampáil cheart na hionstraime. Ní féidir glacadh i bhfianaise le hionstraimí a stampáiltear go neamhdhóthanach.
- Pleanáladh feabhsúcháin réalaíocha agus fiúntacha leis an dleacht stampála a rialáil agus a iniúchadh. Bhí an ríomhstampáil mar chuid den réiteach sin, ar thionscadal mór straitéiseach ina mbainfí leasa as teicneolaíochtaí agus réitigh idirlín chun gach gné de mheasúnú agus bailiú na dleachta stampála a athmhúnlú. Dhéanfaidh sé seo éascú ar phróiseáil, sholáthrófaí taifead leictreonach i ngach aon chás laistigh den ITS d'anailís riosca ní b'fhearr agus shaorófaí foireann ón bpróiseáil i gcomhair rialála.

3.9 Rialuithe Paisinéirí in Aerfoirt

D'fhéadfadh daoine a thagann i dtír in Éirinn as tír eile a bheith faoi dhliteanas dleachtanna agus cáin a íoc ar earraí a ceannaíodh thar sáile. Féadfar dleachtanna custaim a ghearradh ar earraí a allmhairíodh ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach. Braitheann ráta na dleachta ar an gcineál earraí atá i gceist go baileach agus is é an tAE a shocraíonn é. Leagtar na dleachtanna custaim is inmhuirearaithe amach i dTaraif Chustaim agus Mháil na hÉireann. Féadfar nithe áirithe a fhágáil as an áireamh amháin earraí le haghaidh tomhaltais phearsanta, bíonn dleacht mháil iníoctha ar gach táirge inmháil a allmhairítear isteach in Éirinn is cuma cá háit as ar tháinig sé ó thús. Socraítear rátaí dleachta ar bhonn náisiúnta agus bíonn rátaí éagsúla infheidhmithe i leith gach catagóir de tháirge inmháil. Mar riail ghinearálta, dlítear CBL a ghearradh ar earraí a allmhairítear ag an bpointe a dtagann siad isteach go hÉireann ar an ráta céanna agus is infheidhme laistigh d'Éirinn.

Braitheann suim na dleachta agus na cánach a bheidh le n-íoc, má bhíonn sé le n-íoc, ag daoine a thagann i dtír in Éirinn agus earraí acu a ceannaíodh thar sáile ar cibé acu

- Ar ceannaíodh na hearraí i mBallstát an AE nó i dtír lasmuigh den AE - tríú tír¹⁷ - nó nár ceannaíodh
- Is le húsáid phearsanta nó tráchtála iad na hearraí seo.

Dlítear dleacht chustaim a ghearradh ar earraí a allmhairítear chun críocha tráchtála (má allmhairítear iad as tír lasmuigh den AE), chomh maith le dleacht mháil (ag brath ar an gcineál earraí) agus CBL.

Tá raon leathan earraí ann nach féidir a thabhairt isteach go hÉirinn agus ní féidir earraí eile a thabhairt isteach ach faoi réir srianta áirithe amháin. Ar shamplaí d'earraí toirmiscithe tá drugaí rialaithe, pléascáin, airm thine, leabhair agus físeáin ghraosta agus ainmhithe agus plandaí áirithe.

Paisinéirí a Thagann i dTír as Tíortha san AE

Ó bunaíodh an Margadh Eorpach Aonair i 1993, ní bhíonn ar phaisinéirí a thagann i dtír ó thíortha laistigh den Aontas Eorpach dearbhú custaim a dhéanamh ar theacht i dtír in Éirinn dóibh toisc nach mbíonn cáin agus dleachtanna le híoc ar earraí a tugtar isteach ar an gcoinníoll gur le haghaidh úsáid an phaisinéara iad. I gcás táirgí alcóil agus tobac, tá cainníochtaí tásca socráithe ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le líon na dtáirgí seo a mheasfar a bheith le haghaidh úsáid phearsanta, mura dtéitear os cionn na gcainníochtaí sin, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go n-úsáidfear iad chun críocha tráchtála nó nach bhfuiltear in aon amhras faoina leithéid. Má théitear os cionn na gcainníochtaí seo, caithfidh an paisinéir a chruthú gur le haghaidh úsáid phearsanta na hearraí.

Tá teorainneacha ar leithligh le líon na dtáirgí tobac ar féidir iad a thabhairt isteach in Éirinn le haghaidh úsáid phearsanta agus a ceannaíodh i dtíortha áirithe an AE.

Ní féidir le daoine a bhíonn ag taisteal idir tíortha an AE earraí a cheannach saor ó dhleacht agus ó cháin ach amháin lena n-úsáid ar bord bád farantóireachta nó aerárthaigh láithreach. Caithfear dleachtanna agus/nó cánacha a íoc ar aon earraí den sórt sin atá fós ar láimh ag an duine nuair a thagann sé/sí i dtír in Éirinn.

¹⁷ Cé go bhfuil na hOileáin Chanáracha agus Oileáin Mhuir nIocht ina gcuid de chríocha custaim an AE, tá siad lasmuigh de chríocha físcacha an AE agus bíonn na liúntais chustaim le haghaidh tíortha lasmuigh den AE infheidhmithe. Tugtar tríú tíortha orthu sa chuid eile den cháipéis seo tríd síos.

Paisinéirí a Thagann i dTír ó Thríú Tíortha

Bíonn sé de cheangal ar phaisinéirí a thagann i dtír in Éirinn as tríú tír dearbhú custaim a dhéanamh ag an bpointe a dtagann siad isteach. Ceadáítear do phaisinéirí earraí a thabhairt isteach le haghaidh úsáid phearsanta agus iad saor ó dhleacht agus ó cháin ar an gcoinníoll nach dtéann luach iomlán na n-earraí os cionn €175 (€90 i gcás daoine faoi bhun 15 bliana). Lena chois sin, is féidir táirgí tobac, alcóil agus cumhráin a thabhairt isteach saor ó cháin agus ó dhleacht faoi réir teorainneacha áirithe.

Dearbhú Custaim a dhéanfar bunaithe ar Dhath an Bhealaigh le Dul Amach

Tá trí aerfort Éireannacha údaráithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus faofa le haghaidh aerthráchta le tríú tíortha agus inar féidir rialuithe custaim a dhéanamh ar bhagáiste - Baile Átha Cliath, an tSionainn agus Corcaigh. Tá trí bhealach custaim ag gach ceann de na haerfoirt seo agus seo a leanas feidhmeanna gach cinn:

- Bealach Dearg - téann paisinéirí tríd an mbealach seo má tá siad ag teacht isteach as tír lasmuigh den AE agus má bhíonn earraí le dearbhú acu ar a bhfuil cáin agus/nó dleacht le híoc. Agus iad ag dul isteach an bealach seo, tá dearbhú custaim á dhéanamh acu chuige sin agus baileoidh oifigigh Chustaim an tsuim atá dlite.
- Bealach Uaine - agus iad ag dul isteach an bealach seo, tá dearbhú á dhéanamh ag paisinéirí atá ag teacht isteach as tír lasmuigh den AE nach bhfuil earraí ar bith acu ar a bhfuil dleacht agus/nó cáin le híoc. Féadfaidh oifigigh chustaim paisinéirí atá ag dul tríd an mbealach uaine a stopadh agus a mbagáiste a scrúdú.
- Bealach Gorm - tá an bealach seo ann le haghaidh paisinéirí atá ag teacht isteach ó thír laistigh den AE. Ní cheanglaítear orthu dearbhú custaim a dhéanamh. Ní fhéadfaidh oifigigh chustaim paisinéirí atá ag dul tríd an mbealach gorm a stopadh ach amháin má bhíonn siad in amhras nach bhfuil siad ag teacht isteach ó thír san AE nó go bhfuil earraí toirmisceithe acu nó go bhfuil lámh acu in earraí a shmuigleáil ar bhonn tráchtála. Tugtar lipéad a bhfuil dath uaine ar a chiumhaiseanna do bhagáiste paisinéirí ar eitiltí laistigh den AE chun cabhrú lena n-aithint mar bhagáiste atá ag teacht isteach ó thír eile san AE.

Dlítear na hearraí a urghabháil ó phaisinéirí a théann os cionn na dteorainneacha ábhartha agus d'fhéadfaí an dlí a chur orthu freisin. Ach amháin i gcás earraí toirmisceithe, féadfar na hearraí a scaoileadh ar íocaíocht na gcánacha agus na ndleachtanna atá dlite chomh maith le haon phionós arna fhorchur.

Paisinéirí a Thagann ó Thríú Tír via Tír san AE

Caithfidh paisinéirí a thagann i dtír in Éirinn ó thríú tír via tír san AE, dearbhú custaim a dhéanamh trí dhul isteach an bealach uaine nó dearg ach amháin sa chás gur imréitigh na hÚdaráis Chustaim a mbagáiste ar fad ag an gcéad phointe inar tháinig siad i dtír san AE.

Fás ar an Aerthaisteal

Tábla 19 an fás ollmhór atá tagtha ar an aerthaisteal le blianta beaga anuas. Taispeánann sé freisin go mbíonn breis is 75% de na paisinéirí aerthaistil ar fad ag taisteal trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2006, tháinig isteach is amach le 10.7m paisinéir (9.3m in 2005) i dtír in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Léirítear an tús áite atá ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar an t-aerfort is tábhachtaí ó thaobh cúrsaí custaim a chomhlíonadh, le líon na n-urghabhálacha Ioncaim freisin a thaispeánann go raibh breis is 80%

Ioncam

díobh seo i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2006 agus gur léirigh siad isteach is amach le 90% de luach na n-urghabhálacha aerfoirt.

Tábla 19 Líon na bPaisinéirí ag Aerfoirt (a tháinig agus a d'imigh) 2001-2006 (milliúin)

Aerfort	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Baile Átha Cliath	14.33	15.08	15.86	17.14	18.45	21.20
Corcaigh	1.78	1.87	2.18	2.25	2.73	3.00
An tSionainn	2.40	2.35	2.40	2.40	3.30	3.60
Iomlán	18.51	19.30	20.44	21.79	24.48	27.80

Tá mo scrúdú iniúchta dírithe ar aerfort Bhaile Átha Cliath go príomha dá réir sin.

Láithreacht na gCoimisinéirí Ioncaim in Aerfort Bhaile Átha Cliath

Bíonn Dúiche Aerfort Bhaile Átha Cliath na gCoimisinéirí Ioncaim (an Dúiche) freagrach as rialacháin chustaim a fhorfheidhmiú do phaisinéirí agus lastas araon a thagann i dtír san Aerfort agus freagrach as trádáil a éascú freisin. Tá foireann 71 duine ag an Dúiche faoi láthair. Bíonn 39 ball foirne ag plé le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin - a mbíonn 3 díobh ag déileáil le dualgais bhainistíochta agus riaracháin – agus 32 ag déileáil le trádáil a éascú agus lastas tráchtála a rialú. Oibríonn formhór na foirne forfheidhmiúcháin i gcríochfort na bpaisinéirí. Tá 14 bhall bhreise foirne le ceapadh go gairid a mhéadóidh acmhainní rialta oibriúcháin forfheidhmiúcháin go dtí 50. Tá uainchláir nua le cur i ngníomh ionas go mbeidh níos mó den lucht custaim in ann a bheith i láthair ag na tréimhsí is mó a mbíonn paisinéirí ag dul tríd.

Is iad freagrachtaí na Dúiche, i ndáil le hAerfort Bhaile Átha Cliath, ná:

- Gach dleacht allmhairithe a bhailiú
- Toirmisc agus srianta a fhorfheidhmiú
- Drugaí rialaithe a chosc, a bhrath agus a urghabháil agus iad á n-allmhairiú/n-onnmhairiú
- Rialuithe allmhairithe agus onnmhairithe a chur i ngníomh.
- Trádáil agus lastas tráchtála a éascú.

Bíonn an Dúiche freagrach as gníomhaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ag 3 aeradróm i limistéar Bhaile Átha Cliath freisin, Weston, an Caisleán Nua and Baile Átha Troim.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh sé sásta go raibh leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath (agus go deimhin i gCorcaigh agus sa tSionainn) leordhóthanach leis na rialuithe riachtanacha a chur i ngníomh ag críochfoirt na bpaisinéirí ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Coinníodh é seo faoi athbhreithniú rialta. Dúirt sé go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú le déanaí ar líon na foirne forfheidhmiúcháin agus go rabhtas i mbun baill bhreise foirne a shannadh chuig na réimsí is mó lena mbaineann riosca.

Leibhéil Ghníomhaíochta

Níl figiúirí beachta ar fáil ach meastar gur tháinig isteach is amach le 790,000 nó 7.4% de phaisinéirí a tháinig i dtír in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2006 i dtír ó thríú tíortha agus gur ceanglaíodh orthu dearbhú custaim a dhéanamh i. dul amach tríd an mbealach uaine nó dearg.

Sa bhliain 2006, bailíodh €38,202 (€18,441 in 2005) de cháin, dhleacht agus phionóis ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó phaisinéirí a bhí ag teacht i dtír ó thríú tíortha a dhearbhaigh earraí pearsanta ag an mbealach dearg nó a stopadh ag an mbealach uaine agus a bhfuarthas go raibh earraí os cionn na dteorainneacha ábhartha acu. Leagtar amach mionsonraí na n-urghabhálacha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2005 agus 2006 i dTábla 20.

Tábla 20 Urghabhálacha in Aerfort Bhaile Átha Cliath sna blianta 2005 agus 2006

Cineál	2005		2006	
	Líon	Luach €	Líon	Luach €
Tobac	1,794	5,577,179	1,951	6,875,776
Drugaí	181	4,842,933	178	7,225,480
Alcól	4	773	2	9,013
Airgead	9	258,684	6	605,315
Earraí Toirmisce/ Sriantha	37	n/b	47	n/b
Góchumadh (seiceanna, srl.)	n/b	n/b	6	619,464
Iomlán	2,025	€10,679,569	2,190	€15,335,048

Fócas Obair na Dúiche

Go praiticiúil, tugann an fhoireann tús áite don smuigleáil drugaí agus earraí toirmisce eile a bhrath, chomh maith le smuigleáil tobac/toitíní agus allmhairí agus onnmhairí airgid thirim faoin Acht um Fháiltais ó Chuireacht, 2005.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta an raibh an bhéim ar a bheith ag díriú ar an smuigleáil drugaí agus tobac ina riosca a d'fhágfadh nach ndéanfaí monatóireacht leordhóthanach ar mhí-úsáid na dteorainneacha maidir le hearraí pearsanta. Mar fhreagra, chuir sé in iúl dom go n-áitíonn EUROPOL Measúnú Bhaol na Coireachta Eagraithe (MBCE) ar gach Ballstát a n-acmhainní forfheidhmiúcháin dlí a dhíriú ar a bheith ag dul i ngleic leis an gcoiriúlacht eagraithe agus mar sin, ba cheart go raibh acmhainní forfheidhmiúcháin na gCoimisinéirí Ioncain dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an dá mhórbhagairt a bhaineann le hAerfort Bhaile Átha Cliath go sonrach, mar atá, an smuigleáil drugaí agus smuigleáil eagraithe toitíní. Dúirt sé freisin gur mó go mór suim na cánach a bheadh i mbaol de bharr na smuigleála eagraithe toitíní ná aon mhaolú ar líon na n-earraí pearsanta a dhéantar a smuigleáil ar mhionscála. Go stairiúil, measadh riamh gurbh ardriosca Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith idir an smuigleáil drugaí agus smuigleáil fhioscach. Cruthaíonn an taifead braite i gcaitheamh na mblianta suntasacht Aerfort Bhaile Átha Cliath go soiléir mar phríomhshuíomh forfheidhmiúcháin a dhíríonn ar an riosca is airde i leith gluaiseachtaí paisinéirí.

Rinne na Coimisinéirí Ioncain scrúduithe tréimhsiúla ar eitiltí áfach mar a bhféadfadh mí-úsáid na dteorainneacha maidir le hearraí pearsanta teacht chun cinn agus thug torthaí na scrúduithe seo le fios nach raibh aon riosca mór i gceist. Ní raibh sé ina riosca mór d'ioncam nó don tsochaí i gcomparáid leis na tionchair shóisialta agus fhioscacha a imríonn an mhangaireacht drugaí agus an smuigleáil eagraithe toitíní.

Rialuithe Oibriúcháin

Bíonn oifigigh Chustaim ag obair ar na Bealaí Gorma agus Uaine i gcomhthráth ag brath ar leibhéal na bpaisinéirí, ar an riosca a fheictear a bheith i gceist agus leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil agus bíonn seomraí agallaimh ar leithligh ar fáil más gá idirghabhálacha níos déine a dhéanamh. Tá geata gan fhoireann leathbhealach tríd an mBealach Dearg a bhíonn faoi ghlas agus brúnn paisinéirí a bhfuil rud le dearbhú acu cloigin le cúnamh oifigigh a fháil. Bíonn spioraí na mbealaí go léir trédhearcach agus is féidir le hoifigigh gluaiseachtaí amhrasacha a thabhairt faoi deara go héasca ag gach bealach. San áireamh sna rialuithe fisiciúla eile tá seomraí stórais aonfheidhme le haghaidh urghabhálacha, oifigigh speisialaithe le haghaidh bagáiste agus oifigigh faoi cheilt agus madraí oilte le hábhair ar leith a bhrath. Coinnítear faireachas forleathan ar bun trí chóras teilifíse choircaid iata, oifigigh a shuíomh go straitéiseach chomh maith le seomraí féachana ar a bhfuil painéil ghloine scáthánaithe. Bíonn taithí na n-oifigeach Custaim tábhachtach le gníomhaíocht amhrasach a aithint i measc paisinéirí. Tá aonad tacaíochta riaracháin ann chun ligean d'oifigigh díriú ar na príomhghníomhaíochtaí.

Déantar roinnt gníomhaíochtaí agus bealaí a áireamh mar thosaíochtaí agus spriocdhírítear orthusan. Déantar seo trí fhaisnéis a bhailiú ó chuid mhór foinsí (m.sh. builitíní Interpol, Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim (RIICI), foireann na gCoimisinéirí Ioncaim go náisiúnta agus i ndlínsí eile) chomh le heitiltí agus paisinéirí aonair a phróifiliú ó thaobh rioscaí. Treoraíonn blitzeanna tréimhsiúla spriocdhíríte ar bhealaí áirithe próifiliú den sórt sin freisin. Tugadh faoi deara i m'athbhreithniú, áfach, nár taifeadadh na gníomhaíochtaí seo agus a dtorthaí go córasach.

Rinneadh blitz i ndáil le paisinéirí a bhí ag filleadh ó thurais siopadóireachta chuig na Stáit Aontaithe i dtréimhse mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Nollag 2006. Mheas an Dúiche, dá thoradh seo agus idirghabhálacha leanúnacha, nach raibh aon cheist shuntasach ann ó thaobh imghabhála ioncaim de. Níor aithníodh ach ceathrar paisinéirí ó eitiltí trasatlantacha a bhí ag iompar earraí os cionn na dteorainneacha de thoradh idirghabhálacha ag oifigigh sa bhealach uaine i mí na Samhna agus na Nollag 2006. Bhí coigistiú 2,400 toitín i gceist le ceann de na cásanna seo. Sna trí cinn eile, braitheadh earraí (éadaí agus uirlis cheoil) lenar bhain luach €3,484 san iomlán agus bailíodh €2,062 ó dhleacht, CBL agus phionóis. Ní choinnítear aon taifid faoi láthair ar líon na bpaisinéirí a n-éilíonn oifigigh Chustaim cruthú uathu sa Bhealach Uaine. Sa tréimhse chéanna, dhearbhaigh 12 phaisinéir thrasatlantacha earraí (luach €15,740) sa Bhealach Dearg a bhí os cionn na teorann agus íocadh €4,180 i gcáin agus i ndleachtanna.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíocht an raibh sé den tuairim go gcuideodh sé dá mbaileofaí sonraí maidir le líon na ndúshlán custaim agus dá ndéanfaí iad a anailísiú le feabhas a chur ar rialú agus chun an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil mar go bhfuil siadsan gann. Ina fhreagra, chuir sé in iúl dom, ó rinneadh m'athbhreithniú iniúchta, gur thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ag coinneáil sonraí mionsonracha ar dhúshlán do phaisinéirí mar chuid de chleachtas tástála riosca. Is cleachtaí rialaithe na cleachtaí seo a socraítear chun tástáil cibé acu an bhfuil riosca suntasach ag baint le heitiltí agus le paisinéirí ó áiteanna áirithe, ó thaobh na smuigleála de, nó nach bhfuil. Reáchtáiltear na cleachtaí seo mar chuid de rialuithe beartaithe tréimhsiúla nó tar éis faisnéis a fháil lena dtugtar le fios go bhfuil riosca níos mó ag baint le háiteanna ar leith. Níor mheas na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, go bhfeabhsófaí an éifeachtacht maidir le rioscaí a aithint níos fearr agus rialú a fheabhsú dá mbaileofaí agus dá ndéanfaí anailís ar shonraí gach aon uair a éileofaí cruthú ó phaisinéir. D'airigh sé go mbeadh easpa fócais ag baint le gníomhaíocht den sórt sin agus go bhféadfaí a mheas go rabhthas ag cur acmhainn forfheidhmiúcháin an-ghann agus luachmhar amú. Dúirt sé freisin gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí mionsonracha ar dhúshlán phaisinéirí sa chás go ndearnadh brathadóireachtaí nó sa chás go mbíonn an t-oifigeach fós amhrasach in aineoinn nár éirigh leis le hidirghabháil shonrach.

D'airigh sé gur cruthaíodh go raibh cur chuige na gCoimisinéirí ina mhodh anailíse riosca an-éifeachtach maidir le cáilíocht an spriocdhíríocháin a fheabhsú agus gur cruthaíodh go raibh sé ina úsáid éifeachtúil d'acmhainní forfheidhmiúcháin atá gann. Chomhlánaigh anailís ar thorthaí na gcás inar éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim, maille leis an bhfaisnéis straitéiseach agus bheartach a tiomsaíodh ó fhoinsí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, timthriall na faisnéise. Ní fhéadfadh na Custaim féachaint le cos a

choinneáil leis na gnéithe síorathraiteacha (bealaí, modus operandi, earraí ceilte) na smuigleála agus na coireachta eagraithe, ach dul in bhun seo ar bhonn córasach, agus ar an mbealach sin amháin. Is é an cleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le cáilíocht an spriodhíriúcháin a fheabhsú ná an anailís agus próifiliú ar rioscaí a thabhairt chun feabhais go leanúnach ach tástáil agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar rioscaí.

Deiseanna le Rialuithe a Fheabhsú

Faoi mar atá amhlaidh i réimsí eile den bhailiúchán ioncaim, bítear in ann rioscaí a mheasúnú, straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus an chaoi ar éirigh leis na straitéisí sin a thomhas de bharr meastacháin ar chaillteanais ó chalaouis, imghabháil agus neamhchomhlíonadh rialachán a ullmhú. Bíonn sé deacair meastacháin den sórt sin a ullmhú agus is réimse é nár tástáladh mórán, cé go bhfuiltear ag ullmhú meastachán ar chaillteanais indíreacha don cháin sa Ríocht Aontaithe le roinnt blianta anuas. D'fhágfadh gur mó an bhrí a bheadh le go leor de na spriocanna a leagadh síos i bplean gnó na Dúiche dá n-ullmhófaí meastacháin den sórt sin. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tréith bhunúsach a bhaineann le meastacháin den sórt sin go mbíonn siad deacair agus neamhthástáilte. Cé go mbeadh cuid mhaith eolais iontu, ba bheag an mhaith a dhéanfaí dá bhféachfaí le hiad a tháirgeadh mura bhféadfaí brath orthu, dá fheabhas is a bheidís, nó níos measa fós, dá mbeadh eolas míthreorach iontu.

An úsáid is éifeachtaí as acmhainní ná rioscaí a aithint agus dul i mbun bearta spriocdhírthe. Toisc nár cuireadh síos mórán ar thorthaí gníomhartha spriocdhírthe agus toisc nach ndearnadh anailís go foirmiúil orthu, níltear ag baint oiread sin leasa as a n-úsáid le rioscaí a aithint faoi láthair. Bhíothas ag brath ar an gcumarsáid ó bhéal agus ar eolas a bheith coinnithe i gcuimhne ag daoine aonair go dtí seo leis na torthaí a scaipeadh.

Foinse bhunriachtanach sonraí le haghaidh rioscaí a aithint agus chun spriocdhíríú orthu ab ea uimhreacha eitiltí agus líon na bpaisinéirí. Soláthraíonn an tÚdarás Aerfoirt sceidil na n-eitiltí agus líon na bpaisinéirí ar eitiltí ar bhonn seachtainiúil. Ní bhíonn líon agus ainmneacha na bpaisinéirí iarbhrí ar fáil go huathoibríoch. Níl sé ina chuid den ghnáthamh go mbeadh an Dúiche i dteideal faisnéise ar ainmneacha paisinéirí mar gheall ar shaincheisteanna cosanta sonraí. Sholáthródh faisnéis den sórt sin sonraí úsáideacha bainistíochta mar eolas le rioscaí a phróifiliú.

D'fhiafraigh mé cibé acu ar mheas an tOifigeach Cuntasaíochta an bhfeabhsófaí cúrsaí rialaithe dá bhfaighfí sonraí breisithe ar phaisinéirí nó nach bhfaighfí. Chuir sé in iúl dom mar fhreagra go raibh sonraí paisinéirí ina n-uirlis bhunriachtanach le hanailís ó thaobh rioscaí a dhéanamh ar phatrúin iompair phaisinéirí a d'fhéadfadh nod a thabhairt maidir le gníomhaíocht smuigleála a d'fhéadfadh a bheith ar siúl. Chuideodh sé go mór le caighdeán na n-idirghabhálacha agus le go mbeidís níos spriodhírthe dá mbeadh gnáthrochtain thráthúil ar fáil ar shonraí paisinéirí, ar chórais na n-aerlínte, lena n-áirítear sonraí stairiúla. Comhlíontar ceanglais Alt 8, an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 go hiomlán sa mhéid go soláthraítear faisnéis do Chustaim maidir le daoine sula dtagann siad i dtír, chun cionta (smuigleála) a chosc, a bhrath nó a imscrúdú srl. Ní raibh sé de cheangal orthu faisnéis den sórt sin a sholáthar, áfach. Bhí an cheist seo á breithniú mar chuid den treoir maidir le ríomhtheorainneacha, a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ina leith ag leibhéal an AE faoi láthair.

Chuir mé ceist cibé acu an bhfeabhsófaí an rialú dá ndéanfaí eitiltí, a bhfeictear go mbaineann riosca níos mó ná mar is gnách leo, a shruthú go foirmiúil trí chustaim nó nach bhfeasódh. Mar fhreagra, d'aontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfeabhsófaí, ach go gcaithfí cothromaíocht a bhaint amach idir rialuithe agus go mbeadh sé éasca ar an taistealaí dlisteanach taisteal agus go ndéanfaí an tAerfort a rith go héifeachtúil. Tá caidreamh oibre an-mhaith ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair leis an Údarás Aerfoirt, rud atá atreithe leis an Meamram Tuisceana, chomh maith le haerlínte, agus soláthraithe eile seirbhíse. Chomhoibriú siad go hiomlán le hiarratais ó fhoireann na gCoimisinéirí maidir le bagáiste a sheachadadh ar thimpealláin bhagáiste áirithe sa chás go raibh gá le beart den sórt sin. D'airigh sé nach raibh sé praiticiúil córas a chur i ngníomh le paisinéirí shruthú in Aerfort Bhaile Átha Cliath mar gheall ar líon na

n-eitiltí a bhíonn ag teacht isteach ag am céanna agus mar gheall ar chomh hoscailte is atá an halla bailiúcháin bhagáiste.

Aonad Faisnéise, Anailíse Riosca agus Próifílithe (FARP)

Bhunaigh an Dúiche an tAonad seo i mí an Mhárta 2007. Na príomhfheidhmeanna atá aige ná struchtúr bainistíochta riosca a thabhairt isteach chun úsáid gach faisnéise a mheas agus an oiread leasa a bhaint as agus is féidir chun spriocdhíríú ar an smuigleáil, calaois agus ar réimsí eile maidir le neamhchomhlíonadh rialachán.

Chuir mé ceist maidir le cathain a measadh gur léir torthaí an phróisis le hacmhainní a spriocdhíríú ar bhealach feabhsaithe, de bharr bhunú an Aonaid FARP, agus conas a bhí sé beartaithe an feabhsú a thomhas. Mar fhreagra, chuir in tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, ó bunaíodh é, gur éirigh go han-mhaith leis cheana féin sa réimse maidir le smuigleáil toitíní ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí iarracht mhór a eagraíodh le déanaí le toitíní a smuigleáil ó Stát Baltach aitheanta aige agus bhí straitéis laidir ceaptha aige chun cur ina choinne. Ba é toradh na hidirghabhála seo faoi stiúir an FARP ná gur urghabhadh toitíní lenar bhain luach breis is €600,000 thar thréimhse coicíse, gur cuireadh as don soláthar eagraithe sa stát agus gur gabhadh an bheirt phríomheagraí, cuireadh an dlí orthu agus ciontaíodh iad. Ba é an tsat tomhais maidir le chomh maith is a d'éirigh le FARP ná líon na mbagairtí smuigleála tromchúiseacha, go háirithe bagairtí eagraithe, a d'aithin sé agus ar éirigh leis a dhíothú. Bhainfeadh an t-aonad é seo amach trí mhodhanna bailiúcháin agus scaipthe faisnéise a úsáid, trí mhodheolaíochtaí níos fearr agus níos cruthaithí a úsáid maidir le rioscaí a phróifíliú agus a anailísiú. Chinnteodh sé freisin gurbh fhearr mar a dhíreofaí acmhainní forfheidhmiúcháin ar na rioscaí ba thromchúisí a dhíothú.

Bhí sé beartaithe go gcoinneofaí taifead de gach beart spriocdhíríte amach anseo agus go mbainfeadh an tAonad FARP úsáid iomlán astu le gníomhartha amach anseo i leith rioscaí a chur le chéile.

Bhí teimpléad riosca á cheapadh ag an am freisin. Ba é cuspóir an teimpléid seo ná cabhrú le rioscaí a phróifíliú ionas go bhféadfaí acmhainní a fheidhmiú go cuí. Dhéanfaidh sé gach riosca do ghníomhaíocht Chustaim ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chomhdhlúthú agus bhíodhas ag súil leigo ndéanfaí seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach ionas go mbeadh sé fós úsáideach de thoradh cúinsí a bheith ag athrú.

Aerfoirt agus Aeradróim Eile

Bíonn faomhadh na gCoimisinéirí Ioncain riachtanach le haghaidh aeradróm¹⁸ a láimhseálann trácht isteach ó thíortha an AE agus ó thírlí tíortha. Éilíonn na téarmaí go bhfaomhfar aeradróim a láimhseálann trácht isteach ó thírlí tíortha go dtabharfar fógra 24 uair an chloig roimh ré do na Coimisinéirí Ioncain maidir le gach eitleán dá n-imíonn nó dá dtagann isteach ó thírlí tírlí. Bhí 24 aeradróm ceadúnaithe sa Stát i mí Iúil 2007.

Déantar aeradróim a rialú trí chuairteanna cigireachta arna measúnú de réir rioscaí.

¹⁸ Bainneann na Coimisinéirí Ioncain úsáid as an téarma aeradróm chun gach aerfort agus aeradróm seachas Baile Átha Cliath, Corcaigh agus an tSionainn a chuimsiú.

Tábla 21 líon agus torthaí cuairteanna cigireachta den sórt sin sna blianta 2005 agus 2006.

Tábla 21 Cuairteanna Cigireachta 2005 - 2006

	2005	2006
Cuairteanna	243	280
Toitíní a urghabhadh ¹⁹	13,670	1,780
Luach na ndrugaí a urghabhadh ²⁰	€57	€140
Luach urghabhálacha eile ²¹	€18,028	€54,694

Tugann Dúiche Aerfort Bhaile Átha Cliath cuairteanna (idir ghnáthchuaireanna agus chuaireanna nach mbítear ag súil leo) ar na 3 aeradróm as a bhfuil sé freagrach ar bhonn na gníomhaíochta paisinéirí agus na rioscaí a fheictear a bheith ann. Tugadh cúig chuairt déag in 2006, dhá cheann déag a bhí pleanáilte agus trí cinn nach raibh pleanáilte (deich gcinn agus sé cinn faoi seach in 2005) ar an gceann ba mhó de na haeradróim agus tugadh cuairt bhliantúil amháin ar gach ceann de na cinn eile in 2005 agus 2006.

Rinneadh athbhreithniú ar rialuithe custaim atá a bhí i bhfeidhm ag aeradróim cheadúnaithe i mí Eanáir 2007. Ba é príomhfhócas an athbhreithnithe ná scrúdú a dhéanamh ar na rialuithe atá i bhfeidhm ag aeradróim phoiblí cheadúnaithe atá níos lú chun smuigleáil earraí toirmisce, go háirithe drugaí, a chosc. Rinne foireann an athbhreithnithe roinnt mhaith moltaí le rialuithe a fheabhsú agus glacadh leo seo agus tá siad á gcur i ngníomh faoi láthair. Ag leanúint ar aghaidh as sin, bhí plean le bearta a chur i ngníomh curtha le chéile ag na Coimisinéirí Ioncaim a chuimsigh réimsí ilghnéitheacha lena n-áirítear cuairteanna ar aeradróim, rátáil rioscaí, an tsaincheist maidir le faomhadh a dhéanamh, treoir don fhoireann, oiliúint agus comhoibriú le gníomhaireachtaí eile a threisiú. Cuireadh in iúl dom go bhfuil réigiún na gCoimisinéirí Ioncaim ag tabhairt airde sonraí ar rialú na n-aeradróm beag ina bpleananna gnó i gcomhair 2007.

Achoimre

Mar achoimre, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú ar rialuithe Custaim amach sa bhliain 2006 agus go bhfuarthas

- Gur ceann stuama an cur chuige atá bunaithe ar rioscaí, agus go deimhin an t-aon cheann cuí, sna cúinsí
- Go mbraitheann faisnéis agus rátálacha rioscaí ar fhaisnéis thráthúil agus gur gá athbhreithniú a dhéanamh go rialta orthu
- Go bhfuil cur chuige na hÉireann ar aon dul leis an modheolaíocht ar ghlac rialtais eile san AE léi i gcúinsí comhchosúla agus
- Go bhfágann an méadú ar líon an aerthráchta idirnáisiúnta gur gá méadú comhfhreagrach a dhéanamh ar ghníomhaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim.

Bhí sé sásta gur sholáthair an fhaisnéis, arna bailiú ó chleachtaí rialaithe tástála agus ó phaisinéirí, sa chás go ndearnadh brathadóireachtaí, in éineacht leis an bhfaisnéis straitéiseach agus bheartach a tiomsaíodh ó fhoincís eile idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, faisnéis ar ardchaighdeán chun bagairtí smuigleála a aithint rud a chuir ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim, faoi seach, acmhainní a spriocdhíriú sna réimsí cearta.

¹⁹ Urghabhadh iad ar fad in aerfort Chiarraí.

²⁰ Urghabhadh iad ar fad in aerfort Phort Láirge.

²¹ Urghabhadh iad ar fad in aerfort Chnoc Mhuire.

3.10 Gnéithe den Chánachas ar Ioncam Cíos

Cúlra

Faoi fhorálacha éagsúlacha den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (an tAcht), bíonn ioncam arna thuilleamh ag daoine de bharr maoin chónaithe a ligean amach ar cíos incháinite faoi fhéinmheasúnú. Bíonn ioncam cíos arna thuilleamh ag cuideachtaí inmheasúnaithe le haghaidh Cánach Corparáide. Taispeántar an toradh cánachais ó ioncam cíos ó dhaoine aonair agus ó chuideachtaí ó 2000 go dtí 2003 i dTábla 22 thíos.

Tábla 22 Toradh Cánachais ó Ioncam Cíos 2000 - 2003

Bliain Chánach Dar Críoch	Daoine Aonair €m	Cuideachtaí €m	Iomlán €m
05/04/2000	137	80	217
05/04/2001	152	88	240
31/12/2001	140	103	243
31/12/2002	204	117	321
31/12/2003 ²²	255	120	375

Faisnéis arna Roinnt ag Ranna Rialtais leis na Coimisinéirí Ioncaim

Faoi alt 910 den Acht, bíonn na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal, chun cánacha a mheasúnú agus a bhailiú, mionsonraí a iarraidh i scríbhinn ó Airí maidir le híocaíochtaí, arna ndéanamh ag Roinn an Aire sin le daoine nó grúpaí daoine arna sonrú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Leasaíodh an t-alt seo ina dhiaidh sin le halt 208 den Acht Airgeadais 1999, chun na Coimisinéirí Ioncaim a chumhachtú le faisnéis a iarraidh ó aon chomhlacht arna bhunú faoi reacht. Faoi láthair, faigheann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis maidir le hioncam cíos ó, i measc Rann eile, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i leith na scéime forlíonta cíos agus na scéime um chóiríocht ar cíos.

Forlíonadh Cíos

Is éard is forlíontaí cíos ann ná íocaíochtaí chun cabhrú cóiríocht a sholáthar do dhaoine incháilithe atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus nach bhfuil in ann costas na cóiríochta a chomhlíonadh óna n-acmhainní féin agus nach bhfuil foinsí malartacha cóiríochta ar fáil acu. Déanann oifigigh leasa comhphobail i ngach limistéar riaracháin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) measúnachtaí ar incháilitheacht éilitheoirí don scéim. Cé go mbíonn éilimh ar íocaíocht an fhorlíonta cíos á bpróiseáil agus á riaradh ag foireann FSS, bíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh freagrach as beartais, reachtaíocht, maoiniúchán agus íocaíochtaí a sholáthar d'fhaighteoirí. Déantar íocaíocht go díreach le tionóntaí nó le híocaí ainmnithe, *i.e.* an tiarna talún nó gníomhaire an tiarna talún don mhaoín.

²²2003 an bhliain is déanaí a bhfuil mionsonraí ar fáil lena haghaidh.

Ioncam

Iarrann agus faigheann na Coimisinéirí Ioncaim comhad gach bliain ón Roinn ina bhfuil mionsonraí na bhforlíontaí cíosa arna n-íoc i rith na bliana cánach roimhe sin. Bíonn an fhaisnéis seo a leanas sa chomhad a fhaightear:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an Tionónta
- Ainm agus seoladh an Tionónta
- Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an tiarna talún nó ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an ghníomhaire
- Suim an fhorlíonta cíosa a íocadh
- Limistéar riaracháin FSS a bhfuil éileamh an tionónta á láimhseáil aige.

Nuair a fhaightear an comhad, ritear clár a fhéachann leis na sonraí a sholáthraítear a mheaitseáil le faisnéis atá ag na Coimisinéirí Ioncaim cheana féin faoi cháiniócóirí. Déantar meaits a chuardach le haghaidh ainm agus seolta an tiarna talún. Déantar comhad iomlán na dtaifead meaitseáilte agus neamh-mheaitseáilte a stóráil i bhFaisnéis Lánpháirtithe Ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim (FLGCI) ansin, córas neamhspleách ina bhfuil bunachair shonraí éagsúla.

Sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh araon faisnéis do m'Oifig i leith na sonraí a mhalartaigh siad lena chéile agus a bhain le híocaíochtaí forlíonta cíosa don bhliain 2005. Déantar achoimre ar an bhfaisnéis seo i dTábla 23.

Tábla 23 Sonraí arna Malartú i leith Íocaíochtaí Forlíonta Cíosa 2005

Líon na dTaifead a Malartaíodh	A Léiríonn	Líon na dTiarnaí Talún/nGníomhairí	Caiteachas €m
			€m
77,633	Tiarnaí Talún ina gcónaí in Éirinn	43,215	302
1,465	Tiarnaí Talún ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn	916	3
12,635	Gníomhairí a Taifeadadh ²³	5,276	49

Níor sonraíodh i bhfaisnéis a sholáthair an Roinn do na Coimisinéirí Ioncaim cibé an ndearnadh íocaíochtaí le tionóntaí go díreach nó le híocaí ainmnithe.

Cé gur €368m a bhí i gceist le caiteachas na scéime i gcomhair 2005, ní raibh ach €354m i gceist le híocaíochtaí ar tugadh a mionsonraí sa chomhad a chuir an Roinn ar aghaidh i dtosach. Bhí sonraí i leith iarmhéid de €14m neamhiomlán agus bhí ar an Roinn soiléiriú a lorg ina dhiaidh ó FSS. Cuireadh mionsonraí ar aghaidh níos déanaí chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

Toisc nach soláthraítear aon uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí de chuid tiarnaí talún ar an gcomhad a fuarthas, féachann na Coimisinéirí ioncaim le hainmneacha agus seoltaí tiarnaí talún a mheaitseáil le mionsonraí atá á gcoinneáil ar a chórais cheana féin faoi cháiniócóirí. D'iarr mé mionsonraí líon agus luach na dtaifead íocaíochta a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i gcomhair 2005 nach raibh meaitseáilte le taifid cháiniócóirí ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh 52,792 taifead dar luach €197,472,733 nach raibh meaitseáilte le taifid cháiniócóirí. Is ionann é seo agus isteach agus amach le 56% i dtéarmaí airgeadaíochta. Dúirt sé go raibh

²³ Mionsonraí na dTiarnaí Talún nach dtaispeántar ar thaifid.

na Coimisinéirí i mbun próisis faoi láthair le tionscadal a chur i bhfeidhm lena scrúdófar na cur chuigeanna is fearr le glacadh i leith a bheith ag déileáil le cásanna neamh-mheaitseáilte.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl dom nachbhfuarthas sonraí 2006 ach i lár an Mheithimh agus go gcuirfí an obair le híocaíochtaí a mheaitseáil le taifid ar an sceideal anois. Níorbh fhéidir na sonraí seo a mheasúnú ó thaobh rioscaí de go dtí go mbeidh mionsonraí tuairisceáin Ioncaim Chánach 2006 lódáilte isteach sa chóras Meastóireachta Anailíse agus Próifílithe Rioscaí (MAPR). Ní bheadh an próiseas seo críochnaithe go dtí tuairim mí Bealtaine 2008.

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta ar iarr na Coimisinéirí Ioncaim go soláthródh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh uimhir PSP tiarnaí talún agus iarratas á dhéanamh ar fhaisnéis faoi ailt 910 agus 208 den Acht Airgeadais, 1999 agus, más amhlaidh gur iarr, cérbh é freagairt na Roinne. Chuir sé in iúl dom nár iarradh an fhaisnéis i gcomhair íocaíochtaí 2006 toiscnár tugadh an ceanglas, go n-iarrfadh comhlachtaí poiblí áirithe uimhreacha tagartha cánach, isteach go dtí an tAcht Airgeadais 2007. D'iarrfaí uimhreacha PSP tiarnaí talún i gcomhair íocaíochtaí 2007 faoi Alt 910 áfach.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Cuntasaíochta nach lorgáítear mionsonraí uimhir PSP an tiarna talún ar an bhfoirm iarratais don fhorlíonadh cíosa faoi láthair toisc nach mbaineann an fhaisnéis seo leis an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis na critéir cháilitheachta le haghaidh teidlíochta ar an íocaíocht seo. Dúirt sé freisin go bhfuil saincheistanna áirithe oibriúcháin i gceist leis na forálacha nua reachtaíochta d'FSS, a riarann an scéim, agus go bhféadfadh saincheistanna ó thaobh Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt a bheith i gceist don Roinn freisin maidir le sonraí tiarnaí talún/gníomhairí a chuimsiú. Maidir leis sin, bhí cruinniú ag oifigigh ón Roinn leis na Coimisinéirí Ioncaim le déanaí chun tús a chur le plé faoi na cúrsaí seo agus nithe eile a tháinig chun cinn ó thaobh na socruithe atá beartaithe a chomhlíonadh amach anseo.

Ceanglaíonn alt 1041 den Acht go ndéanfar cáin a asbhaint de réir an ráta chaighdeánaigh ó chíos a bhíonn iníoctha go díreach le tiarnaí talún neamhchónaitheacha. Ní dhéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh aon cháin a asbhaint as aon íocaíochtaí den sórt sin, áfach. Nuair a chuir mé ceist air faoi seo, chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne in iúl dom gur thug fiosrúcháin tosaigh le fios go mbeadh cuid mhór oibre forbartha i gceist le socruithe a dhéanamh ar chóras ríomhaire na Roinne go ndéanfaí cáin a asbhaint ag an bhfoinse d'íocaíochtaí forlíonta cíosa agus go gcaithfí sin a bhreithniú i gcomhthéacs an chlár atá ag an Roinn le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise a nuachóiriú agus a fhorbairt amach anseo. Lena chois sin, chaithfí saincheistanna ó thaobh cúrsaí oibriúcháin, a thiocfadh chun cinn don tseirbhís leasa comhphobail a riarann an scéim, a bhreithniú freisin. Dúirt sé gur sholáthair an Roinn mionsonraí íocaíochtaí do na Coimisinéirí Ioncaim a bhain leis an bhforlíonadh cíosa ar bhonn bliantúil agus san fhormáid a d'iarr siad. Níor thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios ach le déanaí nach raibh siad sásta leis na socruithe reatha. Tá na Coimisinéirí Ioncaim i mbun plé leanúnach leis an Roinn faoin gceist seo.

Chuir mé ceist maidir le cad iad na beartais agus na nósanna imeachta a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go gcomhlíonann Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus daoine aonair foráil alt 1041 den Acht a cheanglaíonn orthu cáin a asbhaint as cíos a bhíonn iníoctha le tiarna talún neamhchónaitheach. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur sonraíodh na nósanna imeachta seo i bhfoilseachán na gCoimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2000 agus i dtreoracha foirne. Dúirt sé freisin go mbíonn an oibleagáid ar an tionónta nó ar an ngníomhaire (de réir mar a bheidh) leis an asbhaint agus íocaíocht riachtanach a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Sa chás go mbraitear nach bhfuiltear á chomhlíonadh sin, aisghabhhtar cáin in éineacht le hús/pionóis, más iomchuí.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Cuireadh tús leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos in 2005. Is é a haidhm ná faighteoirí an fhorlíonta cíosa a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha tithíochta acu a aistriú chuig údaráis áitiúla in imeacht tréimhse ceithre bliana. Bíonn an scéim á riaradh ag údaráis áitiúla agus bíonn comhoibriú i gceist léi idir an Roinn

Ioncam

Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Íocann an t-údarás áitiúil an cíós. Chun a bheith incháilithe don scéim, caithfidh na ceanglais chuí maidir le cúrsaí cánach a bheith comhlíonta ag an tiarna talún.

Seolann an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil comhad ar aghaidh gach bliain chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina bhfuil sonraí na bhforlíonta cíosa a d'íoc gach údarás áitiúil sa bhliain cánach roimh ré. Ar na sonraí san fhaisnéis a sholáthraítear tá

- Ainm an tiarna talún/an ghníomhaire
- Uimhir PSP an tiarna talún/an ghníomhaire
- Seoladh teagmhála an tiarna talún/an ghníomhaire
- Seoladh na maoine atá á ligean amach ar cíós
- Iomlán arna íoc.

Seoladh comhad na sonraí maidir le híocaíochtaí i gcomhair 2006 chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí sé neamhiomlán sa mhéid is nach raibh faisnéis ó shé údarás áitiúla ann.

Déantar íocaíochtaí faoin scéim le heagraíochtaí carthanachta, cumainn tithíochta agus tiarnaí talún, ar tiarnaí talún, gníomhairí agus cuideachtaí neamhchónaitheacha céatadán beag díobh. Taispeántar anailís ar na híocaíochtaí i dTábla 24 thíos.

Tábla 24 Anailís ar Íocaíochtaí arna ndéanamh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos in 2006

Mionsonraí na nÍocaíochtaí	Suim €m	Suim mar % d'Íocaíochtaí Iomlána
Íocaíochtaí arna ndéanamh le heagraíochtaí carthanachta	1,098,753	30%
Íocaíochtaí nach bhfuil mionsonraí PSP soláthraithe nó iomlán ann ina leith	893,892	24%
Íocaíochtaí ar soláthraíodh mionsonraí bailí PSP ina leith	1,674,270	46%
Iomlán	€3,666,915	

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta mionsonraí líon agus luach thaifid íocaíochta 2006 a chur ar fáil dom, ar mionsonraí iad a fuarthas ón Roinn nár meitseáladh le taifid cháiniocóirí ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireadh in iúl dom mar fhreagra nach ndearnadh beart meitseála ar na sonraí seo. Ní fhéadfaí mionsonraí íocaíochtaí 2006 arna gcur isteach ag an Roinn a chur ar aghaidh chuig rannán chórais ríomhaire na gCoimisinéirí Ioncaim toisc nach bhfuarthas na sonraí i bhformáid chaighdeánach.

Chuir mé ceist air freisin cad iad na bearta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim le faisnéis a fháil ón Roinn i leith na n-údarás áitiúil sin nár chuir tuairiscéan isteach maidir le híocaíochtaí a rinneadh faoin scéim in 2006. Chuir sé in iúl dom gur lean na Coimisinéirí Ioncaim ag lorg na dtuairiscéan ar an Roinn nár sheol an Roinn ar aghaidh fós agus go raibh tuairiscéain faighte ó shin acu i gcomhair trí cinn de na húdaráis áitiúla, tríd an Roinn.

Aithnítear nach bhfuil an Scéim um Chóiríocht ar Cíos ar fáil ach le tamall anuas agus go mb'fhéidir nach bhfuil suim na cánach a d'fhéadfadh a bheith i mbaol sách suntasach le bheith ina húdar ag na Coimisinéirí

lena áireamh mar thosaíocht faoi láthair. Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfear sásraí ceartha meaitseála agus leanúna i bhfeidhm ionas go mbainfear úsáid iomlán as an bhfaisnéis a sholáthraítear toisc go bhfuil níos mó daoine le leas a bhaint as an scéim sna blianta atá le teacht.

Tuairisceáin Tríú Páirtithe arna nDéanamh ag Gníomhairí Ligin

Má cheapann tiarna talún gníomhaire chun maoín a bhainistiú agus cíós a bhailiú, tá an gníomhaire ina ghníomhaire bailiúcháin thar ceann an tiarna talún agus, mar gheall air sin, féadfar cáin a ghearradh ar na cíósanna a fhaightear. Caithfidh an gníomhaire cuntas a thabhairt sa cháin atá dlite faoi fhéinmheasúnú. Faoi alt 888 den Acht ceanglaítear ar dhaoine a bhfuil cíósanna á bhfáil acu, mar ghníomhairí, tuairisceán bliantúil a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncain (foirm 8-3) ach amháin sa chás nach bhfuil an tairbhí ina chónaí sa Stát. Tugtar tuairisceán tríú páirtí ar thuairisceán den sórt sin. Soláthraíonn an gníomhaire seoladh an áitribh ar cíós ar an bhfoirm seo, chomh maith le hainm, le seoladh agus le huimhir PSP an úinéara agus suim an chíosa a fuarthas.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta conas a bhain na Coimisinéirí Ioncain úsáid as an bhfaisnéis a fuarthas ó ghníomhairí ar fhoirm 8-3. Mar fhreagairt dúirt se go mbailítear an fhaisnéis seo ag leibhéal na dúiche agus gur cinneadh áitiúil é an bealach a bhaintear úsáid as agus go mbíonn sé faoi réir tosaíochtaí oibre. Ní dhéantar aon chrostagairt fhoirmiúil ach bíonn faisnéis mheaitseáilte ar fáil trí IBI agus is féidir é a chros-seiceáil ina gcás agus ina gcás de réir mar is gá.

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Leasaigh Alt 11 den Acht Airgeadais, 2006 an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun ligean do thiarnaí talún caitheamh le hús morgáiste ar mhaoine a ligtear amach ar cíós mar speansas incheadaithe chun críocha cánach. Bíonn teidlíocht chun an fhaoisimh seo ag brath ar cheanglais chlárúcháin an Achta um an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) 2004 a bheith comhlíonta. Ceanglaíonn an tAcht seo ar thiarnaí talún mionsonraí gach tionóntachta a chlárú faoi cheann míosa amháin ó thús na tionóntachta. Bíonn cineálacha áirithe áitreabh díolmhaithe ó chlárúchán. Ceanglaíonn an fhoirm chlárúcháin ar an duine uimhreacha PSP an tiarna talún agus an ghníomhaire a sholáthar.

Áirítear faoiseamh i leith úis ar iasachtaí i gcoinne ioncain ó chíos chun teacht ar an nglanbhrabús ó chíos le haghaidh gach bliana. Toiscnach dtaifeadtar ar chórais ríomhaire na gCoimisinéirí Ioncain ach an glanbhrabús ó chíos, ní bhíonn aon staitisticí ar fáil faoi líon na dtiarnaí talún a éilíonn faoiseamh i leith úis mhorgáiste agus faoi chostas iomlán an fhaoisimh seo. Chuir mé an cheist cén fáth nach raibh an fhaisnéis seo curtha ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncain. Cuireadh in iúl dom nach ndéantar figiúir, maidir le hús ar airgead ar iasacht i leith iasachtaí arna n-úsáid le maoine cónaitheacha a ligtear amach ar cíós a cheannach, a fheabhsú nó a dheisiú, a aithint ar leithligh ó ús incheadaithe eile ar airgead ar iasacht ar féidir a chur i gcoinne ioncain eile ó chíos agus ní féidir an fhaisnéis ar tagraíodh di a mheasúnú go cruinn.

Iarrann agus faigheann na Coimisinéirí Ioncain faisnéis ón mBTCP maidir le tionóntachtaí ar bhonn cás aonair amháin. Coisceann alt 127 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 an clár a nochtadh do dhuine nó chomhlacht ar bith agus níl sé tugtha cothrom le dáta chun ceanglais chlárúcháin alt 11 den Acht Airgeadais 2006 a léiriú. Tá reachtaíocht ag céim an choiste faoi láthair ionas go mbeifear in ann faisnéis a roinnt.

Luach na Faisnéise a Fhaightear a Uasmhéadú

Mar fhreagairt ar m'fhiosrúcháin ghinearálta maidir le luach na sonraí a fhaightear ó ghníomhaireachtaí eile Stáit ar íocaíochtaí cíosa maidir le tiarnaí talún a uasmhéadú chomh maith le luach na faisnéise gaolmhaire eile faoi scéimeanna éagsúla, rinne an tOifigeach Cuntasaíochta na pointí seo a leanas

- Chinn na Coimisinéirí Ioncaim ar bhearta áirithe chun rioscaí, nach gcomhlíonfaí na ceanglais, a bhainistiú tráth a bhfuil bonn na gcás á leathnú go gasta. Díriodh acmhainní ar na gcásanna inar tugadh fianaise le fios gurbh ansin a bheadh an riosca ba mhó ó thaobh imghabhála cánach de.
- D'fhág sé seo gur bunaíodh rangú ríomhairithe riosca i leith daoine féinfhostaithe agus corparáidí - REAP.
- Táthar díreach tar éis REAP a chur i gcrích den cheathrú huair.
- Tá REAP á bhreisiú anois agus sonraí ó thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim féin agus ó fhoinsí tríú páirtithe á gcur leis. Tá faisnéis maidir le cúrsaí cíosa ina cuid den phróiseas seo agus is tosaíocht é. Cuireadh sonraí meaitseáilte ón scéim um chóiríocht ar cíos san áireamh an uair dheireanach ar ritheadh an córas maidir le rioscaí.
- Maidir le cásanna neamh-mheaitseáilte, is éard atá faoi na Coimisinéirí Ioncaim ná údarás dlíthiúil a lorg le haitheantóirí cánach a éileamh ar na tuairisceáin is luachmhaire - sa chás nach gcuireann ceanglas den sórt sin ualach míréasúnach nó díréireach ar an soláthraí. Aithneoidh an próiseas atá ar siúl anois, maidir le meastóireacht a dhéanamh ar gach tuairisceán tríú páirtí i bhfianaise an méid a d'fhéadfaidís a chur le REAP, nó le hidirghabháil eile a bhíonn á stiúradh ag córais, na tuairisceáin is luachmhaire. Idir an dá linn, is féidir na cásanna neamh-mheaitseáilte is suntasaí a scagadh agus a mheaitseáil agus próisis fhadbhunaithe láimhe á n-úsáid. Tá faoi na Coimisinéirí Ioncaim breathnú ar bhealaí níos córasaí leis seo a dhéanamh as seo go ceann an chéad chúpla bliain eile.
- Bhain dhá phíosa reachtaíochta a cruthaíodh le déanaí a bhaineann le todhchaí an tsoláthair agus na próiseála faisnéise tríú páirtí. Is é an chéad cheann díobh seo ná Alt 125 den Acht Airgeadais 2006 ar reachtaíocht chumasúcháin atá ann le haghaidh íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh ag nó trí mheán institiúidí airgeadais, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, a thuairisciú go huathoibríoch, lena n-áirítear uimhir thagartha cánach a sholáthar i gcúinsí cuí. Beidh toiliú an Aire Airgeadais riachtanach le haghaidh rialachán faoin alt seo. Forálann Alt 123 den Acht Airgeadais 2007 go gceanglófar ar chomhlachtaí poiblí áirithe a dhéanann íocaíochtaí de chineál cíosa nó forlíonta cíosa, uimhir thagartha cánach an tiarna talún aa chur san áireamh agus tuairisceáin faisnéise á ndéanamh do na Coimisinéirí Ioncaim. Forálann an t-alt freisin gur féidir ceangal go gcaithfear raon leathan de thuairisceáin faisnéise tríú páirtithe (lena n-áirítear tuairisceáin chíosa ó ghníomhairí ligin) a sholáthar i bhformáid leictreonach arna sonrú ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- Teastaíonn córas ó na Coimisinéirí Ioncaim a gheobhaidh sonraí tríú páirtí i bhformáid a fhéadfar a úsáid go réidh.
- Ligfeadh an cur chuige seo do na Coimisinéirí Ioncaim rialacha agus scóir a chruthú timpeall na sonraí tríú páirtí is úsáidí i gcóras REAP.
- Bhi an tionscadal seo curtha san áireamh ina phlean gnó i gcomhair 2007 ag an Rannán um Beartais agus Mheastóireacht Oibriúcháin. Beifear fós ag seachadadh na straitéise seo in 2008 agus níos faide ar aghaidh.
- Is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an luach is mó a fháil as faisnéis tríú páirtí sa mhéid is go saibhríonn sé próifílí REAP nó gur féidir leis a bheith ina chuid de chlár chomhlíonta a bheidh éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, stiúrtha de réir córas agus bunaithe ar naisc ar cosúil iad a bheith ina mhí-mheaitseanna *vis-à-vis* a measúnaithe nó sonraí ÍMAT le haghaidh ioncaim nó gnóthachan aischurtha.

Caibidil 4

Oifig na nOibreacha Poiblí

4.1 Neamhréireachtaí ag Dhá Láithreán Oidhreacht

Cúlra

Bainistíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) 747 Láithreán Oidhreacht agus 19 maoín Stairiúil a mbíonn 89 díobh ar oscailt don phobal ar bhonn séasúrach nó bliantúil. Tá freagracht ar an Seirbhís Oidhreacht laistigh d'OOP as láithreáin oidhreacht foirgnithe a chaomhnú agus a chur i láthair agus as bealaí sábháilte a sholáthar don phobal le teacht orthu.

Gearrtar táille le dul isteach ar na láithreáin ag 50 ceann de na 89 láithreán. Sa bhliain 2006, thug breis is 2.2 milliún duine cuairt ar láithreáin oidhreacht a bhí faoi chúram fhoireann OOP. Seo a leanas an t-ioncam a gineadh de bharr táille isteach agus díolacháin le trí bliana anuas.

Tábla 25 Ioncam Láithreán Oidhreacht

	2006 €m	2005 €m	2004 €m
Táillí Isteach	5,274	4,307	4,118
Fáltais na dTionscnóirí Turas ²⁴	397	536	579
Cártaí Oidhreacht	370	397	361
Foilseacháin/Cártaí Poist	480	415	461
Iomlán	€6,521m	€5,655m	€5,519m

Ceanglaíonn nósanna imeachta OOP ar gach láithreán oidhreacht tuairisceán seachtainiúil a dhéanamh i leith a Rannáin um Sheirbhís do Chuariteoirí lena n-áirítear

- Mionsonraí an airgid thirim arna fháil le haghaidh táillí isteach agus díolacháin chártaí oidhreacht agus foilseachán
- Mionsonraí na dticéad a cuireadh ar ceal, cártaí oidhreacht a tugadh ar ais, srl.
- Cóip banc-stampáilte den ordú infhála arna réiteach leis an tuairisceán.

Traiseoltar an t-ordú infhála bunaidh chuig Rannán na gCuntas mar a dtaifeadtar mionsonraí sa mhórléabhar faoi Leithreasáí i gCabhair. Ceanglaítear ar an Rannán um Sheirbhís do Chuariteoirí a dhearbhu, ar bhonn seachtainiúil, mionsonraí na n-admhálacha bainc, faoi mar a thaifead Rannán na gCuntas iad, in éineacht leis na tuairisceáin sheachtainiúla ó na láithreáin éagsúla oidhreacht.

Neamhréireachtaí ag Dhá Láithreán

Sa chéad cheann de na cásanna seo, tháinig cúiseanna imní chun cinn maidir le feidhmiú na rialuithe den chéad uair i mí Iúil 2006 nuair a tháinig an Rannán um Sheirbhís do Chuariteoirí ar neamhréireachtaí idir na tuairisceáin sheachtainiúla agus na suimeanna airgid a taisceadh sa bhanc ag láithreán áirithe oidhreacht. Iarradh ar Aonad Iniúchta Inmheánaigh OOP na tuairisceáin a réiteach i gcoinne suimeanna airgid a thaisc an láithreán i gcomhair 2004, 2005 agus chomh fada le Meitheamh 2006. Bhí an láithreán ar

²⁴ Tugtar cuntas i bhfáltas na dtionscnóirí turas go lárnach agus níl siad ina gcuid d'fháltais oidhreacht áitiúla.

oscailt ar feadh 44 seachtain i rith an ama seo agus fuarthas neamhréireachtaí i gcás 25 de na seachtainí seo – ní dhearnadh aon suimeanna airgid a thaisceadh in 17 seachtaine díobh seo. Rinneadh amach gur tharla an chéad neamhríaltacht i mí Lúnasa 2004 agus, cé go bhfuil an tsuim atá ar iarraidh fós le déanamh amach ina hiomláine, measadh, go dtí seo, go raibh sé os cionn €11,000. Cuireadh an scéal in iúl don Gharda Síochána agus tá imscrúduithe ar siúl go leanúnach.

Sa dara cás, rinne láithreán eile oidhreacht a suim airgid, ar neamhghnách a méid, a thaisceadh i mí Dheireadh Fómhair 2006. D'fhág sé sin go raibh údar le himscrúdú toisc go raibh an ceanglas le tuairisceáin agus taiscí seachtainiúla curtha i bhfeidhm chun teacht roimh shuimeanna móra airgid a bheith á gcnadh agus na rioscaí don tslándáil, agus ó thaobh earráidí agus mídhílisithe a theorannú. Ba léir ón imscrúdú gurbh é a bhí sa tsuim a taisceadh ná fáлтаis a carnadh ó lár mhí Iúil 2006 go dtí lár mhí Mheáin Fómhair 2006 agus go raibh cúrsaí mar ba cheart. Thug grinnscrúdú ar thuairisceáin don láithreán seo, ag dul siar chomh fada le 2004, nuair a ghlac OOP na freagrachtaí áirithe oidhreacht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, le fios áfach go raibh fáлтаis, a bhí le taisceadh idir Iúil agus Nollaig 2005, suim €21,831 san iomlán, ar iarraidh. Tá an Garda Síochána ag imscrúdú na neamhríaltachta seo faoi láthair.

Téama coitianta a bhí ag teacht chun cinn as na cásanna seo ná teip suimeanna airgid a thaisceadh ar bhonn seachtainiúil de réir an cheanglais agus teip an Rannáin um Sheirbhís do Chuaiteoirí é seo a bhrath ar bhealach tráthúil.

De thoradh na dtarlúintí seo, d'fhostaigh Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhísí sainchomhairleora chun athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta maidir le hairgead tirim a láimhseáil. Díriodh an t-athbhreithniú ar na córais, nósanna imeachta, agus rialuithe a bhí mar bhonn is mar thaca ag an bpróiseas lena bhfáлтаis, nach raibh sonraisc ag gabháil leo, a láimhseáil agus a thabhairt i gcuntas. Bhí an tSeirbhís Oidhreacht agus oibriúcháin eile laistigh d'OOP san áireamh san athbhreithniú seo. Táthar ag gníomhú ar mholtaí an tsainchomhairleora faoi láthair, a thacaíonn go bunúsach leis na nósanna imeachta atá i réim faoi láthair, a fhorfheidhmiú.

Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar nósanna imeachta laistigh den tSeirbhís Oidhreacht freisin agus thug a thuairisc i mí Lúnasa 2006, agus 11 mholadh déanta aige. Ar na cúiseanna inní suntasacha a luadh bhí: teip na bainistíochta, le saincheistanna maidir le rioscaí a mheasúnú, a chur i gcrích agus ceadú deiridh a thabhairt ina leith; agus an teip le nósanna imeachta atá ann cheana féin a fhorfheidhmiú. Tugadh faoi deara freisin san athbhreithniú nach rabhtas ag scrúdú ach tuairisceáin sheachtainiúla i gcomhair 2006 agus nár scrúdáíodh tuairisceáin i gcomhair 2004 agus 2005. Moladh gur chóir go scrúdófaí tuairisceáin 2004/5 a luaithe agus is féidir.

Toisc go raibh mé buartha gur tháinig an mhoill maidir leis na cúblálacha a bhrath de thoradh na teipe le rialuithe agus nósanna imeachta a bhí ann cheana féin a fhorfheidhmiú, lorg mé tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta.

Freagairt Oifig na nOibreacha Poiblí

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur tugadh freagracht as gnéithe suntasacha den tSeirbhís Oidhreacht a bhainistiú, ar ais d'OOP ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i mí Bealtaine 2004. Bhí feidhmeanna áirithe eile leithdháilte ag an tráth sin ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta rud a d'fhág go raibh líon teoranta acmhainní le comhleanúnachas a chinntiú sna tascanna a bhí riachtanach. D'fhág an t-aistriú chuig OOP sa deireadh gur fágadh amach freagracht as gnéithe suntasachta de bheartais agus d'fheidhmeanna áirithe Oidhreacht ach go háirithe, lena n-áirítear Páirceanna Náisiúnta, Maoine áirithe Stairiúla, codanna d'Ailtireacht agus an tSeirbhís Seandálaíochta ar fad. San áireamh san aistriú deireanach chuig OOP bhí freagracht laethúil as bainistiú a dhéanamh ar líon mór láithreán Oidhreacht ar fud na tíre, lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar Sheirbhís na d'Treoirthe agus seirbhísí eile a sholáthar ag láithreáin ar leith atá san áireamh sa phunann.

D'fhág scoilteadh seo na feidhme Oidhreacht a gur lagaíodh an t-eolas corparáideach agus d'fhág atreorú daoine buntábhachtacha áirithe le taithí chuig Ranna agus réimsí eile gur cuireadh as go mór don leanúnachas foirne laistigh den tSeirbhís Oidhreacht. Dúirt sé go raibh sé deacair bainistíocht leanúnach chomhsheasmhach a bhaint amach i leith na feidhme sa phunann tríd síos toisc gur aistríodh na baill foirne a raibh níos mó taithí acu amach as an réimse nó gur atreoraíodh iad chuig feidhmeanna eile. Tá bearta curtha i bhfeidhm ó shin le leibhéil foirne sa Rannán um Sheirbhís do Chustaiméirí a mhéadú go suntasach ionas go mbeifear in ann na leibhéil chuí scrúdain agus rialaithe a fheidhmiú go comhsheasmhach agus mar is ceart.

Dúirt sé gur léir ó na scrúduithe inmheánacha agus seachtracha a rinneadh, nach raibh fabht bhunúsach sa nós imeachta féin le tuairisceáin ó láithreáin oidhreacht a thaifeadadh agus a sheiceáil agus gurbh é an nós imeachta sin a d'fhág gur braithheadh na haimhrialtachtaí.

Chuir sé leis sin á rá go raibh ceanglas ginearálta ann go seiceálfadh baill foirne, a bhíonn ag déileáil le tuairisceáin atá ag teacht isteach, na tuairisceáin a fhaightear i gcoinne liosta láithreán atá ar oscailt do chuairoteoirí le fírinne. Murar ndearna aon láithreán a bhí ar oscailt tuairisceán don tseachtain a bhí i gceist, ceanglaíodh ar an bhfoireann aird na bainistíochta a tharraingt air sin ionas go ngníomhódh siad ina leith.

B'údar sásaimh dó gur thacaigh na sainchomhairleoirí seachtracha le nósanna imeachta OOP atá i bhfeidhm anois, agus go ndearna siad é sin go neamhspleách, agus go raibh na nósanna imeachta seo neadaithe isteach ina gcuid den ghnáthchleachtas oibriúcháin laistigh den tSeirbhís Oidhreacht. Bhí sé sásta freisin go gcabhródh breisiú na n-acmhainní foirne, rud atá pleanáilte, agus clár oiliúna struchtúrtha atá le seachadadh, le córas níos láidre a chruthú chun na gníomhaíochtaí seo a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla.

Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh moltaí an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh curtha i ngníomh cheana féin nó á n-áireamh mar thosaíochtaí. Sholáthair sé tuairisc stádais i leith dul chun cinn maidir leis seo.

Caibidil 5

An tSeirbhís Phríosúin

5.1 Bainistíocht ar Shaoire Bhreiteachta i bPríosúin

Cúlra

I mo thuarascáil ar na Cuntais Leithghabhála do 2002, labhair mé faoi bhainistíocht agus faoin gcostas a bhaineann le Saoire Bhreiteachta i bPríosúin, ag tarraingt aird air gur tógadh 60,544 lá saor ar shaoire bhreiteachta sa bhliain 2002. Is ionann an figiúr seo agus 19 lá in aghaidh an Oifigigh Phríosúin a bhain leas as saoire bhreiteachta an bhliain sin, rud a chosain thart ar €8.6m i ragobair bhreise.

Breithniú agus Athleanúint na Ceiste

Bhreithnigh an Coiste um Chuntais Phoiblí an cás an 5 Feabhra 2004 agus tháinig an Coiste, ina Thuarascáil ó Mheitheamh 2005, ar na torthaí seo a leanas

- Díríonn staitisticí atá ar fáil ar mhí-úsáid a bhaineann foireann as pribhléidí saoire breiteachta
- Rinne an Roinn agus an tSeirbhís Phríosúin iarracht dhiongbháilte aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le saoire bhreiteachta
- Níl dóthain eolais ná taighde ag an seirbhís phríosúin maidir leis na cúiseanna a bhíonn le saoire bhreiteachta agus tá sí ag obair chun réiteach a fháil ar an scéal sin
- Rinneadh infheistíocht mhór i dteicneolaíocht na faisnéise, agus táthar ag súil go bhfeabhsóidh sé sin cáilíocht an eolais atá ag an lucht bainistíochta ar shaoire bhreiteachta agus ar bhainistíocht acmhainní daonna
- Gheobhadh athrú chuig córas uaireanta bliantúla réidh leis an ngné dreasachta den nasc atá idir saoire bhreiteachta agus ragobair.

Ba iad seo a leanas príomh-mholtaí ginearálta an Choiste

- ba chóir go ndéanfaí níos mó monatóireachta agus luachála ar na cúiseanna a bhíonn le saoire bhreiteachta sa tseirbhís phríosúin
- ba chóir dul i ngleic leis na fachtóirí a mbíonn leibhéal arda saoire breiteachta mar thoradh orthu i roinnt áiteanna.

Bhreithnigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na moltaí ina dhiaidh sin agus chuir an Roinn in iúl don Aire Airgeadais gur glacadh leis na príomh-mholtaí.

Scrúdú 2006

Le linn m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála 2006 thug mé ar aird go raibh an tsaoire bhreiteachta in aghaidh an Oifigigh Phríosúin ríofa ag an Seirbhís Phríosúin mar 26.36 lá ar an meán²⁵. I bhfianaise an mheatha mhóir is léir atá tagtha ar an gcás ó mo Thuarascáil don bhliain 2002 shocraigh mé tuilleadh

²⁵ Ullmhaíodh figiúirí do na blianta 1997 go dtí 2002 bunaithe ar líon na n-oifigeach a bhain leas as saoire bhreiteachta i ndáiríre sna blianta sin ach tá figiúirí na mblianta 2003-2006 a chuir an tSeirbhís Phríosúin ar fáil bunaithe ar an líon foirne a bhí ag fónamh ag deireadh na mblianta i gceist. Mar thoradh air sin déantar beagnach beag is fiú d'fhigiúirí 2003-2006 i gcomparáid leo sin do bhlianta roimhe sin.


scrúdaithe a dhéanamh ar an gceist. Ba iad cuspóirí an scrúdaithe a rinne mé sa bhliain 2006 ná fáil amach cad iad na hathruithe atá tarlaithe i dtaca leis an méid saoire bhreiteachta a tógadh agus mar a rinneadh bainistíocht air ó 2002 i leith. Bhí sé mar chuspóir agam freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a glacadh de bhun na dtorthaí ar tháinig mé orthu roimhe sin agus na cainteanna agus na moltaí a rinne an Coiste um Chuntais Phoiblí ina dhiaidh sin agus an freagra a thug an Roinn agus an tSeirbhís Phríosúin. Tá torthaí an iniúchta bunaithe ar an eolas a bailíodh trí anailís ar dhoiciméid, ceistiúchán iniúchta tosaigh, athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánacha, agus agallaimh le lucht ardbhainistíochta sa tSeirbhís Phríosúin.

Méadú i Leibhéal Foriomlán na Saoire Breiteachta ó 2002 i leith

Figiúr 3 an treocht i saoire bhreiteachta i bPríosúin le 15 bliana anuas. Tugann sonraí nuashonraithe ón tSeirbhís Phríosúin le fios gur tháinig méadú ar an leibhéal bliantúil de shaoire bhreiteachta ó 19 lá in aghaidh an bhaill foirne sa bhliain 2002 go dtí 26.36 lá sa bhliain 2006. Tharla an chuid is mó de sin idir 2003 agus 2004 nuair a tháinig méadú de bheagnach 25% ó 19.97 lá sa bhliain 2003 go dtí 24.98 lá sa bhliain 2004 ar shaoire bhreiteachta in aghaidh an bhaill foirne. Tháinig méadú ar iomlán na laethanta breiteachta ó 60,544 sa bhliain 2002 go dtí 82,580 sa bhliain 2006.

I measc na laethanta breiteachta a taifeadadh bhí laethanta scíthe a bhí ag titim laistigh de thréimhse saoire breiteachta agus ní léiríonn siad sin mar sin líon na laethanta oibre a cailleadh i ndáiríre. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin gur tháinig méadú ar líon na nOifigeach Príosúin ó thart ar 2,300 i 1992 go dtí beagnach 3,150 ag deireadh na bliana 2006.

Figiúr 3



Dúirt an tSeirbhís Phríosúin gur tuigeadh riamh anall gur chuir saoire bhreiteachta go mór leis an bhfadhb a bhí le ragobair sa tSeirbhís Phríosúin agus gur tugadh tús áite do chainteanna a thabhairt chun críche maidir le hathrú eagraíochta a chur i bhfeidhm agus fáil réidh le ragobair. Cé gur thuig an lucht ardbhainistíochta go raibh méadú leanúnach ag teacht ar shaoire bhreiteachta, ní dhearnadh aon anailís

ghrinn de bhrí go raibh an aird ar fad dírithe ar an bpróiseas athraithe a thabhairt chun críche go sásúil. B'fhéidir gur tharla an méadú mór sa bhliain 2004, i bpáirt, mar gheall ar na hiarrachtaí a rinneadh chun athrú radacach a thabhairt isteach de bhrí go raibh teannas ard sna príosúin agus go raibh an fhoireann á cur in oiriúint do na hathruithe a bhí ar tí tarlú. Comhlíonadh na rialacháin chaighdeánacha maidir le saoire bhreiteachta agus leanadh den úsáid a bhí á baint as smachtbhannaí a bhí ar fáil ach measadh go 'polaitiúil' nach raibh an t-am ceart chun cniogbheartaíocht dhiongbháilte a dhéanamh ar shaoire bhreiteachta.

Anailís ar Phatrúin Saoire Breiteachta de réir Áite

Níor tharla an méadú 25% ar laethanta breiteachta a tógadh idir 2003 agus 2004 ar fud na Seirbhíse Príosúin go huilíoch i bpríosúin éagsúla mar atá le feiceáil ó Tábla 26. Taispeánann príosúin áirithe ráta i bhfad níos airde de shaoire bhreiteachta a tógadh in aghaidh an oifigigh phríosúin a bhí fostaithe seachas daoine eile. Tharla feabhsúchán in Beladd, Ionad Oiliúna agus ar an gCurrach (ní príosún é sin níos mó ó Eanáir 2004). Mar sin féin, bhí meath le feiceáil i ngach príosún eile idir 3% i gCorcaigh, agus 18% i bPríosún Mhuinseo (áit ar tógadh an líon is mó laethanta breiteachta), agus 208% sa tSeirbhís Foirgníochta. Bhí na príosúin a bhí ag taispeáint treochtaí breiteachta os cionn an mheáin *m.sh.* Corcaigh agus Luimneach, sa staid chéanna sin nuair a rinneadh scrúdú 2002.

Tábla 26 Anailís ar Phatrúin Athraitheacha de Shaoire Bhreiteachta de réir Príosúin 2003 - 2006

Príosún	2003		2004		% Athrú in aghaidh an duine 2004/ 2003	2005		2006	
	Iomlán na Lae- thanta Breoi- teachta Oifigigh	Lae- thanta Breoi- teachta in aghaidh an Oifigigh	Iomlán na Lae- thanta Breoi- teachta Oifigigh	Lae- thanta Breoi- teachta in aghaidh an Oifigigh		Iomlán na Lae- thanta Breoi- teachta Oifigigh	Lae- thanta Breoi- teachta in aghaidh an Oifigigh	Iomlán na Lae- thanta Breoi- teachta Oifigigh	Lae- thanta Breoi- teachta in aghaidh an Oifigigh
An Currach	1,002	14.31	20	1.82	-87%	0	0	0	0
Beladd	28	7.0	71	5.92	-15%	10	0.83	124	10.33
An tAonad Oilúna	2,084	28.16	1,938	26.55	-6%	2,260	31.39	2,068	28.72
Cór Tionlacain na Seirbhíse Príosúin	0	0	0	0	0%	42	0.58	2,805	17.92
Corcaigh	6,675	30.07	8,069	30.92	3%	10,127	38.22	9,293	40.58
Gort na Cruithneachta	6,524	20.61	6,749	21.56	5%	7,308	23.27	7,435	24.42
An Caisleán Riabhach	3,813	23.68	4,199	25.92	9%	3,691	23.66	4,120	25.83
Port Laoise	7,577	23.68	8,321	27.10	14%	8,953	29.55	10,533	35.71
Muinseo	10,332	20.83	12,486	24.60	18%	11,765	24.18	10,867	21.71
Cnoc an Arbhair	1,718	14.26	2,054	17.86	25%	2,555	22.61	2,688	24.44
Lár Tíre	5,914	17.76	8,773	22.58	27%	8,892	26.08	6,584	19.14
Loughan Hse	672	15.27	877	20.40	34%	1,007	22.89	521	11.33
Luimneach	4,560	23.57	7,249	33.25	41%	7,643	35.88	7,601	35.35
Cnoc na Seimre	6,043	15.72	8,432	22.88	46%	7,751	22.08	7,030	20.62
Institiúid Naomh Pádraig	2,864	15.74	4,309	24.28	54%	4,783	25.99	5,947	30.04
Príosún Ban Mhuinseo	1,285	15.21	2,204	24.76	63%	3,128	35.75	3,581	39.79
Teach na gCanónach	447	10.90	995	27.26	150%	1,342	33.55	1,049	23.84
Fort Mitchell	1,473	15.67	531	40.85	161%	0	0	0	0
Seirbhísí Foirgníochta	219	8.76	648	27.00	208%	246	10.70	334	20.88
Iomlán	63,230	19.97	77,925	24.98	25%	81,503	26.48	82,580	26.36

Uaireanta Bliantúla a Thabhairt Isteach sa bhliain 2005

Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur tharla athrú ollmhór ar chleachtais oibre sa tSeirbhís Phríosúin mar thoradh ar an moladh maidir le hAthrú Eagraíochta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann 2005, a pléadh idir Cumann na nOifigeach Príosúin (COP) agus an tSeirbhís Phríosúin, le cúnamh ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus Bord Eadrána na Státseirbhíse.

Ghlac foireann an phríosúin leis an moladh i mí Lúnasa 2005 agus bhí sé i mbun oibre i ngach institiúid faoi mhí Feabhra 2006, agus cur i bhfeidhm céimneach chóras na n-uaireanta bliantúla. Tá sé mar aidhm ag an margadh deireadh a chur leis an gcultúr ragoibre i measc foirne príosúin. Tá an córas tinrimh nua uaireanta breise tagtha in áit ragobair anois, a bhí ag a bhuaicphointe de 2.1 milliún uair an chloig ag costas

€59.3m sa bhliain 2002. Is é cuspóir na socruithe nua ná an seanchultúr ragoibre tráth a mbíodh daoine ag obair an oiread uaireanta is a d'fhéadfaidís a aisiompú agus córas oibre "cliste" a thabhairt isteach. Bíonn foireann anois ar conradh ar feadh líon sainithe d'uaireanta breise nach féidir a shárú in aon bhliain ar bith.

In áit an ragobair ar cailleadh amach air, íocadh bónas de thart ar €13,000 in aghaidh an oifigigh le gach oifigeach príosúin thar tréimhse trí bliana. I ndiaidh cinnidh de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i mí Dheireadh Fómhair 2005 rinneadh an íocaíocht chéad chéime le foireann a bhí ar saoire bhreiteachta fhadtéarmach. Socraíodh freisin an íocaíocht chéad chéime a dhéanamh le foireann a bhí ar fionraí, sa chás go bhfillfidís ar an obair agus nuair a d'fhillfidís.

Roimhe seo, bhíodh an tOifigeach in ann an costas a bhaineadh le saoire bhreiteachta a ghlacadh a fháil ar ais trí ragobair a dhéanamh; ní amhlaidh an cás níos mó. Faoi gcóras uaireanta bliantúla, má theipeann ar oifigeach glaoch isteach nuair a bhí sé curtha síos le haghaidh dualgas uaireanta breise, asbhaintear na huaireanta breise a bhí ag dul don oifigeach sin. Ní bhíonn aon deis ag an oifigeach na huaireanta sin a oibriú arís ná íocaíocht a fháil orthu níos déanaí. Is in imthosca maolaitheacha eisceachtúla amháin (.i. timpiste ar an mbealach chun na hoibre) ar féidir an deis a thabhairt don oifigeach lá malartach a ainmniú, ionas nach gcaillfidh sé/sí airgead dá bharr.

Is éard a bhí i gceist leis an athrú chuig córas uaireanta bliantúla ná fáil réidh leis an ngné dreasachta a bhain leis an nasc idir saoire bhreiteachta agus ragobair. Thug an Roinn, ina freagra ar thuarscáil an Choiste um Chuntais Phoiblí le fios go bhfuil bonn tuisceana de laghdú 33% ar shaoire bhreiteachta curtha isteach mar chuid den chóras nua.

Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúcháin, mhínigh an tSeirbhís Phríosúin gur glacadh leis an mbonn tuisceana de thitim 33% ar shaoire bhreiteachta mar sprioc réasúnta agus aird ar an taithí a bhí ar uaireanta bliantúla i bpoist eile agus ag glacadh le gnéithe sainiúla fhostaíocht na Seirbhíse Príosúin. Cé nár soláthraíodh smachtbhannaí sainiúla sa chás go dteipfí an laghdú de 33% a bhaint amach, bhí foráil ann chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmiú na socruithe nua agus bhí sé faoi bhainistíocht na Seirbhíse Príosúin an cheist a ardú agus beart a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt air. Dá dteipfí an laghdú a rabhthas ag súil leis i saoire bhreiteachta a bhaint amach bheadh tionchar aige seo go príomha ar an bhfoireann de bhrí go gcaithfidh siadsan clúdach a fháil óna leithroinnt uaireanta breise. Is é an éifeacht iomlán a bheidh ag drochthinreamh ná go gcaithfidh an fhoireann níos mó agus níos mó dá gcuid uaireanta breise a chaitheamh ag obair agus ní bhainfear amach an 'díscriobh' (.i. íocaíochtaí as uaireanta nár oibríodh atá mar ghné shainiúil den chóras uaireanta bliantúla). Is í an chúis imní is mó a bhí ar an mbainistíocht maidir le huaireanta breise ná nach sárófar buiséid aontaithe agus go bhfuil mbeidh dóthain saoire tugtha lena chinntiú nach dtarlaíonn sé seo.

Tá na coigiltis a bhain leis an laghdú 33% a rabhthas ag súil leis curtha san áireamh sna coigiltis a bhfuiltear ag súil leo ó fheidhmiú an chórais uaireanta bliantúla a éiríonn as cur i bhfeidhm buiséid de 1 mhilliún uaireanta breise in áit 2.1 milliún uaireanta ragoibre a úsáideadh sa bhliain 2003.

Bearta Eile chun an Leibhéal Saoire Breiteachta a Laghdú

Thug m'iniúchadh na tionscnaimh seo a leanas ar aird, b'fhéidir a thabharfadh cúnamh leis an méid saoire breiteachta a laghdú sa mheántearma

- Ceapadh Síceolaí Sinsearach chun oibriú le foireann an phríosúin i mí Eanáir 2006
- Bíonn cruinnithe ráithiúla le Gobharnóirí chun bearta a bheidh le glacadh a phlé maidir leis na cásanna atá aitheanta i dtuarascálacha bainistíochta foirne a bhfuil leibhéal ard saoire breiteachta deimhnithe nó neamhdheimhnithe acu
- Glacadh Beartas Frithchiaptha, Gnéaschiaptha agus Bulaíochta don tSeirbhís Phríosúin i mí an Mhárta 2007

- Táthar i mbun oiliúint a chur ar bhainisteoirí líne i láthair na huaire chun tacú leo sin atá freagrach as na Rialacha Príosúin (Cód Disciplíneach d'Oifigigh), 1996 a chur i bhfeidhm chun cuidiú le bainistíocht níos éifeachtaí agus níos treoraithe ar an bhfoireann
- Ceapadh Príomh-Oifigeach Leasa i mí Aibreáin 2007 ag féachaint le Clár Cúnaimh Fostaithe a fhorbairt.

Chuir an tSeirbhís Phríosúin sonraí ar fáil mar seo a leanas de bhearta breise a ghlacfar

- Spreagtar gobharnóirí chun agallaimh maidir le filleadh ar an obair a dhéanamh lena chinntiú go nglactar na céimeanna cuí trí thacaíocht nó smachtbhannaí. Tá siad sin ar bun i roinnt príosún faoi láthair. Tá Rannóg AD na bPríosún ag obair le Gobharnóirí ar phrótacal saoire breoiteachta lena chinntiú go mbíonn dearcadh comónta ann maidir le saoire bhreoiteachta a bhainistiú ag an leibhéal áitiúil, agus chun rialúcháin a thabhairt isteach lena chinntiú go gcomhlíontar an prótacal.
- Tá an lucht bainistíochta ag obair i dtreo feidhmiú níos comhsheasmhaí ar na horduithe disciplíneacha atá ar fáil chun neamhláithreachas a rialú. Tugtar foláireamh dian go minic d'oifigigh faoin éifeacht a bheidh le hiomarca saoire breoiteachta a ghlacadh nó le mí-úsáid a bhaint as an gcóras saoire breoiteachta. Bhí 132 oifigeach ar an Sceideal de Shaoire gan Phá suas go dtí deireadh mhí Aibreáin 2007, bhí sé d'adh ar 94 oifigeach iocaíocht as saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe a aistarraingt agus eisíodh fógra chuig 14 oifigeach go rabhthas á mbreithniú le dífhostú. I measc na smachtbhannaí eile a gearradh cuireadh incrimintí ar athló agus cuireadh oifigigh as an áireamh le haghaidh ardú céime a fháil. Dífhostaíodh oifigeach amháin le gairid agus foirceannadh promhadh roinnt oifigeach eile.
- Bhí comhairliúcháin ag leanúint leis an Roinn Airgeadais, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus le hOifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil maidir le hAonad Sláinte Ceirde a bhunú a bheadh tiomnaithe do riachtanais ceirde áirithe na foirne príosúin.

Staitisticí Saoire Breoiteachta le haghaidh mí Eanáir - mí Aibreáin 2007

Chuir an tSeirbhís Phríosúin staitisticí saoire breoiteachta ar fáil dom don tréimhse ceithre mhí ó Eanáir go Aibreán 2007, mar aon le heolas den chineál céanna don tréimhse chéanna sa bhliain 2006. Tá na sonraí le feiceáil i dTábla 27. Tá iomlán na laethanta breoiteachta do na chéad cheithre mhí de 2007 mar a thuairiscigh an SPÉ tite go dtí 22,765 ón bhfigiúr coibhéiseach de 24,893 do 2006. Thit na laethanta breoiteachta ar an meán in aghaidh an oifigigh do na cheithre mhí sin ó 7.99 go dtí 7.17 .i. níos mó ná 10%. Dar leis an tSeirbhís Phríosúin gur tharla an feabhas mar gheall ar a bheith níos airdealláí ó thaobh dul i ngleic le neamhláithreachas chomh maith leis an gcóras uaireanta breise a bheith leabaithe isteach. Tharla an laghdú ar saoire bhreoiteachta sách tapa sna hinstitiúidí oscailte agus sna príosúin bheaga áit ar tugadh na socrúithe nua isteach den chéad uair. Cé gur thóg sé níos faide ar an gcóras tionchar dearfach a bheith aige sna hinstitiúidí móra, ba léir mar sin féin go raibh feabhas ag teacht ar chúrsaí iontu. Measann an tSeirbhís Phríosúin nach mbeidh éifeacht iomlán an chórais nua le feiceáil go hiomlán go dtí deireadh na dara bliana feidhmíochta i mí Feabhra 2008. Tá sé tuartha ag an Seirbhís go dtitfidh laethanta saoire breoiteachta bliantúla, per capita, chomh fada le 22.92 lá in aghaidh an duine sa bhliain 2007.

Tábla 27 Comparáid idir Saoire Bhreiteachta i bPríosúin don tréimhse Ean-Aib 2006 agus Ean-Aib 2007

Príosún	Ean-Aib 2006		Ean-Aib 2007		% Éagsúlacht i Laethanta Breiteachta in aghaidh an Oifigh
	Iomlán na Laethanta Breiteachta	Laethanta Breiteachta in aghaidh an Oifigh	Iomlán na Laethanta Breiteachta	Laethanta Breiteachta in aghaidh an Oifigh	
Cnoc an Arbhair	773	6.90	630	5.58	-19.22
Beladd	33	1.14	24	0.43	-62.34
Rannán na Seirbhísí Foirgníochta	73	3.17	34	2.00	-36.99
An Caisleán Riabhach	1,276	8.13	1,100	6.83	-15.93
Cnoc na Seimre	2,260	6.67	1,703	4.99	-25.09
Corcaigh	2,995	13.02	2,244	9.76	-25.08
Luimneach	1,967	9.23	2,234	10.25	+10.97
Loughan House	282	6.71	124	2.70	-59.85
Lár Tíre	2,174	6.39	2,050	5.91	-7.61
Muinseo	3,308	6.92	2,990	6.02	-13.07
Príosún Ban Mhuinseo	838	9.52	1,143	12.84	+34.86
Port Laoise	2,916	9.72	2,418	8.03	-17.35
Cór Tionlacain na Seirbhíse Príosúin	595	4.25	1,169	7.64	+79.78
Teach na gCanónach	345	8.21	236	5.76	-29.93
Institiúid Naomh Pádraig	1,690	8.67	1,535	7.83	-9.64
An tAonad Oiliúna	653	8.95	534	7.42	-17.09
Gort na Cruithneachta	2,715	8.59	2,597	8.80	+2.46
Iomlán Foriomlán	24,893	7.99	22,765	7.17	-10.16

Gabháil agus Bainistíocht Sonraí

Nuair a thug mé tuairisc ar bhainistíocht saoire breiteachta don bhliain 2002, gabhadh agus rinneadh bainistíocht ar shonraí ag baint úsáide as córas AD neamh-chomhtháite. I gcomhthéacs na gcainteanna agus na bhfreagraí ar mo thuairisc don bhliain 2002 dúirt an tSeirbhís Phríosúin

“..rinneamar infheistíocht an-mhaith i dteicneolaíocht na faisnéise, lena n-áirítear córas riombairithe le haghaidh ama agus tinrimh atá i bhfeidhm i ngach ceann dá gcuid institiúidí. Tá córas taifeadta maith againn agus táimid ag tosú ag baint buntáiste as an gcóras anois²⁶.”

Fuair an Coiste um Chuntais Phoiblí amach go ndearnadh infheistíocht mhór i dteicneolaíocht na faisnéise agus bhíodhas ag súil go gcuirfeadh sé sin feabhas ar cháilíocht an eolais don lucht bainistíochta maidir le saoire bhreiteachta agus bainistíocht acmhainní daonna.

²⁶ Cruinniú an Choiste um Chuntais Phoiblí an 5 Feabhra 2004.

Thug mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2004²⁷ faoi deara nár cuireadh an córas nua CBAD (Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna) i bhfeidhm go sásúil sa tSeirbhís Phríósúin agus tógadh cinneadh dul ar ais chuig córas DataEase a bhí in úsáid roimhe sin. Feidhmítear an córas seo go neamhspleách i 17 n-áit éagsúla ar fud na tíre. Caitheann úsáideoirí aonair ag gach príósún na cúiseanna a bhíonn le saoire bhreitheachta a chur isteach sa chóras agus ní féidir ach tuairiscí a chur le chéile ar oifigigh aonair. Ní chuireann Ceannteathrú na Seirbhíse Príósúin tuairiscí bainistíochta a choimreacha le chéile a dhéanann anailís ar na cúiseanna a bhíonn le saoire bhreitheachta ar fud na Seirbhíse Príósúin.

Le linn dom dul ar ais chuig an gceist a bhaineann leis an méid saoire bhreitheachta a tharlaíonn agus conas a dhéantar bainistíocht air, thug mé faoi deara gur fostaíodh comhairleoirí i mí na Nollag 2005 chun anailís a dhéanamh ar an bpróiseas gnó AD agus chun sainmhíniú a thabhairt ar na riachtanais a bhí ann le haghaidh Córas Faisnéise Acmhainní Daonna (CFAD). Thuairiscigh na comhairleoirí i mí Aibreáin 2006 go raibh gá soiléir an córas AD reatha a uasghrádú agus ba í an phríomhcheist a bhí ann ná an rogha ab fhearr a chomhlíonfadh riachtanais na Seirbhíse Príósúin.

Ina freagra, dheimhnigh an tSeirbhís Phríósúin go ndearnadh infheistíocht agus feabhsúchán ollmhór i gcórais faisnéise bainistíochta le roinnt blianta anuas lena n-áirítear

- Córas Ama agus Tinrimh a thaifeadann patrúin tinrimh agus oibre na foirne ar fad i bpríósúin suas go dtí an Leas-Ghobharnóir agus é sin san áireamh, agus tá ríomh na n-uaireanta a oibríodh uathoibrithe, chomh maith le tuairiscí, agus cuireadh sonraí isteach sa phróiseas párolla
- Córas Taifead agus Faisnéise na bPríósúnach ag soláthar sonraí déimeagrafacha na bpríósúnach agus rochtain ar thaifid don chóras príósúin iomlán agus éascaíocht aistrithe a éascú
- Córas Taifead Leighis na bPríósúnach a thugann léargas iomlán ar stair leighis na bpríósúnach lena n-áirítear coinní, athbheithnithe agus cóir leighis.

Rinne na comhairleoirí imscrúdú ar na córais AD atá ann cheana, lena n-áirítear DataEase, Am agus Tinreamh, Corepay agus Lotus Notes. I measc na ndeacrachtaí a tugadh faoi deara i dtuarascáil mhí Aibreáin 2006 bhí an leibhéal íseal comhtháthaithe idir na córais agus an méid idirghabhála láimhe a theastaigh chun sonraí a aistriú idir na córais. Tugadh easnaimh áirithe faoi deara sa chóras DataEase i dtéarmaí rialúcháin, nósanna imeachta agus tuairiscí bainistíochta a chur le chéile. I measc na moltaí a rinneadh bhí an gá a bhí le próisis a éascú, an córas Ama agus Tinrimh a lárú agus cur chuige feidhmiúcháin chéimithe.

Cuireadh moill ina dhiaidh sin le tuarascáil na gcomhairleoirí a athleanúint de bharr roinnt athruithe suntasacha a tharla agus go háirithe an próiseas dláráithe leanúnach agus athrúchán mór ar an bhfoireann ag gach leibhéal mar gheall air sin. Táthar i mbun imscrúdaithe faoi láthair, mar chéad chéim, ar shaincheistanna bainistíochta agus tuairiscithe neamhláithreachais chomh maith leis an gceist a bhaineann le córas nua a chur in áit an chórais DataEase. Táthar ag leanúint le comhairliúcháin le forbróirí an chórais.

Tá tiomantas sainiúil i bplean gníomhaíochta na Seirbhíse Príósúin faoi *I dTreo 2016* chun CBAD nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus tús a chur lena chur i bhfeidhm céimneach ar fud na bpríósúin i mí Iúil 2008.

Monatóireacht agus Measúnú a dhéanamh ar na Cúiseanna Bunúsacha a bhíonn le Saoire Bhreitheachta

Thuig an Roinn go raibh sé riachtanach taighde a dhéanamh ar na cúiseanna bunúsacha a bhíonn le saoire bhreitheachta agus le neamhláithreachas. D'fhiosraigh mé cén fáth gur beag an dul chun cinn atá déanta

²⁷ Leathanach 49 de Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2004.

maidir leis an gceist seo ó 2002 i leith, agus cibé ar tharla aon athruithe móra sna fachtóirí leighis a mbíonn saoire bhreiteachta mar thoradh orthu ón dáta sin i gcomparáid leo sin a tuairiscíodh don tréimhse 2000-2002 nó nár tharla.²⁸

Dúirt an tSeirbhís Phríosúin nár tugadh tús áite do thaighde sa tréimhse a bhí faoi athbhreithniú mar gheall ar an bhfócas a bhí ar chainteanna agus ar fhorfheidhmiúchán na socruithe nua oibre. Measadh gur chóir deis a thabhairt don chóras nua socrú síos sula dtabharfaí faoin taighde a bhí i gceist. Mar sin féin, chuir an tSeirbhís Phríosúin coimisiúnú an taighde seo isteach mar phríomh thiomantas ina Plean Gníomhaíochta faoin gComhaontú Náisiúnta reatha *I dTreó 2016*. Bhí an obair ar tí dul chun tairisceana chuig comhairleoirí chun tabhairt faoin tionscadal.

Beidh sé mar aidhm ag an taighde neamhláithreachas a imscrúdú ag díriú ar na cúiseanna a bhí le saoire bhreiteachta ar fud gach institiúide, patrúin neamhláithreachais, díobhálacha le linn dualgaís, an cineál timpeallachta oibre, agus na héifeachtaí a bhíonn ag sealobair. Díreoidh sé freisin ar chomparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh le príosúin in áiteanna eile. Samhlaítear go dtabharfaidh an taighde treoir níos fearr don bhainistíocht maidir le conas dul i ngleic agus bainistíocht a dhéanamh ar neamhláithreachas le fócas ar chosc, idirghabhálacha sláinte ceirde, córais réamhrabhaidh agus ar staitisticí a bhailiú.

Maidir le hathruithe ó 2002 i leith sna gnéithe a bhíonn mar shiocair ag saoire bhreiteachta, dúradh liom nach raibh aon sonraí ar leith ar fáil de bhrí nach raibh sé de chumas ag an gcóras DataEase tuairiscí a chur le chéile ag aithint na gcúiseanna a bhíonn le neamhláithreachas. Gné eile ab ea gur taifeadadh roinnt neamhláithreachtaí mar 'gan aon chúis luaite'. Mar sin féin, dúradh gur tugadh faoi deara méadú ar líon na neamhláithreachtaí a luaigh cineálacha struis mar chúis leis an neamhláithreachas.

An Costas a bhaineann le Saoire Bhreiteachta

Bíonn costais dhíreacha agus indíreacha ag baint le neamhláithreachtaí ar shaoire bhreiteachta. Cuimsíonn costais dhíreacha na híocaíochtaí a déantar le hoifigigh aonair nuair a bhíonn siad as láthair ar shaoire bhreiteachta. Cuimsíonn costais indíreacha íocaíochtaí breise a déantar le hoifigigh a thugann faoi dhualgaís a gcuid comhghleacaithe a bhíonn as láthair. Lorg mé eolas ar na costais dhíreacha agus indíreacha seo do na blianta 2002 go dtí 2006 agus roinnt sonraí gaolmhara. Thug mé faoi deara freisin gur tháinig méadú ó 63,230 lá go dtí 77,925 lá go dtí 81,503 lá ar líon iomlán na laethanta breiteachta sa chóras príosúin thar na mblianta 2003 go dtí 2005, thit líon na laethanta a bhí á gclúdach ag ragobair ó 41% (2003) go dtí 33% (2004) go dtí 31% (2005).

Dúirt an tSeirbhís Phríosúin nach raibh miondealú d'íocaíochtaí a rinneadh le hoifigigh, nuair a bhí siad as láthair ar shaoire bhreiteachta, ar fáil. Ní raibh figiúirí ragoibre ná laethanta ragoibre de bharr saoire breiteachta ar fáil do 2006 mar gheall gur cuireadh tús leis an gcóras uaireanta bliantúla i mí na Samhna 2005. Maidir leis an laghdú ar líon na laethanta a cúitíodh trí ragobair idir 2003 agus 2005, dúradh gur chóir smaoineamh air seo i gcomhthéacs na gcainteanna a bhí ag dul ar aghaidh thar an tréimhse sin. D'fheidhmigh an tSeirbhís Phríosúin den chuid is mó ar leibhéal ragoibre níos mó suas go dtí 2003 nuair a bhí an caiteachas bliantúil ar ragobair ag thart ar €59m. Rinneadh iarrachtaí diongbháilte le linn na gcainteanna an caiteachas ar ragobair a laghdú trí bhuiséid a bhí rialaithe go docht a thabhairt isteach agus laghdaíodh ragobair go mór sna blianta 2004 agus 2005. D'fhoneo maireachtáil laistigh de na buiséid leithroinnte, bhí dualgas ar Ghobharnóirí ciorruithe móra a dhéanamh, ina measc gan foireann eile a chur ag obair in áit foirne a bhí as láthair. Ar ndóigh bhí seirbhísí thíos leis mar gheall air sin. Aithníodh nach bhféadfaí leanúint lena leithéid de chóras agus go gcaithfí an t-athrú eagraíochta riachtanach a chur i bhfeidhm.

²⁸ Féach Tábla 4.5 de mo Thuarascáil Bhliantúil 2002.

Freagra Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go gcaithfear féachaint ar aon scrúdú ar shaoire bhreiteachta, nó go deimhin ar aon ghné eile de bhainistiocht na Seirbhíse Príosúin don tréimhse lena mbaineann, i gcomhthéacs na n-imthosca áirithe ina raibh an tSeirbhís ag feidhmiú ag an am sin. Ní raibh an tSeirbhís Phríosúin ach tar éis teacht ar an bhfód sa bhliain 2002. Tharla próiseas díláraithe idir 2001 agus 2002 chuig ceanncheathrú nua corparáideach don tSeirbhís i gCluain Dolcáin. Ní cóir beag is fiú a dhéanamh den athrúchán ollmhór a tharla ar an bhfoireann sa cheanncheathrú ná den tionchar a bhí ag na hathruithe go léir lena n-áirítear athruithe i lucht pearsanra.

Dúirt sé nuair a bhí an eagraíocht á bunú ag an am, go raibh tús áite á tabhairt le dul i ngleic leis an bhfadhb mhór a bhain le costais ragoibre a bhí ag dul i méid, lena n-áirítear an costas a bhain le foireann a chur in áit foireann a bhí ar shaoire bhreiteachta. Tuigeadh i gcónaí go raibh saoire bhreiteachta ag cur go mór leis an bhfadhb a bhí le ragobair ag glacadh leis go gcaitear neamhláithreachtaí i bpríosún ar bith a chlúdach. Ag an am, glacadh le ragobair mar bhealach chun an clúdach sin a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, bhí an leibhéal ard ragoibre ag cur go mór leis an bhfadhb a bhain le leibhéil arda saoire breiteachta. Bhí gnéithe eile, ar ndóigh, a chuir leis na leibhéil arda ragoibre a bhí ann ag an am ach ba léir do chách an ceangal soiléir a bhí idir saoire bhreiteachta agus an iomarca ragoibre sa tSeirbhís Phríosúin. Bheadh sé riachtanach an gnás sin a bhriseadh chun feabhas a chur ar chúrsaí.

Dúirt sé go raibh foireann athraithe curtha i bhfeidhm laistigh den Stiúrthóireacht AD ag an Seirbhís Phríosúin chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhain le ragobair. Bhí an próiseas fadaithe agus casta thar aon ní eile sa tSeirbhís ó 2001 go dtí 2005 tráth ar thángthas ar chomhaontú maidir le hathrú eagraíochta cuimsitheach ar Thaobh na Foirne. Tá an comhaontú curtha i bhfeidhm go sásúil anois, agus tá líon na n-uaireanta tinrimh breise a theastaíonn chun an tSeirbhís a chomhlíonadh laghdaithe go dtí níos mó ná leath .i. ó 2.1 milliún uaireanta ragoibre go dtí níos lú ná 1 milliún uaireanta breise. Mar gheall air seo, táthar ag sábháil suas le €30m in aghaidh na bliana anois.

Thug sé le fios gur chas an tSeirbhís Phríosúin le roinnt fiontar a chuir an coincheap de na huaireanta bliantúla i bhfeidhm go sásúil agus deimhníodh dó gur tháinig titim thar cuimse ar leibhéil saoire breiteachta, cuid acu chomh mór le 50%. Bhí laghdú 33% i saoire bhreiteachta feicthe ag an Seirbhís Phríosúin mar sprioc réasúnach nuair a bhíodas ag leagan síos buiséad uaireanta breise inmharthanach do thinreamh breise faoin gcóras nua. Tugadh isteach an córas thar tréimhse sé mhí ó Mheán Fómhair 2005 go dtí Feabhra 2006, agus tá an córas i bhfeidhm ag na príosúin go léir le beagnach 18 mí anois. Tar éis roinnt fadhbanna ag an tús ar fad tá an córas ag obair go maith anois agus laistigh de na teorainneacha buiséadacha comhaontaithe.

Rinneadh iarracht mhór saoire bhreiteachta a laghdú trí raon beart ag an am céanna ar tugadh isteach na socruithe nua. Dúirt sé cé nárbh léir sa bhliain 2006 an tionchar a bhí acu sin ar shaoire bhreiteachta, go mba léir go raibh feabhsúcháin mhór déanta sna chéad ceithre mhí de 2007.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta le linn thréimhse na gcainteanna, gurbh éigean aird a dhíriú ar na deacrachtaí a bhain leis an bpróiseas cainteanna seachas aird a dhíriú ar an méid saoire breiteachta aonair nó institiúideach a bhí ag tarlú. Ina theannta sin, bhí ráta athrúcháin de 85% i measc fhoireann cheanncheathrú na Seirbhíse Príosúin le dhá bhliain anuas, rud a tharla mar gheall ar dílárú na Seirbhíse Príosúin go dtí Longfort.

Dúirt sé de bhrí nach raibh CBAD ceart ann gur chuir sé sin leis na deacrachtaí ó thaobh saoire bhreiteachta a bhainistiú. Iarradh ar an tSeirbhís Phríosúin an CBAD ginearálta nár chomhlíon riachtanais oibríochta na bpríosún a ghlacadh, agus go háirithe taifeadadh saoire breiteachta i measc na nOifigeach Príosúin. I ndiaidh an chinnidh a rinneadh i mí na Nollag 2004 dul ar ais ar an seanchóras DataEase, bhí gá é a nuashonrú le sonraí nach raibh curtha isteach míonna roimhe sin, rud a raibh tionchar aige ar fhigiúr cruinn a bheith ar fáil i gcás neamhláithreachtaí don tréimhse idir an dá linn.

Táthar i mbun scrúdaithe faoi láthair ar roinnt roghanna do chóras faisnéise acmhainní daonna, agus déanfar cinneadh go luath maidir leo sin.

Mheas sé go raibh aghaidh tugtha ar an bhfadhb a bhí le saoire bhreiteachta ag an mbun ar fad - an córas ragoibre díobhálach. Bhí aontú ann maidir le clár athraithe ollmhór, agus bhí saoire bhreiteachta laghdaithe go dtí leibhéal a bhí níos inghlactha. Bhí an obair sin ag dul ar aghaidh, agus bhí deimhniú faighte aige ón Stiúrthóir Ginearálta go raibh an tSeirbhís Phríósúin diongbháilte an dúshlán a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a bhí ag teacht chun cinn.

Achoimre

Thaispeáin an leibhéal saoire breiteachta sa tSeirbhís Phríósúin thar an tréimhse 2002 - 2006 meath breise ón meánleibhéal in aghaidh an oifigigh de 19 lá, a bhí mar chionsiocair leis an imní a bhí ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí sa bhliain 2004, go dtí níos mó ná 26 lá ar an meán sna blianta 2005 agus 2006. Tharla go leor den mhéadú sin i 2004 nuair a bhog an meán ó díreach faoi 20 lá go dtí beagnach 25 lá. Tá éagsúlachtaí móra ar fud na bpríosún go léir.

Bhí go leor athruithe ag tarlú sa tSeirbhís Phríósúin sa tréimhse a bhí faoi athbhreithniú tráth a pléadh socrú uaireanta bliantúla agus a cuireadh i bhfeidhm é chun teacht in áit íocaíochtaí ragoibre, agus ansin dlárú cheanncheathrú na Seirbhíse Príosúin ar dtús chuig Cluain Dolcáin agus ansin go dtí Longfort. Bhí tionchar ag na hathruithe sin ar an gcumas a bhí ag lucht bainistíochta na Seirbhíse Príosúin aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a bhain le saoire bhreiteachta.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta agus an tSeirbhís Phríósúin cuntas ar an gcúnamh mór a bhfuiltear ag súil leis ón gcóras uaireanta bliantúla nua agus ó na tionscnaimh a ghlac lucht bainistíochta na bpríosún maidir le feabhas a chur an gcás a bhaineann le saoire bhreiteachta. Léiríonn figiúirí de chuid na Seirbhíse Príosúin do Eanáir go Aibreán 2007 laghdú foriomlán de 10% in aghaidh an duine ar laethanta saoire breiteachta agus, má choinnítear an leibhéal sin, tabharfaidh sé meán bliantúil de thart ar 23.7 lá. D'iompódh laghdú den sórt sin an treocht a bhí ann le roinnt blianta mar atá le feiceáil i Figiúr 3. Measann an tSeirbhís Phríósúin nach mbeidh éifeacht iomlán an chórais nua le feiceáil go cinnte go dtí deireadh na dara bliana feidhmíochta, agus tá tuartha ag an Seirbhís go dtitfidh saoire bhreiteachta bhliantúil in aghaidh an duine go dtí níos lú ná 23 lá don bhliain 2007.

Táthar ag scrúdú roghanna faoi láthair chun CBAD ceart a roghnú agus táthar ag súil le cinneadh faoi sin go luath. Tá obair ar siúl freisin d'fhonn tairiscintí a lorg do mhóorthionscadal taighde faoi na cúiseanna bunúsacha atá le saoire bhreiteachta sa tSeirbhís Phríósúin, agus chun treoir a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le conas is fearr déileáil leis an gceist.

Caibidil 6

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil

6.1 Costais as Conarthaí a Fhoirceannadh

Cúlra

Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) urraitheoir, bainisteoir agus soláthraí an mhaoiniúcháin don Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce.

Tá an fhreagracht as scéimeanna a sholáthar faoin gClár ar Chomhairlí Contae agus Cathrach, arb iad na húdaráis chonarthaí freisin iad. Go ginearálta, déanann siad an obair thógála a dhearadh, a phleanáil, tairiscintí a iarraidh lena haghaidh agus maoirseacht uirthi.

Bhí pleanáil agus tógáil chórais lánpháirtithe bhailiúcháin, chóireála agus diúscartha i gceist le Príomhscéim Dhraenála Luimnigh le haghaidh fuíolluisce agus uisce stoirme do Chathair Luimnigh agus mórthimpeall uirthi ar chostas iomlán arna mheas ag €130m.

Dhírigh mo scrúdú ar an mbealach a chosnóidh cuid bheag amháin den scéim fhoriomlán seo, a rabhthas ag súil i dtosach go gcosnódh sé suim ba lú ná €10m in 2000, thart faoi €83m sa deireadh de thoradh gur foirceannadh conradh agus de thoradh iarmhairtí an bhirt sin.

Leagtar na dátaí buntábhachtacha amach i dTábla 28 thíos.

Tábla 28 Dátaí Buntábhachtacha

Dáta	Eachtra
Aibreán 1997	Roghnaigh Comhairle Cathrach Luimnigh (CCL) Innealtóirí Sainchomhairleacha chun an scéim a phleanáil, a dhearadh agus maoirseacht a dhéanamh ar an scéim.
26 Feabhra 1999	Bronnadh an chéad cheann de 20 Conradh sa Scéim
25 Bealtaine 1999	Conradh 3.6 bronnta ar UCL Construction Ltd
23 Bealtaine 2000	Conradh 4.2 bronnta ar UCL Construction Ltd
6 Meitheamh 2000	Cuireadh tús le hobair ar Chonradh 4.2
Márta 2001	Chuir an conraitheoir in iúl do CCL go raibh deacrachtaí ann
2 Bealtaine 2001	D'eisigh an t-innealtóir fógra don Chonraitheoir lenar léiríodh cúis inmí faoin easpa dul chun cinn
29 Bealtaine 2001	D'eisigh CCL rabhadh i scríbhinn chuig UCL
19 Meán Fómhair 2001	D'eisigh CCL fógra foirceannta chuig UCL
5 Samhain 2001	Dhíbir CCL an conraitheoir agus ghlac seilbh ar an láithreán
28 Meitheamh 2002	Ceapadh idirghabhálaí
27 Eanáir 2003	Rinne idirghabhálaí an chéad mholadh
12 Feabhra 2003	Dhiúltaigh CCL do chinntí comhréitigh an idirghabhálaí
10 Iúil 2003	Ceapadh eadránaí
9 Samhain 2003	Rinne idirghabhálaí a chinntí deiridh
Feabhra 2004	Bronnadh conradh nua in ionad 4.2
Meitheamh 2005	An chéad dámhachtain déanta ag eadránaí
Samhain 2005	Achomharc Ard-Chúirte
Samhain 2006	Dámhachtain deiridh an eadránaí gan costais san áireamh

Pleanáil agus Dearadh

Cheap Comhairle Cathrach Luimnigh (CCL), mar innealtóirí sainchomhairleacha, cuibhreannas gnólachtaí innealtóireachta le haghaidh chéimeanna dearthóireachta agus tógála na scéime ar fad. Rinneadh an ceapachán de bharr mholadh an Innealtóra Cathrach, thar ceann an Bhoird Agallaimh a cuireadh ar bun mar chuid den nós imeachta iomaíoch chun innealtóirí sainchomhairleacha a roghnú.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne cérbh é ról an Innealtóra Cathrach agus an amhlaidh gur chuir rogha cuibhreannais ghnólachtaí innealtóireachta leis na deacrachtaí a bhí i ndán don Chomhairle ina dhiaidh.

Mar fhreagra dúirt sí go raibh an tInnealtóir Cathrach, in éineacht lena fhoireann, (go háirithe trí mheán Bainisteoir Tionscadail/Innealtóir Sinsearach lánaimseartha), freagrach as an bpróiseas, le seirbhísí sainchomhairliúcháin a sheachadadh, a bhainistiú agus as na conarthaí oibreacha a sholáthar do Phríomhthionscadal uile Draenála Luimnigh. Nuair a bronnadh conradh, ceaptar an t-innealtóir sainchomhairleach ina "Innealtóir" de réir brí conartha, chun críocha an Conradh a riaradh, agus fanann an Chomhairle Cathrach ina "Fhostóir". Lean an tInnealtóir Cathrach (agus a fhoireann) ar aghaidh le ról monatóireachta a bheith acu i rith thréimhse an chonartha, agus thug comhairle don Bhainisteoir Cathrach maidir le gach cinneadh mór ab éigean don Fhostóir a dhéanamh, chomh maith le leibhéal foriomlán an dul chun cinn maidir leis an gconradh a sheachadadh, a thuairisciú.

Bhí sé sách coitianta go soláthródh cuibhreannas gnólachtaí seirbhísí innealtóireachta ar thionscadail ar scála níos mó. Bhí an trí ghnólacht sa chuibhreannas seo, dhá cheann a bhí ar bun i Luimneach agus ceann amháin i mBaile Átha Cliath, i measc phríomhinnealtóirí sainchomhairleacha na tíre agus cuid mhaith taithí acu san innealtóireacht speisialaithe shibhialta agus struchtúrtha do sheirbhísí uisce agus do thionscadail mhóra eile. Sholáthair cuibhreannais chomhchosúla de ghnólachtaí innealtóireachta sainchomhairleacha seirbhísí innealtóireachta le haghaidh beagnach na dtionscadal mór uisce ar fad a soláthraíodh ó lár na 90aidí, agus tá sin ar siúl go leanúnach.

Costas na nOibreacha Foriomlána de réir na dTairiscintí

Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh 20 cuid suaithinseach den scéim fhoriomlán agus cuireadh 20 conradh i bhfeidhm idir 1999 agus 2004. Ba é an tsuim iomlán a tairgeadh do na 20 conradh ná €188m. Ní raibh cuntais deiridh le haghaidh na gconarthaí seo comhaontaithe do gach cás ag dáta mo Thuarascála.

Conarthaí Uniform Construction Limited

Bronnadh dhá cheann de na 20 conradh ar Uniform Construction Ltd (UCL). Bronnadh conradh Abbey River (3.6) i mí an Mheithimh 1999 le haghaidh suim €9,048,020, agus cuireadh cuid mhaith de i gcrích faoi 31 Márta 2001 ar chostas €11,820,468. Is maidir le Séarach Idircheapóir an Tuaiscirt - Conradh (4.2) le haghaidh € 9,570,570 a tháinig na deacrachtaí chun cinn chomh maith leis na costais shubstantiúla don Stát a scrúdaíodh i m'iniúchadh.

Séarach Idircheapóir an Tuaiscirt: Cineál na hOibre agus an Costas de réir na Tairisceana

Is é an obair a bhí i gceist ná Cuid Uachtarach Shéarach Idircheapóir an Tuaiscirt a thógáil ó Chrosaire an Tí Faire, Baile Uí Neachtain, ag dul faoin abhainn ag Droichead na Sionainne, agus ag teacht suas le Tollán Bhóthar na nDuganna ag Cé an Easpaig. Ba é ceanglas an chonartha ná go suiteálfaí isteach is amach le 2.6Cileaméadar de shéarach trí mhodhanna lena ngearrfaí go hoscailte é gan trinsí faoi bhun chathair Luimnigh. Lorgaíodh tairiscintí sa bhliain 1999, agus fuarthas ocht dtairiscint idir €9,570,570 agus €21,224,560. Ba iad an dá thairiscint ab ísle ná €9,570,570 agus €10,811,082, agus thug an tAire a chead go

nglacfadh CCL le conradh UCL i mí na Nollag 1999 le haghaidh suim €9,570,570. Ba é 6 Meitheamh 2000 Dáta Tosaigh an Chonartha, agus bhí an conradh le críochnú an 6 Nollaig 2001.

Díospóidí maidir leis an gConradh

I mí an Mhárta 2001, scríobh UCL chuig Oifig Phíomhthionscadal Draenála Luimnigh i gCCL, á chur in iúl dóibh go raibh siad tar éis teacht ar dheacrachtaí a bhí ar bhealach na hoibre tollánaithe, agus gur dócha go raibh an talamh nádúrtha i bhfad ní b'ísle ná mar a tugadh le fios ar na léaráidí innealtóireachta. Dúirt CCL gur riléir go mbeadh costais shuntasacha bhreise i gceist leis an gconradh agus go gcuirfí moill shuntasach le dul chun cinn, agus thug fógra go raibh fúthu íocaíocht a éileamh ar na costais bhreise a bheadh i gceist chomh maith le síneadh ama lena chur i gcrích, a bheadh ag teacht leis na moilleanna a chuirfí ar an bpróiseas leis na hoibreacha a chur i gcrích.

Scríobh Innealtóir Cathrach CCL chuig an Roinn an 23 Bealtaine 2001 á thabhairt le fios

- go raibh 64% den am caite agus gan ach 25% den obair curtha i gcrích
- gur beag an dul chun cinn a bhí déanta sa 3 mhí roimhe sin, agus go raibh fadhbanna tromchúiseacha tagtha chun cinn lena n-áirítear bóthair a bheidh ag imchliseadh
- ba é dearcadh an Innealtóra shainchomhairligh ná nár chóir go gcuirfeadh an scéal mar a bhí ann faoi láthair bac ar an tollán a bheith curtha i gcrích go sásúil agus go raibh na fadhbanna ann de thoradh róthochailte a bheith déanta rud a thug le fios nár leor an rialú agus monatóireacht a rinneadh ar oibriú an innill tochailte tollán.
- ní raibh aon tollánú tarlaithe ó 26 Feabhra 2001 agus bhí UCL ag diúltú tosú an athuair go dtí go ndearnadh a thuilleadh imscrúduithe
- mhaígh UCL go raibh bail ar an talamh agus bacainní saorga ann nach bhfacthas roimhe agus go mbeidís ag féachaint le costais a aisghabháil agus go léireofaí gach moill ina n-éileamh
- bheadh impleachtaí suntasacha i gceist leis na réitigh a thairg UCL ó thaobh an talamh a chobhsú agus an tollán a íslú
- Mheas CCL nach raibh an saineolas ag UCL le déileáil leis an bhfadhb.

Chuir CCL 4 rogha chun tosaigh chun déileáil leis an scéal

- Fochonraitheoir speisialaithe a fhostú le toiliú UCL ar chostas €5.71m.
- UCL le struchtúr bainistíochta a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun a bheadh in ann an obair a dhéanamh go sásúil. Chreid CCL áfach go mbeadh UCL fós ag iarraidh a thuilleadh imscrúduithe agus cóir leighis ar an talamh ar chostas € 5m.
- Fochonraitheoir speisialaithe a fhostú gan toiliú UCL ar chostas €5.71m.
- An Conradh a fhoirceannadh ar chostas €6.9m. De bhreis air sin, dúirt CCL dá ndéanfaí an conradh a fhoirceannadh, nach raibh amhras ar bith ann ach go lorgódh UCL eadráin nó go mbainfidís leas as an dlí ar bhealach eile. Murar éirigh le UCL leis sin áfach, bheadh a mbanna €2.2m forghéillte. Dúirt CCL go gcosnódh sé €3.8m breise conraitheoir nua a cheapadh os cionn na gcostas mar a bhí faoi láthair, ach gurbh é sin an rogha ba tharraingtí ar an iomlán ó thaobh cúrsaí airgeadais.

Dúirt CCL leis an Roinn, agus an scéal pléite acu lena sainchomhairleoirí agus a n-aturnaetha, gurbh é an dearcadh a bhí acu ná gur mhithid cuimhneamh ar an gconradh a fhoirceannadh go luath.

Pléadh na cúrsaí seo ag cruinnithe a reáchtáladh in oifig an innealtóra shainchomhairligh, ag oifigí na Roinne agus ag oifig chomhairleoirí dlí CCL i mBaile Átha Cliath an 21 Bealtaine 2001.

Ba é an chomhairle dlí ná gur chóir don Innealtóir rabhadh a thabhairt roimh a shoiléiriú. Thug an tInnealtóir rabhadh do UCL, i scríbhinn, go raibh ag teip orthu dul ar aghaidh le dícheall cuí an 29 Bealtaine 2001.

Scríobh UCL an 12 Meitheamh 2001, ag séanadh go raibh ag teip orthu dul ar aghaidh leis na hoibreacha le dícheall cuí. Ghlac siad leis go raibh moill thromchúiseach tarlaithe le hoibriúchán an tollánaithe, ach dhearbhaigh gurbh amhlaidh seo mar gheall ar choinníollacha fisiciúla a tháinig rompu agus nach bhfacthas roimh ré. Mhol siad go bhféachfaidís leis an scéal a réiteach le cúnamh tríú páirtí neamhspleách, a bheadh ina innealtóir neamhspleách, seachas tosú ar an bpróiseas fada costasach maidir leis an díospóid a réiteach rud a thiocfadh gan dabht tar éis don chonradh a bheith foirceannta.

D'eisigh an tInnealtóir rabhadh scríofa eile an 20 Meitheamh 2001.

Go luath i mí Iúil, sholáthair UCL ráiteas 39 leathanach maidir leis an modheolaíocht don chéad chéim fhadaithe eile den tollánú a pléadh ag cruinnithe sna seachtainí dár gcionn. Tugadh faomhadh an 2 Lúnasa don chéad chéim eile agus di sin amháin. Cuireadh tús an athuair leis an tollánú an 9 Lúnasa ach caitheadh éirí as beagnach láithreach toisc nach bhféadfaí an t-inneall tollánaithe a choinneáil ar an líne nó ar an leibhéal ceart.

Comhairliúcháin leis an Roinn sular Foirceannadh an Conradh

Cuireadh an tAire ar an eolas faoin scéal an 17 Meán Fómhair 2001. Ba iad na pointí buntábhachachta a rinneadh ná

- Gur comhairlíodh don Bhainisteoir Cathrach gur chóir fógra 7 lá a thabhairt do UCL go raibh siad á ndíbirt as an gconradh.
- B'fhiú thart faoi €9.5m an conradh den €188m san iomlán a tairgeadh don scéim.
- Bhí roinnt comhráit ann leis an gconraitheoir in imeacht roinnt míonna.
- Bhí an nós imeachta a bhí á leanúint de réir Choinníollacha Ginearálta an Chonartha.
- Cinneadh don Bhainisteoir Cathrach anois ba ea é. Scéal maidir le cúrsaí conartha/dlí an ceann a bhí i gceist le CCL, a sainchomhairleoirí agus UCL.
- Ní raibh ról ag an Roinn sa phróiseas foirceannta, agus d'fhreagrófaí d'aon uirill leis an Roinn ar an mbonn sin.
- Dá ndíbreofaí UCL, d'fhágfadh sin go mbeadh an t-urra freagrach as conraitheoir eile a chur isteach chun an jab a chríochnú. Freagracht an urra aon chostais a thiocfadh de bharr moilleanna a thiocfadh dá bharr freisin. Ní chuirfeadh moilleanna, sa chás go dtiocfaidís chun cinn, moilleanna ar ghnéithe eile na scéime, toisc nach raibh an chuid seo den obair ar aon chonair chriticiúil.

Cuireadh de nóta ar an gcomhad go raibh sé feicthe ag an Aire.

Meastóireacht na Roinne ar an Scéal

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta ar chuimhnigh an Roinn ar an bhféidearthacht go raibh fiúntas le seasamh UCL, agus cén tuairimí neamhspleácha a bhí faighte ag an Roinn maidir leis an gceist ó thaobh conas ba chóir do CCL féachaint lena n-easaontas le UCL a réiteach.

Ina freagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna Cigireacht shaineolach Uisce na Roinne athbhreithniú ar an gcomhairle ó thaobh innealtóireachta agus conarthaí a bhí faighte ag CCL, chomh

maith le gach togra arna ndéanamh ag CCL de bhun comhairle gairmiúla ag gach céim chomh fada le foirceannadh, agus i rith na bpróiseas comhréitigh agus eadrána ar fad. Tá blianta fada taithí ag na Cigirí Innealtóireachta, Comhairleoirí Sinsearach agus Príomhchomhairleoirí sa Chigireacht Uisce, a raibh lámh acu i gcúrsa iomlán na díospóide seo, maidir le tionscadail seirbhísí uisce, cáipéisí conartha a ullmhú, cineálacha conarthaí, modhanna tógála agus nósanna imeachta comhréitigh agus eadrána, san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, a d'fhágfadh nach mbeadh a gcómhaith ar fáil sna húdaráis áitiúla. Sular foirceannadh an conradh, rinneadh scrúdú criticiúil ar chomhairle agus mholtaí chomhairleoirí innealtóireachta agus chomhairleoirí speisialaithe tollánaithe agus geothicniúla CCL trí athbhreithniú agus cheistiúchán forleathan ag an gCigire Innealtóireachta, go háirithe ag cruinnithe i mí na Bealtaine agus mí Mheáin Fómhair 2001.

Toisc go raibh mé buartha faoin easpa soiléire, faoi mar ba chosúil, ó thaobh ról na Roinne, chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta cén pháirt a d'imir a Roinn sa chinneadh leis an gconradh a fhoirceannadh, agus ar measúnaíodh na rioscaí ó thaobh cúrsaí airgeadais a bheadh i gceist lena fhoirceannadh.

Mar fhreagra, dúirt sí nár pháirtí don chonradh í an Roinn, ach gur fhreastail Cigire Innealtóireachta na Roinne ar an gcruinniú an 11 Meán Fómhair 2001 idir CCL agus a hinnealtóirí sainchomhairleacha, arbh é a tháinig as ná gur mhol na hinnealtóirí sin do CCL an conradh a fhoirceannadh. Bhí an Cigire sásta go raibh CCL ag gníomhú ar bhonn comhairle saineolaí innealtóireachta agus dlí, agus go raibh dianmheasúnú ar na cúinsí ar fad a bhain leis an gconradh de thacaíocht ag an gcinneadh ar ar thángthas, agus thuairiscigh sé dá réir.

Cuireadh measúnú ar rioscaí na n-iarmhairtí ó thaobh cúrsaí airgeadais a bheadh i gceist leis an gconradh a fhoirceannadh, a rinne comhairleoirí dlí agus innealtóireachta CCL, i láthair ag an gcruinniú an 11 Meán Fómhair. Tugadh aghaidh sa mheasúnú ar na rioscaí ar phrionsabal éilimh an chonraitheora chomh maith leis an tsuim de na héilimh a bheadh incheadaithe. Bhí an Roinn sásta gur chuí an réasúnaíocht a úsáideadh, agus gur thacaigh an anailís riachtanach ar na rioscaí a bhí i gceist le torthaí na measúnachta ar rioscaí.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta freisin cérbh é taithí na Roinne ar chonarthaí a fhoirceannadh ag an tráth sin, agus an raibh formáid fhorordaithe ann leis na rioscaí a bhíonn i gceist a mheas.

Dúirt sí gur fíorannamh a tharlaíonn sé go ndéantar conarthaí a fhoirceannadh maidir le tionscadail seirbhísí uisce, de bhíthin gur loic conraitheoir ar chonradh nó nár comhlíonadh é, agus nár tharla aon chás eile ó lár na 70idí. Foirceannaíodh conarthaí eile, ach tharla siad seo ar fad de thoradh go ndeachaigh an conraitheoir faoi leachtú nó ghlacadóireacht. Dúirt sí nach raibh aon fhoráid fhorordaithe ann chun na rioscaí, i ndáil le conarthaí oibreacha sibhialta a fhoirceannadh, a mheas.

Déanann CCL Conradh a Fhoirceannadh

Bhuail CCL agus a comhairleoirí innealtóireachta agus dlí le chéile agus rinne comhfhreagras le UCL agus a chomhairleoirí i rith Mheán Fómhair 2001, ach níor réitíodh cúrsaí de bharr na hidirghníomhaíochta seo, agus bhí an conradh foirceannta go foirmiúil faoi dheireadh na míosa.

I meamram don Aire, dar dáta 19 Deireadh Fómhair, dúradh go raibh an Cigire i dteagmháil go minic maidir le Tionscadal Luimnigh ón uair a tionscnaíodh é, agus go raibh sé sásta nár ghníomhaigh an Chomhairle Cathrach ná a comhairleoirí ar bhealach míréasúnach nó ar bhealach nach raibh ag teacht le gnáthnósanna maidir le conarthaí.

Scríobh an tAire chuig an gconraitheoir an 22 Deireadh Fómhair, á rá, cé gurbh é an Roinn an t-údarás bainistíochta don Chlár Náisiúnta Infheistíochta i Seirbhísí Uisce, bhí a feidhm i ndáil le conarthaí aonair a sholáthar teoranta do bheith ag cinntiú go dtagann próiseas an chonartha go hiomlán le ceanglais soláthair

náisiúnta agus an AE. Níor pháirtí don chonradh í an Roinn, agus ní raibh aon ról nó chumhachtaí idirghabhála aici i ndáil le díospóidí a réiteach tar éis dheireadh thréimhse conartha.

Tar éis comhráití “gan dochar” leis an gconraitheoir ag súil is go n-aimseofaí réiteach, chuaigh CCL isteach ar an láithreán agus dhíbir an conraitheoir an 5 Samhain 2001.

Chuir CCL fios ar bhanna UCL freisin, arbh é €2,392,649 san iomlán é, ag an am seo. Nuair a cuireadh fios ar an mbanna, thug an t-urra le fios go raibh íocaíocht á coinneáil siar aige ar feitheamh thoradh na headrána. Anois gur chinn an t-eadránaí gur dífhostaíodh an conraitheoir go héagórach, tá sé áitithe ag an urra nach bhfuil aon chás leis an mbanna a íoc.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta cibé acu an bhféadfadh an Roinn CCL a bhac ar an gconradh a fhoirceannadh nó nach bhféadfadh, agus dúirt sí go bhféadfadh a Roinn comhairliú do CCL gan an conradh a fhoirceannadh, nó go raibh CCL ag fhoirceannadh an chonartha ar a phriacal féin amháin, ach nach bhféadfadh an Roinn CCL a bhac ar an gconradh a fhoirceannadh go dlíthiúil. Níor tháinig an Roinn ar thuairim, óna hathbhreithniú féin ar gach gné de stair an chonartha, a d'fhágfadh go mbeadh údar le comhairle den sórt sin a thabhairt.

Mar fhreagra ar cibé acu ar chuimhnigh an Roinn ar CCL a chur faoi dhliteanas na n-impleachtaí airgeadais a bheadh i gceist leis an gconradh a fhoirceannadh nó nár chuimhnigh, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sí sásta ag gach tráth go raibh CCL ag gníomhú de réir na comhairle innealtóireachta agus dlí ab fhearr dá raibh ar fáil dóibh. Ar an mbonn sin, ní bheadh aon fhorais le CCL a nochtadh do na hiarmhairtí féideartha airgeadais a bheadh i gceist leis an gconradh a fhoirceannadh.

Comhréiteach

D'iarr UCL, trína n-aturnae i mí na Samhna 2001, go dtoileofaí láithreach le headráin, comhréiteach/idirghabháil, nó le nós imeachta malartach eile leis an díospóid a réiteach. D'fhreagair aturnatha do CCL i mí na Feabhra 2002, ag fáiltiú an chuir chuige seo a bheag nó a mhór, in ainneonn nár foráladh le haghaidh comhréitigh ar an gcaoi sin sa chonradh. I mí Aibreáin, chuir aturnaetha UCL ainmneacha 6 shaineolaí chun tosaigh, a bhféadfadh duine ar bith díobh gníomhú mar idirghabhálaí. Ghlac CCL leis an gcéad cheann díobh seo, agus an 28 Meitheamh 2002, síníodh comhaontú le comhréiteach idir CCL agus UCL.

Ceanglas buntábhachtach den chomhaontú faoin gcomhréiteach ná "go gcuirfear in iúl i moladh an idirghabhálaí a thuairim maidir le teidlíochtaí na bpáirtithe agus maidir leis seo cuirfidh sé a thuairim in iúl faoin méid is dócha go gcinntfidh eadránaí (lena n-áirítear cinneadh maidir le suim an chúitimh a bheidh iníochta le páirtí ar bith ag an gceann eile), má cheaptar é, bunaithe ar théarmaí an chonartha a fheidhmiú agus ar phrionsabail infheidhmithe an dlí". Faoi mar a bhíonn coitianta agus é á úsáid san earnáil foirgníochta, ní raibh an nós imeachta ceangailteach ar na páirtithe, agus d'fhéadfadh ceachtar páirtí an díospóid a chur ar aghaidh chuig eadráin nuair a críochnaíodh an comhréiteach.

Moladh an Idirghabhálaí Cuid 1

An 27 Eanáir 2003, d'eisigh an t-idirghabhálaí Cuid 1 dá Mholadh. Dúirt sé, dar leis, go gcinntfeadh eadránaí go raibh fhoirceannadh an chonartha éagórach agus gur chóir é a chur ar ceal. Ba é a thuairim fosta go gcinntfeadh eadránaí go raibh CCL faoi dhliteanas damáistí a íoc le UCL. Ní raibh suim measta aige go fóill, ach suim ba ea í a chuirfeadh UCL sa riocht céanna is a bheidís murar fhoirceannaíodh an conradh. Bheadh UCL i dteideal íocaíochta le haghaidh gach píosa oibre dá ndearnadh sular fhoirceannaíodh an conradh. Le linn dó a bheith ag leagan amach na gcúiseanna lena mholadh, dúirt sé, dar leis, go gcinntfeadh eadránaí

- Nach raibh aon oibriú míchuí nó mí-inniúil i gceist leis an inneall tochailte tollán

- Go raibh an obair leis an talamh a chobhsú (nó obair chumasúcháin mhalartach) riachtanach
- Nach raibh UCL ciontach in aon teip le hobair a thabhairt ar aghaidh le dícheall cuí
- Go raibh obair ag dul ar aghaidh go maith agus go gasta an tráth ar foirceannaíodh an conradh.

I dtuairisc dar dáta 11 Feabhra rinne an t-innealtóir cathrach achoimre mar seo a leanas “Ar Tharla Tar Éis na Moltaí”

- Ag cruinniú an 30 Eanáir 2003 thug UCL faoi deara gurbh é €22.8m suim iomlán a n-éileamh, ach bhíodar sásta glacadh le socraíocht láithreach €12.4m, le bheith glactha faoi nóin an lá dár gcionn, nó chaithfí an tsuim a mhéadú go dtí €15.9m.
- Ní raibh a sheasamh athraithe ag CCL maidir leis an bhfoirceannadh, ach d'admháil gur stuama cuimhneamh ar an tairiscint. Cuireadh an €12.4m i gcomparáid le conradh €9.5m agus luacháil €3.6m CCL ar na hoibreacha críochnaithe áfach.

Diúltú do Chuid 1 de Mholtaí an Idirghabhálaí

An 12 Feabhra 2003 scríobh Bainisteoir Cathrach CCL chuig an Roinn á chur in iúl dóibh go raibh faoi CCL

- Diúltú do Chuid 1 de mholtaí an idirghabhálaí
- Á chomhairliú don idirghabhálaí nárbh aon mhaith go rachadh sé ar aghaidh leis an gcuid eile de na moltaí
- Ag déanamh tairisceana daingne tar éis measúnachta ar chúrsaí airgeadais agus rioscaí ó thaobh an dlí de i gcás eadrána, faoi mar ba dhócha a tharlódh.

D'eisigh CCL fógra foirmiúil an 14 Feabhra 2003 á chur in iúl go raibh siad ag diúltú do mholadh an idirghabhálaí don Idirghabhálaí agus UCL.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta conas a d'fhreagair a Roinn do thogra CCL le diúltú do chinntí an idirghabhálaí, agus dúirt sí go ndearna an Roinn an scéal a bhreithniú go hiomlán agus nár chuir sí ina choinne ar chor ar bith. Dúirt sí go raibh an Roinn sásta gur chóir go leanfaí an próiseas cuí, faoi mar a foráladh lena aghaidh sa chonradh ionas, de réir déine an nós imeachta eadrána, go dtástálfaí éilimh UCL trí fhianaise a fháil ó fhinnéithe agus iad a chroscheistiú. Níor foráladh le haghaidh eadrána sa chonradh ach thoiligh CCL leis ar an mbonn go bhféadfaí teacht ar réiteach níos gasta.

Scríobh an conraitheoir chuig Bainisteoir Cathrach CCL an 10 Meitheamh 2003 ag déanamh achoimre ar imeachtaí go dtí sin agus á dhearbhu

- Gur dhiúltaigh CCL láithreach do mholadh an idirghabhálaí
- Gur fhéach an conraitheoir le teacht ar shocraíocht chairdiúil ach gur dhiúltaigh CCL do gach togra
- Go raibh an conraitheoir thíos le caillteanais thromchúiseacha leanúnacha
- Nár mhian le UCL páirt ar bith a bheith acu i ndlíthíocht.

Chuir UCL cóip den litir seo chuig Ard-Rúnaí na Roinne.

D'fhreagair an tArd-Rúnaí an 20 Meitheamh, agus é tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, á thabhairt le fios gurbh é cinneadh CCL le diúltú do chinntí an idirghabhálaí a thionscain an próiseas eadrána, agus chuir in iúl gurbh é a thuig sé féin go raibh an cinneadh seo bunaithe ar mheasúnacht chríochnúil ar na saincheistean, lena n-áirítear na rioscaí airgeadais a bhain leis na roghanna éagsúla a bhí ar fáil do CCL,

agus comhairle ábhartha dhlíthiúil agus theicniúil á cur san áireamh. Chuir sé clabhsúr leis á rá, sna cúinsí seo, nach mbeadh sé indéanta ná cuí go gcuirfeadh an Roinn a ladar isteach sa phróiseas.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh cóip faighte ag an Roinn den Mheasúnacht ar Rioscaí (Feabhra 2003) a bhí ullmhaithe ag CCL agus a comhairleoirí. Bhí an mheasúnacht seo ullmhaithe ar iarratas na Roinne, agus bhí an Roinn sásta gur chuí an réasúnaíocht a úsáideadh, agus go raibh na measúnachtaí a rinneadh bunaithe ar anailís cheart ar rioscaí.

Conradh Nua

Lorg CCL tairiscintí i mí an Mheithimh 2003 leis na hoibreacha a bhí fágtha a chur i gcrích. Fuarthas trí thairiscint faoin dáta deiridh, 21 Lúnasa 2003. Measadh nár chomhlíon ceann amháin na critéir, agus ba iad suimeanna na dtairiscintí eile ná €20,376,218 agus €22,695,981. Bronnadh an conradh don tsuim ab ísle i mí na Feabhra 2004, agus cuireadh é i gcrích i mí Iúil 2005, gan deacrachtaí ar chostas thart faoi €27m sa deireadh.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta conas ar phléigh an conraitheoir nua leis na deacrachtaí arna líomhain ag UCL agus go háirithe

- Ar tugadh faoi bhearta leis an talamh a chomhdhlúthú den chineál a dúradh go raibh ar UCL a dhéanamh?
- Ar athraíodh leibhéal an tollánaithe agus/nó an bealach ón gceann a sonraíodh ar dtús?

Ina fhreagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndearna an conraitheoir nua ach sciar an-teoranta de na bearta cobhsúcháin talún a líomhain UCL a bheith riachtanach. B'amhlaidh freisin gur bhain an conraitheoir nua úsáid as an Inneall Tochailte Tollán céanna nach raibh UCL in ann a úsáid ar bhealach sásúil. Rinneadh an talamh a chobhsú thar fhad iomlán 275 méadar ar chostas €800,000 móide CBL, i gcomparáid leis an 945 méadar faoi mar a mhaígh UCL ar chostas €5,853,267 móide CBL. Bhí sé seo ar phriacal an chonraitheora faoin gconradh lena chur i gcrích, ar an mbealach céanna is a d'áitigh CCL go raibh sé ar chonradh UCL. Is ionann é seo agus díreach 13.66% den chaiteachas ar an talamh a chobhsú, rud a mhaígh UCL a bheith riachtanach. Dúirt sí freisin nach ndeachaigh aon deacrachtaí móra don chonraitheoir nua, le cois na gcinn a dhearbhaigh UCL, agus gur tógadh an séarach tollánaithe de réir cháipéisí an chonartha, ar an mbealach céanna agus ar an leibhéal céanna is a sonraíodh i gconradh UCL.

Clabhsúr á chur le Comhréiteach agus Tús le hEadráin

Scríobh an Bainisteoir Cathrach chuig UCL amach i mí an Mheithimh 2003, ag tagairt do na heasaontais mhóra idir na páirtithe, agus an díospóid an-suntasach maidir le luacháil an éilimh. Mhol sé gur cosúil gurbh é eadráin an sásra ab fhearr leis na heasaontais a réiteach. D'ainmnigh Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí in Éirinn (IIÉ) eadránaí an 10 Iúil 2003, agus cuireadh in iúl don eadránaí an 8 Lúnasa 2003 gur aontaigh na páirtithe go gcaithfí an comhréiteach a bheith curtha i gcrích sula bhféadfaí tosú ar an eadráin.

Cinntí Deiridh an Idirghabhálaí

Sa dara cuid dá mholadh, arb é an chuid deiridh de é, dar dáta 9 Samhain 2003, chinn an tIdirghabhálaí i bhfabhar UCL, agus dúirt gur dócha go ndámhfaidh eadránaí €25,423,263 (gan CBL san áireamh) arb é

- €5,548,712 é²⁹ i leith oibreacha a cuireadh i gcrích roimh an dáta a foirceannaíodh an conradh, le cois €4,163,547 a bhí íoctha ag CCL cheana féin.
- €19,874,551 i leith damáistí as conradh a fhoirceannadh go héagórach.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta conas a dheimhnigh sí di féin go ndearna an Roinn monatóireacht ag gach tráth agus gur thug an Roinn comhairle chuí do CCL i leith na n-imeachtaí comhréitigh, agus go háirithe an raibh sí sásta le cinneadh CCL le diúltú do chinntí an idirghabhálaí.

Mar fhreagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nár chuir an Roinn i gcoinne an díospóid a bheith á cur ar aghaidh chuig Comhréiteach neamhcheangailteach ar chor ar bith, d'fhonn is go mbainfí réiteach amach go luath. Ní raibh comhréiteach ina fhoráil sa chonradh an tráth ar bronnadh an conradh ar UCL, agus bhí sé tugtha isteach ag an Roinn Airgeadais maidir le conarthaí Oibreacha Poiblí i mí Eanáir 2001. D'iarr an Roinn, nuair a fuair sí amach faoi mholadh an Idirghabhálaí, ar CCL measúnacht ar rioscaí a ullmhú a bheadh tugtha cothrom le dáta. Fíoraíodh sa Mheasúnacht Rioscaí i mí na Samhna 2003, chun sástachta na Roinne, nach raibh aon bhonn réasúnach le glacadh le Moladh an Idirghabhálaí. Bhí na himpleachtaí níos forleithne a bheadh i gceist le léirmhíniú an Idirghabhálaí ar fhorálacha áirithe conartha le haghaidh oibreacha poiblí a chur amach ar chonarthaí go ginearálta, ina ghné a d'imir tionchar ar an Roinn is a d'fhág nár chuir sí i gcoinne rogha na Comhairle.

Éisteachtaí na hEadrána

Tharla réamhchruinniú na bpáirtithe i mBaile Átha Cliath an 10 Nollaig 2003. Tharla éisteachtaí i 3 sheisiún: 19 Iúil go dtí 10 Meán Fómhair 2004, 8 go dtí 19 Samhain agus 7 Nollaig go dtí 17 Nollaig 2004. Chuir na páirtithe a ráitis deiridh isteach i scríbhinn thart faoi 20 Eanáir 2005, agus freagraí ar na ráitis seo an 14 Feabhra 2005.

Laistigh dá bhfrisnéis ar ráiteas deiridh UCL, bheartaigh CCL roinnt saincheisteanna dlí ar chóir a chur faoi réir nós imeachta an Cháis Shonraithe. Le litir dar dáta 22 Márta 2005, chuir aturnaetha CCL liosta saincheisteanna isteach a bhféadfaí déileáil leo, gan cinntí malartacha a bheith ag teastáil ag brath ar thoradh Cáis Shonraithe, agus le litir dar dáta 24 Márta 2005, chuir aturnaetha thar ceann UCL a liosta ceisteanna den sórt sin isteach.

I mí an Mheithimh 2005, tar éis na cúrsaí a tarraingíodh anuas sa tagairt seo a bhreithniú, lorg an t-eadránaí treoir ó ionadaithe na bpáirtithe, maidir lena oibleagáid aon chuid den dámhachtain a dhréachtú mar Chás Sonraithe. D'fhreagair ionadaithe na bpáirtithe, agus chinn an tEadránaí an chéad dámhachtain eatramhach a eisiúint, srianta do shaincheisteanna na bhfírící a seoladh chuige roimhe sin.

An Chéad Dámhachtain Eatramhach de chuid an Eadránaí Meitheamh 2005

Bhí breis agus 130 leathanach i gcinntí an Eadránaí lenar cuimsíodh saincheisteanna maidir le dliteanas agus tomhas agus cinneadh i bhfabhar UCL cuid mhaith agus cinneadh i gcoinne CCL maidir leis an mbealach a rinne siad an conradh a fhoirceannadh. Bhain sé de thátal as

- de réir na fianaise, bhí a chuid oibríochtaí tollánaithe curtha i ngníomh ag UCL ar bhealach inniúil
- ó fhianaise saineolaithe, thángthas ar choinníollacha talún a d'fhág gur ghá cóir a chur orthu agus nach bhféadfadh conraitheoir le taithí na coinníollacha sin a thuar le réasún

²⁹ Bhí an mheasúnacht fhoriomlán seo, €9.7m san iomlán, €6.1m níos airde ná luacháil CCL ar na hoibreacha críochnaithe, mar a bhí, €3.6m.

- bhí UCL ag dul ar aghaidh le gach cuid de na hoibreacha le dícheall cuí an tráth a foirceannaíodh an conradh agus ní raibh an conradh á sháru ag UCL ar bhealach leanúnach ná bunúsach.

Chinn sé gurbh é luach na n-oibreacha tomhaiste ag tráth an fhoirceannta ná €6,304,040³⁰ (gan CBL san áireamh). Fágadh breithniú damáistí le haghaidh dífhostaithe éagóraigh don dámhachtain deiridh.

Achomharc Ard-Chúirte

I mí Iúil 2005, d'fhógair an Roinn Dámhachtain Eatramhach an Eadránaí d'Oifig an Ard-Aighne, agus lorg comhairle neamhspleách dlí maidir le CCL a bheith ag cuimhneamh ar achomharc Ard-Chúirte a lorg i leith chinntí an Eadránaí. Bhí an Roinn buartha faoi impleachtaí airgeadais na gcinntí, léirmhíniú an Eadránaí ar an gconradh, ní amháin sa chás seo, ach a impleachtaí ginearálta, toisc gur úsáideadh an cineál seo conradh go forleathan ar fud na hEarnála Poiblí, agus faoina mhéid is a cháin an tEadránaí CCL agus a chomhairleoirí teicniúla agus dlíthiúla.

Mar fhreagra thug Oifig an Ard-Aighne le fios i mí Lúnasa 2005

- go raibh sé éideimhin an mbeifí in ann cinntí an Eadránaí a lochtú
- bheadh na forais ar a gcuirfí cinntí Eadránaí ar ceal nó a loghadh an-teoranta
- ní bhíonn cinntí Eadránaí ina gcinntí poiblí agus níorbh fhasach iad mar gheall air sin.

Rinne CCL achomharc in aghaidh dhámhachtain an Eadránaí leis an Ard-Chúirt maidir le roinnt pointí dlí, ach rialaigh an Chúirt an 1 Samhain nach raibh dóthain foras ann a d'fhágfadh go mbeadh idirghabháil na Cúirt tuillte.

Chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth nár lorgaíodh comhairle an Ard-Aighne tráth i bhfad níos luaithe.

Dúirt sí liom nár mheas an Roinn gur ghá an tArd-Aighne a thabhairt isteach go dtí an tráth sin, toisc go raibh ceann de na príomhghnólaicthe sa Stát a bhíonn ag plé leis an dlí ó thaobh cúrsaí tógála, ag tabhairt comhairle di, chomh maith le hAbhcóide ón Ríocht Aontaithe a raibh taithí aige. Chuathas i gcomhairle leis an Ard-Aighne ina dhiaidh sin, toisc go raibh impleachtaí níos forleithne ag baint le dámhachtain an Eadránaí le haghaidh conarthaí eile, de bhua roinnt dá léirmhínithe ar fhorálacha an chonartha. B'amhlaidh fosta go raibh eolas nach beag ag cigire na Roinne ar chúrsaí a bhain le coinníollacha conarthaí agus díospóidí a réiteach, bunaithe ar na blianta taithí le tionscadail chaipitiúla a bhreithmheas.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cén chomhairle a thug a Roinn do CCL i bhfianaise a cur chuige i leith Oifig an Ard-Aighne. Chuir sí in iúl dom gur insíodh do CCL go rabhthas ag lorg comhairle an Ard-Aighne, agus gur cuireadh an chomhairle a fuarthas, le toiliú an Ard-Aighne, in iúl go hiomlán do CCL agus dá chomhairleoirí dlí. Thug sí le fios, thairis sin, gur lorg a Roinn Measúnacht ar Rioscaí a bhí tugtha cothrom le dáta (Meitheamh 2005) ó CCL, agus d'aontaigh le measúnacht CCL go raibh iarmhairtí na dámhachtana, agus an léirmhíniú gan fasach ar fhorálacha an chonartha sa dámhachtain, den sórt a d'fhágfadh gur chuí achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt. Cuireadh cóip de Dhámhachtain Eatramhach an Eadránaí ar aghaidh chuig Cathaoirleach Choiste an Rialtais um Chonarthaí Tógála freisin.

Dámhachtain Deiridh na hEadrána Gan Costais san Áireamh

Atosaíodh éisteachtaí eadrána an 2 Samhain 2005 le héileamh UCL ar dhamáistí a aisghabháil as foirceannadh éagórach, agus tharla a thuilleadh éisteachtaí ó 6 Márta go dtí 23 Márta 2006. Bhí €82m á

³⁰ Bhí sé seo breis is €3.4m ní ba lu ná luacháil iomlán an Idirghabhálaí i leith oibreacha a críochnaíodh.

lorg ag UCL i dtosach ag tús na headrána, ach laghdaigh é sin go dtí €77m nuair a atosáíodh éisteachtaí i mí na Samhna 2005.

D'fhoilsigh an t-eadránaí a Dhámhachtain deiridh an 8 Meán Fómhair 2006 gan costais san áireamh.

Rialaigh sé go raibh CCL faoi dhliteanas €32,336,702 a íoc³¹ (CBL san áireamh) le UCL arna comhdhéanamh de:

- Caillteanas brabúis ar an gconradh – €0.589m
- Caillteanais trádála dá bharr i leith dhá chonradh eile – €17.441m
- Caillteanas brabúis de bharr ioncaim a cailleadh idir 2003 agus 2010 – €10.417m
- Ús agus costais airgeadúcháin – €3.89m.

Cineálacha Nua Conarthaí

Tarraingíodh aird an Rialtais ar an scéal an 12 Meán Fómhair 2006, agus bhí an méid seo a leanas de chonclúid i gcomhairle bhreise a fuarthas ina dhiaidh ón Ard-Aighne

- Tacaíonn an dlí-eolaíocht fhorleathan a rialaíonn dúshláin in aghaidh dámhachtainí eadrána go láidir leis an dearcadh go mbíonn drogall ar na cúirteanna seasamh le dúshlán ach amháin sna cásanna is follasaí.
- Níl cosúlacht ar bith go n-éireoidh le dúshlán in aghaidh mhéid na dámhachtana sa chás seo.

Thug an tAire an cheist faoi bhráid an Rialtais arís an 23 Deireadh Fómhair 2006, ag tabhairt le fios go raibh faoi threoracha a thabhairt do CCL féachaint ar an bhféidearthacht go bhféadfaí socraíocht idirbheartaithe uilechuimsitheach a thabhairt, nó mura n-éiríonn leis sin, €22m a thaisceadh, ar comhairlíodh don Ard-Aighne gurbh é sin suim an dliteantais neamhchonspóidithe é, le hionadaithe dlí UCL. Sholáthródh a Roinn maoiniúchán caipitiúil do CCL chun eilimint neamhdhíospóidithe na dámhachtana a íoc, sa mhéid is nach bhféadfadh CCL maoiniúchán den sórt sin a thabhairt isteach ó árachais ghairmiúla a sainchomhairleoirí innealtóireachta agus a comhairleoirí dlí. Thug an tAire faoi deara freisin go raibh forálacha sna Cineálacha Nua Conarthaí le haghaidh oibreacha tógála sibhialta, a raibh an tAire Airgeadais ar tí a sheoladh, le haghaidh conarthaí a fhoirceannadh agus le haghaidh comhréitigh agus eadrána. Rinne na forálacha seo aisghabháil a theorannú, i gcas gur foirceannadh conradh go héagórach, do na suimeanna sin a thagann chun cinn as an gconradh féin.

Bheartaigh an tAire go ndéanfaidh duine cáilithe neamhspleách an bealach a bainistíodh an cás seo a scrúdú go luath chun ceachtanna a aithint do bhainisteoirí innealtóireachta sibhialta, agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach ab fhearr chun an riosca, go bhfaighfí torthaí diúltacha i gcásanna amach anseo, a íoslaghdú.

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta na beláí ina raibh na Cineálacha Nua Conarthaí éagsúil ó na cinn a bhí i gceist is gcás Luimnigh a leagan amach agus tagairt ar leith a dhéanamh do

- Chomhréiteach
- Eadráin
- Inghlacthacht éileamh ar chúiteamh ar fhoirceannadh conartha lena ndéantar idirdhealú idir caillteanais a thagann chun cinn ón gconradh atá i gceist go díreach agus caillteanais trádála a thagann de bharr é a bheith foirceannta.

³¹ Ní raibh CBL san áireamh i ndámhachtain €25.4m an Idirghabhálaí.

Mar fhreagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbíonn comhréiteach éigeantach anois sular féidir le díospóid dul ar aghaidh chuig eadráin, agus go gcaithfidh an tIdirghabhálaí a mholadh a bhunú ar chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe faoin gconradh. Bíonn comhréitigh neamhcheangailteach fós, sa mhéid is go bhféadfaidh ceachtar páirtí diúltú do mholadh an Idirghabhálaí fós agus an díospóid a chur ar aghaidh chuig eadráin.

Bíonn forálacha comhchosúla eadrána fós infheidhmithe, ach d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais Rialacha nua Eadrána maidir le himeachtaí a reáchtáil ag deireadh mhí Aibreáin 2007. Cé go bhfuil na rialacha díreach mar an gcéanna le Nós Imeachta Eadrána IEI 2000 go bunúsach, a bhí infheidhmithe i gcás Luimnigh, leagtar frámaí ama níos sonraí agus níos giorra amach sna rialacha nua maidir leis na himeachtaí a reáchtáil. I ndáil le cúiteamh, dúirt sí sa chás go dtiocfadh cúinsí comhchosúla chun cinn, faoi mar a tharla i Luimneach, faoin gcineál nua conradh .i. cinneann eadránaí gur foirceannadh conradh go héagórach, bheadh an Conraitheoir i dteideal costais a aisghabháil agus sin amháin, ach ní damáistí.

Ina freagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin sa chás go dtiocfadh cás comhchosúil chun cinn arís, bhí roinnt cosaintí ann chun aghaidh a thabhairt ar an scéal sna Cineálach nua Conarthaí. Ar dtús, déantar sainmhíniú níos soiléire ar an mbealach a leithdháiltear rioscaí, agus déanann an conraitheoir rioscaí maidir le coinníollacha talún a iompar. Ina dhiaidh sin, sula ndéantar Conradh a fhoirceannadh, féadfaidh an Fostóir tuairim a lorg ó Idirghabhálaí maidir le cibé an bhfuil dóthain foras aige le conradh a fhoirceannadh nó nach bhfuil. Ar deireadh, faoi mar ar tagraíodh dó thuas, i gcás go gcinneadh eadránaí ina dhiaidh sin go raibh an foirceannadh éagórach, bíonn an conraitheoir i dteideal a chostais, ach ní damáistí.

Thug sí le fios freisin go gceapfadh an Roinn scrúdaitheoir neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar stair an cháis, agus aon mholtaí riachtanacha a dhéanamh anois go bhfuil tuarascáil an athbhreithnithe neamhspleáigh dlí agus innealtóireachta, a coimisiúnaíodh ar iarratas na Roinne, ar fáil.

Costais chomh fada le mí Iúil 2007

D'íoc CCL €22,100,420 an 21 Samhain 2006, a bhí maoinithe ag an Roinn, le UCL. Lorg CCL íocaíocht eile an 11 Eanáir 2007 ón Roinn, d'íarmhéid €10,081,675 na dámhachtana. Íocadh suim €6,081,675 le CCL an dáta sin ar feitheamh athbhreithniú CCL ar aon phoitéinseal aisghabhála ó innealtóirí sainchomhairleacha agus ó chomhairleoirí dlí. Thug na híocaíochtaí seo caiteachas CBL san áireamh na Roinne go dtí seo go dtí €63,898,142³² arb é

- | | |
|--|-------------|
| • Íocaíochtaí faoin gconradh bunaidh | €7,174,961 |
| • Íocaíochtaí speansais fhinné saineolaigh/dlí CCL/na Roinne, srl. | €11,161,288 |
| • Íocaíochtaí faoin dámhachtain eadrána | €28,182,095 |
| • Íocaíochtaí faoin gconradh lena chur i gcrích | €17,379,798 |

Mar fhreagra ar m'fhiosrúcháin faoin gcostas measta deiridh, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh costais dáfa ag an eadránaí go dtí seo. Is é costas thorthaí deiridh na n-imeachtaí seo (costais arna dtabhú ag CCL lena n-áirítear costas na n-oibreacha arna ndéanamh ag UCL ach gan an costas go gcuirfeadh an conraitheoir nua na hoibreacha i gcrích) ná c. €56m. Is é an costas leis an gconradh a chur i gcrích ná c. €27m breise rud a thugann an costas measta iomlán go dtí c. €83m.

³² Níl costais UCL nár dámhachadh fós san áireamh leis seo, €4m atá á coinneáil siar ag an Roinn ó CCL agus íocaíocht deiridh i leith an conradh a bheith curtha i gcrích.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cad iad na bearta a bhí á ndéanamh ag an Roinn agus/nó CCL, má bhí aon bhearta á ndéanamh, chun féachaint le dámhachtainí a aisghabháil ó chomhairleoirí innealtóireachta nó dlí nó óna n-árachóirí.

Mar fhreagra dúirt sí gur choinnigh an Roinn €4m siar ó CCL ar feitheamh bhreithniú CCL maidir le cibé ar chóir dóibh leanúint lena gcomhairleoirí innealtóireachta agus dlí agus lena n-árachóirí de bharr thoradh an cháis seo nó nach cóir. Táthar fós ag plé leis an gceist seo faoi láthair. Chomhairligh an Roinn do CCL seirbhísí comhairleoirí neamhspleácha dlí agus innealtóireachta a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn leis an gcinneadh chun an conradh a fhoirceannadh, cibé ar breithníodh iarmhairtí an chinnidh nó nár breithníodh, leis an gconradh a fhoirceannadh, a dhóthain, mar a reáchtáladh na himeachtaí eadrána thar ceann CCL agus cibé ar chóir aon bhearta difriúla a dhéanamh nuair a bheifear ag cuimhneamh ar chonarthaí a fhoirceannadh amach anseo nó nár chóir i bhfianaise dhámhachtain an eadránaí.

Dúirt sí freisin gur fhostaigh CCL seirbhísí aturnae agus innealtóra comhairligh, a raibh dúchuid taithí ag an mbeirt díobh maidir le dlí agus díospóidí ó thaobh conarthaí foirgníochta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéal. Chinn a n-athbhreithniú neamhspleách, a bhfuiltear á bhreithniú i ndáil lena chonchlúidí

- Go raibh forais ag an innealtóir le cinneadh an 18 Meán Fómhair 2001 nach raibh an conraitheoir ag dul ar aghaidh le dícheall cuí agus, sna cúinsí sin, gur chinneadh réasúnach le déanamh ba ea an cinneadh leis an gconradh a fhoirceannadh agus “go bhféadfadh sé a bheith ceart fiú agus an méid a tharla leis an bpróiseas eadrána ina dhiaidh ar eolas againn.”
- Bhí an cinneadh leis an gconradh a fhoirceannadh déanta go cúramach ag CCL agus bhí na hiarmhairtí tromchúiseacha a bheadh i gceist leis an gconradh a bheith foirceannta, don chonraitheoir, breithnithe chomh maith sula ndearnadh an cinneadh agus bheadh sé deacair a thuair go raibh CCL á nochtadh féin do dhliteanas don chonraitheoir trína bheith ag leanúint lena héileamh ar an mbanna a leanúint.
- Rud ait le déanamh ba ea an banna a scaoileadh agus nochtódh sin an fostóir don riosca nach gcomhlíonfaí a éilimh.
- An tráth a rinneadh an foirceannadh bhí, agus tá fós, bunús leis an dearcadh nach bhfuil conradh á shárú ag fostóir trí fhoirceannadh a dhéanamh ar fhógra chlásal 63 a dhéantar a aisiompú ina dhiaidh le linn eadrána. Níor phléigh an tEadránaí an argóint sin ina dhámhachtain áfach ach is léir gur dhiúltaigh sé dó.
- Go raibh bunús maith leis an mbealach a cuireadh cás an Fhostóra ar aghaidh, é críochnúil, láidir, an-mhachnamh déanta faoi agus thar a bheith inniúil agus go raibh na pléadálacha agus aighneachtaí a rinneadh thar ceann an Fhostóra ar chaighdeán i bhfad níos airde ná iad sin a rinneadh don chonraitheoir.
- Ba bheag ar fad a chuimhnigh an t-eadránaí, agus "dícheall cuí" á bhreithniú aige, ar chlár 11 Iúil, níor chuimhnigh sé ar obair ar na sloic agus go raibh cinneadh an eadránaí, leis an milleán a chur ar an bhfostóir as cailliúint áis an chonraitheora le bannaí a thabhairt, incheistithe toisc gur chinneadh neamhspleách an urra ba ea an cinneadh le diúltú lena thuilleadh áiseanna le bannaí a thabhairt.
- Ba chóir don eadránaí an réasúnaíocht bunaithe ar chás Matheson v. Canada a fheidhmiú (rud nach ndearna. Inar dhiúltaigh na Cúirteanna cás Canada (idir sa chéad ásc agus ar achomharc) d'éileamh conraitheora le haghaidh caillteanais brabúis ar chonarthaí ina dhiaidh mar rud a bhí rófhada amach de thoradh foirceannadh a rinneadh gan údar agus éileamh ar bhanna.
- Bhí an láncheart ag CCL cinneadh an eadránaí a chur ar aghaidh go dtí an Ard-Chúirt. Bhí an Chúirt srianta faoin Acht Eadrána áfach le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a rinne an t-eadránaí an eadráin agus nach raibh aon earráid fhollasach sa dámhachtain féin ach nach raibh an Chúirt i

dteideal an cás a oscailt suas nó athbhreithniú a dhéanamh air mar gheall ar theorainneacha arna bhforchur leis an Acht Eadrána.

Beartas na Roinne maidir le Díospóidí a Réiteach

Mar gheall ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn sa chás seo, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta taithí na Roinne ar dhíospóidí suntasacha (os cionn €5m) ó 2000 chomh maith lena beartas i leith díospóidí den sórt sin, a leagan amach.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndeachaigh dhá chás a bhain le Príomhdhraenáil Chorcaí ar aghaidh chuig Eadráin. Socraíodh an chéad cheann a raibh trí chonradh i gceist leis, iad ar fad le haon chonraitheoir amháin, tar éis measúnachta ar rioscaí, le haghaidh suim €11.24m san iomlán agus CBL san áireamh i leith éileamh a raibh díospóid fúthu agus arbh fhiú €52.8m san iomlán iad agus CBL san áireamh. Bhain an dara ceann leis an gconradh le Gléasra Cóireála Fuíolluisce a Dhearadh, a Thógáil agus a Oibriú, inar chuir an conraitheoir éileamh isteach le haghaidh €24.83m. Níor dhámh an t-eadránaí aon rud ar an gconraitheoir agus dhámh na costais ar fad ar Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Tá eadráin ar siúl faoi dhá chás eile faoi láthair. Baineann an chéad cheann le Píblíne Fomhuirí Bhá Bhaile Átha Cliath ina bhfuil an conraitheoir ag lorg €40m d'éilimh agus baineann an dara ceann le conradh tithíochta sóisialta i Nás na Ríogh ina bhfuil an conraitheoir ag lorg breis is €5m d'éilimh.

Maidir le monatóireacht ar chásanna den sórt sin, cheangail an Roinn, ó Mheán Fómhair 2002, ar údaráis áitiúla measúnachtaí ar rioscaí a ullmhú ag tús tionscadal agus na measúnachtaí seo ar rioscaí a thabhairt cothrom le dáta de réir mar a chuaigh imeachtaí ar aghaidh agus chaithfí aon fhachtóir nó toradh nua a chur san áireamh.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta freisin conas a rinne an Roinn monatóireacht ar a mar a socraíodh díospóidí, nach ndeachaigh ar aghaidh chuig comhréiteach nó eadráin fhoirmiúil lena chinntiú go raibh socraíochtaí den sórt sin costéifeachtach agus ar eisíodh treoirlínte maidir le díospóidí a réiteach.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa chás go mbíonn socraíochtaí faoi chuimsiú théarmaí an chonartha (.i. sa chás go mbaineann éilimh leis an tsuim incheadaithe amháin) agus go bhfanann an tionscadal laistigh den bhuiséad faofa, cuirfear costas aon socraíochta den sórt sin san áireamh sa tuairisc chuntais deiridh a chuirtear faoi bhráid na Roinne lena faomhadh. Cinnfidh an Roinn ag an tráth sin cibé an bhfuil an tsocraíocht incháilithe le forchúiteamh don údarás áitiúil nó cibé ar chóir don údarás áitiúil an costas a iompar. Ní féidir costas socraíochtaí den sórt sin a bhaint as na cuntais deiridh go héasca.

Ní raibh treoirlínte eisithe ag an Roinn maidir le díospóidí a réiteach toisc go mbíonn na cúinsí a bhaineann le díospóidí an-difriúil, agus ní féidir treoirlínte cineálacha a sholáthar chun gach cás a chlúdach.

Rinne an Roinn a nochta is a bhí an Stáitchiste ó thaobh cúrsaí airgeadais a theorannú ó Mheán Fómhair 2002 trí cheangal a chur ar an údarás áitiúil fógra a thabhairt don Roinn ar dtús má bhí díospóid ann agus measúnacht ar rioscaí a ullmhú. Má aithnítear go bhféadfadh costais dlí agus costais eile atáthar ag tabhú ag céim an chomhréitigh agus na headrána, dul in airde, iarrtar ar an údarás áitiúil cuimhneamh ar shocraíocht tráchtála a lorg faoi chuimsiú raon na measúnachta ar rioscaí ionas go n-íoslaghdófar an costas don Stáitchiste. Lena chois sin, sa chás go dtéann díospóid ar aghaidh chuig eadráin, moltar “tairiscint séalaithe” lena nochta is a bheifear, do na costais a thabhaíonn an conraitheoir, a mhaolú.

Maidir lena ról maoirseachta mar an urraitheoir, bainisteoir agus soláthraí maoiniúcháin foriomlán do Chlár na Seirbhísí Uisce, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanann an Roinn maoirseacht ar thionscadail i gcaitheamh a saolré. Maidir leis seo, déanann sí monatóireacht ar dhul chun cinn agus ar chostais a bhaineann le buiséid tionscadal faofa agus coinníonn idirchaidreamh dlúth ar bun le húdaráis áitiúla sa chás nach bhfuil aon tionscadal ag dul chun cinn go sásúil nó sa chás go bhfuil fadhb tagtha chun cinn amháin díospóid faoi chonradh. D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais na Cineálacha nua Conarthaí le

haghaidh Oibreacha Poiblí le roinnt míonna anuas rud a sholáthróidh a thuilleadh cosaintí ginearálta don Státchiste agus don Roinn.

A Bhfuil ag Tarlú Faoi Láthair

Ní chreideann an Roinn gur theip ar an mbainistíocht i gCCL nó sa Roinn sa chás seo ná go bhféadfaí dámhachtain an eadránaí a thuar le réasún agus láidre chás an Fhostóra á gcoinneáil i gcuimhne. Dhearbhaigh an t-athbhreithniú neamhspleách a rinne CCL ar iarratas na Roinne go mbeadh sé deacair an toradh sé a thuar. Déanfaidh an scrúdú neamhspleách atá le déanamh ar an gcás seo na ceachtanna atá le foghlaim ón gcás agus iad a thuairisciú tuilleadh. Tá, agus beidh, gach ceacht riachtanach ón gcás seo á gcur san áireamh ag an Roinn i ndáil lena nósanna imeachta bainistíochta, treoirlínte agus ionchur i dtéarmaí conarthaí agus nósanna imeachta maidir le díospóidí.

Is é seasamh na Roinne ná a chinntiú go gcuirfear cláir chaipitiúla i ngníomh de réir Phleananna Forbartha Náisiúnta an Rialtais ar bhealach costéifeachtach agus an Státchiste a chosaint ar aon riosca neamhriachtanach ó thaobh cúrsaí airgeadais. Tá tacar lánpháirtithe d'fhorálacha conartha, ábhar treorach agus nósanna imeachta teicniúla sa Chreatlach nua um Oibreacha Bainistíochta Caipitiúla atá á bhforbairt agus á dtabhairt isteach ag an Roinn Airgeadais lena gclúdaítear saolré an tionscadail oibreacha poiblí ón uair a thionscnaítear é go dtí go ndéantar é a sheachadadh agus a athbhreithniú ar deireadh. Tagann struchtúr na creatlaí straitéisí seo go dlúth leis na Treoirlínte maidir le Breithmheas Caipitiúil a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Is éard atá i gceist leis an gcreatlach ná go mbeadh sé ina spreagadh go soláthrófaí agus go seachadfaí tionscadail oibreacha poiblí ar bhealach níos costéifeachtaí trí údaráis a urrú agus údaráis a cheadú trí chur chuige níos córasaí a thabhairt isteach i leith na pleanála, an bhuiséadaithe caipitiúil, rialú na gcostas dearthóireachta, bainistíocht na gconarthaí foirgníochta, rialú na gcostas foirgníochta agus díospóidí a réiteach. Táthar ag súil go bhfoilseofar an creatlach chríochnaithe, a bhfuil Coiste an Rialtais um Chonarthaí Foirgníochta á forbairt faoi láthair, faoi dheireadh 2007.

Caibidil 7

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

7.1 An Tionscadal um Scoileanna Píolótacha na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí – Tuairisc á Leanúint Leis

Cúlra

Bhí tionscadal ‘scoileanna grúpáilte’, a bhí beartaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta san áireamh le clár píolótach na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP), a d’fhaomh an Rialtas sa bhliain 1999. Tar éis próisis roghnúcháin, fuarthas Cuideachta CPP ar chonradh in 2001 mar chomhpháirtí na hearnála príobháidí chun cúig scoil nua dara leibhéal a dhearadh agus a thógáil ar láithreáin úrnua a bhí i seilbh phoiblí, agus chun an maoiniúchán don tionscadal a sholáthar. Bhí sé ina cheanglas sa chonradh freisin go mbeadh an Chuideachta CPP freagrach as na foirgnimh agus na tailte a chothabháil i gcaitheamh shaol 25 bliana an chonartha, agus go mbainisteofaí agus a n-íocfaí as seirbhísí uile áitreabh na scoile amhail bainistíocht dramhaíola, glantóireacht agus slándáil i gcaitheamh na tréimhse sin. Réamh-mheasadh gurbh é an tsuim iomlán a chaithfeadh an Roinn i dtaca le margadh na scoile grúpáilte ná €283m (CBL san áireamh), nó €150m mar a measadh ó thaobh an ghlanluacha faoi láthair. Cuireadh na scoileanna ar fad i gcrích agus tugadh ar láimh iad faoi dheireadh 2002 agus bhíodar i mbun feidhme i mí Eanáir 2003. Chuaigh Cuideachta eile CPP i gceannas ar chonradh na scoileanna i mí Iúil 2006.

Cur Chuige Iniúchta

Agus scrúdú déanta in 2004 agam ar an margadh lenar cuireadh clabhsúr leis an gCuideachta CPP leis an gcúig scoil a sholáthar agus a chothabháil³³, chinn mé gurbh fhiú a dhéanamh amach ag an tráth seo conas mar a bhí ag éirí leis na socrúithe, ar foráladh dóibh sna comhaontuithe ba bhun agus ba thaca leis an gconradh, go praiticiúil.

Bhí fócas chur chuige an iniúchta ar

- A dhéanamh amach go raibh na híocaíochtaí agus na fáiltais faoin gconradh á ríomh i gceart agus á ndéanamh mar ba chóir
- Feidhmiú na scoileanna de réir na gcaighdeán comhaontaithe seirbhíse
- Seachadadh na cothabhála faoi chonradh do na scoileanna
- Na bearta arna ndéanamh ag an Roinn lena chinntiú gur réitíodh deacrachtaí ó thaobh feidhmíochta
- An mhéad is a bhí tríú páirtithe ag baint úsáide as foirgnimh na scoile.

Scrúdaíodh comhaid, páipéir agus taifid rannacha, agus reáchtáladh cruinnithe le hoifigigh CPP na Roinne.

Chun a mheasúnú conas a bhí ag éirí leis na scoileanna, cuireadh ceistneoir chuig príomhoidí na gcúig scoil. Nuair a comhlánaíodh iad seo, thug m'fhoireann cuairt ar na scoileanna agus pléadh na saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn leis na príomhoidí.

³³ Tuarascáil VFM Uimh. 48 *The Grouped Schools Pilot Partnership Project*.

Clárúcháin

Taispeánann Tábla 29 líon na ndaltaí mar a bhí beartaithe agus an líon iarbhir a cláraíodh sna scoileanna sna blianta 2003-2006. Tá meastachán maidir leis an éileamh clárúcháin a bheidh ann amach anseo san áireamh le líon pleanáilte na n-áiteanna.

Tábla 29 Scoileanna Grúpáilte le Clárúcháin Phleanáilte agus Iarbhire

Scoil	Líon Beartaithe na nDaltaí	Daltaí a Cláraíodh			
		2003	2004	2005	2006
Baile an Chollaigh (Co. Chorcaí)	1,000	580	588	613	610
Cluain Eois (Co. Mhuineachán)	500	455	459	469	451
Dún Máinmhaí (Co. Chorcaí)	700	635	630	593	566
Sionainn (Co. An Chláir)	600	641	681	700	700
Tobar an Choire (Co. Shligigh)	675	542	511	507	512

Íocaíochtaí faoin gConradh

Déanann an Roinn íocaíochtaí leis an gCuideachta CPP go míosúil nuair a fhaigheann siad sonrasc i leith gach scoile agus tuairisc ón gcuideachta lena dtugtar le fios gur réitíodh aon fhadhbanna a bhí tagtha chun cinn nó go rabhthas ag déileáil leo. Leagtar anailís ar na híocaíochtaí comhiomlána bliantúla i leith na gcúig scoil i gcomhair na mblianta go dtí 2006 amach i dTábla 30.

Tábla 30 Anailís ar Chnuasíocaíochtaí Bliantúla CPP le Scoileanna 2003 go dtí 2006

Cineál Íocaíochta	Réamh-mheasta	2003	2004	2005	2006
		€ 000	€ 000	€ 000	€ 000
Bainistíocht Áiseanna	1,156	1,338	1,371	1,409	1,465
Forchostais Chuideachta	411	405	410	419	428
Cothabháil TFC	406	789	798	810	396
Taisceadh i gCiste Fiachmhúchta	557	592	605	622	642
Íocaíocht Sheasta	7,592	7,197	7,141	7,156	7,158
Íocaíocht Bhliantúil Iomlán (€000)	10,122	10,321	10,325	10,416	10,089

Déanann íocaíochtaí sciar seasta de thart faoi 75% a bhaineann le costas na tógála agus na scoileanna a fheistiú, agus baineann iarmhéid an 25% le bainistíocht áiseanna (lena n-áirítear bainistíocht agus cothabháil, glantóireacht na bhfoirgneamh), cothabháil Teicneolaíochta Faisnéise (i mblianta 1 go 3 amháin) agus forchostais na Cuideachta CPP (árachas, táillí bainistíochta, bainistíocht riosca, táillí gníomhaireachta bainc, táillí stiúrthóirí srl.).

Baineadh de thátal san iniúchadh as an athbhreithniú ar thaifid agus ar pháipéir na Roinne gur ríomhadh na híocaíochtaí míosúla i gceart agus gur próiseáladh agus gur íocadh iad de réir théarmaí an chonartha.

Aiseolas ó na Scoileanna

Chaith na freagairtí ar cheistneoir na hiniúchta, agus an phlé a bhí ann ina dhiaidh le príomhoidí scoileanna an tionscadail, amhras éigin ar a mhéad is a sholáthraítear na seirbhísí riachtanacha cothabhála agus bainistíochta go hiomlán. Tarraingíonn sé sin anuas an cheist maidir le cé acu an soláthraíonn na nósanna imeachta fíorúcháin a leanann an Roinn faoi láthair, deimhniú leordhóthaineach maidir le seirbhísí an chonartha a bheith á seachadadh go hiomlán, seirbhísí a ndéantar íocaíochtaí bliantúla de bhreis is €1.4m dóibh, nó nach ndéanann. Is cosúil nach mbíonn dóthain cumarsáide idir an Roinn agus scoileanna an tionscadail maidir le saincheisteanna ó thaobh fheidhmiú an chonartha de. Cé go seoltar leagan giorraithe de thuarascáil mhíosúil na Cuideachta CPP chuig na scoileanna, ní lorgaíonn an Roinn freagairt nó dearbhú uathu maidir le feidhmíocht.

Is cosúil go bhfuil easpa leanúnach soiléireachta maidir lena bhfuil le soláthar sna scoileanna i gcúinsí éigin, agus cibé an bhféadfaidh roinnt suimeanna a bheith le híoc leis na scoileanna ag an gCuideachta CPP nó nach bhféadfadh. San áireamh le cásanna áirithe, inar chuir na príomhoidí cúiseanna imní in iúl, bhí coiste idirchaidrimh trí bhealach a bheith scortha, leibhéal íseal na húsáide a bhaineann an pobal as na scoileanna, easpa aerála a choisceann úsáid áitheann criadóireachta, teip tuairiscí maidir le bainistíocht agus le héifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar chun cabhrú le scoileanna costais a laghdú, agus fadhb fhorleathan maidir le turnamh i dtailte scoile amháin.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, gurbh é ceann d'aidhmeanna chlár píolótach na dTionscadal COO ná saincheisteanna agus fadhbanna, ar thángthas orthu le linn na tréimhse a rabhthas ag cur na dtionscadal i ngníomh, a aithint, agus an fhaisnéis agus an méid a foghlaimíodh a úsáid chun beartais CPP a fhorbairt agus an próiseas a bhreisiú. Chuaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gceann chéim oibriúcháin an chláir phíolótaigh seo ar an mbonn, ionas go mbainfí úsáid iomlán as an glár píolótach agus chun tairbhe a fháil as an eispéireas, go n-oibreodh sé i gcomhar leis na scoileanna agus leis an oibreoir chun aon deacrachtaí ar thángthas orthu, a réiteach, seachas cur chuige na sáraíochta a ghlacadh ó thaobh a bheith ag déileáil le saincheisteanna de réir tuisceana righne ar an gconradh. Cé gurbh eispéireas dearfach ar an iomlán ba ea eispéireas na Roinne, admhála an Roinn gur fhág roinnt saincheisteanna, a tháinig chun cinn i dtréimhse thosaigh oibriúcháin na scoileanna, go raibh seirbhís nach raibh baol ar a bheith sásúil ag na scoileanna i roinnt réimsí, cé nach raibh deacrachtaí ag aon cheann de na scoileanna a d'fhág aon saincheisteanna tromchúiseanna ó thaobh neamh-infhaighteachta de.

Ceann de na ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo, ná, ionas go mbeadh an Roinn iomlán sásta le leordhóthaineacht na socruithe tuairisceoireachta, gur ghá dhá réimse bhreise tuairisceoireachta a láidriú. Bhí sé ina cheanglas sa chonradh tosaigh go n-aithneodh agus go gcomhaontódh an Chuideachta CPP leis an Roinn aon asbhaintí a bhí riachtanach, de thoradh aon easnaimh maidir leis na seirbhísí a bhí á soláthar. Cé nach raibh aon saincheisteanna móra ann ó thaobh neamh-infhaighteachta a d'fhágfadh gur ghá asbhaintí a dhéanamh, bhí roinnt teipeanna ann ó thaobh cáilíochta, a d'fhéadfadh asbhaintí a fhágáil dá mbarr agus iad á n-áireamh le chéile. Ní raibh aon cheann de na teipeanna seo ó thaobh cáilíochta taifeadta de ag an gCuideachta bhunaigh CPP. Tar éis don Chuideachta reatha CPP dul i gceannas ar an gconradh i mí Iúil 2006, comhaontaíodh go bhforbrófaí córas, ina n-aithneofaí aon asbhaintí a bhí riachtanach sna tuarascálacha míosúla. Chuir an Chuideachta CPP in iúl don Roinn go bhfuil an córas seo forbartha anois, agus tosóidh sé le sonraise a dhéanfar ó mhí Lúnasa 2007. Cuirfidh an Chuideachta CPP cóip den tuarascáil iomlán ar aghaidh chuig Údarás na Scoile, agus comhaontóidh an Roinn prótacal le gach príomhoide scoile, ina n-iarrfar ar an scoil tuairimí a thabhairt faoin tuarascáil gach mí. Tá seiceáil eile á cur i bhfeidhm, a fhágfaidh go dtabharfaidh ball d'fhoireann theicniúil agus ghairmiúil na Roinne cuairt ar gach scoil ar bhonn ráithiúil, chun aiseolas a bhailiú maidir le hoibriú an fhoirgnimh scoile. Déanfar athbhreithniú ar na próisis seo tar éis tréimhse. Chomhaontaigh an chuideachta freisin go bhforbrófaí deasc chabhrach ar an idirlíon, agus go soláthrófar bealach le teacht air do gach ceann de na scoileanna agus don Roinn. Tabharfar aghaidh ar aon chás nach bhfuiltear ar aon tuairim le chéile maidir le saincheisteanna a réiteach, sa phróiseas le clabhsúr iomlán a chur leis an tuarascáil mhíosúil.

Bearta a Glacadh nó a Beartaíodh

Bhí an Roinn ar an eolas faoi na saincheistean suntasacha a bhí tarraingthe anuas i gceistneoir an iniúchta. Sean-saincheistean ba ea go leor de na saincheistean a tharraing príomhoidí na scoileanna anuas ina bhfreagairt ar an gceistneoir agus bhíodar réitithe ag an gCuideachta CPP nó bhí siad ar scideal go dtabharfaí aghaidh orthu le linn shos an tsamhraidh. Lena chinntiú go mbeadh pictiúr iomlán ann i ndáil leis na saincheistean ar fad áfach, bhí faisnéis iarrtha ag an Roinn ó na scoileanna maidir le stádas reatha gach míre a tarraingíodh anuas. Maidir leis na cúrsaí áirithe

- Tháinig Coiste Idirchaidrimh foirmiúil, arna chomhdhéanamh den chúigear príomhoide agus ionadaithe ón Roinn agus ón gCuideachta CPP, le chéile ar bhonn rialta i rith 2003 agus 2004 i rith na tréimhse deacra leis an tionscadal a leabú. Ba léir don Roinn ag deireadh 2004 go raibh na cúrsaí a bhí á dtarraingt anuas níos oiriúnaí do dheasc chabhrach na cuideachta, agus cinneadh go ligfí do na scoileanna agus don chuideachta bualadh le chéile go háitiúil agus úsáid a bhaint as an deasc chabhrach chun freastal ar fhadhbanna laethúla. Tá sé comhaontaithe ag an Roinn anois go gcuirfear tús an athuair le cruinnithe an Choiste Idirchaidrimh ó Mheán Fómhair 2007.
- Ceann de chuspóirí thionscadal píolótach na scoileanna ná go mbainfí úsáid níos fearr as scoileanna lasmuigh d'uaireanta scoile. Tá banc 350 uair an chloig ag gach ceann de na scoileanna ar féidir leas a bhaint astu le haghaidh úsáide scoile nó a chur ar fáil d'úsáid an phobail agus coinníonn na scoileanna aon ioncam a shaothraítear. Tá sé de cheanglas ina chonradh ar an gCuideachta CPP iarrachtaí réasúnacha a dheanamh le poitéinseal go mbainfeadh Tríú Páirtithe úsáid as na scoileanna. Cé go laghdaítear na deiseanna lena aghaidh seo de bharr na 350 uair an chloig breise a cheadaítear saor in aisce do scoileanna faoin gconradh, tá sé comhaontaithe ag an gCuideachta CPP go mbunófaí meithleacha le gach scoil chun na roghanna a bheidh ar fáil a scrúdú chun an poitéinseal go mbainfeadh an pobal úsáid as an scoil a uasmhéadú in aon cheann de na tréimhsí nach mbíonn ag teastáil ó na scoileanna.
- Bíonn na scoileanna i dteideal 50% de bhrabúis a fháil as gníomhaíochtaí neamhoideachasúla a dhéantar lasmuigh d'uaireanta scoile. Níl íocaíocht faighte ag scoil ar bith. Tá sé tugtha le fios ag an gCuideachta reatha CPP nach bhfuil aon ioncam den sórt sin ó thríú páirtí³⁴ de bhreis ar chostais ginte. Iarradh ar an gcuideachta cuntais a sholáthar chun é seo a fhíorú.
- Faoin gconradh, sholáthair an Chuideachta CPP trealamh scoile le haghaidh dhá rang .i. iad a sholáthar amháin, agus a sholáthar agus a chothabháil. Toisc nach bhfuair na scoileanna liostú mionsonraithe de na míreanna a d'oir do gach catagóir, is í an chuideachta go héifeachtach a chinneann an t-ábhar i ngach cás. Tá an cheist á soiléiriú ag an Roinn, agus a taifid féin agus taifid na Cuideachta CPP á n-úsáid, agus nuair a réiteofar é, soláthróidh an Roinn liosta do phríomhoidí na scoileanna.
- Ba é cleachtas na Cuideachta bunaidh CPP aon suimeanna a bhí dlite le haghaidh oibre arna coimisiúnú ag príomhoide na scoile agus a bhí lasmuigh de scóip an Chonartha a bhaint as aon ioncam a bhí dlite don scoil ó mheaisíní díola a cuireadh isteach sa scoil. Soláthraíonn an conradh íosioncam ráthaithe €2,800 ar an meán i mbliain 1 agus ag dul i méad go dtí €3,500 (innéacsaithe) ó bhliain 3 do gach scoil ón ngníomhaíocht seo. Scoireadh de seo ó chuaigh an chuideachta reatha i gceannas ar an gconradh agus tá céimeanna á nglacadh ag an gcuideachta le trédhearcacht a chinntiú i leith ioncaim ráthaithe amach anseo. Táthar ag scrúdú mar a athríomhadh na soláthairtí ráthaithe ioncaim faoi láthair de bharr athraithe in 2006 sa bhia atá á ndáileadh, ar iarratas na scoileanna, go dtí cur chuige i leith roghanna sláintiúla.
- Bíonn na turnóga a sholáthair an Chuideachta CPP á n-aeráil go himmheánach agus tá sé ráite ag an déantúsóir leis an gCuideachta bhunaidh CPP nach raibh múcháin sceite riachtanach. Dá ainneoin

³⁴ Níl an áis astroturf i mBaile an Chollaigh san áireamh leis seo mar arb infheidhme socrú maoiniúcháin difriúil.

seo, ba é an cleachtas ginearálta do scoileanna traidisiúnta ná go soláthrófaí ceannbhrat ionas go mbeadh aeráil in ann tarlú. Thug an chuideachta reatha faoi cheannbhrat a sholáthar i ngach scoil i gcomhar leis an Roinn. Rachaidh an obair ar aghaidh i gcaitheamh an tsamhraidh más indéanta sin.

- Níor tháirg an Chuideachta bhunaidh CPP na tuairiscí riachtanacha maidir le fuinneamh. Bhí idirchaidreamh ag an gCuideachta reatha CPP le príomhoidí na scoileanna chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú. Maidir leis seo, d'iarr an chuideachta mí na Nollag seo caite go soláthródh na scoileanna cóipeanna de bhillí fuinnimh na bliana roimhe dóibh. Táthar fós ag fanacht leo seo ó roinnt scoileanna. Tarraingoidh an Roinn an cheist seo anuas leis an bpríomhoide scoile.
- Tá fadhb ar leith ag scoil amháin mar a bhfuil turnamh thailte na scoile tar éis dochar a dhéanamh do phiobáin séarachais, don draenáil bháistí, agus don fhaiche spóirt agus do chúirt chispheile. Toisc go bhfuil talamh láithreán na scoile íseal, sholáthar an Roinn suim bhreise sa Chonradh chun foirgneamh na scoile a phléáil. D'éirigh leis an obair leis seo a chur i gcrích agus ní bhíonn an foirgneamh tugtha don turnamh. Bhí roinnt gluaiseachta sa talamh thart timpeall ar an bhfoirgneamh. Thug an Chuideachta CPP faoi obair leigheasacháin ar a gcostas féin, ar roinnt ócáidí. Leanann an Chuideachta CPP ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar an scéal agus tá sé ag súil, bunaithe ar thuairiscí gairmiúla a fuarthas, go rachaidh an turnamh i léig faoi cheann 2-3 bliana.

Forbairtí Amach Anseo

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios, toisc go bhfuil an Tionscadal Píolótach i bhfeidhm le 4½ bliana anois, go bhfuil Téarmaí Tagartha á ndréachtú ag an Roinn faoi láthair le scrúdú cúig bliana a dhéanamh ar an tionscadal, rud a dtabharfaidh sainchomhairleoirí neamhspleácha faoi i rith 2008. Cuimseoidh an t-athbhreithniú iniúchadh ar na scoileanna, athbhreithniú cúig bliana agus coigeartú na gcostas reatha agus meastóireacht ar an tionscadal go dtí seo. Tá na Scoileanna Píolótacha san áireamh i gclár rollach na dTuarascálacha Meastóireachta Lánscoile chun tionchar an chonartha CPP ar obair an bpríomhoide scoile a mheasú.

Dúirt sí freisin go gcoinníonn an Roinn taifead ar na ceachtanna a foghlaimíodh i dtionscadal na Scoileanna Píolótacha agus go ndeachaigh an taithí a fuarthas chun tairbhe don Roinn san ullmhúchán don chéad chnuasach eile den Chlár Scoileanna a bhfuiltear ag tabhairt faoi láthair agus sna conarthaí don Choláiste Náisiúnta Muirí agus do Scoil Cheoil Chorcaí. Is iad na príomhfheabhsúcháin ar an gconradh ná

- Beidh freagracht ar an gCuideachta CPP as gach trealamh dá seachadtar chuig gach scoil a thaifeadadh agus as síniú lena aghaidh agus as clár sócmhainní do gach scoil a fhorbairt agus a chothabháil.
- Bunófar Deasc Chabhrach, a bheidh ar bun tríd an idirlíon, a mbeidh gach páirtí ábhartha in ann teacht air.
- Ullmhóidh an Chuideachta CPP lámhleabhar um Riachtanais agus Nósanna Imeachta Seirbhíse agus soláthrófar é do scoileanna agus don Roinn.
- Ullmhófar agus comhaontófar Beartas Bainistíochta Fuinnimh roimh dháta tosaithe na seirbhíse agus déanfar athbhreithniú air gach bliain.
- Rannpháirtíocht níos mó ag príomhoidí scoile ag Céim na dTairgeoirí Tosaíochta.

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó na scoileanna píolótacha, beidh gach tionscadal den chineál seo amach anseo caighdeánaithe agus bainfidh na gnáthchúrsaí céanna maidir le réimsí agus an soláthar céanna maidir le Teicneolaíocht Faisnéise le gach scoil beag beann ar an mbealach a sholáthraítear iad.

7.2 Cóiríocht Scoile Réamhdhéanta

Réamhrá

Tá an tAonad Pleanála agus Foirgníochta den Roinn Oideachais agus Eolaíochta freagrach as riachtanais chóiríochta oideachais a phleanáil, agus as bainistíocht a dhéanamh ar an mbuiséad do chaiteachas caipitiúil bliantúil chun foirgnimh nua scoile a sholáthar agus chun foirgnimh atá ann cheana féin a shíneadh agus a athchóiriú. Leagann Tábla 31 amach sonraí an chaiteachais ar sholáthar cóiríochta buaine agus sealadaí ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile do na blianta 2000 go dtí 2006. Is minic gur ag an leibhéal bunscoile a bhíonn formhór na cóiríochta sealadaí ar cíós.

Tábla 31 Caiteachas Caipitiúil agus Reatha ar Sholáthar Cóiríochta Scoile 2000 go dtí 2006

Bliain	Caipitiúil		Reatha
	Tógáil Foirgneamh Buan	Ceannachán Cóiríochta Sealadaí ³⁵	Cóiríocht Shealadach ar Cíos ³⁶
	€m	€m	€m
2000	258	4.4	4.0
2001	318	9.1	6.1
2002	344	21.5	8.4
2003	327	25.8	9.4
2004	333	12.7	11.3
2005	501	6.5	15.7
2006	525	3.5	24.5
Iomlán	€2,606m	€83.5m	€79.4m

Áirítear leis an gcaiteachas caipitiúil de €83.5m chun cóiríocht shealadach a cheannach na costais ghaolmhara a bhain le hoibreacha ar an láithreán, táillí gairmiúla agus speansais eile. Tá foirgnimh réamhdhéanta ar cíós ag thart ar 750 scoil i láthair na huaire ag costas bliantúil de thart ar €24m ar an Roinn sa bhliain 2006.

Faoi réir faomhadh cíosa a fháil agus sonraí tairisceana na Roinne a sheiceáil agus a cheadú, tá gach Bord Bainistíochta freagrach, tríd is tríd, as cóiríocht shealadach a fháil. Le déanaí, sa chás gur leis an Roinn féin an láithreán, cuireann sí cóiríocht ar fáil go díreach seachas tríd an scoil féin.

Athbhreithniú Iniúchta

Le linn cruinnithe den Choiste um Chuntais Phoiblí dúradh liom go raibh cóiríocht scoile réamhdhéanta ar cíós ag an Roinn nuair ba léir gurbh é an rogha ab fhearr go heacnamaíoch ná an chóiríocht a cheannach. Gheall mé go ndéanfainn imscrúdú ar an gceist.

³⁵Áirítear leis seo cóiríocht mhalartach ghearrthéarmach a fháil ar cíós áit a gcaitear ranganna a thabhairt amach as an bhfoirgneamh scoile atá cheana ann ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta nuair a bhíonn tionscadal foirgníochta /athchóirithe ar bun.

³⁶ Áirítear leis seo íocaíochtaí maidir le foirgnimh bhuana a fháil ar cíós.

Bunaithe ar chainteanna leis an Roinn, ba léir gan mhoill nár coinníodh aon taifid lárnacha ná sonraí bailithe ar chóiríocht a bhí ar cíos. Ní choinnítear sonraí maidir le líon na cóiríochta atá ar cíos, na dátaí a bhfuarthas ar cíos den chéad uair iad, agus an costas a bhain leis an gcíos agus an t-achar a raibh an chóiríocht ar cíos ach amháin i comhaid aonair láimhe i ngach scoil. Ba léir nach mbeadh sé praiticiúil ó thaobh costais de iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh mar a bhí beartaithe. Mar sin féin, rinne mé imscrúdú ar shampla comhad a thaispeáin go raibh seomraí réamhdhéanta ar cíos ar feadh tréimhsí fada. Mar shampla, ag scoil amháin, bhí úsáid á baint i gcónaí as dhá sheomra réamhdhéanta a fuarthas ar cíos sa bhliain 1999 agus as trí cinn eile a fuarthas ar cíos sa bhliain 2000. B'ionann an costas iomlán a bhain leis na seomraí réamhdhéanta sin a bheith ar cíos suas go dtí deireadh 2006 agus thart ar €487,000.

Sna cásanna sin, d'fhéach mé le heolas a fháil ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le

- Beartas foriomlán na Roinne maidir le caiteachas ar fhoirgnimh réamhdhéanta
- Cibé acu ar ullmhaíodh treoirlinnte ar bith maidir leis an bpointe miondealaithe i dtéarmaí achair na tréimhse cíosa d'fhonn a dhéanamh amach cathain a athraíonn an chothromaíocht de bhuntáiste eacnamaíochta ó íocaíochtaí cíosa leanúnacha go dtí ceannachán iomlán nó nár ullmhaíodh
- Cibé acu ar cuireadh rogha ceannacháin san áireamh i gconarthaí cíosa chun b'fhéidir cíos sínte a ghlacadh san áireamh mar gheall ar imthosca athraithe nó nár cuireadh
- Cibé acu ar breithníodh foirgnimh réamhdhéanta a athlonnú nó nár breithníodh, agus
- Cén fáth nár coinníodh taifid chuimsitheacha a bheadh inrochtana go héasca chun rialú agus monatóireacht caiteachais leanúnach agus athbhreithniú beartais iomlán a éascú.

An Freagra a Thug an tOifigeach Cuntasaíochta

Soláthar Cóiríochta Sealadaí

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta mar chuid den chlár caipitil scoileanna, gur sholáthair an Roinn maoiniú do chóiríocht shealadach i bhfoirm foirgneamh réamhdhéanta nó foirgnimh agus seomraí a bhí ann cheana a fháil ar cíos. I measc na gcostas a bhaineann le cóiríocht shealadach a sholáthar tá oibreacha ar an láithreán, costais suiteála, táillí gairmiúla agus speansais eile a bhaineann le riachtanais pleanála agus foirgníochta.

Bhí beartas na Roinne ar chaiteachas maidir le cóiríocht foirgneamh réamhdhéanta i gcásanna aonair ag brath ar cibé acu

- an raibh aitheantas buan nó aitheantas sealadach ag an scoil. Ba é beartas na Roinne gan aon mhaoiniú caipitiúil a chaitheamh ar scoileanna nach raibh acu ach aitheantas sealadach. Glacadh le rogha cíosa sna cásanna sin
- measadh an riachtanas mar cheann gearrthéarmach (m.sh. méadú gearrthéarmach i rolluithe); ba é an beartas, tríd is tríd, ná cóiríocht ar cíos a cheadú i gcásanna den sórt sin
- measadh an riachtanas mar cheann láithreach agus ní raibh aon chóiríocht mhalartach ar fáil go héasca.

Dúirt sí go raibh an t-éileamh a bhí ar réitigh cóiríochta an-tapa i scoileanna ag dul i méid i gcónaí mar thoradh ar bhreis múinteoirí a bheith ceaptha do riachtanais oideachais speisialta, riachtanais acmhainní teanga, athrú déimeagrafach, laghdú i méid na ranganna srl. B'ionann líon iomlán múinteoirí breise a

ceadaíodh don tréimhse 2000 go dtí 2006 agus 4,636. Theastódh cóiríocht shealadach a sholáthar i gcás cuid mhaith de na poist sin.

Foirgnimh Réamhdhéanta a Cheannach nó a Fháil ar Cíos

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh é cleachtas oibríochta caighdeánach na Roinne roimh 2003 ná gur socraíodh an cheist cibé acu ar chóir foirgnimh réamhdhéanta a sholáthar trí cheannachán nó trí chíos bunaithe ar cibé an riachtanas gearrthéarmach nó fadtéarmach a bhí ann. Sa chás gur riachtanas gearrthéarmach a bhí i gceist, measadh, tríd is tríd, go raibh luach ar airgead níos fearr ag baint le foirgnimh réamhdhéanta a cheadú chun cíosa; ach nuair a measadh gur riachtanas fadtéarmach a bhí ann, b'fhearr an foirgneamh a cheannach sa chás sin. Mar sin féin, tháinig athrú ar an gcleachtas sa bhliain 2003 agus as sin amach agus, bunaithe ar an taithí a bhain le foirgnimh réamhdhéanta a cheannach agus a athlonnú, ba ghearr gurbh bhfearr le cách an rogha cíosa ó thaobh cóiríochta den sórt sin a chur ar fáil.

Dúirt sí gur tharla an t-athrú beartais ag an am céanna le tabhairt isteach na Scéime Cóiríochta Buana. Bhí sé i gceist ag an scéim riachtanais chóiríochta bheaga bhreise a chomhlíonadh trí sheomraí ranga buana a sholáthar níos tapúla, agus mar sin cásanna a sheachaint áit ar bhain scoileanna úsáid as cóiríocht shealadach ar feadh tréimhsí fada. Ceadaíodh 318 seomra ranga breise agus 87 seomra acmhainne faoin scéim sa tréimhse 2003 go dtí 2006.

Treoirleánte maidir leis na Buntáistí Eacnamaíochta Bunúsacha a bhaineann le Foirgneamh a fháil ar Cíos agus é a Cheannach

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh treoirleánte ar bith leagtha síos ag an Roinn maidir leis an difríocht idir na buntáistí eacnamaíochta bunúsacha atá ag baint le foirgnimh réamhdhéanta a fháil ar cíos agus iad a cheannach. Mar sin féin, dheimhnigh sí go raibh tús curtha ag suirbhéirí cainníochta sa Roinn le hathbhreithniú ar bheartas cíosa chun

- meastóireacht ar an 'bpointe miondealaithe' ó thaobh na tréimhse cíosa a chur san áireamh, nuair a dhéantar comparáid idir na costais chomhiomlána thar an tréimhse cíosa is dóigh a bheidh ann agus an praghas iomlán a bheadh ar fhoirgneamh chomh maith le costais chothabhála ghaolmhara agus costais diúscartha ina dhiaidh sin
- meicníocht fhoirmiúil a thabhairt isteach bunaithe ar an bpointe miondealaithe sin a threoróidh cinneadh na Roinne maidir le leas a bhaint as ceannachán iomlán nó rogha cíosa gearrthéarmach a ghlacadh
- athbhreithniú ar na téarmaí a bhaineann leis an bhfaomhadh cíosa chun rogha ceannach amach a chuimsiú má chuirtear síneadh, mar shampla, le tréimhse cíosa foirgnimh réamhdhéanta mar gheall ar mhoill ó thaobh an tionscadail tógála buaine a sheachadadh
- an cur chuige is eacnamaí a bhreithniú chun cóiríocht shealadach a sholáthar, m.sh. trí chomhaontú creatlaí nó trí chonarthaí tarraingthe anuas ar bhunús tíreolaíochta.
- smaoinreamh ar conas a d'fhéadfaí fardal láraithe d'fhoirgnimh réamhdhéanta a fhorbairt agus a chothabháil sa Roinn.

Dúirt sí freisin go raibh sé i gceist tús áite a thabhairt don imscrúdú sin féachaint leis na hathruithe riachtanacha a thabhairt isteach chomh luath agus is féidir. Bhí sí ag súil, i ndiaidh an athbhreithnithe ar bheartas cíosa, go mbeadh an Roinn níos eolasaí chun an cheist maidir le pointí miondealaithe idir cóiríocht réamhdhéanta ar cíos agus cinn a cheannach a mheas.

Foirgnimh Réamhdhéanta a Athlonnú

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh imscrúdú déanta ag an Roinn ar an gceist a bhain le foirgnimh réamhdhéanta ceannaithe a athlonnú i gcásanna nach raibh an chóiríocht ag teastáil níos mó san áit a raibh sé ag an tús. Dúirt sí go raibh aois agus bail na bhfoirgneamh réamhdhéanta i measc na ngnéithe a bhí glactha san áireamh, chomh hoiriúnach is a bhí siad le díchoimeáil, agus na costais a bhainfeadh leis na foirgnimh a dhíchóimeáil, a iompar agus a chur suas in athuair. I measc na saincheisteanna eile bhí an gá i ndáiríre a bhí ag an scoil a bheadh ag fáil an stoic a mheaitseáil, frámaí ama agus stóráil shealadach a chur ar fáil.

Dúirt sí ar chúiseanna teicniúla, gur annamh a bhíonn díghléasadh agus athchóimeáil cóiríochta réamhdhéanta inmharthanach ar bhonn eacnamaíochta. Mar shampla, sa tréimhse 2005/2006, athlonnaíodh 37 aonad foirgnimh réamhdhéanta chuig 17 bunscoil agus 4 iar-bhunscoil. I ndiaidh athlonnú na bhfoirgneamh sin, dúirt an Roinn nár léirigh na hiarrachtaí a rinneadh an luach ab fhearr ar airgead, mar nuair ab fhearr iad, bhí idir 50% go dtí 60% de chostas ceannacháin nua ag baint le foirgneamh réamhdhéanta a athlonnú. Anuas air sin, ní mórán scoileanna a bhí sásta glacadh le foirgnimh sheanchaite mar a b'fhacthas iad, agus theastaigh ó na scoileanna a bhí san áit ón tús na foirgnimh a choinneáil ar chúiseanna éigin eile mar stóráil, limistéir spraoi laistigh nó mar sheomraí acmhainní. Mar gheall ar an drochluach ar airgead, is in imthosca eisceachtúla amháin a úsáidtear foirgnimh réamhdhéanta in athuair sa lá atá inniu ann.

Bainistíocht Faisnéise

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom freisin de bhrí nach raibh rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach ach amháin ó thaifid aonair a bhí sealbhaithe ar chomhaid na scoile, nach raibh sé éasca meastóireacht a dhéanamh ar athbhreithnithe beartais foriomlána leis an gcóras atá ann faoi láthair. Tá an Roinn i mbun imscrúdaithe faoi láthair ar na Córais Faisnéis Bainistíochta atá san Aonad Pleanála agus Foirgníochta féachaint le faisnéis atá ann cheana a chomhtháthú agus sonraí bainistíochta inmhiannaithe a ghabháil in aon chóras lárnach amháin. Mar sin féin, tá forfheidhmiúcháin córais den sórt sin ar cheann de roinnt tosaíochtaí iomaíochta sa réimse TF agus caithfidh sé cumas TF a ghlacadh san áireamh. Ag feitheamh ar obair forbartha go fadtéarmach, breithneofar an cheist a bhaineann le faisnéis cíosa a fheabhsú mar chuid den chlár áitiúil bliantúil chun córais faisnéise atá ann cheana a fheabhsú agus a chur in oiriúint san Aonad Pleanála agus Foirgníochta.

Caibidil 8

An Roinn Iompair

8.1 Scéim Ticéadaithe Chomhtháite - Tuairisc Chun Dáta

Cúlra

Thagair mé i mo Thuarascáilse ón mbliain 2005 don tionscadal a bhfuil an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród (GSI) á bhainistiú chun córas iloibreora de thicéadú iompair phoiblí comhtháite a sheachadadh trí leas a bhaint as teicneolaíocht cárta chliste. Cuireadh síos sa tuarascáil ar an gcúis inné gur tharla easpa dul chun cinn, críochnú na céime tosaigh soláthair agus tabhú caiteachais neamhbhríoch nach beag ón gcaoi inar bainistíodh tionscadal an Chórais Ticéadaithe Chomhtháite (CTC).

Agus aghaidh á tabhairt ar an gcúis inné sin, mhionsonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta socruithe rialachais leasaithe don tionscadal féin, a tugadh isteach i mí Iúil na bliana 2006. Ba é cuspóir na socruithe sin a chinntiú gur ndearnadh dul chun cinn chomh héasca agus ab fhéidir leis an tionscadal agus gur fíoraíodh sochair an chaiteachais go nuige seo.

Socruithe Rialachais Nua

Ba iad na bearta seo a leanas a bhí sna socruithe rialachais nua don tionscadal

- Bunú boird tionscadail ardleibhéil nua, ar a dtugtar Bord an Tionscadail Ticéadaithe Chomhtháite (BTTC), agus tugadh an cúram dó as seachadadh sásúil na teicneolaíochta cárta chliste ba ghá do chóras ticéadaithe chomhtháite laistigh de shonraíocht, amlíne agus buiséad aontaithe. Cathaoirleach neamhspleách, Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na GSI, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Bus Éireann, ionadaí ó na hoibreoirí bus príobháideacha, oifigeach sinsearach ón Roinn Iompair agus, de réir mar is cuí, oifigeach sinsearach ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST); iad go léir a bheith ar an mbord é féin).
- B'éigean don BTTC, agus é cuntasach faoin Aire Iompair, tuairisciú go foirmiúil don Aire i leith dul chun cinn i mí Mheán Fómhair 2006 agus gach trí mhí ina dhiaidh sin
- Bunú foirne forfheidhmiúcháin tionscadail chun tuairisciú don BTTC agus bheith freagrach as forbairt agus forfheidhmiú laethúil an tionscadail féin
- Athbhreithniú agus leasú féideartha do shaichúram na GSI agus
- Bunú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

Is é cúram an tionscadail ticéadaithe chomhtháite seachadadh córais shoiléir amháin den ticéadú iompair phoiblí comhtháite lena mbaineann cuideachtaí éagsúla iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar dtús. Is amhlaidh, dá réir, atá an struchtúr rialachais feabhsaithe don tionscadal deartha chun aitheantas a thabhairt do róil neamhspleácha reachtúla na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus lárphointe amháin a chinntiú do gach príomhchinneadh a ghlactar i ndáil leis an tionscadal féin. Ceapadh an struchtúr le bheith ina cheann eatramhach ar feitheamh athruithe sna socruithe institiúideacha don iompar poiblí i bhfoirm bhunú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

Cur i bhFeidhm na Socruithe Nua

Chuaigh mé i mbun athbhreithnithe ar pháipéir rannacha a bhain leis an tionscadal, agus dheimhnigh mé leis an Oifigeach Cuntasaíochta gurb amhlaidh an staid is nuashonraithe de réir mar a leagtar amach i Tábla 32.

Tábla 32 Dul chun Cinn i leith Chur i bhFeidhm na Socruithe Rialachais Nua

Beart	Dul chun Cinn
Bord Ardleibhéil Nua (Bord an Tionscadail Ticeadaithe Chomhtháite, BTTC)	BTTC i bhfeidhm ó mhí Iúil 2006 i leith Lena n-áirítear Príomhoifigigh Feidhmhiúcháin na GSI, Bhus Éireann, Iarnród Éireann, Bhus Éireann, ionadaí oibreoirí bus príobháideacha, an Roinn féin agus freastal de réir mar is cuí ón RGST An chéad chruinniú 25 Iúil 2006 Tháinig an BTTC le chéile uair amháin in aghaidh na míosa ar a laghad ó shin i leith Ceaptha mar chomhairleoir gairmiúil chun tacaíocht theicniúil shaineolach neamhspleách a sholáthar
Tuairiscí maidir le dul chun cin don Aire Iompair	3 thuairisc go nuige seo (Deireadh Fómhair 2006, Nollaig 2006 agus Bealtaine 2007)
Foireann Forfheidhmiúcháin Tionscadail (FFT)	Foireann d'ionadaithe ó gach páirtí leasmhar iompair a bheith curtha i bhfeidhm. Is iondúil go dtagann an fhoireann le chéile gach coicís. Reáchtáiltear cruinnithe leis an RGST de réir mar is gá. Tuairiscíonn an FFT don BTTC, agus is í atá freagrach as bainistiú laethúil an phróisis forfheidhmiúcháin.
Athbhreithniú agus leasú féideartha ar shainchúram na GSI	Bhain an Roinn de thátal as an scéal nach raibh aon ghá ann an bunús reachtúil d'fheidhmeanna na GSI a leasú ar feitheamh bhunú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath. Thug an Roinn sainchúram na GSI cothrom le dáta i mí Aibreáin 2007 ach an cháipéisdar teideal, 'Policy Principals Regarding Integrated Ticketing' a eisiúint.
Bunú Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath	D'fhógair an tAire an rún Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú ar bhonn reachtúil. Aistrefar an fhreagracht as ticéadú comhtháite chuig an t-údarás úr nuair a bhunófar é.

Moladh ón Dara Tuarascáil den BTTC

Mionsonraíodh sa dara tuarascáil maidir le dul chun cinn de chuid BTTC, a cuireadh faoi bhráid an Aire, tráthchlár agus buiséad leasaithe an tionscadail. Sainíodh raon an tionscadail le gach seirbhís sceidealta de chuid Bhus Átha Cliath, LUAS agus d'oibreoir cóiste phríobháidigh ainmnithe chomh maith le gach seirbhís Iarnród Éireann, DART agus do chomaitéirí bruachbhailteacha, i dteannta le bealach píolótach do Bhus Éireann a fhreastalaíonn ar mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. D'fhreastalódh sé freisin ar an scéim saorthaistil arna cistiú ag an RGST trí mheán na nascála le tionscnamh Seirbhísí Poiblí na Roinne.

Maidir leis an tráthchlár comhlíonta, samhláíodh sa tuarascáil go seolfaí an STC ar dtús i leith seirbhísí Bhus Átha Cliath, LUAS agus oibreoir an chóiste phríobháidigh laistigh de 27 mí ón gcinneadh dul ar aghaidh leis an tionscadal (.i. deireadh mhí Lúnasa 2009). Bhainfí amach comhtháthú iomlán laistigh de cheithre bliana.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa gurb é €49.6m an costas caipitiúil a mbeifí ag dúil leis ón tionscadal, agus €11.2m de sin mar chostais a tabhaíodh go dtí deireadh mhí na Nollag 2006, go príomha ar fhorbairt deartha. Tagann an méadú ó €29.6m de bharr na tréimhse forfheidhmiúcháin níos faide idir na blianta 2005 agus 2010 agus de bharr an bhoilscithe praghsanna chomhbhaintigh, ranníocaíochtaí méadaithe le hoibreoirí iompair chun freagairt do chostas an chomhtháite agus chun baint na n-oibreoirí bus san earnáil phríobháideach a spreagadh, agus riachtanais theicniúla a chur san áireamh don nascáil 'Saorthaistil' leis an RGST. Áirítear leis an mbuiséad freisin soláthar méadaithe don teagmhasacht.

Ullmhaíodh an buiséad leasaithe ar bhunús an mheasúnaithe is fearr de chúinsí reatha sa mhargadh. Níorbh fhios na costais deiridh nó go dtarlaíonn an tairiscint féin. Sholáthair tuarascáil an BTTC meastachán réamhthairisceana de chostais oibriúcháin bhliantúla an chórais agus maíodh inti go mbreithneodh Bord an Tionscadail an meán trína sásófaí iad siúd. Chinn an Roinn nárbh é an Státchiste a iompródh na costais oibriúcháin. Samhlaítear inti go sásófaí na costais sin trí choigilteas a fhabhraíonn d'oibreoirí iompair óna rannpháirt sa scéim ticéadaithe chomhtháite agus coigeartú do tháillí, de réir mar is cuí, ar leor iad chun glanchostas oibriú na STC a fhritháireamh.

Imní a Thug GSI Anuas

Ceapadh cathaoirleach úr ar Bhord na GSI i mí Feabhra 2007 chomh maith le bheith ainmnithe mar chathaoirleach ainmnithe de chuid Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath atá molta. Thug Bord na GSI anuas an imní seo a leanas leis an Roinn, tar éis dóibh an dara tuarascáil dul chun cinn de chuid BTTC a bhreithniú

- An gá le faomhadh foirmiúil don tionscadal ag an Aire agus ag boird na bpáirtithe leasmhara faoi seach
- An tuairim atá ag an GSI go bhfuil easpa soiléire ann i leith na socrúithe don rialachas tionscadail
- Na rioscaí a bhaineann le forbairt scéimeanna eatramhacha
- An gá le síniú na bPríomhrann Comhaontaithe ceangailteach ag gach rannpháirtí
- Éiginnteacht faoin té a iompróidh na costais oibriúcháin den scéim.

Mar fhreagra do mo chuid fiosruithe, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa gur fhreagair an Roinn an 19 Aibreán 2007, tar éis comhchainteanna le Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na GSI, don imní sin trí mheán Meamraim chuig Cathaoirleach an BTTC agus arna chóipeáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na GSI. Tugadh aghaidh sa Mheamram ar gach aon cheann de na saincheisteanna a thug an GSI anuas. Dheimhnigh Bord na GSI ina dhiaidh sin gur mheas sé gur tugadh aghaidh ar na saincheisteanna ar bhealach a bhí sásúil dó nó go rabhtas i mbun na gcéimeanna chun iad a chríochnú.

Scéimeanna Cárta Chliste Eatramhaigh

Cuireadh in iúl sa chéad tuarascáil den BTTC, i mí Dheireadh Fómhair 2006, gur aontaigh an Bord le tabhairt isteach cárta chliste eatramhaigh ag Bus Átha Cliath ó dheireadh na bliana 2007 ar an mbunús go raibh sé comhleanúnach le dul chun cinn a dhéanamh i leith scéime ina hiomláine. Fuair Iarnród Éireann faomhadh ón BTTC i mí na Samhna 2006 scéim cárta chliste eatramhaigh dá chuid féin a fhorbairt. D'aireofaí leis an scéim sin áis sparáin leictreonaigh. Thug Bus Átha Cliath an fhéidearthacht anuas go neamhfhoirmiúil le BTTC go luath sa bhliain 2007 go nascálfaí a chárta cliste eatramhach leis an gcárta cliste Luas agus an ceann atá faoi bhreithniú ag Iarnród Éireann. In. Tugadh aghaidh i Meamram Rannach an 19 Aibreán 2007 le Cathaoirleach BTTC ar imní shonrach na GSI maidir le scéimeanna cárta chliste eatramhaigh.

Scríobh an Roinn an 30 Aibreán 2007 chuig Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann maidir le scéimeanna cárta chliste eatramhaigh á chur in iúl dóibh

- Gurbh é an STC a bheadh mar an mheicníocht ticéadaithe chomhtháite amháin don ticéadú iompair phoiblí
- Nár cheart go mbeadh aon tionscnamh ann i leith nascáil a scéimeanna eatramhacha

- Nár chóir go mbeadh aon fheabhsú breise de scéimeanna cárta chliste ann gan faomhadh an BTTC nó na Roinne.

I litir a scríobh Príomhfheidhmeannach Bhus Átha Cliath an 15 Bealtaine 2007 chuig an Roinn, mhaígh sé in athuair a chreideamh go “...dteastaíonn uainne féachaint go géar ar chártaí cliste bus/iarnróid agus bus/Luas a fhorbairt”. Mhaígh sé freisin go mbeadh ceithre chárta chliste i bhfeidhm in am agus i dtráth - Cártaí na beirte Oibreoirí Luas agus Príobháideacha dá bhfuil ann le Bus Átha Cliath agus cártaí Iarnród Éireann atá le tabhairt isteach go fóill. Mhol sé go “... mba cheart go mbeimis ag breathnú ar bhealaí chun comhtháirgí a thairiscint leis na cártaí sin, a luífidh go maith le forbairt na STC faoi dheireadh thiar, a bhfuil gach aon dream tiomanta di.”

Mhaígh an Roinn ón tús, i bhfoirm breithniúcháin ardleibhéil d'fháthanna i bhfabhar agus i gcoinne an mholta sin, go dteastaíonn an cumas a bheith ag an gcóras ticéadaithe chomhtháite amach anseo freastal ar oibreoirí iompair phoiblí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, riachtanais dlí iomaíochta a shásamh, córais táillí éagsúla a éascú agus feidhmiú mar ghníomhaire iontaofa de chuid údarais iompair neamhspleáigh. Thug an Roinn faoi deara, le héascú fhorfheidhmiú na STC iomláine, go bhféadfaí roinnt den ticéadú comhtháite bunaithe ar chárta cliste a sheachadadh leis an gcur chuige a mhol Bus Átha Cliath go neamhfhoirmiúil, *inter alia*, ábhairín níos sciobtha ná an STC iomlán, agus chuimseodh sé tuairim 95% den mhargadh iompair phoiblí reatha i mBaile Átha Cliath i gcomhair imeallchostais chaipitiúil breise. Mar mhalairt rogha, má tharla go raibh sí ina malairt don STC iomlán mar thoradh ar nascáil na scéimeanna eatramhacha, thiocfadh ticéadú comhtháite teoranta cárta cliste-bhunaithe ag réamhchostas measta timpeall €4m - €5m óna leithéid de nasc; bheadh sé faoi stiúradh oibreora le táirgí ticéad a chuirfí chun margaidh go hiomchuí; agus féadann na hoibreoirí na costais a bhaineann le hoibriú an chórais a shú isteach.

Ar an taobh eile de, mheas an Roinn go bhféadfaí aon fheabhsú breise ar na scéimeanna eatramhacha an baol do sheachadadh an tionscadail STC trí chéile a mhéadú. Mheas an Roinn agus an GSI araon go bhféadfaí moill a chur le forfheidhmiú na scéime iomláine le nascáil na gcóras eatramhach; go bhféadfadh meascán sa mhargadh teacht aisti; go bhféadfaí acmhainní gairmiúla ganna a atreorú agus roinnt caiteachais neamhbhríoch teacht mar thoradh uirthi.

B'éigean don Roinn an fhéidearthacht a mheas go bhfeicfí nascáil na scéimeanna cárta cliste eatramhacha mar mhalairt don STC iomlán. Bhí inní ní ba bhunúsaí ag an Roinn sa chás sin go bhféadfadh ceannas na mór-oibreoirí (Stáit) a threisiú leis an moladh sin agus fadhbanna a dhéanamh ó thaobh na hiomaíochta de; bheith ina ardán teicniúil iata dorochtana do gach páirtí; bheith bunoscionn le riachtanais mholta Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath i ndáil le táillí, le heolas agus le comhtháthú iompair; bheith gan luach do phaisinéirí a dteastaíonn athrú idir bus príobháideach agus seirbhísí arna n-oibriú ag an Stát, agus ní bheadh sin insinte don chuid eile den Stát. Ina theannta sin, ní bheadh sparán leictreonach ann, as a dtiocfadh glacadh paisinéirí ní ba lú; bheadh nascálacha teoranta acu le Scéim Saorthaistil na RGST agus chuirfeadh sé clú na Roinne agus na GSI i mbaol.

Mar thátal, ba í tuairim dhaingean na Roinne gurb í an STC atá molta anois ag an BTTC an córas a shásaíonn riachtanais bheartais na Roinne agus a bheadh comhlántach do chur i bhfeidhm céimneach an bhonneagair iompair phoiblí faoi Transport 21, agus bheith neodrach a dhóthain ó thaobh cúrsaí teicniúla de le cinní a dhéanadh Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath amach anseo a éascú, i dtaca le comhtháthú an iompair, beartas táillí, soláthar eolais agus rialúchán margaidh. Ní bhainfeadh moladh Bhus Átha Cliath amach an méid sin, agus cé gur dealraíodh gur bhain fiúntas gearrthéarmach éigin leis, tháinig riosca breise leis maidir le tráthúlacht, costais agus acmhainní teicniúla.

Mheas an Roinn go rabhthas tar éis bogadh ar aghaidh ón bhféidearthacht go nascálfaí na scéimeanna eatramhacha, agus nár bhain an ábharthacht chéanna leis an tsaincheist agus a síleadh ag an am sin. Fuasclaíodh cúiseanna inní na Roinne leis na gealltanais a thug Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann don STC ina hiomláine.

Faomhadh Tionscadail

Thug an Roinn an cás i mí na Bealtaine 2007, a mheas sí bheith doshéanta, don Roinn Airgeadais as infheistiú i gcóras ticéadaithe comhtháite chárta cliste-bhunaithe agus d'fhéach sí le ceadú a fháil don bhuiséad leasaithe de €49.6m. Mhaígh an Roinn, agus a moladh á thabhairt aici, go raibh sí den tuairim dhaingean go gcuirfeadh forfheidhmiú an Tionscadail Ticéadaithe Chomhtháite feabhsú nach beag le tarraingteacht an bhonneagair agus na seirbhísí iompair phoiblí a bhfuiltear á gcur i bhfeidhm go céimneach faoi Transport 21, agus go gcuirfeadh sé sin le baint amach beartais ní ba leithne an Rialtais i ndáil leis an iompar agus an inbhuaine. Mhaígh an Roinn freisin go raibh tacaíocht ag an gcás airgeadais don tionscadal ón anailís airgeadais nuashonraithe a ndeachaigh an Comhairleoir Teicniúil neamhspleách ina bhun agus ón mbreac-chás gnó a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Tionscadail araon. Thug na breithmheasanna sin le fios go raibh Glanluach Reatha dearfach ann don tionscadal.

Thug an Roinn Airgeadais ceadú don mholadh, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas

- Leanfadh an Roinn Iompair ar aghaidh ag cloí go hiomlán leis na Treoirínte do mheastóireacht agus do Bhainistiú an Chaiteachais Chaipitiúil san Eanáil Phoiblí i ndáil le measúnú agus bainistiú an tionscadail, agus dhéanfaidh sí an tionscadal a athmheasúnú sa chás gur dhóichí go méadófaí na costais táirgeachta nó go raibh an chúis ann chun creideamh nach dtiocfadh tairbhí an tionscadail i gcric.
- Ní sháródh costas caipitiúil an tionscadail, lena n-áireofaí na ranníocaíochtaí aontaithe le cuideachtaí na bpáirtithe leasmhara agus an costas a bhainfeadh le comhshnaidhmeadh na Scéime Saorthaistil, nach sáródh €49.6m.
- Ní shásófaí an costas caipitiúil iomlán ó laistigh de chlúdach airgeadais Transport 21.
- Shásófaí costais reatha leanúnacha an tionscadail leis na cuideachtaí oibreora iompair, agus ní bheadh aon bhaint ag an Státhiste leo.

Chuir an Roinn coinníollacha breise leis agus a faomhadh don tionscadal á cur in iúl don BTTC

- Bhí gach cuideachta de chuid na bpáirtithe leasmhara freagrach go díreach as seachadadh a ngné den chóras foriomlán de réir na creatlaí bainistithe agus monatóireachta atá aontaithe don tionscadal
- Ba cheart go ndíreodh an BTTC agus cuideachtaí na bpáirtithe leasmhara anois ar sheachadadh an chórais ticéadaithe chomhtháite de réir mar a leagtar amach sa Dara Tuarascáil de chuid an Bhoird
- Ba chóir go gcloífeadh an BTTC agus cuideachtaí na bpáirtithe leasmhara le beartas na Roinne i ndáil le scéimeanna cárta chliste eatramhaigh agus a n-aistriú chuig an STC chomh luath agus is infheidhmithe tar éis a bhunaithe
- Ba chóir go gcinnteodh an BTTC go dtabharfar chun críche chomh luath agus is féidir na costais a bhaineann le comhtháthú na scéimeanna ticéadaithe de chuid tionscadal píolótach Bhus Éireann, agus gréasán mórchéantair Bhaile Átha Cliath de chuid Iarnród Éireann, leis an STC
- Ba cheart go bhforbródh an BTTC plean forfheidhmiúcháin mhionsonraithe ina leagtar amach go beacht conas a sheachadfar ticéadú comhtháite laistigh d'amscálaí atá geallta
- Ba cheart go gcomhlánófaí Ranna Comhaontaithe/Meamram Tuisceana idir na páirtithe leasmhara sula dtabharfar príomhshocruithe conartha ag eascairt as an soláthar 'tógála' chun críche.

Foilsíodh fógra tairisceana an 27 Meitheamh 2007 in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach le soláthraí a fháil chun an chúloifig iomlán agus na comhéadain chomhbhainteacha don STC a fhorbairt, a sholáthar, a thástáil agus a chomhtháthú. Is é 30 Iúil 2007 an dáta do chur isteach freagraí don chéim réamhcháilithe.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa gur thug an Roinn socruithe úra monatóireachta agus tuairiscithe isteach de réir na dTreoirínte Breithmheasa Caipitiúla chun na socruithe rialachais leasaithe atá ann anois a léiriú agus an bhéim athnuaite um sheachadadh an tionscadail ticéadaithe chomhtháite. Bunaíodh Coiste Monatóireachta nua, leis an Roinn, Cathaoirleach Bhord an Tionscadail, Stiúrthóir an Tionscadail de réir mar ba chúil. Tharla an chéad chruinniú den Choiste seo an 10 Iúil. Dá ndealrófaí ag tráth ar bith go méadófaí na costais táirgeachta nó go mb'fhéidir nach dtiocfadh na tairbhí i gcrích a rabhthas ag dúil leo, rachadh an Roinn i mbun breithmheasa den tionscadal láithreach bonn; cé go mbeifí ag díriú airde ar an seachadadh laistigh den chlár aontaithe agus den bhuiséad caipitiúil.

Caibidil 9

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

9.1 Ró-íocaíochtaí

Is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a riarann 50 scéim leasa shóisialaigh a íoctar trí Vóta 38 agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh. B'ionann caiteachas ar scéimeanna cúnaimh agus árachais sa bhliain 2006 agus €7.02 billiún agus €6.11 billiún faoi seach.

Leagtar amach i dTáblaí 33, 34, agus 35 an caiteachas foriomlán ar scéimeanna éagsúla thar an tréimhse idir na blianta 2002 agus 2006, agus na méideanna a taifeadadh mar ró-íocaíochtaí, méideanna na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith na calaoise nó calaois amhrasta don tréimhse chéanna, agus taifead carnach na Roinne ón mbliain 2002 i leith.

Tábla 33 Caiteachas Scéime

	2002	2003	2004	2005	2006
	€m	€m	€m	€m	€m
Árachas Sóisialach	4,198	4,649	5,081	5,460	6,106
Cúnamh Sóisialta	4,940	5,460	5,821	6,296	7,019
	€9,138m	€10,109m	€10,902m	€11,756m	€13,125m

Tábla 34 Líon agus Méid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh lena n-aisghabháil (Uimhreacha á dtaispeáint idir lúibíní)

	2002	2003	2004	2005	2006
	€m	€m	€m	€m	€m
Árachas Sóisialach	9.72 (23,723)	10.60 (26,174)	12.12 (26,131)	11.02 (22,420)	11.20 (21,529)
Cúnamh Sóisialta	19.41 (15,084)	28.77 (17,459)	44.85 (20,000)	36.24 (17,126)	34.02 (18,216)
Iomlán	€29.13m (38,807)	€39.37m (43,633)	€56.97m (46,131)	€47.26m (39,546)	€45.22m (39,745)


Tábla 35 Líon agus Méid na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith na calaoise³⁷ nó na calaoise amhrasta (Uimhreacha á dtaispeántar idir lúibíní)

	2002	2003	2004	2005	2006
	€m	€m	€m	€m	€m
Árachas Sóisialach	4.59 (8,121)	5.07 (9,606)	6.24 (10,771)	5.53 (8,587)	5.16 (7,877)
Cúnamh Sóisialta	7.43 (5,728)	8.88 (7,148)	12.69 (8,483)	13.13 (7,758)	15.19 (8,950)
Iomlán	12.02 (13,849)	13.95 (16,754)	18.93 (19,254)	18.66 (16,345)	20.35 (16,827)

Tugtar achoimre ar líon na ró-íocaíochtaí a cuirtear i leith na calaoise nó na calaoise amhrasta i gcomparáid le ró-íocaíochtaí iomlána ón mbliain 2002 i leith i bhFigiúr 4.

³⁷ Ní rangáítear na cásanna eastáit ina dtagann acmhainní neamhluaite aníos mar chalaois/chalaois amhrasta. Ba é €5.6m méid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i ndáil le 258 cás eastáit sa bhliain 2006.

Figiúr 4



Taispeántar taifead na Roinne i leith aisghabháil ró-íocaíochtaí le linn na tréimhse 2002 - 2006 i dTábla 36.

Tábla 36 Taifead na Roinne d'aisghabháil ró-íocaíochtaí idir 2002 agus 2006

	2002 €000	2003 €000	2004 €000	2005 €000	2006 €000
Ró-íocaíochtaí nár diúscaíodh amháil 1 Eanáir	65,452	70,621	85,953	115,993	131,250
Ró-íocaíochtaí a taifeadadh lena n-aisghabháil	29,130	39,367	56,967	47,261	45,219
Lúide					
Ró-íocaíochtaí a taifeadadh sna blianta roimhe sin arna gcealú	(394)	(381)	(693)	(1,826)	(129)
Suimeanna a aisghabháladh in airgead tirim	(8,892)	(10,397)	(11,506)	(11,246)	(12,032)
Suimeanna arna siarchoinneáil ó theidlíochtaí reatha	(6,734)	(6,521)	(8,332)	(8,715)	(10,509)
Glansuimeanna a díscríobhadh mar chinn do-aisghafa ³⁸	(7,941)	(6,736)	(6,396)	(10,217)	(4,259)
Ró-íocaíochtaí nár diúscaíodh amháil 31 Nollaig (€000)	70,621	85,953	115,993	131,250	149,540

As na ró-íocaíochtaí €149,540,338 fós gan íoc amháil 31 Nollaig 2006 - tagann €31,017,804 ón mbliain 2006; €29,724,801 ón mbliain 2005; €36,224,296 ón mbliain 2004 agus €52,573,437 ó bhlianta roimhe sin.

Chuaigh córas ríomhaireachta Ró-íocaíochtaí agus Bainistithe Fiachais (RBF) úr beo i mí na Samhna 2006, agus táthar ag dúil go mbeidh sé in úsáid i ngach aon limistéar iomchuí den Roinn faoi dheireadh na bliana 2007.

Ligeann an córas úr dóibh seo a leanas

³⁸ Díscríofa chun críocha cuntasáíochta.

- Taifeadadh mionsonraí ró-íocaíochtaí ag foireann tuloifige.
- Rianú leanúnach na ró-íocaíochtaí lena n-áirítear rianú aisghabhála trí asbhaint ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Teastóidh nascáil le córais oidhreacht na Roinne lena ligean do tharchur uathoibríoch sonraí idir na córais.
- Táirgeadh tuairiscí bainistíochta.
- Feidhmiú straitéise úire do bhainistiú fiachais.

Seo a leanas na sochair a bhfuiltear ag dúil leo ón gcóras úr

- Iontráil dhúblach sonraí a chealú i leith na n-idirbheart fiachais
- Próiseáil pháipéir a chealú i dtuairisciú na n-idirbheart fiachais
- Níos mó den obair chomhoibritheach a bheith ann
- Faisnéis fiachais níos iontaofa agus níos cruinne.

Chuathas i mbun mórghlantacháin sonraí ar an seanchóras ró-íocaíochtaí roimh an aistriú chuig an gcóras úr. Le linn an phróisis seo, cinneadh ar dhíriú ar na catagóirí ró-íocaíochtaí seo a leanas:

- Cásanna nach raibh aon ghníomhaíocht aisghabhála ag baint leo le 3 bliana anuas
- Cásanna arna gcur i bhfios áit ar sháraigh an fiachas gan íoc €1,000
- Cásanna calaoise móra (a sháraigh €5,000) gan aird ar an tréimhse ama.

Aistríodh tuairim 121,000 cás go dtí RBF ar an mbonn sin. Thángthas ar chinneadh tar éis na hoibre sin nach n-aistrefaí an fiachas a measadh a bheith do-aisghfa, bíodh sé sin de bharr a aoise nó a luacha, go dtí an córas RBF úr.

Is ionann an fiachas atá fágtha sa seanchóras agus tuairim 200,000 ró-íocaíocht de luach €82m, a dtagann mórchuid de ó roimh an mbliain 2000 agus do shuimeanna ar lú ná €2,000 iad. Lorgófar faomhadh ón Roinn Airgeadais leis na fiachais sin a dhíscríobh go cinntitheach – táthar tar éis níos mó ná 99% de na fiachais sin a dhíscríobh cheana féin chun críocha cuntasáíochta.

Comhlánófar an t-athrú go dtí an córas ríomhaireachta úr le feidhmiú straitéise nua do bhainistiú fiachais. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil sé beartaithe an straitéis nua a chur i bhfeidhm sa dara leath den bhliain 2007. Is í sprioc fhoriomlán na straitéise sin aisghabháil an fhiachais a lorg go gníomhach chun leibhéal aisghabhála a uasmhéadú, ag féachaint do luach airgid agus le béim faoi leith ar aisghabháil ó dhaoine nach bhfuil i dtuilleamaí a thuilleadh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Is é príomhbhunús na straitéise nua um bainistiú fiachais ról a thabhairt don Aonad Lárnach Ró-íocaíochtaí agus Bainistiú Fiachais ó thaobh cúrsaí fiachais de. Díreoidh an t-aonad ar fhéichiúnaithe nach mbíonn i dteagmháil leis an Roinn sin a thuilleadh, go háirithe féichiúnaithe le ró-íocaíochtaí móra a fuarthas go calaoiseach.

9.2 Ionchúisimh

Déantar cásanna lena mbaineann mí-úsáid an chórais a bhreithniú d'fhonn dul i mbun imeachtaí dlíthiúla. Glactar ionchúisimh i gcoinne fostóirí a dteipeann orthu a gcuid oibleagáidí reachtúla a chur i gcrích agus daoine a dhéanann calaoise ar an gcóras íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Féadann na hionchúisimh a bheith ina n-imeachtaí achoimre nó díotála. Glactar imeachtaí sibhialta chun asighabháil ró-íocaíochtaí scéime nó bailiú riaráistí ÁSPC a éascú. Ní ghlactar cásanna mar sin ach amháin mar a mbítear ag dúil go bhfuil dóthain acmhainní ag féichiúnaí chun an fiach a urscaoileadh.

Cuireadh 348 cás coiriúil (2005 - 412 cás) faoi bhráid Oifig an Phríomh-Atur na Stáit (CSSO) le linn na bliana 2006, mar a léirítear i dTábla 37. Níor measadh cúig chás id daichead lena n-ionchúiseamh (2005 – 10 gcás) de bharr an achair a d'imigh ón gcion i leith.

Tábla 37 Cásanna Coiriúla a cuireadh faoi bhráid OPAS

	2006	2005
Cúnamh Dífhostaíochta	169	197
Sochar Dífhostaíochta	113	153
Sochar Míchumais	20	19
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	16	19
Scéimeanna Eile ³⁹	7	10
Cionta a Rinne Fostóirí	23	14
Iomlán	348	412

Tugadh 256 ionchúiseamh chun cúirte sa bhliain 2006 (2005 - 256 ionchúiseamh) lenar bhain faighteoirí leasa shóisialaigh. Ba é €1,524,435 méid iomlán na ró-íocaíochtaí a measúnaíodh sna cásanna sin lenar bhain daoine a rinne iarracht nó a fuair sochair/cúnamh go calaoiseach (2005 - €1,346,770). Tugtar torthaí na 256 cás cúirte sin agus na pionóis a forchuireadh i dTábla 38.

Bhí 806 cás idir lámha ag feitheamh ar ionchúiseamh ag OPAS ag deireadh na bliana 2006.

³⁹ Lena n-áirítear 6 chás lenar bhain úsáid uimhreacha PSP bréagacha (2005 - 4 chás)

Tábla 38 Torthaí na gCásanna Cúirte Coiriúla lenar bhain Faighteoirí Leasa Shóisialaigh

	Cúnamh Dífhostaíochta	Sochar Dífhostaíochta	Sochar Míchumais	Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	Eile ⁴⁰	Iomlán
Fíneáil gearrtha ⁴¹	50	39	7	1	2	99
Seirbhís Phobail	5	3	0	1	1	10
Príosúnaithe	3	1	0	0	0	4
An tAcht	21	23	0	4	3	51
Promhaidh	8	6	2	0	0	16
Pianbhreith ar Fionraí	5	4	2	2	0	13
Scriosta amach	0	0	1	0	0	1
Dífe	0	2	0	0	0	2
Bannaí						
Síochána curtha orthu						
Cead athiontrála	30	21	3	2	0	56
Aistarraingthe	1	0	0	3	0	4
Iomlán	123	99	15	13	6	256

Tugadh chun críche ionchúiseamh 7 gcás lenar bhain fostóirí (2005 - 15 fostóir) le fíneáil gearrtha ar 6⁴² agus an tAcht Promhaidh curtha i bhfeidhm i gcás amháin.


Tugtar achoimre i Figiúr 5 ar líon na n-ionchúiseamh ar phléigh na cúirteanna leo ón mbliain 2002 i leith.

⁴⁰ 6 Cinn Eile: Liúntas Míchumais 2, Pinsean Easláine 2, Forlíonadh Ioncaim Theaghlaigh 1 agus Uimhir PSP bhréagach 1

⁴¹ Forchuireadh fíneálacha de luach €72,321 sna cúirteanna (€56,525 sa bhliain 2005 i 116 cás).

⁴² Forchuireadh fíneálacha de luach €3,500 sna cúirteanna (€8,370 sa bhliain 2005 i 14 cás).

Figiúr 5



Cuireadh 70 cás sibhialta ar aghaidh chuig OPAS idir na blianta 2002 agus 2006 i gcomhair imeachtaí sibhialta. Tugadh 71 cás chun críche sa tréimhse sin (lena n-áirítear cásanna roimh 2002). Leagtar amach an miondealú in aghaidh na bliana i dTábla 39.

Tábla 39 Cásanna sibhialta curtha chuig OPAS

	2002	2003	2004	2005	2006	Iomlán
Curtha chuig OPAS sa bhliain	11	21	17	13	8	70
Tugtha chun críche sa bhliain	11	14	12	21	13	71

As na 71 cás a tugadh chun críche, thángthas ar shocraíocht i 10 gcás gan dul chun cúirte (lenar bhain aisghabháil €122,096), tugadh 4 cinn chun críche sa chúirt (foraitheanta arna ndámhachtain), ní dheachthas i mbun 18 cás de bharr cúinsí an fhéichiúnaí, urchoscadh 10 gcás de réir reachta agus rinneadh socruithe i 29 cás na fiachais a aisíoc i dtráthchodanna. Tá 73 cás ann a chaithfear a thabhairt chun críche go fóill.

9.3 Íocaíocht an tSochair Linbh trí Ríomhaistriú Airgid

Modhanna Íocaíochta

Is éard is Sochar Linbh ann ná íocaíocht uilíoch a íoctar gach mí i leith leanaí incháilithe. Tá thart faoi 570,000 custaiméir ag an scéim faoi láthair i leith isteach is amach le 1.1 milliún leanbh. Ba é an costas in 2006 ná €2.056 billiún.

Tá dhá mhodh ann lena n-íoctar an Sochar Linbh - Ríomhaistriú Airgid (RAA) agus Pá-Ordú Pearsantaithe (POP) - agus is faoin éilitheoir a bhíonn sé an rogha is fearr leis a shonrú. Fágann modh íocaíochta RAA go ndéantar íocaíocht a thaisceadh go díreach i gcuntas bainc nó cumainn foirgníochta arna shonrú ag an éilitheoir. Is éard a bhíonn i gceist le modh íocaíochta POP ná go n-eisítear an leabhar POP chuig seoladh sonraithe agus go ndéanann an t-éilitheoir an duillín míosúil a thabhairt ag Oifig Phoist ainmnithe leis an airgead a fháil.

Thug an Rialtas modh RAA isteach leis an Sochar Linbh a íoc sa bhliain 1992. D'ordaigh cinneadh Rialtais i mí na Nollag 2004 gach Roinn le RAA a úsáid a oiread agus ab fhéidir.

Tá roinnt beart déanta ag an Roinn le líon na gcustaiméirí a fhaigheann íocaíochtaí go leictreonach a uasmhéadú. Tá an méadú ar úsáid na n-íocaíochtaí leictreonacha tar éis obair riaracháin a laghdú don Roinn, coigilteas costas a sheachadadh agus raon níos leithne d'asraonta inar féidir leo a n-íocaíochtaí a fháil.

Tá leibhéal foriomlán na bhfaighteoirí leasa a íoctar trí RAA tar éis dubailt in imeacht na gcúig bliana go dtí Meán Fómhair 2006 go dtí 37% agus bhí sé ardaithe go dtí 42% faoi Fheabhra 2007. Is é an modh íocaíochta is fearr le daoine le blianta beaga anuas é agus tá sé ag dul i méad ag ráta 1% in aghaidh na míosa.

Taispeántar an modh íocaíochta le héilitheoirí an tSochair Linbh i mí na Feabhra 2007 i dTábla 40.

Tábla 40 Modh Íocaíochta na nÉilitheoirí

Modh Íocaíochta	Líon na nÉilitheoirí	% d'Éilitheoirí
RAA	273,771	48%
POP	296,582	52%
Iomlán	570,353	100%

Náisiúntacht na nÉilitheoirí

Taispeántar náisiúntacht na n-éilitheoirí ar chóras na Roinne i dTábla 41.

Tábla 41 Náisiúntacht na nÉilitheoirí

Tír	POP	RAA	Iomlán
Éire	208,333	164,328	372,661
AE	11,031	25,311	36,342
As Tíortha lasmuigh den AE	6,206	22,869	29,075
Eile ⁴³	69,864	59,674	129,538
Ní fios ⁴³	12	11	23
Folamh ⁴⁴	1,136	1,578	2,714
Iomlán	296,582	273,771	570,353

Tá 4,186 iarrthóir tearmainn san áireamh i líon na n-éilitheoirí as tíortha lasmuigh den AE chomh maith le 3,881 sealbhóir ceadúnais oibre a íoctar trí RAA.

Tionscnaimh le hÍocaíochtaí a Rialú

Ar thionscnaimh shonracha rialaithe ar thug an Roinn fúthu sa limistéar maidir leis an Sochar Linbh le blianta beaga anuas tá suirbhé ar chalaois agus ar earráidí, coir phoist agus athbhreithnithe ar éilimh.

Suirbhé ar Chalaois agus ar Earráidí

Cuireadh tús le suirbhé ar éilitheoirí an tSochair Linbh i mí na Bealtaine 2004 maidir le calaois agus le hearráidí. Roghnaíodh sampla randamach de 500 náisiúnach Éireannach agus 500 náisiúnach eachtrannach. Bhí orthu siúd a roghnaíodh ceistneoir a chomhlánú agus leanadh leis sin le cuairteanna sa bhaile ag cigirí na Roinne.

Thug torthaí an tsuirbhé le fios gurbh é leibhéal na calaoise i measc náisiúnach Éireann ná 2.6% agus 14.4% i measc náisiúnach eachtrannach. Taispeánann Tábla 42 miondealú na gcás calaoise a braitheadh leis an suirbhé.

Tábla 42 gCás Calaoise a Braitheadh leis an Suirbhé

Fáth	Éireannach	Neamh-Éireannach	Iomlán	RAA	POP
Níorbh eol cá raibh siad	12	59	71	61	10
Leanbh imithe as an Stát	0	8	8	7	1
Teaghlach imithe as an Stát	1	5	6	5	1
Iomlán	13	72	85	73	12

Tá sé tugtha le fios ag an Oifigeach Cuntasaíochta gur thug an suirbhé le fios gur 1.66% an leibhéal calaoise foriomlán i dtéarmaí airgid, a fhágann go bhféadfadh an Stát a bheith nochta do €31.6m go bliantúil. Ba é a thuairim cé gur shuim nach beag é sin i dtéarmaí absalóideacha, go gcaithfear breathnú ar

⁴³ Tuairisc ar náisiúntacht de réir an chórais.

⁴⁴ Níl náisiúntacht taifeadta.

an tsuim i gcomhthéacs an chaiteachais fhoriomláin ar an scéim de bhreis is €2 billiún. Dúirt se go raibh sin réasúnta maith le scéimeanna eile agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Chuir sé in iúl dom gurbh é a bhí i gceist leis an ngníomhaíocht rialaithe ar tugadh faoi tar éis an tsuirbhé ná

- Eisíodh cor poist chuig gach éilitheoir le leanaí faoi bhun aois 6 bliana - isteach is amach le 259,000 i mí Aibreáin 2006. Eisíodh an cor poist seo le custaiméirí a chur ar an eolas faoin bhForlíonadh Cúraim Leanaí Luathóige a bheith á thabhairt isteach. Seoladh thart faoi 9,000 foirm ar ais agus gan iad a bheith seachadta chuig na faighteoirí agus rinneadh bearta sna cáis seo le gníomhú ina leith sin. Táthar tar éis thart faoi 100 cás a fhoirceannadh agus tá íocaíocht curtha ar fionraí i gcás 770 eile ar feitheamh fiosrúcháin a bheith curtha i gcrích.
- Eisíodh cor poist i mí na Nollag 2006 chuig 322 náisiúnach den AE (neamh-Éireannach) sa chás go raibh deireadh le dátaí fostaíochta taifeadta ag an Roinn. Rinneadh 12 éileamh a fhoirceannadh de thoradh na n-imscrúduithe le leanúint leis na cáis sin.
- Bhí cor poist á eisiúint an tráth sin chuig 1,000 náisiúnach den AE (neamh-Éireannach) a raibh deireadh le dáta fostaíochta taifeadta acu idir Nollaig 2006 agus Aibreán 2007.
- Téann Cigirí Leasa Shóisialaigh, arna sannadh chuig Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána, i dteagmháil leis an Rannóg Sochair Linbh maidir le daoine a raibh siad amhrasach futhu maidir le coinníollacha cónaithe nó cáilithíochta eile. Aithnítear 6-8 gcás gach seachtain ar an meán agus déantar iad a imscrúdú go hiomlán. Déantar íocaíochtaí a stopadh láithreach i gcáis ina bhfuiltear in amhras faoi chásanna calaoise.

Coir Phoist chuig gach Éilitheoir

Eisíodh bileoga faisnéise chuig gach éilitheoir a íoctar le RAA sna blianta 2002, 2003 agus 2004 lenar cuireadh custaiméirí ar an eolas faoi athruithe sa bhuiséad. Tar éis imscrúdú a bheith déanta ar chásanna inar seoladh post ar ais agus gan é a bheith seachadta chuig faighteoirí, rinneadh 1,670 éileamh a fhoirceannadh toisc go bhfuarthas gur imigh an t-éilitheoir as an Stát nó nárbh fhéidir teacht air/uirthi. As a measc seo, custaiméirí Éireannacha 756 díobh seo agus eachtrannaigh ba ea 914 díobh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go mbaineann an Roinn úsáid as coir phoist chun críocha faisnéise agus rialaithe araon. Níor mhór na buntáistí a bhaineann le coir phoist a úsáid ó thaobh íocaíochtaí a rialú, agus minicíocht na gcor post a chothromú leis na himpleachtaí ó thaobh na gcostas agus acmhainní a bhí i gceist maidir le cáipéisí a ullmhú, costais phostais, an obair a bhíonn i gceist le freagraí a phróiseáil agus le bheith ag déileáil le héilitheoirí nach dtugann freagra. Eisíodh thart faoi 880,000 cor poist idir 2001 agus 2005, ar seoladh 22,000 ar ais agus gan iad a bheith seachadta chuig na faighteoirí agus b'éigean iad sin a imscrúdú. De thoradh na n-imscrúduithe, fhoirceannaíodh thart faoi 2,273 éileamh. Bhí forchostas riaracháin nach beag i gceist le coir phoist a eisiúint agus a sheiceáil agus níor mhór é seo a chothromú leis na buntáistí ó thaobh íocaíochtaí a rialú a fuarthas dá mbarr. I bhfianaise go raibh an bonn custaiméirí ag athrú le blianta beaga anuas, áfach, bhí an Roinn ag cuimhneamh ar an mbealach ab fhearr le húsáid chor poist spriocdhírthe rialta a mhéadú agus a bhreisiú.

Athbhreithnithe

Ní dhéantar aon athbhreithniú córasach ar éilimh. Ní thugtar faoi athbhreithnithe ach amháin sa chás go bhfaightear faisnéis lena dtugtar le fios go bhfuil athrú tagtha ar chúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don incháilitheacht le haghaidh íocaíochta nó don tsuim a bheidh le híoc. Is iad na foinsí faisnéise ná fógraí ó éilitheoirí, cigirí Roinne, rannáin eile sa Roinn, tuairiscí gan ainm ón bpobal agus post a sheoltar ar ais agus gan é a bheith seachadta chuig an bhfaighteoir. Rinneadh 17,802 athbhreithniú san iomlán, isteach is amach le 3% d'éilitheoirí, in 2006 go príomha mar gheall ar athruithe ar chúinsí an teaghlaigh a fógraíodh.

D'fhág an 17,802 athbhreithniú rialaithe gur foirceannaíodh 804 cás agus laghdaíodh ráta na híocaíochta i 751 cás eile, rud a d'fhág coigilteas measta de €17.9m⁴⁵. Ní heol an miondealú idir náisiúnaigh Éireannacha agus náisiúnaigh eachtrannacha.

Mheasúnaigh an Roinn ró-íocaíochtaí, ar €3.24m san iomlán a bhí i gceist leo, i 1,912 cás.

Ba iad na príomhchúiseanna le ró-íocaíocht ná gur imigh an teaghlach as an Stát (726), gur imigh an leanbh as an teaghlach (329) agus gur fhág an leanbh oideachas lánaimseartha (234). Íocaíocht trí RAA a bhí i gceist le 56% de na ró-íocaíochtaí.

Mar fhreagairt ar m'fhiosrúcháin maidir leis an gcúis nach raibh aon phróiseas athbhreithnithe córasach ag an Roinn le haghaidh éilitheoirí agus go háirithe d'éilitheoirí a roghnaíonn íocaíochtaí trí RAA, dúirt sé liom gur measadh gur scéim lenar bhain riosca an-íseal a bhí ann agus nach measfaí go mbeadh próiseas córasach athbhreithniúcháin/rialaithe riachtanach. Ghníomhódh eisiúint bhliantúil na gcor poist do bhonn na n-éilitheoirí mar bheart athbhreithnithe agus rialaithe de facto. Bhí athrú tar éis teacht ar an mbonn éilitheoirí le blianta beaga anuas agus, chun teacht leis seo, bhí próiseas athbhreithnithe níos foirmiúla agus córasaí á phleanáil ag an Roinn don scéim. Mar chuid de ghealltanais Phlean Gníomhaíochta na Roinne faoi *I dTreo 2016*, bhí gealltanais tugtha aici le beartas athbhreithnithe a dhreachtú le haghaidh gach scéime. Dhreachtófaí an beartas athbhreithnithe don Sochar Linbh i rith an tríú ráithe de 2007 agus chuirfí na saincheisteanna rialaithe a tarraingíodh anuas san áireamh ann.

Rioscaí agus Buntáistí RAA

Chuir mé ceist maidir leis na bearta a bhí á ndéanamh ag an Roinn chun na rioscaí breise a bhaineann leis an modh íocaíochta RAA a bhainistiú. Mar fhreagairt, choinnigh an tOifigeach Cuntasaíochta uirthi á rá go mbíonn an poitínseal le haghaidh calaoise a bhaineann le haon éileamh faoi thionchar na rioscaí a bhaineann le héileamh ar leith go príomha, mar shampla, cineál an éilimh agus tréithe an éilimh, seachas an modh íocaíochta.

I bhfianaise na leibhéal calaoise níos airde, a bhaineann le híocaíocht trí RAA, arna nochtaidh leis an suirbhé calaoise agus earráide agus na hathbhreithnithe in 2006, chuir mé an cheist cibé ar cuimhníodh ar chor ar bith ar infhaighteacht mhodh íocaíochta RAA a theorannú. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go mbíonn forchostais shuntasacha i gceist le huirliisí íocaíochta bunaithe ar pháipéar a tháirgeadh. Chlúdaigh leabhar POP tréimhsí chomh fada le 12 mhí, agus sa chás go raibh athruithe ar chúinsí an chustaiméara a dhéanfar difear do rátaí íocaíochta, caitheadh leabhair a aisghairm agus a atheisiúint don chustaiméir. Bhí cuid mhór ama i gceist leis an bpróiseas seo.

Seachas na forchostais a bhaineann le modhanna íocaíochta a bhíonn bunaithe ar pháipéar, bhí roinnt údar eile a spreag an Roinn le dul i dtreo RAA agus cineálacha íocaíochta leictreonacha eile. San áireamh leo seo bhí

- Costas íocaíochtaí RAA ar costas ainmniúil a bhí ann ag thart faoi €0.01 in aghaidh an idirbhirt agus cosnaíonn orduithe POP €1.21 ar an meán agus cosnaíonn seiceanna €0.60
- Tá úsáid íocaíochtaí leictreonacha sa saol gnó agus sa tsochaí go ginearálta ag dul i bhfairsinge
- An méadú ar úsáid na baincéireachta leictreonacha agus cártaí dochair/creidmheasa ag leibhéal pearsanta
- Straitéis na Roinne um sheirbhís do chustaiméirí maidir le rogha íocaíochta a thairiscint do chustaiméirí a oireann dá riachtanais

⁴⁵Faoi mar a ríomh an Roinn.

- tionscnaimh i dtreo custaiméirí maidir le gníomhaireachtaí seachadta íocaíochtaí amhail fiontar “Postbank” a sheol An Post le déanaí, lena soláthraítear asraonta leathnaithe RAA ag roinnt Oifigí Poist.

Lena chois sin, luadh cúiseanna imní le déanaí maidir le cáilíocht ard na mbréagsheiceanna. Cé nár braitheadh aon bhréagsheiceanna i ndáil le leabhair POP, ciallaíonn dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí teicneolaíochta go bhféadfadh a leithéid teacht go gairid amach anseo.

Dúirt sé, ag an staid seo, nach raibh aon ghrúpa sonrach custaiméirí a raibh úsáid an mhodha íocaíochta RAA srianta dóibh. I gcásanna ina dtagtar ar chalaois/mhí-úsáid, áfach, ar cuireadh síos do RAA mar mhodh íocaíochta, d'fhéadfaí an áis le go n-íocfaí le modh RAA a bhaint.

Rialú a Bhreiseiú

Mar gheall ar na hathruithe ar bhonn éilitheoirí na scéime, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an Roinn ag cuimhneamh ar chur chuige níos deighilte i leith ualach a héileamh a rialú agus a athbhreithniú agus infhaighteacht roghanna íocaíochta do ghrúpaí áirithe. Bhí a córais Teicneolaíochta Faisnéise á mbreiseiú ag an Roinn an tráth sin faoin gclár le Seachadadh Seirbhísí a Nuachóiriú chun deimhniú custaiméirí neamh-Éireannacha a thaifeadadh ó thaobh stádais chónaithe agus fostaíochta de réir mar ba chúí. Bhreiseodh sé seo cumais rialaithe na scéime ó thaobh custaiméirí neamh-Éireannacha de. Bheadh na breisiúcháin seo i bhfeidhm i rith an tríú ráithe den bhliain seo agus, in éineacht leis an mbeartas athbhreithnithe a bhí á dhréachtú, chuirfí ar chumas na Roinne gníomhaíochtaí rialaithe agus athbhreithnithe a dhíriú ar réimsí áirithe ar bhealach níos fearr .i. íocaíochtaí RAA, grúpaí sonracha custaiméirí, srl.

9.4 Scéim Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora - Gníomhaíocht Rialála

Réamhrá

Tá an Scéim Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora (SÍTA), arna riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (an Roinn), ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a thógann leabhaigh amháin gan tacaíocht ó pháirtí. Ní mór don éilitheoir bheith neamhphósta, idirscartha, colscartha nó tuilleamh ar lú ná €375 in aghaidh na seachtaine bheith ag céile cimi. Tagann ioncam/sócmhainní an éilitheora faoi réir tástála acmhainne.

Ní foláir d'éilitheoirí faoin scéim fógra a thabhairt don Roinn má thagann cúinsí aníos ina mbíonn siad docháilithe i gcomhair íocaíochta nó a théann i bhfeidhm ar an ráta ag a n-íoctar iad.

Tábla 43 Costas agus líon bliantúil na n-éilitheoirí ón mbliain 2002 i leith

Bliain	Costas €000	Líon na n-Éilitheoirí
2002	613,035	79,195
2003	660,586	79,296
2004	694,835	80,103
2005	751,102	80,366
2006	834,262	83,081

Ba í oifig na scéime a riar an scéim anuas go dtí an bhliain 2001 in SWS Shligigh (SWS Shligigh) ag úsáid córais saincheiste clárúcháin agus íocaíochtaí ar a dtugtar córas Penlive. Táthar tar éis próiseas a thosú ó shin i leith chun éilimh a aistriú go dtí oifigí áitiúla na Roinne (OÁ), i gcomhthéacs Chlár Nuachóiriúcháin na Roinne. Is ar chóras ríomhaireachta níos nua-aimseartha - ISTS - a dhéantar taifeadadh sna hoifigí seo. Tá ceanglas éigeantach ag baint leis an gcóras seo - is é sin go ndéanfaidh oifigeach breithiúnachta dáta athbhreithnithe a shocrú, ar dáta é atá laistigh den chéad 12 mhí eile.⁴⁶ I gcodarsnacht leis sin, is amhlaidh nach éigeantach é an córas Penlive, cé go bhfuil áis aige dáta athbhreithnithe a iontráil.

Tá 41 de na 58 OÁ ag próiseáil éileamh úr anois. Ina theannta sin is amhlaidh a aistríodh na héilimh dá raibh ann chuig 4 OÁ, agus tá rún ann go n-aistreofar gach ceann eile sna míonna atá le teacht. Ba é 28,697 líon na gcásanna arna riaradh ag na hOÁ ag deireadh mhí Aibreáin 2007.

Gníomhaíocht Rialála Rannach

Feidhmíonn torthaí suirbhé calaoise agus earráide, a rinneadh sa tréimhse 2002/03 inar taispeánadh an SÍTA a bheith ríghoilliúnach d'éileamh mícheart, ar chlár rialála na Roinne. Ar bhunús an tsuirbhé sin, measadh nár cheart go mbeadh 13.6% de na héilimh i bhfoirm íocaíochta, agus go mba cheart 15.8% eile a bheith íoctha ag ráta ní b'íse.

Tábla 44 ar thoradh gníomhaíochtaí rialála faoi leith a rinneadh sa limistéar sin idir na blianta 2004 agus 2006.

⁴⁶ 18 mí roimhe seo.

Tábla 44 Toradh na Gníomhaíochta Rialála Roghnaithe 2004-2006

Bliain	Líon na gCásanna a athbhreithníodh	Líon na bhFoirceann	Líon na Laghduithe
2004	4,024	2,300	779
2005	5,059	875	2,898
2006	5,586	1,075	1,216
Iomlán	14,669	4,250	4,893

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh na torthaí sin bunaithe ar ghníomhaíochtaí rialála fiordhírthe a rinneadh in SWS Shligigh agus gur réamh-mheasadh go mbeadh céatadán ard foirceann agus laghduithe mar thoradh orthu. Áiríodh leis na tionscadail

- Tionscadal Athbhreithnithe Tuillimh ina meaitseáiltear sonraí tuillimh ón Lár-Chóras Taifead leis na híocaíochtaí TA. Tugadh tosaíocht d'athbhreithniú custaiméirí le tuilleamh os cionn €19,500. Táthar tar éis 120 cás breise a thabhairt chun críche sa bhliain 2007 go nuige seo, ónar tháinig 90 foirceann agus 21 laghdú.
- Tionscadal Meaitseála Sochair Linbh lena mbaineann sonraí cleithiúnacha linbh ó chustaiméirí TA ar an gcóras Penlive a mheaitseáil leis na sonraí linbh ar Chóras Sochair Linbh na Roinne. Táthar ag díriú ar éilimh lena n-athbhreithniú mar a n-aithnítear mímeaitseálacha. D'eascair 30 foirceann agus 12 laghdú as cásanna a tugadh chun críche sa bhliain 2007.
- Oifig Chlárúcháin Ghinearálta (OCG) a mheaitseálann sonraí pósta le héilitheoirí TA ar Penlive. Bhí 109 foirceann mar thoradh ar chásanna a athbhreithníodh anuas go dtí mí na Bealtaine 2007.
- Tionscadail Athbhreithnithe Áitiúla a rinneadh nó a bpléann foireann lasmuigh leo. Tharla 131 foirceann agus 16 laghdú de bharr na n-athbhreithnithe sin go dtí seo i mbliana.
- Críochnaíodh 4,310 Athbhreithniú Ginearálta breise sa tréimhse idir Eanáir agus Bealtaine 2007 ónar eascair 607 foirceann agus 1,612 laghdú. Bhain eisiúint an cheistneora féindearbhairthe don chustaiméir le formhór mór na n-athbhreithnithe sin, agus táthar tar éis níos mó ná 3,700 de na héilimh lenar bhain a aistriú don ISTS, agus athbhreithneofar go bliantúil mar thoradh air sin trí leas a bhaint as an bhfoirm athbhreithnithe córas-ghinte.

Athbhreithniú Tuillimh

Is mórghné den chlár rialála é athbhreithniú tuillimh. Bunaíodh tionscadal sa bhliain 2003 le cásanna éilitheoirí aitheanta Leasa Shóisialaigh a athbhreithniú, mar thoradh ar athbhreithniú na P35anna, le tuilleamh sa bhreis ar theorainneacha cáilithe scéime a bheith acu. Taispeántar toradh a shaothair i leith na scéime i dTábla 45.

Tábla 45 Toradh i gcomhair ÍTA i leith Ghníomhaíocht an Aonaid Athbheithnithe Tuillimh

Bliain	Foircinn	Laghduithe	Ró-íocaíochtaí Measúnaithe	
			Líon na gCásanna	Suim
2003	322	172	503	6.7
2004	1,597	82	1,339	16.9
2005	572	94	357	5.6
2006	499	55	281	3.6
Iomlán	2,990	403	2,480	€32.8m

Ba é €13,300 an mheán-ró-íocaíocht in aghaidh an cháis⁴⁷. Bhíothas ag feitheamh ar athbheithniú i leith 1,017 cás ag deireadh na bliana 2006.

Tosú na bhFógraí Fostaíochta

Príomhghné eile den chlár rialála is ea athbheithniú an tsaothair a rinneadh de bhun fógra tosaithe fostaíochta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá an Roinn tar éis eolas a fháil go córasach ó na Coimisinéirí Ioncaim ón mbliain 1997 i leith ar thuilleamh agus tosú agus scor fostaíochta. Táthar ag baint úsáide níos mó as na sonraí sin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas chun críche rialála trí mheaitseáil chláraithe le taidfid chliaint na Roinne féin.

Fógra um Thosú Fostaíochta (FTF) a sheolann fostóir ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le haon fhostaí atá ag tosú fostaíochta. Áiríodh éilimh ÍTA leis an gcleachtadh meaitseála sonraí FTF ó mhí Mheán Fómhair 2001 i leith.

Is í an Roinn a dhéanann an cleachtadh meaitseála sonraí ar bhonn míosúil le forluíonna féideartha a aithint idir tréimhsí fostaíochta agus éilimh ÍTA. Sna cásanna ina mbraitear forluí, agus go bhfreagraíonn mionsonraí fostóirí do mháistirchomhad fhostóirí na Roinne, is amhlaidh a scríobhann an Roinn go dtí an fostóir. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa, de bharr srianta acmhainne in SWS Shligigh agus chinneadh na Roinne tosaíocht a thabhairt do chásanna mar a raibh mionsonraí fostóra ar fáil, nár leanadh de na cásanna nárbh fhéidir mionsonraí fostóra a mheaitseáil roimh Eanáir 2007. Dúirt sé leis gur tháinig laghdú mór ar líon na gcásanna mar nach raibh mionsonraí fostóra ar fáil ó mhí Feabhra na bliana 2007 nuair a deisíodh fadhb sa chlár fógartha.

Tugann Tábla 46 achoimre ar ghníomhaíocht na Roinne i ndáil le cásanna forluí.

⁴⁷ Arna ríomh ag an Roinn.

Tábla 46 Gníomhaíocht i ndáil le cásanna forluí idir 2004 agus 2006

Bliain	Líon na gCeistneoirí a eisíodh chuig fostóirí	Líon na gCeistneoirí a cuireadh ar ais	Líon na gCásanna a atreoraíodh chuig SWS Shligigh	Tuilleamh Seachtainiúil €160-€220 fostaithe/ gan bheith fostaithe a thuilleadh ⁴⁸	Tuilleamh Seachtainiúil >€220 gan a bheith fostaithe a thuilleadh	Tuilleamh Seachtainiúil >€220 fostaithe
2004	15,642	13,656	7,372	3,989	1,007	2,376
2005	14,491	11,687	6,891	3,456	890	2,545
2006	13,076	10,858	6,477	2,741	990	2,746
Iomlán	43,209	36,201	20,740	10,186	2,887	7,667

Fuair m'iniúchadh amach go dtagann meánmhoill isteach agus amach ar fhiche seachtain i leith athbhreithniú den chás a thionscnamh as atreorú an ábhair chuig an bhfostóir le mionsonraí fostaíochta a dheimhniú. Ní thosaíonn próiseas atreoraithe cásanna chuig SWS Shligigh lena n-athbhreithniú agus an teagmháil le cliant go dtí deimhniú an fhorluí agus go bhfaightear mionsonraí tuillimh ón bhfostóir. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios domsa gur gá an t-ábhar a atreorú chuig an bhfostóir d'fhonn mionsonraí tuillimh a fháil agus a bhunú an bhfuil an fhostaíocht fós ann toisc nach soláthraítear san fhógra FTF a fhaightear ó na Coimisinéirí Ioncaim ach amháin mionsonraí um dháta tosaithe na fostaíochta.

Thug mé faoi deara freisin nach raibh aon socruithe ann do leanúint de chásanna mar ar theip ar fhóistóirí freagra a thabhairt d'fhiosruithe na Roinne. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl domsa i gcás na n-éileamh arna riaradh ag na hOÁ, mar nach bhfreagraíonn an fostóir féin, go gcuirtear an cás faoi leith ar aghaidh chuig Cigirí Leasa Shóisialaigh i gcomhair tuilleadh fiosrúcháin. Níor ghnách go ndeachthas i mbun cásanna a riaradh go lárnach roimh mhí Eanáir 2007 de bharr brúnna oibre agus srianta acmhainne. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta tar éis tabhairt le fios domsa go n-athbhreithnítear gach cás nach bhfaightear freagra ón bhfostóir ina leith agus go n-eisítear ceistneoir chuig éilitheoirí le stádas fostaíochta a bhunú, le héifeacht ó mhí Eanáir 2007 ar aghaidh.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta tar éis cur in iúl domsa gurb iad na cásanna nach raibh an t-éilitheoir i bhfostaíocht nó inar lú a dtuilleamh ná €160 in aghaidh na seachtaine a fhreagraíonn don difríocht 15,461 idir na ceistneoirí a chuir fostóirí ar ais agus na cásanna a eisíodh chuig SWS Shligigh. Mhaígh sé nárbh fhiú tuilleadh beart a dhéanamh i leith na gcásanna sin óir nach rachadh an leibhéal tuillimh sin i bhfeidhm ar an ráta íocaíochta a fhaightear.

Cásanna Forluí Atreoraithe

Tosaítear athbhreithniú na gcásanna atreoraithe trí cheistneoir a eisiúint chuig an éilitheoir ina lorgaítear eolas i leith gach gné de theidlíocht leanúnach an éilitheora. Cuirtear an t-éileamh ar fionraí má theipeann ar an éilitheoir freagra a thabhairt laistigh de 21 lá.

Roinntear na cásanna forluí atreoraithe ina dtrí chatagóir mar seo a leanas

⁴⁸ Ní bhreithnítear cásanna le tuilleamh seachtainiúil €160 óir iad bheith incháilithe do theidlíocht iomlán

- Tuilleamh seachtainiúil €160-€220⁴⁹, fostaithe/gan bheith fostaithe
- Tuillimh sheachtainiúla sa bhreis ar €220, gan a bheith fostaithe
- Tuilleamh seachtainiúil sa bhreis ar €220, fostaithe

Níor breithníodh ach amháin cásanna lenar bhain fostaíocht leanúnach le tuilleamh sa bhreis ar €220 lena n-athbhreithniú síos go dtí deireadh na bliana 2006.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth nár athbhreithníodh gach éilitheoir le forluíonna arna n-aithint ón gcleachtadh meaitseála sonraí in SWS Shligigh. Thug sé le fios domsa gur thug SWS Shligigh tosaíocht do ghníomhaíocht ar na cásanna úd inar dhóichí go dtiocfadh foirceann nó laghdú suntasach i sochar éigin mar thoradh ar an tuilleamh, de bharr líon na bhfógraí lenar bhain agus d'fhonn úsáid na n-acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú. Dhírigh an rannóg mar thoradh air sin ar chásanna mar a raibh custaiméirí i mbun fostaíochta leanúnaí le tuilleamh sa bhreis ar €220 in aghaidh na seachtaine. Chuir sé in iúl dom go gcoinnítear le gach forluí i leith cásanna arna riaradh ag na hOÁ a chuaigh i bhfeidhm ar an leibhéal íocaíochta, agus athbhreithnítear gach cás in SWS Shligigh a aithnítear le tuilleamh níos mó ná €160 in aghaidh na seachtaine ó mhí Eanáir 2007 i leith.

Mhaígh sé go dtógann an scéim dúshláin rialála shuntasacha i measc roinnt gnéithe di, de bharr a bunbhí féin. Caithfidh an Roinn leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil don éifeacht is fearr chun aghaidh a thabhairt ar áisc ina mbaineann éilitheoirí mí-úsáid as an gcóras agus ina leanann siad ar aghaidh ag éileamh íocaíochta nach bhfuil siad i dteideal dóibh. Bhí seisean sásta sna himthosca reatha go raibh an Roinn ag déanamh a seacht ndícheall ina leith sin. Maidir le saincheist na fostaíochta ach go háirithe, chuir sé in iúl nach mbeadh an tuilleamh cobhsaí i leith an iomaí fostaíochtaí ina n-oibríonn daoine a fhaigheann ÍTA, agus ba mhinic iad a bheith faoi réir luaineachtaí.

Riaráiste agus Toradh na nAthbhreithnithe a nDeachthas ina mBun

Thug an Roinn tús áite do 7,667 (Tábla 46) cás i gcomhair athbhreithniú sna blianta 2004-2006. Bhíothas tar éis díreach os cionn 5,500 díobh sin a thabhairt chun críche ag deireadh na bliana 2006, a d'fhág riaráiste 2,155 cás le haghaidh a thabhairt orthu. Taispeántar i dTábla 47 thíos toradh na gcásanna a tugadh chun críche faoi dheireadh na bliana 2006.

Tábla 47 Toradh na gCásanna a Tugadh chun Críche

Bliain	Iomlán na gCásanna a athbhreithníodh	Foircinn	Laghduithe
2004	1,488	564	703
2005	2,212	755	891
2006	1,812	583	1,052
Iomlán	5,512	1,902	2,646

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur imlonnaíodh na hacmhainní foirnithe breise chun dul i ngleic leis an riaráiste cásanna idir lámha. Bhíothas tar éis an riaráiste 2,155 cás a laghdú go 1,162 amhail deireadh mhí na Mheithimh 2007.

⁴⁹ Is scoithráta treallach é seo arb í an Roinn a roghnaigh é.

Ba é €156 sa bhliain 2005 agus €173 sa bhliain 2006 an meánchoigilteas seachtainiúil, arna ríomh ag an Roinn. Ba é €37 sa bhliain 2005 agus €44 sa bhliain 2006 an meánchoigilteas seachtainiúil sna cásanna laghdaithe.

Sampla Iniúchta

Scrúdaigh m'fhoireannsa meaitseáil na sonraí TF le taifid chliant na Roinne agus athbhreithniú cásanna mar a raibh fianaise na hoibre agus an éilimh chomhreachaigh ann. Roghnaíodh sampla de 40 cás a tugadh chun críche, 20 cás foircinn agus 20 cás laghdaithe ó na blianta 2005 agus 2006 lena mionscrúdú agus mionanailís na dtorthaí sin. Scrúdaíodh taifid na n-éilitheoirí ag dul siar go dtí an bhliain 2002 i gcásanna roghnaithe.

Tugadh faoi deara nach ndearnadh aon mheasúnú i leith aon ró-íocaíochtaí ag an Roinn in aon cheann de na cásanna sin, in ainneoin gur tugadh íocaíochtaí do bheagnach gach éilitheoir nuair nach raibh siad i dteideal dóibh faoi théarmaí na scéime. D'fhéach mé le tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta a fháil óir go raibh inní orm go rabhthas ag ligean uainn suimeanna nach beag a rabhthas lena n-aisghabháil.

Thug sé le fios dom go ndéanann Oifigigh Bhreithiúnachta na cinntí leasaithe, mar a ndéantar cinneadh leasaithe mar gheall ar ráitis bhréagacha nó míthreoracha á dtabhairt ag custaiméir nó de bharr ceilt thoilíúil d'fhóras nithiúil, go bhféadtar an cinneadh leasaithe dul i bhfeidhm ó dháta an chinnidh bhunaidh. Tagann an cinneadh i bhfeidhm ón dáta a mheasann an tOifigeach Breithiúnachta a bheith iomchuí mar a ndéantar cinneadh leasaithe i ngeall ar fhianaise úr nó fíorais nua á gcur faoi bhráid na Oifigigh Bhreithiúnachta, áfach. Is amhlaidh arb í an fhoráil san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (an tAcht) an fhoráil trína gcinntear an cheist an dtagann ró-íocaíocht aníos ina dhiaidh sin; arb é an tOifigeach Breithiúnachta a ghlacann an cinneadh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gurbh é an tOifigeach Breithiúnachta ar cheart an cheist a chinneadh i leith ar chóir go gcuirfí i bhfeidhm cinneadh le ráta íocaíochta i gcás faoi leith a leasú ó dháta éigin roimhe sin agus, ina dhiaidh sin, an dtagann ró-íocaíocht aníos, agus iad ag féachaint d'imthosca an cháis féin. Bheadh moill ar mheaitseáil sonraí tuillimh a bhí ar fáil cheana féin ina fhachtóir le cur san áireamh ina leith sin.

Mhaígh sé freisin nach meastar gach cás a thagann aníos mar thoradh ar mheaitseáil TF mar chásanna calaoise agus, i roinnt cúinsí, féadann an tOifigeach Breithiúnachta cinneadh go mb'iomchuí nach rachadh an cinneadh leasaithe i bhfeidhm ach amháin ó dháta reatha. Ní thagann aon ró-íocaíocht aníos sna cásanna sin.

Ba í taithí na Roinne í, i gcásanna inar cuireadh chun feidhme an cinneadh ó dhátaí ní ba luaithe agus inar tharla ró-íocaíocht, gur taisceadh lear mór achomharc i gcoinne na ró-íocaíochta. Chuir sé sin moill leis an bpróiseas agus ghlac sé líon mór acmhainní foirne, a imlonnófaí ar shaothar rialála dá mhalairt sin, chun freagra a thabhairt ar na hachomhairc sin.

Beartas Athbhreithnithe Úr

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta an raibh beartas athbhreithnithe cuimsitheacha ag an Roinn don scéim, agus dá mb'amhlaidh a bhí, cé chomh rialta agus a d'fhoráil sé do gach éileamh a bhí lena n-athbhreithniú.

Thug sé le fios dom gur thug an Roinn beartas athbhreithnithe foirmiúil isteach d'éilimh arna riaradh laistigh dá hOÁ i mí na Bealtaine 2007. Ina theannta sin, b'amhlaidh a aistríodh gach custaiméir a fuair athbhreithniú (lenar áiríodh cásanna TF), le héifeacht ó Eanáir 2007, chuig córas ISTS ar chomhlíonadh an athbhreithnithe féin. Ghin an córas ISTS athbhreithniú bliantúil de gach custaiméir. Bhí bearta rialála feabhsaithe ann i gcomhthéacs logánú na scéime, lenar áiríodh saincheist de cheistneoir bliantúil le

comhlíonadh a chinntiú. Gné bhreise de na rialálacha feabhsaithe is ea an beartas athbhreithnithe cuimsitheach a sholáthraíonn d'agallamh duine le duine le gach aon éilitheoir uair amháin gach trí bliana.

Gheall sé domsa leis sin go ndéantar ró-íocaíochtaí a mheasúnú in SWS Shligigh de réir mar is gá de réir chúinsí gach aon cháis ar leith, le héifeacht ó 1 Meitheamh 2007. Tugann sé sin é ar aon dul leis an gcleachtas sna hOÁ.

9.5 Réamhíocaíocht deontais le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann

Cúlra

Bhunaigh an Rialtas Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (FIÉ) sa bhliain 2002, ar a tugadh Lárionad Fuinnimh na hÉireann roimhe seo, mar ghníomhaireacht náisiúnta fuinnimh na hÉireann mar atá sa lá atá inniu ann. Feidhmíonn sé faoi shainchúram na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha. Eascraíonn caidreamh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (an Roinn) le FIÉ agus a réamhtheachtaí, Lárionad Fuinnimh na hÉireann, as moltaí a rinneadh i bPáipéar Uaine 1999 ar fhuinneamh inbhuanaithe agus a ndearna an Rialtas faomhadh air ag an am. Éilíodh comhoibriú sna moltaí sin idir an Roinn agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha maidir le bochtaineacht breosla.

Bhí soláthar i mBuiséad 2006 do dheontas €2m do FIÉ chun taighde a dhéanamh ar bhochtaineacht breosla. Ba é an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den deontas ná, cé go raibh an Roinn ag déanamh íocaíochtaí móra le daoine chun a gcuid riachtanais teasa a íoc trí phríomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh agus an scéim Liúntais Breosla, fritháiríodh buntáistí na n-íocaíochtaí sin áit a raibh daoine ina gcónaí i dtithe a bhí inslithe go dona. Ionchorpraíodh an deontas do FIÉ i Meastacháin fhoilsithe 2006 mar fho-cheannteideal W13 san fho-cheannteideal Seirbhísí Ilghnéitheacha.

Cuireadh isteach an chéad togra a rinne FIÉ maidir leis an deontas a úsáid i mí an Mhárta 2006, agus tar éis cainteanna, chuir FIÉ togra athbhreithnithe isteach i mí Iúil 2006. D'fhaomh an Roinn an togra seo.

Bhí sé i gceist leis an deontas Buiséid cur leis an Tionscadal Taighde ar Bheart Bochtaineachta Breosla a bhí idir lámha i gCorcaigh agus i nDún na nGall i gcomhthionscnamh arna mhaoiniú ag FIÉ agus ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta. Bhí sé i gceist ag FIÉ an deontas a úsáid trí thabhairt faoi thionscadal do thithe a bhí á sealbhú ag an úinéir i gcathair agus i gcontae Phort Láirge - ceantar a mheastar mar áit leochaileach maidir le bochtaineacht breosla. I measc na hoibre a moladh bhí bearta inslithe agus teasa. Bhí an deontas ann chun an costas a bhainfeadh leis an tionscadal a chur ar a chosa a chlúdach, socrú a dhéanamh d'obair feabhsúcháin ar thart ar 460 teach, suirbhéanna taighde a dhéanamh, agus anailís a dhéanamh ar na torthaí agus tuarascáil dheiridh a chur isteach ina dhiaidh sin. Roghnaíodh Port Láirge de bhrí gur sholáthair sé bonn daonra oiriúnach don tionscadal agus freisin mar gheall nach raibh príomhchlár FIÉ, Scéim um Bailte Níos Teo, i bhfeidhm ansin.

Íocaíocht an deontais

Iarraidh cead ón Roinn Airgeadais i mí Lúnasa 2006 chun an deontas €2m a eisiúint go hiomlán; fuarthas é go luath i mí Mheán Fómhair agus rinneadh íocaíocht go gairid ina dhiaidh sin. Bhí formhór an chaiteachais le caitheamh ar shaothar agus ar ábhair a theastaigh chun tabhairt faoi na hoibreacha feabhsúcháin. Íocadh an deontas i dtráthchuid amháin de bhrí go bhfaca an Roinn an tionscadal mar chlár aonair, aon uaire. Nuair a eisíodh an deontas, samhlaíodh go gcuirfí tús láithreach leis an obair ar an gclár. Mar a tharla sé, níor cuireadh tús leis an taighde chomh tapa is a ceapadh agus níor thabhaigh FIÉ aon chaiteachas ar an tionscadal sa bhliain 2006.

De bhrí go n-éilíonn Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí go mbeadh sé cinntithe ag socrúithe íocaíochta, sula n-íoctar an deontas, go dtabhófaí an caiteachas laistigh den bhliain, d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth ar íocadh an deontas le FIÉ gan aon fhianaise gur dócha go gcaithfí an t-airgead sa bhliain 2006. D'iarr mé sceideal míosúil freisin den chaiteachas ar fad a rinne FIÉ ar an tionscadal go dtí seo.

Mar fhreagra dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur ghlac sé leis nár leanadh an próiseas ceart maidir leis an íocaíocht seo a rinneadh le FIÉ. Níor chóir an deontas a íoc go dtí go raibh an obair ar na feabhsúcháin ar tí tosú. Anuas air sin, bheadh sé oiriúnach an t-airgead seo a íoc le FIÉ ar bhonn céimnithe de réir mar a thabharfaí gnéithe den obair chun críche. Eisceacht a bhí in íocaíocht an deontais sa chás seo agus níl íocaíocht deontas mar ghné d'obair na Roinne chomh mór níos mó is a bhíodh fadó. In ainneoin sin, bhí sé tábhachtach go leanfaí na nósanna imeachta cearta i ngach cás den sórt sin. Dúirt sé go raibh sé ag déanamh socruithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas íocaíochta deontais lena chinntiú go mbeadh an fhoireann ar an eolas faoi na riachtanais sa chás seo.

Dúirt sé liom freisin, amhail dheireadh mhí an Mheithimh 2007, go bhfuil €145,553 caite ag FIÉ ar an tionscadal agus €49,164 eile geallta aige dó. Bhí an obair shuiteála faoi lán seoil go hiomlán ag an bpointe seo, agus dáta críochnaithe aige de mhí Lúnasa 2007. Bhíothas ag súil na sonraisc dheiridh a phróiseáil i mí Mheán Fómhair 2007 agus cuirfear tuarascáil le chéile ag deireadh 2007.

An Cuntas Leithghabhála

De bhrí gur cuireadh an tsuim seo de €2m chun dochair do Fhocheannteideal W i gCuntas Leithghabhála 2006 a cuireadh isteach chugam le hiniúchadh, bhí gá an cuntas a leasú tríd an muirear ar an bhfocheannteideal a laghdú agus an tsuim a chur chun dochair don chuntas fionraí ag feitheamh ar chaiteachas sa bhliain 2007.

Caibidil 10

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

10.1 Caiteachas TFC a Rialú agus a Cheadú

Socruithe ginearálta

Éilítear ar an Aire Airgeadais speansais uile Roinne a cheadú, ar speansais iad a íoctar amach as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas. Tá foráil i *Public Financial Procedures* go féidir le ceadú a bheith:

- Sainiúil – ceadú a bhaineann le moladh aon uaire ar leith nó
- Tarmligthe – ceadú ginearálta do Roinn nó d'Oifig chun déileáil le cásanna atá sainithe go soiléir gan dul ais arís chuig an Roinn Airgeadais.

Tá foráil i *Public Financial Procedures* freisin áit a mbíonn ceadú tarmligthe ginearálta maidir le catagóir áirithe caiteachais, is faoin Roinn lena mbaineann a chinntiú go gclúdaíonn an ceadú i gceart aon chaiteachas atá laistigh den chatagóir sin.

Nuair a bunaíodh í an 1 Eanáir 2005, bhí FSS faoi réir an cheanglais go bhfaighidh sí ceadú na Roinne Airgeadais i gcás gach caiteachais. Cheadaigh an tAire Airgeadais caiteachas reatha de chuid FSS do 2006 suas go dtí uasmhéid €11.8 billiún – an tsuim a bhí sa Mheastachán Athbhreithnithe do 2006 – agus caiteachas ar thionscadail chaipitil aontaithe suas go dtí uasmhéid €555.5m.

Tá caiteachas TFC faoi réir réimeas ceadaithe áirithe, atá leagtha amach i gCiorclán 16/97 “Socruithe Tarmligthe Nua do Chaiteachas TF Gaolmhar (lena n-áirítear Innealra Oifige)”. Bhí socruithe tarmligthe roimhe seo maidir le caiteachas a bhain le TF bunaithe den chuid is mó ar theorainneacha caiteachais reatha atá leagtha amach i gComhaontuithe Buiséid Riaracháin. Is éard a bhí i gceist leis an gCiorclán ná foráil a dhéanamh le haghaidh socrú níos comhtháite do chúrsaí tarmligthe, laistigh de theorainneacha caiteachais aontaithe, de chaiteachas a bhaineann le TF, faoi réir ag rialúcháin chuí a bheith i bhfeidhm i Ranna.

Caithfear na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go mbeidh an Roinn Airgeadais in ann an socrú ceadaithe tarmligthe a fheidhmiú le Roinn:

- Caithfidh straitéis TFC reatha a bheith ag an Roinn a chlúdóidh bainistíocht faisnéise, córais agus feidhmchláir agus bonneagair theicniúla. Ba chóir go gclúdódh sé seo tréimhse 3-5 bliana. Ní mór é a thabhairt chun dáta go rialta agus an Roinn Airgeadais a choinneáil ar an eolas faoi nuashonruithe.
- Ní mór socruithe bainistíochta agus rialaithe tionscadail a bheith i bhfeidhm i gcás gach tionscadail.
- Caitear figiúr iomlán den chaiteachas atá beartaithe ag an Roinn ar TFC a chur ar fáil faoi dheireadh na Samhna (tuairisceán Cuid I).
- Caitear miondealú sonraithe den chaiteachas atá pleanáilte do chúrsaí TFC sa bhliain reatha a chur ar fáil faoi dheireadh mhí Aibreáin gach bliain (tuairisceán Cuid II). Caithfidh an figiúr beartaithe a bheith laistigh den tsuim a aontaíodh le linn phróiseas na meastachán/an phróisis bhuiséadaithe.
- Caithfear miondealú sonraithe den chaiteachas iarbhír a rinneadh ar TFC an bhliain roimhe sin a chur ar fáil faoi dheireadh mhí Aibreáin gach bliain.
- Caithfear Ráiteas Tionchair Ghonta a sholáthar d'aon tionscadal nua TFC agus é a athbhreithniú mar is cuí fad is a mhaireann sé.
- Caithfear cloí le treoirlínte maidir le soláthar agus le caiteachas airgid phoiblí.

Caithfear anailís a dhéanamh ar an eolas a chuirtear ar fáil faoi chaiteachas idir thionscadail nua, thionscadail reatha agus neamhthionscadail. Caithfear anailís bhreise a dhéanamh ar na costais a bhaineann le gach tionscadal agus úsáid á bhaint as roinnt ceannteideal amhail crua-earraí, bogearraí, teileachumarsáid agus comhairliúcháin.

Sa chomhthéacs seo, tagraíonn "tionscadal" do thionscadail ghnó a bhfuil sé mar aidhm acu na cuspóirí agus pleananna gnó atá mar chuid de ráiteas straitéise na heagraíochta a nochtadh. Mar shampla de thionscadal gnó bheadh feabhas ar bhainistíocht Acmhainní Daonna, agus leis sin bheadh gá le pacáiste pearsanra a cheannach agus a shuiteáil.

Baineann caiteachas neamh-thionscadail le gach caiteachas TFC nach mbaineann le tionscadal gnó ar leith agus a chlúdaíonn raon leathan, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí nua a fháil, innealra oifige, seirbhísí teileachumarsáide, oiliúint a bhaineann le cúrsaí TF, cothabháil, comhairliúcháin agus foinsí allamuigh. D'áireofaí leis de ghnáth freisin feabhas agus cothabháil leanúnach ar bhonneagar TFC.

Má bhíonn an Roinn Airgeadais sásta, eiseoidh sí Teastas Tarmligthe Bliantúil. Ní cóir ach amháin don Roinn a bheadh ag caitheamh an airgid an caiteachas a dhéanamh bunaithe ar an Teastas Tarmligthe Bliantúil nó sa chás go bhfuil ceadú sainiúil faighte don chaiteachas sin.

Caiteachas TFC a rialú agus a cheadú i FSS

Éilíonn na socruithe chun ceadú a bhaint amach ar FSS tograí caiteachais a chur isteach chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí. Éilítear ar an Roinn na tograí a mheas agus a hanailís agus a cuid moltaí a chur isteach chuig an Roinn Airgeadais.

Sa chéad chuid de 2005 chuir FSS fúithi an tuairisceán sonraithe a dhéanamh ("Cuid II") den chaiteachas a bhí beartaithe aici do chúrsaí TFC do 2005 chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí ag féachaint le ceadú tarmligthe a bhaint amach. Lean cainteanna sa chás leis an Roinn Airgeadais ar feadh na bliana agus níor eisíodh ceadú do chaiteachas €27.8m don tionscadal go dtí an 16 Samhain 2005. Eisíodh ceadú do chaiteachas neamh-thionscadail de €41m in Aibreán 2006.

Ag éirí as a cuid cainteanna leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le FSS le linn 2005, scríobh an Roinn Airgeadais chuig Stiúrthóir Náisiúnta Gníomhach TFC de FSS an 16 Meán Fómhair 2005 ag leagan amach príomhphrionsabail rialaithe agus teicniúla, a mbeadh ar FSS tabhairt fúthu mar spriocanna sainiúla aontaithe mar chuid den phróiseas tarmligthe.

Ba iad seo a leanas na prionsabail rialachais

- Coiste Stiúrtha TFC amháin a bheith ann chun cinntí tosaíochta agus gníomhachtaithe a dhéanamh maidir le gach mórtogra tionscadail.
- Bheadh foinse cinnteoireachta lárnach amháin maidir le straitéisí TFC, pleananna TFC agus tionscadail TFC a chur i bhfeidhm mar ghnáth chomhéadan chun críche Chiorclán 16/97 leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Roinn Airgeadais (Stiúrthóir IS)
- Boird tionscadail do gach tionscadal suntasach, ag tuairisciú don Choiste Stiúrtha TFC agus ag baint úsáide as modheolaíocht bainistíochta tionscadail arna roghnú ag FSS agus ag baint úsáide as treoirlinnte breithmheasa caipitil arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais.
- Ceanglais ceadaithe tarmligthe 16/97 a chomhlíonadh i gcás gach caiteachais ar TFC, beag beann ar an bhfoinse maoinithe.
- Próiseas athbhreithnithe piaraí geata a bheith i bhfeidhm do gach mórtionscadal.

- Pointe bainistíochta lárnach amháin a bheith faoi smacht an Stiúrthóra IS chun crua-earraí, bogearraí, teileachumarsáid, Forbairt TFC nó seirbhísí comhairleacha a cheannach i FSS ar fad lena n-áirítear ospidéal, ionaid leighis srl. atá faoi rialú maoinithe FSS.
- Gan aon údarás maidir le caiteachas TFC a tharmligean níos faide laistigh de FSS.
- Gach cinneadh fruilthe maidir le conraitheoirí TFC agus comhairleoirí TFC faoi smacht an Stiúrthóra IS, beag beann ar fhoinsí maoinithe.
- Gach tairiscint ar tháirgí nó ar sheirbhísí TFC le ceadú agus le fógart ag an Stiúrthóir IS agus ag teacht le ceadú 16/97.
- Gach forbairt FSS chun treoirlínte lárnacha a chomhlíonadh - cinn iarbhire agus cinn atá ag teacht chun cinn.

Dearadh na prionsabail theicniúla go príomha lena chinntiú go bhfuil comhtháthú ceart, chomh fada agus is féidir, déanta ar chórais FSS agus iad deartha ar bhonn náisiúnta agus go bhfuil ardáin/seirbhísí roinnte laistigh de FSS, ar fud na seirbhíse poiblí agus leis an earnáil phríobháideach uasmhéadaithe, mar is cuí.

Bhí sé soiléir ó litir na Roinne nach é amháin gur bhain na treoirlínte a bhí i bhfeidhm le caiteachas díreach FSS féin ar TFC, ach freisin le caiteachas in ospidéal agus in áiseanna eile atá faoi smacht maoinithe FSS agus gur shín sé chuig córais riaracháin TFC agus chuig córais leighis TFC.

Caiteachas TFC do 2006 a Cheadú

Chuir FSS tús leis an bpróiseas chun ceadú tarmligthe a lorg do chaiteachas TFC don bhliain 2006. Thug FSS le fios in Eanáir 2006 go raibh réimsí caiteachais áirithe a bhí lasmuigh den saindualgas TFC riamh - amhail teileafónaíocht agus cumarsáid tríd is tríd, lena n-áirítear na seirbhísí éigeandála - ach a bhí laistigh de théarmaí an tsocraithe ceadaithe tarmligthe. Gheall sí tabhairt faoi phróiseas chun an caiteachas a bhí beartaithe ar TFC do 2006 a dheimhniú agus a chomhdhlúthú, mar ba chúí. Mar sin féin, an 9 Meitheamh 2006, tharraing an Roinn Airgeadais socruithe ceadaithe tarmligthe siar le FSS ar an mbonn go raibh deacrachtaí leis an gcaiteachas iarbhir a rinne FSS ar TFC sa bhliain 2005 a dheimhniú agus an caiteachas a bhí pleanáilte do 2006 a dhéanamh amach. Dúirt an Roinn go mbeadh ar FSS ceadú as caiteachas TFC a fháil sa bhliain 2006 ar bhonn cáis ar chás.

Chuir FSS seacht gcinn d'aighneachtaí isteach maidir leis an gcaiteachas a bhí beartaithe do 2006. Taispeánann Tábla 48 miondealú ar gach aighneacht idir thionscadail nua, thionscadail reatha agus chaiteachas neamh-thionscadail.

Tábla 48 Aighneachtaí maidir leis an Caiteachas TFC 2006

	30.11.05	31.03.06	28.04.06	16.08.06	13.10.06	01.11.06	10.11.06
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Tionscadail Nua	31.8	18.7	18.7	63.1	112.9	32.6	25.8
Tionscadail Reatha	49.0	35.2	36.6	54.2	40.2	50.0	50.2
Neamh-Thionscadail	45.1	51.9	52.0	62.7	58.4	58.4	58.4
Iomlán	€125.9m	€105.8m	€107.3m	€180.0m	€211.5m	€141.0m	€134.4m

Mar a thugann an tábla le fios, d'athraigh leibhéal an chaiteachais bheartaithe faoi gach ceannteideal go mór le linn na tréimhse. Tharla sé, ar deireadh, go raibh an leibhéal caiteachais a tuairiscíodh don bhliain éagsúil ón leibhéal a bhí beartaithe i ngach ceann de na trí chatagóir – €689,274 do thionscadail nua, €21.5m do thionscadail reatha agus €63m do chaiteachas neamh-thionscadail.

An 11 Nollaig 2006, fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cead do chaiteachas TFC mar seo a leanas: Tionscadail Nua €5,525,848, Tionscadail Reatha €30,627,240 agus Caiteachas Neamh-Thionscadail €58,426,044 do 2006 faoi réir na gcoinníollacha ginearálta seo a leanas

- Ba chóir go gcomhlíonadh gach soláthar na coinníollacha Soláthair Ginearálta atá leagtha amach san Aguisín a ghabhann le Chiorclán 16/97.
- Ba chóir socruithe foirmiúla agus cuí a úsáid chun tionscadail ghnó a rialú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le comhlíonadh.
- Ba chóir go gcomhlíonadh gach tionscadal na hailtireachtaí teicniúla agus faisnéise a ghlac FSS agus ba chóir go gcloífeadh FSS leis na Prionsabail Rialaithe agus Teicniúla d'Fhorbairtí TFC atá sonraithe i litir na Roinne dar dáta 16 Meán Fómhair 2005.
- Ba chóir do FSS, agus í i mbun tuairiscithe ar na caiteachais iarbhir ag teacht le ceanglais Chiorclán 16/97 sonraí a thabhairt maidir le gach caiteachas TFC sa bhliain 2006.

An 21 Nollaig 2006, cheadaigh an Roinn Airgeadais caiteachas breise suas go dtí uasmhéid €1,520,640 ar chomhairliúchán TFC don chóras PPARS. Bhain sé sin le tacaíocht táirgeachta, le timpeallacht chobhsaí a sheachadadh, agus le próisis reatha a uathobriú agus thug sé iomlán an mhéid a bhí ceadaithe do thionscadail reatha go dtí €32,147,880.

Tuairisceán Chiorclán 16/97 – 2006

Mar a éilítear de réir forálacha Chiorclán 16/97, chuir FSS tuairisceán faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí an 1 Bealtaine 2007 ina raibh miondealú sonraithe ar chaiteachas iarbhir ar TFC don bhliain 2006. Thaispeáin an tuairisceán seo figiúr do chaiteachas neamh-thionscadail de €63,017,248 sa bhliain 2006 – suim a bhí níos mó ná an tsuim €58,426,044 a bhí ceadaithe.

Sa litir a bhí ag gabháil leis an tuairisceán, mhínigh an Ceannaire TFC go raibh deacrachtaí ag baint leis an eolas a theastaigh do thuairisceán 16/97 a fháil ón gcóras tuairiscithe comhdhlúite, a chuireann na cuntais chomhdhlúite le chéile, de bhrí nach soláthraíonn sé an leibhéal sonraí a bhíonn ag teastáil. Is iad na feidhmeanna TFC áitiúla a chomhlánaíonn na tuairisceáin agus déanann Stiúrthóireacht TFC cónascadh orthu chun iad a chur isteach mar thuairisceán amháin chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais. Tagann deacrachtaí breise chun cinn laistigh de na Limistéir Shláinte éagsúla, mar gheall ar na córais éagsúla códaithe agus próiseála a bhíonn i bhfeidhm iontu.

Rinneadh scrúdú ar an tuairisceán seo le linn an iniúchta agus bhí sé easnamhach ar go leor bealaí

- I roinnt cásanna, níor rangaíodh i gceart suimeanna móra nó rangaíodh iad faoi cheannteideal amháin nuair a bhíodhas ag lorg ceadaithe ach faoi cheannteideal éagsúil nuair a bhí an toradh á thuairisciú.
- Cuireadh roinnt costas nach raibh laistigh de théarmaí an Chiorcláin san áireamh trí dhearmad agus cuireadh roinnt costas san áireamh faoi dhó.
- Ní dhearnadh anailís ar roinnt catagóirí caiteachais leis an leibhéal sonraí a bhí ag teastáil ón tuairisceán, de bhrí nach n-éascaíonn mórleabhair ghinearálta roinnt limistéar de FSS miondealú a dhéanamh ar chaiteachas sna catagóirí ábhartha.

Mar achoimre, dealraíodh go raibh neamhsheasmhachtaí ag baint leis an mbealach a láimhseáladh caiteachas agus bhí an leibhéal earráide chomh mór is gur chuir sé teorainn mhór le luach an tuairisceáin chun críche rialaithe. Ardaíodh ceist, mar gheall air sin, faoi bhunús na mbunfhigiúirí a tiomsaíodh d'fhonn ceadú a fháil.

Neamh-Chomhlíonadh an Cheanglais Ceadaithe Cás ar Chás

In ainneoin an cheanglais caiteachas TFC a cheadú roimh ré ar bhonn cás ar chás, d'eisigh FSS iarratais ar thairiscintí do roinnt tionscadal gan ceadú ar bith a fháil. Ba le haghaidh na dtionscadal seo a leanas iad sin

- Comhairliúchán Straitéiseach TFC (Iúil 2006)
- Sceidealú Foirne & Bainistíocht Ama (Deireadh Fómhair 2006)
- Córas Bainistíochta Sócmhainní (Deireadh Fómhair 2006)

Eisíodh an dá iarratas dheireanacha seo chun tairisceana gan faomhadh a fháil ón Stiúrthóir Gníomhach TFC agus cuireadh ar ceal iad ina dhiaidh sin.

Lean gníomhaireachtaí a bhí faoi smacht maoinithe FSS ar aghaidh ag eisiúint iarratas ar thairiscintí sa bhliain 2007, áit nach raibh ceadú ar bith faighte. D'fhoilsigh Ospidéal san Séamas tairiscint mar shampla le haghaidh córas faisnéise cliniciúil sa Roinn Éigeandála i mí an Mhárta 2007 agus tairiscint ar sheirbhísí teileafónaíochta an 1 Meitheamh 2007.

Caiteachas Neamhcheadaithe

Chuir ceadanna 2005 do chaiteachas TFC aon chaiteachas forbartha ar an gcóras PPARS as an áireamh go sonrach, cé gur tabhaíodh caiteachas mór ar an gcóras sa bhliain 2005 mar a tugadh le fios i mo thuairisc chuig Dáil Éireann, *Development of Human Resource Management System for the Health Service (PPARS)* i mí na Nollag 2005. Níl an caiteachas sin ceadaithe go fóill.

Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom i mí Iúil 2007 nach féidir an figiúr de €63,017,248 do chaiteachas TFC neamh-thionscadail don bhliain 2006 a mheas mar fhigiúr deiridh agus go bhfuil cainteanna ar siúl ar bhonn leanúnach leis an Roinn Airgeadais maidir le ceadú 2006.

Anuas air sin, tugaim faoi deara nach bhfuil caiteachas tionscadail áirithe a cuireadh chun dochair do chaiteachas Vóta 2006 ceadaithe de réir cheanglais Chiorclán 16/97 viz.

- €522,000 ar thionscadail ilghnéitheacha a bhí údaraithe roimh 2005 de réir na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm ag an am sna hiarbhoird sláinte ach áit nach ndearnadh aon íocaíochtaí go dtí 2006,
- €1,103,000 maidir leis an gcóras cuntasaíochta FTSP, ar bhain €422,000 de le caiteachas a tabhaíodh sa bhliain 2005 ach ar íocadh as sa bhliain 2006 agus a cuireadh chun dochair do Vóta 2006, agus
- €4,634,000 ar chostais a bhain le PPARS a tabhaíodh sa bhliain 2005 agus a fabhraíodh i ráitis airgeadais 2005 ach ar íocadh astu agus a cuireadh chun dochair do Vóta 2006.

Cúis Inní maidir leis an Iniúchadh

I bhfianaise an iniúchta sin, bhí inní orm

- Nach raibh córais, nósanna imeachta ná cleachtais i bhfeidhm ag FSS a thabharfadh deis di a caiteachas TFC a chaitheamh go héifeachtach agus a chuirfeadh ar a cumas cloí i gceart le ceanglais na Roinne Airgeadais maidir le caiteachas TFC a cheadú
- Dealraíodh leis na héagsúlachtaí a bhain leis na ceadanna a lorgaíodh sa bhliain 2006 go raibh straitéis chomhtháite TFC in easnamh agus nach raibh sé sách nasctha le próiseas na meastachán/buiséadaithe
- D'fhéadfadh sé nach gcomhlíonadh rialachas TFC i FSS na prionsabail a leag an Roinn Airgeadais amach ina litir dar dáta 16 Meán Fómhair 2005.

D'iarr mé eolas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir leo seo a leanas

- An beart a ghlac FSS chun cur ar a cumas socruithe ceadaithe na Roinne Airgeadais maidir le TFC a chomhlíonadh
- Na himthosca inar eisíodh na hiarratais neamhúdairithe ar thairiscintí ar tagraíodh dóibh níos túisce, agus an beart a glacadh ionas nach dtarlódh a leithéid arís
- An beart a glacadh chun straitéis TFC a fhorbairt agus chun creatlach tuairiscithe buiséadaithe agus bainistíochta tacaíochta a chur i bhfeidhm
- An dul chun cinn a bhí déanta ó thaobh na bprionsabal rialaithe agus teicniúla a leagadh amach i litir na Roinne dar dáta 16 Meán Fómhair 2005 a chur i bhfeidhm.

An Freagra a Thug an tOifigeach Cuntasaíochta

An Beart a Glacadh chun Socruithe Ceadaithe na Roinne Airgeadais maidir le TFC a Chomhlíonadh

Thosaigh FSS ag cur socruithe i bhfeidhm le linn 2005 chun ceanglais cheadaithe na Roinne Airgeadais a chomhlíonadh. Ghlac an Stiúrthóir Náisiúnta Gníomhach TFC freagracht foriomlán sa chás seo agus d'iarr sé ar na Rannáin TFC de na hIar-Bhoird Sláinte na haighneachtaí riachtanacha a chur isteach chuige. Cuireadh acmhainní ag obair ina oifig chun an t-eolas a bhailiú agus é a ullmhú le cur faoi bhráid na Roinne Airgeadais. Leanadh leis na socruithe sin agus neartaíodh iad ó shin i leith.

Nuair a ceapadh Ceannaire nua TFC i mí na Samhna 2006 sannadh an phríomhfhreagracht ar dhuine eile de Stiúrthóirí na gCóras Faisnéise ar bhonn eatramhach as Oifig Clár na Stiúrthóireachta TFC, agus áiríodh leis sin freagracht as iarratais cheadaithe a chur faoi bhráid na Roinne Airgeadais. Sannadh freagracht mar sin, ón tús, laistigh den Stiúrthóireacht TFC lena chinntiú gur comhlíonadh gach ceanglas maidir le caiteachas a cheadú.

Leanadh le linn 2006, leis na socruithe a bhí curtha i bhfeidhm laistigh den Stiúrthóireacht TFC an bhliain roimhe sin. Aon uair ar thug an Stiúrthóir Náisiúnta Gníomhach TFC faoi deara go raibh cásanna ann ina bhféadfadh caiteachas neamhúdairithe tarlú ghlac sé céimeanna chun é sin a chosc.

D'eisigh an Ceannaire TFC roinnt cumarsáidí chuig an bhfoireann bainistíochta laistigh de FSS sa bhliain 2007 ag cur in iúl go soiléir cad iad na ceanglais chun ceadú a fháil roimh ré don chaiteachas ar fad a bhain le TFC. Scaipeadh é seo ar bhainisteoirí líne laistigh de FSS. Scaipeadh é freisin, trí Oifig Náisiúnta na nOspidéal ar na hospidéal mhóra dheonacha ar fad a bhfuil caiteachas suntasach acu do TFC.

Bhunaigh an Ceannaire TFC agus an Stiúrthóir Airgeadais Grúpa Athbhreithnithe Caiteachais TFC le hionadaíocht bainistíochta Airgeadais agus TFC sinsearach sa bhliain 2007. Ar an ngrúpa sin tá ionadaithe

ón Rannóg Airgeadais Corparáidigh, ó Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Stiúrthóireacht TFC. Tá an grúpa ag tabhairt faoi athbhreithniú ar idirbhearta caiteachais TFC do 2007, idir chinn ioncaim agus caipitil sna hiar-limistéir boird sláinte. Déanfaidh an Grúpa moltaí maidir leo seo a leanas

- Caiteachas TFC a chódú sa chóras cuntasáiochta agus aird ar cheanglais tuairiscithe na Roinne Airgeadais maidir le caiteachas neamh-thionscadail
- An próiseas buiséadaithe TFC
- Nósanna imeachta chun caiteachas ioncaim agus caipitil TFC a phróiseáil
- Tuairisciú airgeadais ar chaiteachas ioncaim agus caipitil.

Samhlaítear go gcuirfidh an Grúpa tuarascáil dheiridh le chéile faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2007 ag féachaint le moltaí a chur i bhfeidhm mar is féidir roimh dheireadh na bliana airgeadais. Tá roinnt moltaí curtha i bhfeidhm cheana féin.

Rinne FSS forbairt ar thuarascáil chun caiteachas caipitil agus íocaíochtaí a thaifeadadh de réir tionscadail, de réir Limistéir FSS, agus de réir piléir. Ullmhaítear an tuarascáil seo de láimh. D'ullmhaigh gach Limistéir FSS an tuarascáil seo le haghaidh mhí na Nollag 2006. Rinneadh comhdhlúthú ar na tuarascálacha agus tugadh tuairisc ar fhigiúr íocaíochtaí caipitil TFC i gCuntas Leithghabhála 2006.

Mar sin féin, de bhrí nach bhfuil córas airgeadais náisiúnta ann cuirtear cosc ar thuairisciú íocaíochta ioncaim TFC. Tá limistéir dhifriúla de FSS a bhfuil córais oidhreachtacha airgeadais á bhfeidhmiú acu nach bhfuil cumraithe chun an leibhéal sonraí a theastaíonn d'fhonn íocaíochtaí ioncaim TFC a thuairisciú faoi na catagóirí sonracha a aithníodh mar idirbhearta neamh-thionscadail. Nuair a bheidh an tuairisciú tugtha chun críche le haghaidh 2007, beidh eolas ar fáil ar bhonn ioncaim agus caiteachais (fabhrúithe) maidir leis an gcaiteachas neamh-thionscadail ar fad faoi na ceannteidil atá leagtha amach i gCiorclán 16/97. Beidh cuid mhaith idirghabhála breise de láimh riachtanach chun na figiúirí ioncaim agus caiteachais seo a athshonrú má theastaíonn siad ar bhonn Vóta. Táthar i mbun forbartha ar chás gnó chun tacú le forbairt agus forfheidhmiúchán chóras airgeadais náisiúnta a chomhlíonfaidh ceanglais tuairiscithe Vóta FSS chomh maith le ceanglais na Roinne Airgeadais a chomhlíonadh faoi Chiorclán 16/97.

Iarratais Neamhúdaráithe ar Thairiscintí

As na cúig iarratas ar thairiscintí a luadh, d'eisigh FSS trí cinn acu agus d'eisigh Ospidéal san Séamas péire acu. Rinneadh na tairiscintí FSS sa bhliain 2006 mar gheall go raibh easpa tuisceana i ndáiríre ag an lucht pearsanra lenar bhain maidir le ceanglais Chiorclán 16/97.

Mar thoradh ar athruithe a rinneadh ar fhoireann bainistíochta sinsearaí FSS i lár 2006 agus an gá a bhí le forbairt straitéiseach a dhéanamh ar na Stiúrthóireachtaí TFC agus Soláthair, eisíodh tairiscintí chun comhairle chorparáideach straitéiseach a fháil ar TFC agus ar Sholáthar i mí Iúil 2006. D'aithin an Príomhfheidhmeannach agus Bord FSS go raibh gá an Stiúrthóireacht TFC a fheabhsú agus bhí sé seo ar cheann de na bearta a aithníodh chun é sin a bhaint amach.

Eisíodh an dá iarratas neamhúdaráithe eile ar thairiscintí - do Chóras Bainistíochta Sócmhainní agus Córas Sceidealaithe Foirne & Bainistíochta Ama - i gcomhthéacs threalamhú/choimisiúnú an Ospidéil Mháithreachais nua ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh. D'aithin an Grúpa Coimisiúnaithe an Córas Sceidealaithe Foirne & Bainistíochta Ama mar cheanglas tábhachtach don ospidéal nua, ag glacadh le chomh casta is a bhí sceidealú foirne, áit a raibh foireann as roinnt ospidéal a bhí ann cheana ag aistriú chun dul ag obair san ospidéal nua agus chaithfí iad a chur ar an sceideal le haghaidh dualgais ar bhealach cothrom a sholáthródh an meascán ceart scileanna ar fud na n-aonad agus ar bhonn seal ar sheal. Bhí imní ar an nGrúpa Coimisiúnaithe maidir leis an gcóras nua a chur i bhfeidhm in am d'oscailt an ospidéil

nua agus cheap sé trí dhearmad go mbeadh sé réidh chun dul ar aghaidh leis an bpróiseas soláthair ag an am céanna le faomhadh a lorg don chaiteachas.

Ní raibh Stiúrthóireacht TFC FSS ar an eolas faoi chinneadh an Ghrúpa Coimisiúnaithe sa chás sin go dtí tar éis fhógairt an tsoláthair. D'ardaigh an Stiúrthóireacht TFC an cheist ag an bpointe sin le lucht bainistíochta an ospidéal agus cuireadh deireadh leis an bpróiseas soláthair gan mhoill. Níor tuigeadh go hiomlán ag leibhéal an ospidéal ag an am an ceanglas dian a bhí ann ceadú a bheith faighte roimh ré ón Roinn Airgeadais sula gcuirfí tús leis an bpróiseas soláthair. Tuigeann gach duine lena mbaineann an scéal é sin anois mar gheall ar an mbeart a ghlac an Stiúrthóireacht TFC ag an am.

D'eisigh an Ceannaire TFC litir sa bhliain 2007, trí fhoireann bainistíochta FSS, ag meabhrú do na bainisteoirí ar fad an dualgas a bhí orthu maidir le soláthar TFC agus an bealach tromchúiseach a láimhseálfar neamhchomhlíonadh. Anuas air sin, cheap an Stiúrthóireacht Soláthair bainisteoir tiomnaite, a bheidh freagrach as gach soláthar TFC laistigh de FSS. Ainmníodh ball sinsearach den fhoireann bainistíochta TFC freisin chun gach soláthar TFC a údarú sula bhfoilsítear iad ar eTenders.

Tionscnaíodh an dá sholáthar d'Ospidéal san Séamas gan eolas ná faomhadh a fháil roimh ré ó FSS. Sa dá chás, phléigh FSS an cás leis an Ospidéal agus d'iarr ar an Ospidéal na soláthairtí a chur ar feitheamh go dtí go gcuirtear na ceaduithe cuí i bhfeidhm. Tá FSS fós ag obair leis an Ospidéal chun go gcomhlíonfadh sé na ceanglais chun réamhceadú a fháil sula dtionscnaítear soláthairtí. Tá an Ceannaire TFC agus an Stiúrthóir Náisiúnta, Oifig na nOspidéal Náisiúnta i mbun cainteanna leis an Ospidéal maidir leis an gceist.

Cé go raibh roinnt deacrachtaí leis an earnáil dheonach agus neamhrechtúil ó thaobh na gceanglas le haghaidh réamhceadú a chomhlíonadh go hiomlán, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil 17 ospidéal neamhspleácha dheonacha agus neamhrechtúla san earnáil ospidéal ghéarmhíochaine as féin. Tá formhór na n-ospidéal sin ag comhlíonadh an cheanglais cheadaithe go hiomlán, in ainneoin an athraithe mhóir atá tagtha ar chúrsaí cleachtais agus mar a fuarthas réidh le solúbthacht chun a gcuid seirbhísí a chur i bhfeidhm. Tá cúpla céad gníomhaireacht dheonach á maoiniú ag FSS.

Caithfear breis oibre a dhéanamh leis an earnáil dheonach agus sonrúidh comhaontú seirbhíse nua, atáthar a thabhairt isteach sa bhliain 2008 do chomhlachtaí deonacha agus neamhrechtúla, an ceanglas maidir leis an bpróiseas cheadaithe TFC a chomhlíonadh.

Straitéis TFC a Fhorbairt

Ní mór féachaint ar an gceist a bhaineann le straitéis TFC FSS i gcomhthéacs na hoibre a rinneadh roimhe seo sular bunaíodh an eagraíocht. Nuair a bunaíodh í an 1 Eanáir 2005 ghlac FSS freagrachtaí 17 eagraíocht ar leithligh ar láimh. Rinne Feidhmeannacht na mBord Sláinte obair mhór fhorbartha maidir le straitéis TFC le linn 2004. Bhíodhas ag súil go soláthródh sé seo an treo straitéiseach do gach forbairt TFC ar fud na n-iar-bhoird sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile don tréimhse 2005- 2011. Bhí sé seo leagtha amach i gcomhthéacs na Straitéise Faisnéise Sláinte Náisiúnta (SFSN), a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte & Leanaí sa bhliain 2004. Lena chois sin, rinneadh forbairt freisin ar straitéis TFC do sheirbhísí Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL) le cúnamh ó chomhairleoirí bainistíochta.

Rinneadh an obair straitéise TFC roimhe sin ar bhonn an chórais sláinte uile - .i. glacadh le cur chuige náisiúnta, seachas aon eagraíocht nó aon réigiún ar leith. Níor chuir bunú FSS athrú ar an gcomhthéacs straitéiseach, ach chuir sé struchtúr eagraíochta aonair i bhfeidhm, agus bheifí ag súil go n-éascódh sé seo seachadadh an chlár oibre straitéisigh. Bhí an fócas mar sin, ó bunaíodh FSS níos mó ar an struchtúr eagraíochta TFC a aontú agus socruithe rialachais oiriúnacha nua a bhunú seachas ar athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar ghnéithe eile den straitéis TFC.

Sa chomhthéacs seo glacadh leis na bearta seo a leanas

- Ceapadh cuideachta comhairliúcháin i mí na Samhna 2006 chun comhairliúchán straitéiseach TFC a sholáthar do FSS. Is é aidhm an chomhairliúcháin seo ná a chinntiú go gcuirfí na straitéisí agus na cur chuigí is fearr i bhfeidhm ar fud FSS. D'oibrigh an cuideachta comhairliúcháin ar dtús báire le lucht bainistíochta TFC chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar staid reatha TFC laistigh de FSS agus freisin laistigh den earnáil cúraim shláinte dheonach agus neamhreachtuil agus tá baint fós acu le sainmhíniú an struchtúir bhainistíochta TFC nua agus le mórtosaíochtaí forbartha a aithint.
- Tá Grúpa Stiúrtha TFC i bhfeidhm ag FSS ó mhí na Samhna 2006 i leith. Is mar seo a leanas atá príomhaidhm/príomhról an ghrúpa seo:

“Maoirsiú a dhéanamh ar phleanáil infheistíochta FSS i TFC, é a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt dó agus a fhorfheidhmiúchán agus a chuid oibre a rialú ar fud na heagraíochta tríd an Stiúrthóireacht TFC. É sin a dhéanamh ar bhealach a dhearbhoideadh go ndéantar seachadadh ar thionscadail/phróisis ghaolmhara mar a dearadh iad laistigh de pharaiméadair bhuiséadaithe agus frámaí ama agus go nochtáitear go hiomlán buntáistí (lena n-áirítear claochlú agus feabhsúcháin ghnó) a aithníodh do thionscadail/phróisis den sórt sin”

Is fo-choiste den fhoireann bhainistíochta go bunúsach é an Grúpa Stiúrtha TFC a bhfuil an Stiúrthóir Náisiúnta as Oifig na nOspidéal Náisiúnta ina chathaoirleach air le roinnt saineolais sheachtraigh bhreise. Thug lucht bainistíochta TFC tuairiscí don ghrúpa seo maidir le dul chun cinn agus tograí forbartha.

- I ndiaidh an athbhreithnithe ar stádas reatha TFC, rinneadh forbairt ar thogra chun TFC a eagrú agus a struchtúru laistigh de FSS. Pléadh an struchtúr molta leis an bhfoireann bainistíochta TFC reatha agus aontaíodh é leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta. Léiríonn an struchtúr nua seo cuid shuntasach den straitéis TFC iomlán.
- Maidir le ceanglais phleanála níos práinní, tá freagrachtaí saineolaí sannta ar bhaill den fhoireann bainistíochta TFC reatha go dtí go mbeidh an struchtúr nua curtha ar bun, ag féachaint le comhtháiteacht na bpleananna gearrthéarmacha a fheabhsú.
- Mar chuid den struchtúr bainistíochta nua tá sé molta Oifig Clár a bheith ann chun foramharc a thabhairt ar gach gníomhaíocht forbartha TFC ar fud na heagraíochta. Tá céimeanna faoi lán seoil chun an Oifig Clár sin a bhunú fiú amháin fad is atá an struchtúr nua eagraíochta á chur i bhfeidhm. Tá post cheannaire na hOifige Clár fógartha agus ag teacht leis sin, tá tairiscintí á lorg ó chomhlachtaí comhairliúcháin cuí chun an Oifig a bhunú agus í a chur ar a cosa. Ag teacht leis an ngníomhaíocht seo, tá grúpa laistigh den stiúrthóireacht TFC ag forbairt cur chuige atá bunaithe ar shraith saoil tionscadail a chuirfear i bhfeidhm i gcás na dtionscadal TFC uile.
- Ó fhómhar na bliana 2006, ghlac FSS leis an gClár Athraithe, pacáiste suntasach de thionscadail athraithe gnó agus is léiriú é an clár iomlán seo ar an uirlis atá ann chun straitéis gnó FSS a sheachadadh. Ag an am céanna, tá an Stiúrthóireacht TFC ag forbairt liosta tosaithe de mhórtionscadail chun tacú leis an ngnó. Ag coinneáil leis an bprionsabal gur chóir don straitéis gnó an straitéis TFC a thiomáint chun cinn, bhí an Clár Athraithe cinniúnach ó thaobh an liosta tosaithe seo a fhorbairt. Bhí tionchar ag obair straitéise TFC roimhe seo freisin ar roghnú na dtionscadal tosaíochta, mar a luadh roimhe seo (SFSN, Straitéis TFC Fheidhmeannacht na mBord Sláinte, Straitéis TFC CPPL). Bhí tionchar freisin ag an obair straitéise TFC a rinne Ospidéal Teagaisc Acadúla Bhaile Átha Cliath. Tá an próiseas maidir leis an liosta tosaithe de mhórtionscadail ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Aithnítear go gcaithfidh FSS straitéis chuimsitheach TFC níos fadtéarmaí a fhorbairt a chlúdóidh tréimhse 5-10 mbliana. Ag glacadh le roinnt de na deacrachtaí a bhí le TFC laistigh den earnáil sláinte, táthar ag tabhairt tús áite sa bhliain 2007 d'fheabhas a chur ar an mbealach a eagraítear agus a bhainistítear TFC agus roinnt mórtionscadal tosaíochta a chur chun cinn a bhí coinnithe siar le roinnt blianta anuas.

Tá sé i gceist tús a chur le forbairt straitéis TFC le linn 2007 ag féachaint í a thabhairt chun críche sa bhliain 2008. Bunaithe ar fhianaise as tíortha eile, mar an Danmhairg agus Sasana, tá sé riachtanach go nglacann an próiseas forbartha straitéise gach páirtí leasmhar san áireamh agus go leagann sé síos treoir ar feadh tréimhse ama suntasach.

Prionsabail Rialachais agus Prionsabail Theicniúla – Stádas Reatha

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug an Ceannaire TFC tuairisc don Roinn Airgeadais i mí an Mheithimh 2007 ar an dul chun cinn atá déanta laistigh de FSS maidir le forfheidhmiú na bprionsabal rialachais agus teicniúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2007. Bhí sé in ann deimhniú ag an bpointe seo, mar atá riachtanach ag na prionsabail rialachais, go raibh na rudaí seo a leanas i bhfeidhm

- *Coiste stiúrtha TFC ambáin*
- *Foinse lárnach cinnteoireachta ambáin maidir leis na straitéisí, pleananna agus tionscadail TFC a fhorfheidhmiú, i.e. Ceannaire TFC*
- *Boird tionscadal do gach tionscadal tábhachtach ag úsáid Modheolaíocht Bainistíochta Tionscadail choitianta. Tá grúpa forfheidhmithe modheolaíochta, a dhéanfaidh ionadaíocht ar ospidéal dheonacha chomh maith le FSS, á bhunú faoi láthair chun treoirlinnte a fhorbairt ar a chuid úsáide laistigh den earnáil sláinte.*
- *Próiseas athbhreithnithe piaraí geata i bhfeidhm do gach mórtionscadal.*

Tá próiseas athbhreithnithe piaraí á chur i bhfeidhm de réir mar a thagann gach tionscadal a dteastaíonn sé uaidh chun cinn. Anuas air sin, tá prionsabail athbhreithnithe piaraí á gcur i bhfeidhm i dtionscadail nach dteastaíonn athbhreithniú piaraí seachtrach uathu.

- *Gan aon údarás maidir le caiteachas TFC á tharmilgean níos mó laistigh de FSS.*
- Ina theannta sin, tá FSS i mbun cainteanna le comhlachtaí deonacha agus neamhrechtúla faoi láthair maidir leis an bhfeidhearthacht a gcuid caiteachais neamhthionscadail TFC a chur san áireamh laistigh de thuairisceán 16/97 ó FSS.
- *Na foirne forbartha agus na foirne oibriúcháin TFC ar fad faoi rialú an Stiúrthóra IS*
- *Gach cinneadh fostaíochta maidir le conraitheoirí agus combairleoirí TFC faoi rialú an Stiúrthóra IS, beag beann ar fhoinsí maoinithe*
- *Gach forbairt FSS chun cloí le treoirlinnte lárnacha.*

Tá an Stiúrthóireacht TFC ag tabhairt tacaíochta d'aon treoirlinnte lárnacha cuí de réir mar a thagann siad chun cinn m.sh. Comhaontuithe creatlaí, REACH agus tionscadal d'Ionad Sonraí.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta an tuairisc seo a leanas maidir leis na prionsabail atá fágtha:

- *Riachtanais ceadaithe tarmilgthe 16/97 a chomhlíonadh.*
- Tá sé sin i bhfeidhm. Tá siad ag tabhairt faoi dheacrachtaí atá ar eolas nó ar chinn atá ag teacht chun cinn maidir le cloí le córais sláinte i gcoitinne. Tá an Grúpa Athbhreithnithe Caiteachais bunaithe chun deacrachtaí rialaithe agus tuairiscithe a aithint agus a réiteach
- *Pointe bainistíochta lárnach ambáin faoi rialú an Stiúrthóra IS do gach ceannachán crua-earraí, bogearraí, do theileachumarsáid, Forbairt TFC nó seirbhísí chombairleacha i FSS ar fad lena n-áirítear ospidéal srl atá faoina rialú maoinithe.*

Tá próisis bhainistíochta lárnacha i bhfeidhm le haghaidh na gconarthaí soláthair uile atá rialaithe go díreach ag FSS. Tá buncheisteanna a gcaithfear déileáil leo maidir le húdarás na ngníomhaireachtaí neamhspleácha agus deonacha, atá maoinithe ag FSS chun soláthairtí a fháil gan faomhadh FSS.

- *Gach tairiscint ar tháirgí nó ar sheirbhísí TFC le ceadú agus le fógart ag an Stiúrthóir IS agus ag teacht le saincheadú 16/97*

Déantar gach tairiscint le haghaidh TFC laistigh de FSS anois trí bhainisteoir sinsearach ainmnithe sa Stiúrthóireacht TFC. Tá sé aontaithe chomh maith le foireann bainistíochta FSS go leathnófar an socrú seo chun gach eagraíocht dheonach atá maoinithe ag FSS a chur san áireamh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta maidir leis na prionsabail theicniúla atá curtha ar aghaidh ag an Roinn Airgeadais, gur aithin FSS tar éis athbhreithniú straitéiseach ar a chuid bonneagar TFC go bhfuil uirthi tús a chur le sraith tionscadal mór chun an Bonneagar TFC Sláinte a chomhaontú. Ceann de na cláir oibre is luaithe a theastaíonn ná an plean teicneolaíochta aonair a thabhairt chun críche. Beidh pleananna anseo, inter alia, d'aitireacht teicneolaíochta (lena n-áirítear líonrú), eolais agus feidhmiúcháin aonair do FSS. Tá sé beartaithe go mbeidh na prionsabail theicniúla atá sa litir dar dáta 16 Meán Fómhair 2005 léirithe go hiomlán sa phlean teicneolaíochta agus an raon tionscadal forfheidhmithe a thabharfaidh éifeacht dó.

Beart a Glacadh – Achoimre an Oifigigh Chuntasaíochta

Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil FSS tiomanta cloí go hiomlán leis na riachtanais chun caiteachas TFC a rialú agus a cheadú mar atá leagtha amach i gCiorclán 16/97 na Roinne Airgeadais agus go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur feabhais ar a chuid córas inmheánach, próiseas agus nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar aon laigí atá ann maidir leis seo.

Mar thoradh ar athbhreithniú ar TFC a rinneadh sa chéad cheithre mhí de 2007 tá roinnt moltaí curtha ar aghaidh a fheabhsóidh an próiseas ordaithe lena n-áirítear:

- Tá socrúithe rialachais TFC nua curtha i bhfeidhm ó thús na bliana seo agus tá siad ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach ag litir na Roinne Airgeadais i Meán Fómhair 2005.
- Struchtúr eagraíochta nua TFC curtha i bhfeidhm ina bhfuil rannán TFC corparáideach láidir
- Oifig Clár TFC corparáideach tugtha isteach a ghlacfaidh freagracht as bainistíocht feidhmiúcháin TFC- lena n-áirítear buiséadú agus tuairisciú.
- Grúpa oibre chun feabhas a chur ar an gcaoi a bhfuil caiteachas TFC beartaithe, taifeadta agus tuairiscithe laistigh de FSS chun léargas níos fearr a thabhairt ar chaiteachas TFC.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé tábhachtach na buncheisteanna agus an chúis imní a ardaíodh san iniúchadh a chur i gcomhthéacs iomlán bhunú agus fhorbairt FSS. Chomh luath is a bunaíodh FSS bhí sé faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le Cuntasaíocht Vótaí ar an bpointe. Chomhchuimsigh FSS ról na nIar-bhoird Sláinte, Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir, Fheidhmeannacht na mBord Sláinte, An Bhoird Seirbhísí Liachta Ginearálta (Íocaíochtaí), Ghníomhaireacht Fhostóirí na Seirbhísí Sláinte, Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (An tIonad Náisiúnta Faireachais Ghalair roimhe seo) chomh maith le roinnt iarghníomhaireachtaí reachtúla neamhspleácha. Mar thoradh air seo b'éigean raon straitéisí, córas, próiseas nósanna imeachta agus cur chuig a chónascadh agus córas rialaithe airgeadais agus tuairiscithe aonair a dhéanamh dóibh le haghaidh FSS. Bhí dúshlán mór ag baint leis an mbealach a tugadh tuairiscí mar a d'éiligh Ciorclán 16/97 le dhá bhliain anuas, d'uireasa córas bainistíochta airgeadais aonair.

Tá sé soiléir gur féidir feabhas a chur ar an bpróiseas laistigh de FSS chun ráitis chomhdhlúite ar chaiteachas beartaithe agus iarbhír ar TFC a thiomsú. Tá sé tábhachtach a léiriú áfach cé go raibh deacrachtaí ag FSS ó thaobh ráitis chomhdhlúite a thiomsú go bhfuil sé sásta go raibh caiteachas TFC oiriúnach agus go bhfuarthas luach ar airgead.

Cé gur ardaigh an t-iniúchadh roinnt imní faoi iarratais ar thairiscintí a eisíodh gan réamhchead caiteachais ón Roinn Airgeadais caithfear féachaint ar an líon beag seo i gcomhthéacs iomlán scála oibríochta FSS. Chomh maith leis sin, tá an chuid is mó de na gníomhaireachtaí deonacha agus neamhrechtúla, a bhfuil os cionn céad acu ann, ag cloí leis na rialacha soláthair TFC athbhreithnithe.

Glacadh roinnt beart sa bhliain 2007 chun comhlíonadh tairiscintí TFC a fheabhsú lena n-áirítear

- Bainisteoir sinsearach TFC ainmnithe chun gach tairiscint TFC i FSS a cheadú
- Bainisteoir soláthair ainmnithe atá freagrach as gach tairiscint TFC a chomhordú
- Litir chuig na bainisteoirí líne ar fad i FSS ag léiriú na n-iarmhairtí a bhainfidh le neamhchomhlíonadh
- Beidh comhlíonadh ciorclán 16/97 mar chuid den chomhaontú seirbhíse foirmiúil atá le tabhairt isteach idir FSS agus gníomhaireachtaí deonacha/ neamhrechtúla do na seirbhísí ar fad sa bhliain 2008.

Tá plean/straitéis ghearrthéarmach le haghaidh 2007/2008 curtha i bhfeidhm fad is atá straitéis fhadtéarmach ag clúdach an chéad 5/10 mbliana eile á forbairt. Seo a leanas na tosaíochtaí atá aitheanta le haghaidh 2007/2008

- Atheagrú ar struchtúir TFC na n-iar-bhoird sláinte
- Feabhas ar an gcaoi a bhfuil bainistiú á dhéanamh ar chlár agus ar thionscadail TFC trí mheán sraith beart
- Clár agus tionscadail chriticiúla á gcur chun cinn; mar shampla íomháu diagnóiseach agus córais bainistíochta saotharlainne

Cé go raibh roinnt deacrachtaí ann ó tugadh isteach an ceanglas maidir le ciorclán 16/97 a chomhlíonadh dhá bhliain ó shin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh muinín aige go gcuirfidh na bearta atá á gcur chun cinn feabhas ní hamháin ar chomhlíonadh ach freisin go bhfuil siad riachtanach ionas go mbeidh maoirseacht iomlán ag FSS ar a cuid infheistíochtaí i TFC chun tacú le cúram othar.

Tuairimí na Roinne Airgeadais

D'fhéach mé le tuairimí a fháil ón Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Airgeadais. Thug sé le fios go gcuirtear ceadú do chaiteachas TFC ar fáil i gcónaí ar bhonn cás ar chás agus go bhfanfaidh an cás mar sin go dtí go mbunóidh FSS socruithe cuntasachta agus rialachais nua TFC. Dúirt sé, chomh maith leis na socruithe rialachais nua atá á gcur i bhfeidhm, go raibh sé riachtanach freisin go ndéanfaidh FSS Straitéis TFC a fhorbairt a thabharfaidh treoir d'fhorbairt a cuid Córas Riaracháin agus Cúraim Othar sna cúpla bliain seo amach romhainn. Ba chóir go leagfaidh an straitéis seo amach a clár oibre agus na tosaíochtaí atá aici don todhchaí, chomh maith le pleanáil níos fearr a dhéanamh agus luach ar airgead níos fearr a chinntiú.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thuig sé na deacrachtaí a tharlaíonn de bharr nach bhfuil Córas Bainistíochta Airgeadais ceart i bhfeidhm agus go bhfuil an imní chéanna air féin maidir leis an gceist seo. Tuigeann sé go bhfuil FSS ag athbhreithniú na ceiste faoi láthair ag féachaint lena cuid ceanglas láithreach agus cinn fhadtéarmacha a leagan síos. Dúirt sé go rachadh a chuid oifigeach i mbun oibre láithreach bonn leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le FSS maidir le haon mholtaí a chuireann siad chun cinn.

Caibidil 11

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

11.1 Fiachas Náisiúnta

Is ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá an fheidhm reachtúil maidir le suimeanna airgid a fháil ar iasacht thar ceann an Stáitchiste agus an Fiachas Náisiúnta a bhainistiú thar ceann agus faoi réir rialú agus mhaoirseacht ginearálta an Aire Airgeadais.

Íoctar speansais a tharraingíonn an Gníomhaireacht uirthi féin i bhfeidhmiú a feidhmeanna as an gCiste Lárnach. Thabhaigh an Gníomhaireacht caiteachas €24.4m ar riarachán sa bhliain 2006 (€19.9m sa bhliain 2005).

Faoi fhorálacha alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, ceanglaítear orm cuntais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus nuair a bheidh mo thuarascáil bhliantúil reachtúil á déanamh agam ar na Cuntais Leithghabhála, tuarascáil a dhéanamh chuig Dáil Éireann freisin maidir le cruinneas na suimeanna arna dtabhairt chun cuntais ag an nGníomhaireacht sa bhliain. Iniúchadh cuntais na Gníomhaireachta i gcomhair 2006 agus cuireadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta, i láthair an Aire a leag cóipeanna díobh os comhair dhá Theach an Oireachtais.

Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Gníomhaireachta in 2006 mar is ceart chomh maith lena hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Taispeánann Tábla 49 an toradh don Fhiachas Náisiúnta sa tréimhse cúig bliana 2002-2006.

Tábla 49 Fiachas Náisiúnta 2002 – 2006

	Fiachas Náisiúnta Fós Gan Íoc €m	Costas Seirbhíse an Fhiachais €m
2002	36,361	2,169
2003	37,610	2,277
2004	37,846	2,203
2005	38,182	2,238
2006	35,917	2,379

Comhdhéanamh an Fhiachais Náisiúnta⁵⁰ amhail 31 Nollaig 2006 mar a thaispeántar i dTábla 50.

Tábla 50 Comhdhéanamh an Fhiachais Náisiúnta mar a bhí amhail 31 Nollaig 2006

	€m
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach	31,816
Fiachas Gearrthéarmach	2,779
Scéimeanna Náisiúnta Taisce	4,910
Lúide: Sócmhainní Insóinséailte Intíre	(3,588)
Fiachas Náisiúnta	€35,917m

⁵⁰ Luaitear an Fiachas Náisiúnta ar bhonn na gcuntas ainmniúil den phríomhshuim a fuarthas ar iasacht ar dtús.

11.2 Ciste an Bhainc Taisce

Déanann iniúcháirí An Post an t-iniúchadh ar Bhanc Taisce an Phoist thar mo cheannsa faoi réir mo chirtse lena thuilleadh tástálacha iniúchta a dhéanamh a mheasaim a bheith riachtanach.

In 2007 thuairiscigh siad dom maidir lena n-iniúchadh ar chuntais 2006. Glacaim lena dtuairim go dtugann cuntais Bhanc Taisce an Phoist léargas fíorchothrom ar a idirbhearta do dheireadh na bliana sin agus ar a iarmhéid ag deireadh na bliana.

Chomh maith leis an bhFachas Náisiúnta a bhainistiú, bíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as cistí arna gcur ar ais chuig an Státhiste ag Banc Taisce an Phoist a infheistiú agus a bhainistiú. Bíonn an Státhiste freagrach as gach ciste den sórt sin a aisíoc leis an mBanc agus as táillí úis orthu sin a chomhlíonadh.

Taispeántar staid chúrsaí an chiste ag deireadh na bliana i dTábla 51.

Tábla 51 Ciste Taisce an Phoist

	2006 €m	2005 €m
Dliteanas i leith cistí atá le híoc le taisceoirí agus creidiúnaithe	1,551	1,489
Luach infheistíochtaí gaolmhara i seilbh Bhanc Taisce an Phoist (ar chostphraghasanna) ⁵¹	1,561	1,499
Barrachas amhail 31 Nollaig	€10m	€10m

⁵¹ Ba é luach margaidh na n-infheistíochtaí a bhí i seilbh an Chiste ná €0.6m lúide praghas a gcostais.